



An Coimisiún
Eorpach


An tAontas Eorpach



in **2023**

AN TUARASCÁIL GHINEARÁLTA AR
GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Ar an gclúdach



1. An 9 Bealtaine 2023, thaistil Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh (ar chlé), go Cív na hÚcráine, áit ar bhuail sí le Volodymyr Zelenskyy, Uachtarán na hÚcráine (ar dheis).
2. An 9 Lúnasa 2023, thaistil Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, go Liúibleána na Slóivéine chun a dlúthpháirtíocht a chur in iúl agus chun an scríos a d'eascair as na tuilte a bhuaíl an tír a fheiceáil.
3. Christine Lagarde, Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh (ar chlé) agus í ag cur fáilte roimh Roberta Metsola, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa (ar dheis), ag searmanas chun comóradh 25 bliana an Bhainc Ceannais Eorpaigh a cheiliúradh, Frankfurt, an Ghearmáin, an 24 Bealtaine 2023. (© AFP)
4. (© Adobe Stock)
5. Charles Michel, Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina chathaoirleach ar chruinniú den Chomhairle Eorpach an 14 agus an 15 Nollaig 2023, an Bhruiséil, an Bheilg. Ag an gcruinniú sin, tháinig ceannairí an Aontais le chéile chun plé a dhéanamh ar an staid atá ag titim amach sa Mheánoirthear, ar thacaíocht leanúnach don Úcráin in aghaidh chogadh foghach na Rúise, ar bhuiséad fadtéarmach an Aontais, ar méadú, slándáil agus cosaint, agus ar an gcaidreamh seachtrach.
6. Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh (an dara duine ar chlé), Jens Stoltenberg, Ard-Rúnaí ECAT (an tríú duine ar chlé), agus Jonas Gahr Støre, Príomh-Aire na hIorua (ar chlé) ar chuairt ar cheann d'ardáin eastósctha gáis nádúrtha Equinor de chuid na hIorua atá suite amach ó chósta thiar na hIorua, an 17 Márta 2023.
7. Tá go leor daoine a tháinig slán as an gcrith talún in Türkiye ag streachailt leis an gciapadh síceolaíoch gaolmhar a shárú. Le tacaíocht ó chabhair dhaonnúil an Aontais, tá moil curtha ar bun ag UNICEF ar fud na limistéar atá buailte, áit ar féidir le leanaí agus a gcúramóirí freastal ar sheisiúin tacaíochta síceasóisialta. Cuireann na moil spás sábháilte ar fáil do leanaí chun bheith ag foghlaim, ag súgradh agus chun teacht ar ais chucu féin. Mí Lúnasa 2023.

An tAontas Eorpach in 2023

AN TUARASCÁIL GHINEARÁLTA AR
GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Arna fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 249(2)
den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Tá leagan idirghníomhach den fhoilseachán seo, le naisc chuig ábhar ar líne, ar fáil i bhformáid PDF agus HTML ag: <http://europa.eu/general-report/ga>.



An tAontas Eorpach in 2023 — An Tuarascáil Ghinearálta ar Ghníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide
Seirbhís Eagarthóireachta & Sprioc For-rochtana
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

An tAontas Eorpach in 2023 — An Tuarascáil Ghinearálta ar Ghníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh a ghlac an Coimisiún Eorpach an 7 Márta 2024 faoi uimhir thagartha C(2024) 1633.

Print	ISBN 978-92-68-11588-6	ISSN 2443-9533	doi:10.2775/591936	NA-AD-24-001-GA-C
PDF	ISBN 978-92-68-11563-3	ISSN 2443-9541	doi:10.2775/044549	NA-AD-24-001-GA-N
HTML	ISBN 978-92-68-11553-4	ISSN 2443-9541	doi:10.2775/986912	NA-AD-24-001-GA-Q

Níl an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas as aon iarmhairt a eascraíonn as athúsáid an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024



© An tAontas Eorpach, 2024

Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2011/833/oj>). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas *Creative Commons Attribution 4.0 International* (CC BY 4.0) (<https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t-aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

CREIDIÚNTAÍ

Gach grianghraf © An tAontas Eorpach mura dtugtar a mhalairt le fios.

Réamhrá



Ursula von der Leyen

Uachtarán an
Choimisiúin Eorpaigh

Bliain thábhachtach a bhí in 2023 — ba bhliain í inar lean an tAontas Eorpach de bheith ag freastal ar mhianta shaoránaigh an Aontais, agus d'aghaidh a thabhairt ar dhúshláin de réir mar a tháinig siad chun cinn. Choinníomar an cúrsa maidir leis na sé thosaíocht a leagamar síos i dtús na mandáide, agus, san am céanna, d'aimsíomar réitigh dhána uailmhianacha ar chuid de na trialacha is mó a raibh an Eoraip i ngleic leo riamh.

Chuireamar chun oibre agus ba gan scáth gan eagla a thugamar faoi dhúshláin as míosúr, amhail freagairt ar an gcogadh foghach brúidiúil atá an Rúis a chur ar an Úcráin, bainistiú na géarchéime fuinnimh is measa dá raibh ann le blianta fada, freagairt ar fhorbairt shárthapa na hintleachta saorga (IS), agus aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide. Léiríomar gurb é an tráth is láidre a bhíonn an tAontas seo againne ná nuair a bhíonn sé ceannasach.

Ba í an dara bliain as a chéile í a sheas an Eoraip an fód ar son na hÚcráine, le teann aontachta, nirt agus diongbháilteachta ar feadh an bhealaigh. Réitíomar an bealach chun breis agus 4 mhilliún dídeanaí ón Úcráin a óstáil san Aontas Eorpach agus d'eagraíomar cúnamh daingean airgeadais, daonnúil agus míleata, cúnamh dar luach os cionn €88 mbilliún go dtí seo. Agus tá sé léirithe againn go seasfaimid leis an Úcráin a fhad is gá. Tríd an tSaoráid nua don Úcráin, agus muintir na hÚcráine ag troid ar ais i gcoinne an ionraidh, cuirfimid €50 billiún eile ar fáil sna ceithre bliana atá romhainn chun cuidiú a thabhairt seirbhísí bunúsacha a chur ar fáil, ar nós scoileanna a choinneáil ar oscailt, agus tuarastail agus pinsin a íoc. Is í an chuimhne a bheidh ag muintir na hÚcráine ar 2023 feasta ná gurb in í an bhliain a teannadh isteach le fíorú a gcuid aislingí.

Agus an tAontas ag tabhairt aitheantas don dul chun cinn ollmhór atá déanta ag an Úcráin, sin agus ag tabhairt freagra ar mhianta mhuintir na hÚcráine, rinne sé an cinneadh stairiúil tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Úcráin, cinneadh a bhí bunaithe ar mholadh ón gCoimisiún.

San am céanna, lean an tAontas de bheith ag athrú an gheilleagair ó bhonn. Ar an gcéad dul síos, tá an digitiú curtha chun tosaigh aige. Tá breis agus €100 billiún d'infheistíocht bheartaithe — idir infheistíocht phoiblí agus infheistíocht phríobháideach — ginte cheana féin tríd an nGníomh Eorpach um Shliseanna, agus is infheistíocht í sin a bhaineann le gach céim den slabhra luacha. Ina theannta sin, a bhuí leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, rinneadh den Eoraip an chéad mhór-roinn ina bhfuil rialachán tiomnaithe i bhfeidhm maidir leis an intleacht shaorga, ar rialachán í lena ndírítear ar úsáidí ardriosca. Is mó ná leabhar rialacha atá sa ghníomh céanna — is túsphointe é sa chaoi go mbeidh cuideachtaí Eorpacha ar thús cadhnaíochta i dtaobh IS iontaofa a fhorbairt.

Tá an tAontas seo againne tar éis an t-aistriú chuig geilleagar glan a bhrú chun cinn freisin. Chuireamar creat i bhfeidhm chun laghdú 55 % ar a laghad ar astaíochtaí CO₂ a bhaint amach faoi dheireadh na deacáide seo, ionas go gcoinneofar an Eoraip ar an mbóthar ceart maidir le bheith aeráidneodrach faoi 2050. Chomh maith leis sin, leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, táimid ag cur le cumas an Aontais fuinneamh glan a mhonarú, ar mhaithe le treisiú lenár n-iomaíochas tionsclaíoch agus lenár n-athléimneacht thionsclaíoch. Tacóimid le gnólachtaí Eorpacha ó thaobh an t-aistriú a bhaint amach agus a mbuntáiste iomaíoch a choinneáil san am céanna, ionas go n-éireoidh go sármhaith leis an Eoraip i gcónaí maidir le hinfheistíocht a mhealladh trína gcruthófar poist ardcháilíochta a bheidh cobhsaí

agus slán i bhfad na haimsire, agus a mbeidh bonn láidir tionsclaíoch acu.

Leag an Eoraip amach an chéad straitéis dá raibh aici riamh maidir leis an tslándáil eacnamaíoch, i bhfianaise na gcor atá ag teacht i leagan amach na geopholaitíochta. Ina theannta sin ghlacamar céimeanna nithiúla chun cur lenár n-athléimneacht trí spleáchais a laghdú, agus tríd an oiread riosca atá bainteach leis an ngeilleagar a laghdú freisin. Cinnteoidh sé sin ceannasacht, slándáil agus rathúnas na hEorpa sna blianta atá le teacht. Is aidhm é sin lena bhfuiltear ag tacú tríd an bplean téarnaimh NextGenerationEU chomh maith, plean dar luach os cionn €800 billiún, rud atá ag tiomáint ár gcuid geilleagar chun cinn trí mheascán d'infheistíochtaí agus athchóirithe. Tríd an bplean céanna, leanadh de mhaoiniú a thabhairt do na céadta tionscadal glas agus digiteach san Eoraip, tionscadail ar follas mar atá siad ag dul chun tairbhe do mhuintir na hEorpa. Orthu sin tá feirmeacha gaoithe amach ón gcósta, traenacha leictreacha, sársheirbhísí poiblí digiteacha, agus ospidéal den chéad scoth.

Ag féachaint chun tosaigh dúinn, is léir gur tréimhse speisialta atá i ndán don mhór-roinn seo againne in 2024, de bharr go rachaidh muintir na hEorpa i mbun vótála chun glúin nua ceannairí a thoghadh. Deis a bheidh ann machnamh a dhéanamh ar na slite ar láidre ár sochaí, arb iomaíche ár gcuid tionscadal agus arb athléimní ár gcuid geilleagar a bhuí leis an daonlathas. Níl amhras orm ach go leanfaidh an tAontas seo againne de bheith ag seasamh an fhóid go diongbháilte. Mar an tráth is géire na dúshláin, sin é an tráth is láidre an Eoraip.

Gura fada buan an Eoraip!

Ursula von der Leyen

Clár Ábhair



1. An fhreagairt ón Aontas ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine — *8*
2. An geilleagar agus iomaíochas an Aontais a neartú — *23*
3. Eoraip aeráidneodrach rathúil a chruthú — *48*
4. Fuinneamh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe a chinntiú don Eoraip — *68*
5. Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach — *79*
6. Eoraip chothrom shóisialta a thógáil — *96*
7. Daoine agus saoirsí a chosaint — *113*
8. Leasanna agus luachanna Eorpacha a chur chun cinn ar fud an domhain — *130*
9. Forbairtí institiúideacha agus an daonlathas a neartú — *150*



1. An fhreagairt ón Aontas ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine

Réamhrá

Is bagairt ar chroílár an daonlathais é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin, agus meabhraíonn sé contúirtí an údarásaíochais don phobal domhanda. Tá níos mó i gceist le tacaíocht bhuanseasmhach an Aontais Eorpaigh don Úcráin ná dlúthpháirtíocht le tír chomharsanach i bhfianaise ionradh neamhdhleathach gan údar; léiríonn sí tiomantas comhroinnte do phrionsabail an daonlathais agus do chosaint an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe agus na síochána san Eoraip. In 2023, lean an tAontas de tacaíocht a thabhairt don Úcráin i bhfianaise chogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar agus na hionghabhála neamhdhleathaí a rinne sí ar chodanna de chríoch na hÚcráine. Léirítear sa

↑

Rinne trúpaí Rúiseacha iarracht Oksana a cheistiú maidir lena garmhac, saighdiúir Úcránach. Nuair a tharraing siad siar, scriosadh a teach trí thine airtléire. Tá maoiniú daonnúil ón Aontas ag cabhrú le daoine amhail Oksana trí bhia, uisce, earraí tí riachtanacha, cúram sláinte, tacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta san áireamh, agus dídean éigeandála a chur ar fáil dóibh. 21 Márta 2023.

chaibidil seo na bealaí éagsúla a seasann an tAontas leis an Úcráin, agus orthu siúd tá cabhair airgeadais, cabhair cosanta sibhialta agus cabhair dhaonnúil a chur ar fáil; an bhréagaisnéis a chomhrac; fáilte a chur roimh dhídeanaithe ón Úcráin; cúnamh agus oiliúint mhíleata; cúnamh a thabhairt maidir le cosaint agus atógáil na hÚcráine; agus a chinntiú go mbeidh iarmhairtí ann don Rúis mar gheall ar a cuid coireanna, trí smachtbhannaí agus ionchúiseamh.

An dlúthpháirtíocht leis an Úcráin

Cúnamh airgeadais agus tacaíocht mhíleata

Faoi dheireadh 2023, bhí beagnach €85 bhilliún curtha ar fáil ag an Aontas agus a Bhallstáit i gcúnamh foriomlán don Úcráin agus dá muintir ó thosaigh cogadh foghach na Rúise. San áireamh leis sin, go háirithe, tá €25.2 billiún i gcúnamh macra-airgeadais, agus pacáiste tacaíochta €18 mbilliún don Úcráin san áireamh ann in 2023 tríd an Ionstraim Cúnamh Macra-Airgeadais+. Is cineál cúnaimh airgeadais é cúnamh macra-airgeadais a chuireann an tAontas ar fáil chun cuidiú le tíortha comhpháirtíochta a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha airgeadais acu a ngeilleagair a chobhsú agus na hathchóirithe is gá a dhéanamh. Tá na cistí sin ag cuidiú leis an Úcráin leanúint de phá agus pinsin a íoc; seirbhísí poiblí fíor-riachtanacha a choinneáil ar bun, ospidéal, scoileanna agus tithe do dhaoine athlonnaithe, cuir i gcás; agus bonneagar criticiúil a athbhunú. Tá siad

ag cuidiú leis an tír freisin athchóirithe institiúideacha a dhéanamh, ar nós athchóirithe frith-éillithe agus breithiúnacha.

Is fiú níos mó ná €27 mbilliún an cúnamh míleata iomlán a thug an tAontas agus a Bhallstáit don Úcráin go dtí seo, €5.6 billiún a leithdháileadh tríd an tSaoráid Eorpach Síochána san áireamh. Áirítear leis sin soláthar comhpháirteach agus seachadadh láithreach armlóin chuig an Úcráin a comhaontaíodh i mí an Mhárta 2023, agus thart ar 313 600 urchar armlóin agus 3 315 dhiúracán seachadta ag deireadh na bliana. Tá an tSaoráid Eorpach Síochána ag rannchuidiú freisin le feabhas a chur ar chumais Fhórsaí Armtha na hÚcráine trí Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin, le leithdháileadh €362 mhilliún faoi bhainistíocht Comhairle an Aontais Eorpaigh. Is iad na Ballstáit a dhéanann formhór an chúnaimh mhíleata eile don Úcráin a sholáthar agus a mhaoiniú go déthaobhach.



Cruinniú an Choimisiúin Eorpaigh le rialtas na hÚcráine i gCív, an Úcráin, an 2 Feabhra 2023.



Tacaíocht mhíleata

Is ionstraim í an tSaoráid Eorpach Síochána a úsáidtear chun gníomhaíocht sheachtrach a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta aici a mhaoiniú. Chomh maith leis sin, is féidir cúnamh a sholáthar léi do thíortha comhpháirtíochta i bhfeachtas síochánaíochta. Is iad na Ballstáit a mhaoiníonn í.

Bhí ról lárnach ag an tsaoráid maidir le tacaíocht mhíleata a chur ar fáil don Úcráin. Ó cuireadh tús leis an bhfogha míleata gan chúis gan údar atá an Rúis a chur ar an Úcráin, tá seacht bpacáiste tacaíochta glactha ag an Aontas tríd an ionstraim seo. Is i bhfoirm trealaimh mhíleata chosanta a sheachadadh chuig Fórsaí Armtha na hÚcráine atá an tacaíocht, mar aon leis an tionscnamh armlóin trí rian chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine, ar mhéid iomlán €5.6 billiún.

Tríd an tsaoráid, tá oiliúint Fhórsaí Armtha na hÚcráine á maoiniú ag an Aontas freisin trí Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais, misean a bhfuil ceanncheathrú aige sa Pholainn agus sa Ghearmáin. Dá bhrí sin, den chéad uair riamh tá an tAontas ag cur oiliúint mhíleata ar fáil do thíre atá i mbun cogaidh. Faoi dheireadh 2023, bhí oiliúint curtha ag an misean ar thart ar 39 000 saighdiúir ón Úcráin.

Mar fhreagairt ar ghlaó práinneach na Comhairle armlón a sheachadadh chuig an Úcráin, mhol an Coimisiún an Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlón i mí na Bealtaine 2023. Is é is aidhm don ghníomh, a glacadh i mí Iúil, neartú a dhéanamh ar fhreagrúlacht thionscal cosanta an Aontais agus ar a chumas soláthar tráthúil armlóin agus diúracáin a chinntiú san Eoraip. Leithdháil an Coimisiún €500 milliún chun na críche sin, trí úsáid a bhaint as deontais atá le heisiúint in 2024 chun táirgeadh a fheabhsú agus a bhrostú. (Féach Caibidil 8 chun sonraí a fháil maidir le cumais chosanta fheabhsaithe an Aontais.)

San iomlán thuasluaite de bheagnach €85 bhilliún tá €17 mbilliún freisin a cuireadh ar fáil do na Ballstáit chun dídeanaithe a óstáil agus chun tacú leo. Tá cosaint shealadach á cur ar fáil ag an Aontas do bheagnach 4.2 milliún dídeanaí ón Úcráin atá ina gcónaí san Aontas faoi láthair.

Tá thart ar €3 bhilliún geallta ag an Aontas, mar aon lena Bhallstáit, le haghaidh cabhair dhaonnúil san Úcráin. Chuir an Coimisiún thart ar €800 milliún den mhéid sin ar fáil go díreach. (Féach an roinn 'Cabhair dhaonnúil agus cosanta sibhialta don Úcráin' thíos chun tuilleadh sonraí a fháil.)




Volodymyr Zelenskyy, Uachtarán na hÚcráine (sa tulra, ar dheis), agus Josep Borrell, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar Eoraip níos láidre sa Domhan (sa tulra, ar chlé), roimh chruinniú comhchéime le linn an chruinnithe urghnách den Chomhairle Eorpach sa Bhruiséil, an Bheilg, an 9 Feabhra 2023.

I mí an Mheithimh, tugadh rochtain don Úcráin ar chlár maoinithe bonneagair an Aontais, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis an Úcráin iarratas a dhéanamh anois ar mhaoiniú ón Aontas le haghaidh tionscadail bhonneagair a chuirfidh feabhas ar a naisc fuinnimh, iompair agus dhigiteacha leis an Aontas. In 2023 freisin, rinne an tAontas an cinneadh stairiúil tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Úcráin, mar

aitheantas ar na hiarrachtaí suntasacha atá déanta aici chun ailíniú le caighdeán an Aontais (féach Caibidil 8).

Ar deireadh, thacaigh an tAontas le comharsana na hÚcráine le linn na bliana freisin, go háirithe an Mholdóiv, a fuair €58 milliún de chúnamh daonnúil, méadú ar chúnamh macra-airgeadais agus rochtain ar chlár an Aontais le haghaidh maoiniú bonneagair.



Aontaíonn 89 % de mhuintir an Aontais gur cheart don Aontas leanúint de thacaíocht dhaonnúil a chur ar fáil do na daoine a ndéanann cogadh san Úcráin difear dóibh.



Aontaíonn **85 %** de mhuintir an Aontais go léiríonn ionradh na Rúise ar an Úcráin nach mór don Aontas a shlándáil fuinnimh agus eacnamaíoch a chinntiú.



Aontaíonn **79 %** de mhuintir an Aontais go léiríonn ionradh na Rúise ar an Úcráin nach mór don Aontas comhar míleata a mhéadú idir na Ballstáit.



Aontaíonn **77 %** de mhuintir an Aontais gur cheart údaráis na Rúise a thabhairt chun cuntais as an staid reatha san Úcráin.



Aontaíonn **71 %** de mhuintir an Aontais gur cheart don Aontas leanúint de dhlúthpháirtíocht a léiriú leis an Úcráin.

Foinsí: Flais-Eorabharaiméadar 533, Meán Fómhair 2023; Eorabharaiméadar Caighdeánach 100, Nollaig 2023.

Smachtbhannaí an Aontais

Chomh maith le cúnamh airgeadais agus tacaíocht nithiúil eile don Úcráin agus dá muintir, tá smachtbhannaí forleathana nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe forchurtha ag an Aontas ar an Rúis mar fhreagairt ar an gcogadh foghach atá sí a chur ar an Úcráin.

Tá smachtbhannaí ar cheann d'ionstraimí an Aontais mar fhreagairt ar an gcogadh éagórach neamhdhleathach sin, agus é d'aidhm acu cumas eacnamaíoch na Rúise a lagú agus teorainn

a chur lena cumas a cogadh foghach a mhaoiniú. Ar an gcaoi sin, comhlíonann smachtbhannaí príomhchuspóir an Aontais, is é sin leanúint de bheith ag obair ar son síocháin chóir bhuan. Ó bhí an 23 Feabhra 2022 ann, tá 12 phacáiste smachtbhannaí forchurtha ag an Aontas ar an Rúis. Ní hamháin go ndíríonn siad ar dhaoine agus ar eintitis shonracha, ach díríonn siad ar na hearnálacha airgeadais, tionsclaíocha, iompair agus fuinnimh freisin.

I mí Feabhra agus mí an Mheithimh 2023, ghlac an tAontas a 10ú agus a 11ú pacáiste smachtbhannaí in aghaidh na Rúise. Chuir siad sin 225 dhuine aonair agus eintiteas le liosta smachtbhannaí an Aontais. Áiríodh ar na bearta breise toirmisc nua ar earraí criticiúla teicneolaíochta agus tionsclaíocha a easpórtáil chun na Rúise, go háirithe teicneolaíocht a bhféadfadh feidhmeanna míleata a bheith i gceist léi. Thairis sin, dhírigh na pacáistí sin ar fhoinsí bréagaisnéise breise de chuid na Rúise, leathnaigh siad liosta na n-iompórtálacha toirmiscthe ón tír agus thug siad isteach bearta chun cosc a chur ar dhul timpeall ar na smachtbhannaí sin, agus san áireamh leo iarrachtaí ar chomhar níos fearr le príomhthíortha nach Ballstát den Aontas iad chun monatóireacht, rialú agus blocáil níos fearr a dhéanamh ar ath-easpórtálacha.

Glacadh an 12ú pacáiste smachtbhannaí, arb é an pacáiste is déanaí é, an 18 Nollaig, agus chuir sé 140 duine aonair agus cuideachta eile leis an liosta smachtbhannaí. Bunaíodh toirmisc nua ar iompórtáil agus ar easpórtáil freisin — toirmeasc ar dhiamaint Rúiseacha a easpórtáil chuig an Aontas, mar shampla — agus cuirfear i bhfeidhm iad i ndlúthchomhar le comhpháirtithe G7. Thairis sin, neartaigh an pacáiste cur chun feidhme na caidhpe praghaís ar ola trí bhearta nua a thabhairt isteach chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil tancair á n-úsáid chun dul timpeall ar an gcuid. Áirítear leis freisin oibleagáidí níos déine maidir le rianú sócmhainní agus bearta diana i leith cuideachtaí tríú tír atá ag teacht timpeall ar smachtbhannaí.

In éineacht lena chomhpháirtithe, tá liosta tosaíochta d'earraí láthair chatha comhaontaithe ag an Aontas. Ba cheart do ghnólaigh dícheall cuí a chur i bhfeidhm maidir leis na hearraí sin, agus níor cheart do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad iad a easpórtáil chuig an Rúis. Ina theannta sin, shainaithin an tAontas earraí atá ríthábhachtach ó thaobh an gheilleagair de agus a mbaineann sreabhaí trádála aimhrialta leo. Rianaíodh na hearraí sin agus iad ag bogadh go dtí an Rúis trí thíortha áirithe nach Ballstát den Aontas iad.

Tá bearta reoite sócmhainní ar cheann de na cineálacha smachtbhanna is sofheicthe agus is tábhachtaí ó thaobh na polaitíochta de. San iomlán, tá beagnach 1 950 eintiteas agus duine aonair faoi réir bearta sriantacha faoi láthair, agus tá os cionn €28 mbilliún de shócmhainní olagarcaí agus cuideachtaí Rúiseacha agus Bealarúiseacha reoite. Thuairiscigh na Ballstáit freisin os cionn €200 billiún de shócmhainní bainc ceannais reoite na Rúise san Aontas.

Leis an gcogadh féin, agus leis na bearta sriantacha, tá brú nach beag á chur ar gheilleagar na Rúise, ós rud é go bhfuil siad ag cur le caiteachas atá ag fás go tapa, le rúbal atá ag dímhéas, le boilsciú atá ag

dul i méid agus le margadh saothair docht a léiríonn caillteanas oibrithe. Chaill an rúbal thart ar 40 % dá luach ón luach is airde a bhí air i samhradh 2022, rud a chuir iallach ar bhanc ceannais na Rúise a rátaí úis a ardú ó 8 % go 16 % agus srianta caipitil a neartú. Tháinig laghdú 40 % ar an ioncam buiséid ó ola agus gás in 2023 a bhuí leis an gcuid phraghaís ar ola a comhaontaíodh le comhpháirtithe G7. Ní rachaidh an éifeacht sin ach i dtreis le himeacht ama, ós rud é gur ceapadh na bearta chun tionchar fadtéarmach a bheith acu ar bhuiséad na Rúise agus ar a bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch.

Tá smachtbhannaí á bhforchur freisin ar chomhghuaillí na Rúise, an Bhealarúis. An 3 Lúnasa 2023, ghlac an Chomhairle an 7ú pacáiste smachtbhannaí mar fhreagairt ar shárúithe ar chearta an duine agus ar an gcas ar bolg atá á imirt ar an tsochaí shibhialta sa tír. Níl ilsmachtbhannaí á bhforchur ag an Aontas ar an tír ar fad, ach, ina ionad sin, tá sé ag díriú ar eárnálacha straitéiseacha de gheilleagar na Bealarúise, an trádáil arm, an trádáil i dteicneolaíochtaí a d'fhéadfaí úsáid mhíleata a bhaint astu agus an trádáil in earraí a úsáidtear i dtionscail na heitlíochta agus an spáis, mar shampla.

An bhréagaisnéis a chomhrac

Trína heagraíochtaí nuachta agus cainéil chleamhnaithe atá faoi úinéireacht an stáit, scaipeann an Rúis faisnéis chlaonta agus bolscaireacht chogaidh, agus í ag iarraidh réasúnú a dhéanamh ar a gníomhaíochtaí ionsaitheacha in aghaidh na hÚcráine agus an milleán a aistriú ar an Úcráin agus ar an Iarthar. Chun an méid sin a chomhrac, tacaíonn an tAontas le for-rochtain na hÚcráine i leith comhpháirtithe domhanda, for-rochtain i bhfóraim idirnáisiúnta agus i bpléití idirnáisiúnta san áireamh. Gníomhaíonn an tAontas ar go leor leibhéal chun dul i gcion ar an oiread daoine agus is féidir, agus tacaíonn sé le hinstiúidí rialtais, leis an tsochaí sibhialta, le heagraíochtaí meán agus le hardáin ar líne i gcomhréir leis an [gCód Cleachtais nuashonraithe maidir le Bréagaisnéis](#).

Mar chuid de na smachtbhannaí in aghaidh na Rúise, tá gníomhaíochtaí craoltóireachta an iliomad eagraíochtaí bréagaisnéise Rúiseacha atá faoi úinéireacht stáit agus ar son na Creimile curtha ar fionraí ag an Aontas. Ar bhonn níos ginearálta, ba chéim chun cinn é 2023 sa chomhrac in aghaidh na bréagaisnéise san Aontas. Le teacht i bhfeidhm an [Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha](#), ní mór do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne meastóireacht tráthrialta a dhéanamh ar aon riosca sochaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena seirbhísí. Áirítear orthu sin bagairtí ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an baol go n-úsáidfí a gcuid seirbhísí le haghaidh feachtais bhréagaisnéise.

I mí Iúil, [sheol an Coimisiún glao ar thograí](#) ar luach €1.2 milliún le haghaidh tionscadail lena bhféadfai oibriú amach conas a thagann insintí bréagaisnéise chun cinn ar líne agus as líne maidir le cogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine, toghcháin agus an pobal LGBTIQ, agus conas dul i ngleic leo nuair a thagann. Beidh na tionscadail sin mar chuid d'iarrachtaí níos leithne chun an bhréagaisnéis a chomhrac, amhail ardán [EUvsDisinfo](#) agus an [Córas Mear-Rabhaidh](#).

Leanadh de theachtaireachtaí agus d'fheachtais spriocdhírthe sna meáin shóisialta in 2023 chun bréagaisnéis na Rúise maidir le smachtbhannaí agus maidir le slándáil bia agus fuinnimh a bhréagnú. Ar deireadh, chun a chinntiú go bhfuil daoine easáitithe ón Úcráin ar an eolas faoina gcearta, rinne an Coimisiún feachtas múscaillte feasachta maidir leis an tábhacht a bhaineann le foinsí oifigiúla faisnéise a úsáid.

Cabhair dhaonnúil agus cosanta sibhialta don Úcráin


Cuidíonn [cistiú cosanta sibhialta agus daonnúil an Aontais](#) le daoine laistigh den Úcráin trí chineálacha éagsúla tacaíochta. San iomlán, is fiú thart ar €1.6 billiún an chabhair sin (thart ar €800 milliún i gcabhair dhaonnúil agus €800 milliún i dtairiscintí comhchineáil cosanta sibhialta). Áirítear leis an gcabhair dhaonnúil bia, uisce, earraí tí fíor-riachtanacha, cúram sláinte, tacaíocht mheabhairshláinte agus tacaíocht shíceasóisialta, agus dídean éigeandála a chur ar fáil. Mar chuid den chúnamh a thugann an tAontas don Úcráin, cuidítear le hÚcránaigh óga leanúint dá n-oideachas agus tugtar cúnamh airgid chun cuidiú leis na bunriachtanais a chlúdach. Comhordaíonn an tAontas a chabhair dhaonnúil agus a chabhair um fhorbairt trí [chur chuige nasctha](#), rud a chinntíonn go dtugann sé aghaidh ar riachtanais láithreacha, agus ní hamháin sin ach go bhfuil sí inbhuanaithe san fhadtéarma freisin.

Leathnaítear tacaíocht shíceasóisialta chuig daoine easáitithe sna Ballstáit tríd an gclár [EU4Health](#) agus i gcomhar, cuid mhór, le Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg. Ina theannta sin, tá comhordú á dhéanamh ag an Aontas ar aslonnú leighis othar ón Úcráin a bhfuil cóireáil de dhíth orthu go práinneach, agus iad á n-aistriú chuig ospidéal ar fud na hEorpa chun cúram speisialaithe a fháil. Aistríodh beagnach 3 000 othar a raibh aslonnú leighis de dhíth orthu chuig 22 Bhallstát nó thír de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch idir mí an Mhárta 2022 agus an 19 Nollaig 2023.



←
PODCHRAOLADH
Éist nó léigh an t-alt seo a d'fhoilsigh EUvsDisinfo maidir leis an gcaoi a gcliseann an Rúis ar an bhfírinne.

Maoiniú daonnúil ón Aontas don Úcráin in 2023 de réir na hearnála



Trína Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha, tá comhordú á dhéanamh ag an Aontas ar a oibríocht cosanta sibhialta is mó riamh chun cúnamh éigeandála a chur ar fáil do dhaoine atá i ngátar (féach Caibidil 8).

Thairg gach ceann de na 27 mBallstát, mar aon leis an Íoslainn, an Mhacadóin Thuaidh, an Iorua, an tSeirbia agus an Tuirc, cabhair chomhchineáil trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, idir soláthairtí leighis, earraí dídine agus feithiclí agus trealamh comhraicthe dóiteáin agus trealamh fuinnimh. Chun na hearraí éigeandála sin a sheoladh chuig an Úcráin, tá moil lóistíochta bhreise oscailte ag an Aontas sa Pholainn, sa Rómáin agus sa tSlóvaic. Faoi dheireadh 2023, bhí beagnach 100 000 tona cúnamh den chineál sin seachadta chuig an Úcráin.

→

Tá an Rúis ag díriú ar bhonneagar fuinnimh na hÚcráine. Chun seirbhísí na hÚcráine a chumhachtú agus teas a chur ar fáil le linn teochtaí geimhridh faoin reophointe, tá níos mó ná 5 500 gineadóir cumhachta agus níos mó ná 6 mhilliún píosa trealamh leictreach deonaithe ag an Aontas. Chuir Litgrid, cuideachta leictreachais Liotuánach, an claochladán sin, ar fiú níos mó ná €2 mhilliún é, ar fáil, agus is cuid é den oibríocht lóistíochta is mó a chomhordaítear faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, an 24 Eanáir 2023.



Chuir an tAontas cúnamh ar fáil freisin óna stoc-chairn rescEU. Is cúltaca d'acmhainneachtaí Eorpacha é rescEU, atá maoinithe go hiomlán ag an Aontas. Áirítear ann flít eitleán agus héileacaptar comhraithe dóiteáin, eitleáin aslonnaithe leighis agus stoc-charn earraí leighis agus ospidéal mhachaire ar féidir leo freagairt d'éigeandálaí. Maidir leis an Úcráin, tá gineadóirí cumhachta, trealamh

leighis agus aonaid dídine shealadacha curtha chuici ag an Aontas. Ina theannta sin, seoladh stáisiúin cóireála uisce mar fhreagairt ar shárú dhamba Nova Kakhovka, agus cuireadh saintrealamh — dí-éilleáin, cultacha cosanta agus piollairí iaidín, mar shampla — ar fáil mar fhreagairt ar rioscaí don tsláinte phoiblí, ar nós bagairtí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha.



Chun cuidiú le leanaí na hÚcráine filleadh ar scoil, sheol an tAontas an feachtas 'Busanna scoile don Úcráin' i mí na Nollag 2022. Mar thoradh air sin, sheol an tAontas agus a Bhallstáit níos mó ná 380 bus chuig an Úcráin.




Bus deonaithe ag cathair Lucsamburg ag fágáil mhol lóistíochta Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, Suceava, an Rómáin, Mí Iúil 2023.

Fáilte a chur rompu siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh

An cogadh foghach gan chúis gan údar atá an Rúis a chur ar an Úcráin, is é ba chúis leis an easáitiú éigeantais daoine is mó san Eoraip ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann. Chun cearta daoine atá ar a dteitheadh go dtí an tAontas Eorpach ón Úcráin a chosaint, thug an tAontas an Treoir um Chosaint Shealadach isteach go pras. Faoi dheireadh 2023, bhí an ceart chun cónaithe, tithíochta, cúraim sláinte, oideachais

agus oibre san Aontas ag beagnach 4.2 milliún duine ón Úcráin. I mí Dheireadh Fómhair 2023, cuireadh síneadh leis an gcosaint shealadach sin go dtí mí an Mhárta 2025. Chuidigh an tArdán Dlíthpháirtíochta leis na Ballstáit glacadh dídeanaithe ón Úcráin a chomhordú, agus leanann sé de bheith ag cuidiú leis an treoir a chur chun feidhme.



Imeascadh tapa éifeachtach i margadh an tsaothair a chinntiú, is bealach tábhachtach eile é ina gcuireann an tAontas fáilte rompu siúd atá ar a dteitheadh ón gcoinbhleacht armtha. Le bearta a glacadh faoin mbeartas comhtháthaithe in 2022, amhail na pacáistí um Ghníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip agus um Chúnamh Solúbtha do Chríocha, tugadh isteach an tsolúbthacht is gá sna rialacha maidir le cistiú an bheartais chomhtháthaithe chun a chinntiú go bhféadfadh na Ballstáit an cistiú sin a úsáid chun fáilte a chur roimh dhídeanaithe ón Úcráin. In 2023, lean na bearta sin de bheith ag ceadú cistiú a leithdháileadh ar chlár imeasctha sóisialta, cúram sláinte, bia, cúnamh bunúsach agus treoir don mhargadh fostaíochta. Clúdaítear sa réimse deiridh sin cúrsaí teanga, oideachas, seirbhísí sóisialta agus cúram leanaí. Cuidíonn an fhostaíocht le daoine a saol a atógáil, a gcuid scileanna a fhorbairt, cur lena bpobail óstacha agus, ar deireadh, tacú leis an atógáil san Úcráin.

Tá breis agus 1.5 milliún Úcránach ag obair san Aontas anois.

Foinse: Suirbhé Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta.

Tá an tAontas ag cabhrú le muintir na hÚcráine imeascadh i margadh an tsaothair trí chead a thabhairt scileanna a bhailíochtú go tapa agus cáilíochtaí gairmiúla agus acadúla a aithint. Tá Tionscnamh Píolótach Díorma Tallainne an Aontais curtha ar bun aige, uirlis cuardaigh poist ar líne a mheaitseálann daoine a theith ón gcogadh san Úcráin le poist agus folúntais oiriúnacha. Ina theannta sin, nascann seirbhísí poiblí fostaíochta na mBallstát cuardaitheoirí poist le fóstóirí ar an leibhéal náisiúnta. I mí Iúil, ghlac Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta

treoirlínte comhchoiteanna chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'imeascadh i margadh an tsaothair.

Tá an tAontas tiomanta freisin do rochtain ar oideachas ardcháilíochta a chinntiú do leanaí easáitithe na hÚcráine. Tá roinnt uirlisí curtha ar fáil aige, go príomha faoi chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais, treoraíocht bheartais maidir le piarfhoghlaim, ardáin ar líne agus cistiú, mar shampla. Tá clár cistiúcháin Erasmus+ á úsáid freisin chun tacú le hoideachas a chur ar mhic léinn is dídeanaithe. Tugtar tuilleadh tacaíochta don ardoideachas trí scéim comhaltachta MSCA4Ukraine. A bhuí leis an gcistiú agus an tacaíocht a cuireadh ar fáil leis an tionscnamh sin, faoi dheireadh 2023, bhí 124 taighdeoir Úcránacha in ann leanúint dá gcuid oibre san Aontas agus i dtíortha éagsúla nach Ballstát den Aontas iad agus atá mar chuid den chlár Fís Eorpach.

Ina theannta sin, tá trí thionscnamh nua seolta ag an gCoimisiún chun borradh a chur faoi chomhar an Aontais maidir le taighde agus nuálaíocht leis an Úcráin: oifig nua Fís Eorpach i gCív; an ghníomhaíocht nua ón gComhairle Nuálaíochta Eorpach chun tacú le pobal teicneolaíochta doimhne na hÚcráine; agus mol pobail nua de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht.

Ar deireadh, tuigean an tAontas an luach a bhaineann le léiriú cultúir chun cuidiú le daoine imeachtaí trámacha a phróiseáil agus chun muintearas agus chomhthuiscint a chruthú. In 2022, sheol clár Eorpaí na Cruthaitheachta de chuid an Aontais glao ar thionscadail a thacódh le healaíontóirí agus le heagraíochtaí cultúrtha lasmuigh den Úcráin. I mí Na Bealtaine 2023, fógraíodh na buaiteoirí: tacóidh cuibhreannais Zmina, Culture Helps agus U-RE-HERIT le healaíontóirí na hÚcráine agus rannchuideoidh siad le hoidhreacht chultúrtha na hÚcráine a atógáil.

Comhtháthú sa Mhargadh Aonair agus i gcomhaontuithe eile

I mí Aibreáin 2023, tháinig an Úcráin isteach i Sárasa an Aontais um Chosaint Shibhialta mar stát rannpháirteach. I mí Lúnasa, cé go raibh sí fós i mbun aontachas foirmiúil leis an sásra, thug an Úcráin 51 chéadfhreagróir agus 19 bhfeithicil chun cúnamh a thabhairt le hiarrachtaí tarrthála sa tSlóivéin tar éis tuilte tubaisteacha. Mar stát lán-rannpháirteach, beidh an Úcráin in ann cabhair a sheoladh tríd an sásra in éineacht le comhaltaí eile nuair a bhíonn tír eile ag déileáil le géarchéim, agus an dlúthpháirtíocht chéanna atá faighte aici féin á tairiscint aici. Léirítear leis freisin céim thábhachtach i dtreo lánpháirtíú san Aontas don Úcráin agus leathnaítear leis Comharsanacht an Oirthir de Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.



↑
Ó chlé go deas: Ihor Klymenko, Aire Gnóthaí Baile na hÚcráine, Olha Stefanishyna, Leas-Phríomh-Aire na hÚcráine um an Lánpháirtíú Eorpach agus Eora Atlantach, agus Janez Lenarčič, an Coimisinéir Eorpach um Bainistiú Géarchéime, tráth a síníodh comhaontú lena dtugtar ballraíocht iomlán don Úcráin i Sárasa an Aontais um Chosaint Shibhialta, Cív, an Úcráin, an 20 Aibreán 2023.

Rinneadh an Úcráin a chomhtháthú a thuilleadh i Margadh Aonair an Aontais trí dhul isteach i gClár an Mhargaidh Aonair, agus comhaontú comhlachais á shíniú aici ag cruinniú idir na Coimisinéirí Eorpacha agus rialtas na hÚcráine i gCív an 2 Feabhra 2023. Leis an gcomhaontú sin, is féidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide san Úcráin leas a bhaint as glaonna sonracha ar thograí a bhféadfadh cistiú a bheith mar thoradh orthu, agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh, Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga agus an Líonra Fiontar Eorpach, mar shampla.

Seoladh dhá ghlaao ar thograí, a raibh buiséad iomlán €7.5 milliún ag gabháil leo, chun tacú go sonrach le comhtháthú fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hÚcráine sa Mhargadh Aonair. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn tapa ar an gcaibidlíocht le haghaidh Comhaontú maidir le Measúnú Comhréireachta agus Glactha de Tháirgí Tionsclaíocha leis an Úcráin. A luaithe a bheidh sé i bhfeidhm, cothófar comhtháthú eacnamaíoch leis an gcomhaontú sin, agus ar an gcaoi sin tabharfar cúnamh do gheilleagar na hÚcráine agus do ghnólaigh na hÚcráine agus iad ag téarnamh.



Féach conas a thacaíonn Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga le fiontraithe na hÚcráine.



Féach conas a thacaíonn an tAontas agus an Líonra Fiontar Eorpach leis an Úcráin.



Baineann an Úcráin tairbhe freisin as gné thábhachtach eile den Mhargadh Aonair. I mí Aibreáin 2022, chomhoibrigh an tAontas le hoibreoirí teileafón soghluaiste na hEorpa agus na hÚcráine chun fánaíocht inacmhainne nó saor in aisce a chur ar fáil idir an dá réigiún. Leis an gcomhaontú sin, a athnuadh i mí Iúil 2023 go ceann bliana eile, cuidítear leo siúd a easáitíodh ón Úcráin teagmháil a choinneáil ar bun thar theorainneacha, agus laghdú breise á dhéanamh ar chostais nasccha ag oibreoirí.



An tráth céanna, tá an Coimisiún ag obair chun an comhaontú fánaíochta sin a leabú sa Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin. Nuair a bheidh sé tugtha chun críche, cinnteofar leis úsáid teileafón soghluaiste saor ó chostas do chuiditheoirí Úcránacha san Aontas agus do thaistealaithe an Aontais san Úcráin araon. Beidh luas chomhtháthú na hÚcráine i margadh fánaíochta an Aontais ag brath ar ghlacadh agus forghníomhú dhlíthe ábhartha an Aontais aici.

Slándáil bia

Tá an ghéarchéim dhomhanda slándála bia á déanamh níos measa ag an Rúis trí easpórtálacha gráin tríd an Muir Dhubh a bhlocáil d'aon ghnó, trí dhíriú ar shadhlanna gráin agus ar bhonneagar talmhaíochta san Úcráin agus trí theorainn a chur le heaspórtáil earraí talmhaíochta agus leasachán.

In 2022, bhunaigh an tAontas, a Bhallstáit, an Úcráin agus an Mholdóiv na Lánaí Dlíthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin chun an grán atá sáinnithe san Úcráin a chur amach go dtí an chuid eile den domhan. Éascaíonn na bealaí malartacha sin, a bhfuil iarnróid, bóithre agus uiscebhealaí i gceist leo, easpórtálacha ón Úcráin agus iompórtálacha ríthábhachtacha ar nós cabhair dhaonnúil agus leasachán araon.



↑
Grán Úcránach a dhíluachtú ó bháirse ar Abhainn na Danóibe, an Mholdóiv, an 12 Nollaig 2022.

Na Lánaí Dlíthpháirtíochta: ról criticiúil sa tslándáil bia ar fud an domhain

San iomlán, in 2022 agus 2023, chuir na Lánaí Dlíthpháirtíochta ar a cumas don Úcráin an méid seo a leanas a dhéanamh:

- os cionn 65 mhilliún tona de tháirgí talmhaíochta a easpórtáil, agus beagnach 61 mhilliún tona gráin, olashíol agus táirge ghaolmhara san áireamh sa mhéid sin, chuig na tíortha sin is mó a ndéanann ganntanas bia difear dóibh san áireamh;
- os cionn 51 mhilliún tona de tháirgí neamhthalmhaíochta a easpórtáil ón Úcráin, mianta, iarann, cruach agus adhmaid, cuir i gcás;
- timpeall €44 bhilliún a ghineadh le haghaidh fheirmeoirí agus ghnólachtaí na hÚcráine;
- os cionn 43 mhilliún tona (ar luach €88 mhilliún) d'earraí ríthábhachtacha, breosla mar shampla, a iompórtáil.

I mí an Mheithimh 2023, d'fhógair an tAontas go raibh €250 milliún á infheistiú aige i naoi dtionscadal trasteorann chun feabhas a chur ar na naisc idir an Úcráin, an Mholdóiv agus a gcomharsana san Aontas: an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic. Áirítear ar na tionscadail staidéir agus oibreacha ag pointí trasnaithe teorann iarnróid agus bóithre chun bonneagar a leathnú agus a uasghrádú, chun feabhas a chur ar limistéir pháirceála agus chun feabhas a chur ar shaoráidí agus trealamh trasloingsithe.

Ar deireadh, cuireadh Ardán Comhpháirteach Comhordúcháin ar bun in 2023 chun feabhas a chur ar an sreabhadh trádála idir an tAontas agus an Úcráin. Cuireadh dlús le hiarrachtaí an ardáin tar éis don Rúis deireadh a chur le Tionscnamh Gráin na Mara Duibhe an 17 Iúil, rud a chuir stop go héifeachtach le honnmhairí gráin trí bhealach na Mara Duibhe.

Tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit

Tá éifeachtaí an chogaidh fhoghaigh atá an Rúis a chur ar an Úcráin le brath lasmuigh de theorainneacha na hÚcráine. Mar chomharsana na hÚcráine, tá difear á dhéanamh do na Ballstáit freisin, go háirithe i réimsí an fhuinnimh agus na margaí bia. (Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a bhfuil an tAontas ag tabhairt aghaidh ar an ngéarchéim fuinnimh, féach Caibidil 4).

In 2023, d'údaraigh an tAontas €487 mbilliún i stáitchabhair chun tacú leis na Ballstáit i gcomhthéacs an chogaidh fhoghaigh atá an Rúis a chur ar an Úcráin.

Tá an Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe, atá infheidhme ón 9 Márta 2023, ar cheann de na huirlisí is féidir leis na Ballstáit a úsáid chun éifeacht an chogaidh ar a ngeilleagair a mhaolú.

Ina theannta sin, tar éis don Aontas cláir chomhair leis an Rúis agus lena comhghuaillí, an Bhealarúis, a chur ar fionraí, in 2023, d'aistrigh sé €135 mhilliún breise a bhí beartaithe ar dtús le haghaidh tionscadail leis an dá thír sin chuig cláir eile lena neartófar an comhar idir na Ballstáit agus an Úcráin agus an Mholdóiv.

Le linn na bliana, chinntigh an tAontas freisin go bhféadfadh gach réigiún san Eastóin, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Pholainn agus san Fhionlainn a bhí ceaptha páirt a ghlacadh i gcláir chomhair leis an Rúis agus leis an mBealarúis páirt a ghlacadh i gcláir eile atá ann um chomhar idir-réigiúnach.

Leis an gCreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe, tugtar an tsolúbthacht do na Ballstáit chun an méid seo a leanas a dhéanamh:



méideanna teoranta cabhrach a dheonú do chuideachtaí a ndéanann an ghéarchéim reatha nó na smachtbhannaí agus frithsmachtbhannaí gaolmhara difear dóibh



a chinntiú go mbeidh leachtacht leordhóthanach ar fáil do ghnólachtaí



cuideachtaí a chúiteamh as na costais bhreise arna dtabhú mar gheall ar phraghsanna arda urghnácha gáis agus leictreachais



© AFP



An bhuaint chruithneachta i réigiún Donetsk, an Úcráin, an 4 Lúnasa 2023.

Tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí an Aontais

I bhfianaise a thábhachtaí atá an Rúis agus an Úcráin do sholáthar domhanda gránach agus olashíolta, tá éiginnteacht agus luaineacht mhór sna margáí sin mar thoradh ar chogadh leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

Ós rud é gur cuireadh bac nó srian mór ar ghnáthbhealaí easpórtála na hÚcráine trí chalafoirt na Mara Duibhe, níor shroich easpórtálacha a gceann scribe chomh héifeachtach agus a shroich roimhe seo. Ina ionad sin, tá méadú ag teacht ar líon na ngránach agus na n-olashíolta ón Úcráin i margáí na mBallstát atá i gcomharsanacht na hÚcráine, rud a chruthaíonn scrogaill lóistíochta.

In 2023, thug an tAontas isteach dhá phacáiste tacaíochta agus toirmeasc sealadach ar iompórtáil cruithneachta, arbhair Indiaigh, síl ráibe agus síolta lus na gréine ón Úcráin chuig an mBulgáir, an Ungáir, an Polainn, an Rómáin agus an tSlóvaic, faoin Rialachán maidir le Bearta Trádála Uathrialacha don Úcráin. Chuidigh sé sin le scrogaill lóistíochta a scaoileadh agus le haghaidh a thabhairt ar ábhair imní na bhfeirmeoirí sna Ballstáit lena mbaineann, agus an tráth céanna chuir sé ar a chumas don Aontas leanúint dá thacaíocht eacnamaíoch don

Úcráin i bhfoirm taraifí nialais ar iompórtálacha uile na hÚcráine.

San iomlán, cuireadh níos mó ná €156.3 milliún ar fáil ó chúlchiste talmhaíochta an Chomhbheartais Talmhaíochta chun tacú leis na feirmeoirí sin is mó a ndearnadh difear dóibh i gcúig Bhallstát comharsanachta na hÚcráine. Ceadaíodh do na Ballstáit lena mbaineann modhanna tacaíochta náisiúnta a úsáid freisin chun cúiteamh breise a chur ar fáil, más gá, trí bhreiseiú nó trí státchabhair thiomnaithe. Ina theannta sin, sa tríú pacáiste tacaíochta, chuir an Coimisiún cistiú breise dar luach €330 milliún ar fáil lena leithdháileadh ar fheirmeoirí an Aontais i mBallstáit eile a raibh tionchar ag costais arda ionchuir agus fadhbanna sonracha a bhaineann le cogadh foghach na Rúise orthu. Leis an Sásra Eorpach um Ullmhacht agus um Fhreagairt i leith Géarchéimeanna Slándála Bia a bunaíodh le déanaí, bhíodhas in ann saineolas a chur in úsáid go tapa agus tharraing sé aird na bpáirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha ar fhadhbanna agus ar scrogaill ag céim luath. Chuir toradh an phlé i measc na bpáirtithe leasmhara sin eolas díreach ar fáil do fhreagairtí an Aontais.

Coireanna cogaidh a imscrúdú agus a ionchúiseamh

Ó thosaigh an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin, tá sárú leanúnach déanta ag údaráis na Rúise ar chearta idirnáisiúnta an duine, agus rinneadh tuairiscí iomadúla ar choireanna cogaidh agus ar ionsaithe ar shibhialtaigh. Faoi dheireadh 2023, bhí imscrúduithe seolta ag an Úcráin agus ag 16 Bhallstát den Aontas maidir leis na coireanna idirnáisiúnta a rinne an Rúis san Úcráin.

Sé lá tar éis thús an chogaidh, chuidigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) foireann chomhpháirteach um imscrúdú a bhunú chun fianaise a bhailiú agus coireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna a imscrúdú. Inniu, tá an Úcráin, sé Bhallstát, an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta

agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí ar an bhfoireann.

Mar gheall ar a chasta atá sé fianaise ar choireanna idirnáisiúnta a bhailiú (e.g. teistiméireachtaí a bhailiú ó dhaoine i dtíortha éagsúla), bhunaigh Eurojust bunachar sonraí freisin in 2023 chun fianaise ar na coireanna sin a chaomhnú agus a stóráil (an Bunachar Sonraí Fianaise i leith na gCoireanna Idirnáisiúnta is Tromchúisí). Tabharfaidh Eurojust a shaineolas don bhunachar sonraí sin trí anailís a dhéanamh ar an bhfianaise, agus cuirfidh sé treoir phraiticiúil ar fáil d'údaráis bhreithiúnacha náisiúnta maidir le fianaise atá lonnaithe i dtíortha eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha dá n-imscrúduithe féin a shainaithint.



Déanann Eurojust óstáil freisin ar an Lárionaid Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh choir an fhogha faoin Úcráin a bunaíodh le déanaí. Osclaíodh an lárionad i mí Iúil 2023 agus tá sé comhdhéanta d'ionchúisitheoirí náisiúnta neamhspleácha ó chomhaltaí na foirne comhpháirtí um imscrúdú agus seisear ionchúisitheoirí de chuid na hÚcráine, agus cuireadh ar bun é chun ullmhú le haghaidh aon ionchúiseamh a dhéanfar amach anseo ar choir fhogha na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus chun rannchuidiú leis an ionchúiseamh sin. Is éard is coir fogha ann nuair a dhéanann ardcheannairí polaitiúla agus míleata foghanna mórsála a úsáideann fórsaí armtha an stáit a phleanáil, a thionscnamh nó a chur i gcrích. Is é seo an chéad uair riamh go bhfuil coir den sórt sin á imscrúdú de réir mar a tharlaíonn sí.


Ag an lárionad, beidh ionchúisitheoirí in ann oibriú le chéile ar an láthair, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh fianaise a mhalartú go tapa agus teacht ar chomhaontú maidir leis an gcaoi a ndéanfaidh siad a straitéis imscrúdaithe agus ionchúisimh. Beidh an Bunachar Sonraí Fianaise i leith na gCoireanna Idirnáisiúnta is Tromchúisí lárnach dá chuid oibre, agus is féidir an fhianaise a bhailíonn an lárionad a úsáid os comhair dlínsí eile, cúirteanna náisiúnta agus idirnáisiúnta san áireamh.



Seoladh an Lárionaid Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh choir an fhogha faoin Úcráin, an Háig, an Ísiltír, an 3 Iúil 2023. Cúlra, ó chlé go deas: Kenneth Polite, Ard-Aighne Cúnta na Stát Aontaithe don Rannán Coiriúil, Andriy Kostin, Ard-Ionchúisitheoir na hÚcráine, Dilan Yeoilgöz-Zegerius, Aire Dlí agus Cirt agus Slándála na hÍsiltíre, Ladislav Hamran, Uachtarán Eurojust, Didier Reynders, an Coimisinéir Eorpach um Cheartas, agus Karim Asad Ahmad Khan, Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta.

Trína Thascfhórsa 'Calcadh agus Coigistiú', tá Eurojust ag cinntiú freisin go gcuirtear smachtbhannaí an Aontais chun feidhme i gceart. Tá an tascfhórsa ag déanamh imscrúdú ar naisc a d'fhéadfadh a bheith ann idir gníomhaíocht choiriúil agus daoine aonair agus gnólachtaí na Rúise agus na Bealarúise. Tá sé ag féachaint freisin ar an gcaoi ar féidir le bearta an dlí choiriúil, coigistiú sócmhainní mar shampla, rannchuidiú le hatógáil na hÚcráine.

Tacaíocht Eurojust don cheartas don Úcráin



Atógáil na hÚcráine

Tá an tAontas tiomanta a chinntiú go n-íocfaidh an Rúis as an damáiste arna dhéanamh san Úcráin. Mar sin, tá sé ag féachaint ar roghanna chun tacú le hatógáil na hÚcráine — i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta — leis na hioncaim urghnácha a ghintear ó bhainistiú chúlchistí bhanc ceannais na Rúise atá reoite san Aontas faoi láthair mar gheall ar smachtbhannaí. Chuige sin, i mí na Nollag ghlac an Coimisiún tograí maidir leis na hioncaim amhantair urghnácha ó shócmhainní bhanc ceannais na Rúise a reo.

Tá atógáil na hÚcráine á comhordú ag an Aontas lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta freisin. Sheol an tAontas, an Úcráin agus comhpháirtithe G7 Ardán Ilghníomhaireachtaí Comhordaithe Deontóirí G7 don Úcráin i mí Eanáir 2023. Tá ról lárnach ag an ardán maidir le tacaíocht a chomhordú do riachtanais láithreacha maoiniúcháin na hÚcráine agus maidir lena téarnamh eacnamaíoch agus a hatógáil amach anseo ar fud foinsí éagsúla agus ionstraimí maoinithe atá bunaithe.

Le linn chuairt Choláiste na gCoimisinéirí ar an Úcráin i mí Feabhra, d'fhógair an tAontas pacáiste cabhrach €1 billiún do na hiarrachtaí atógála mar chuid dá phacáiste foriomlán cúnaimh don tír. Phléigh na Coimisinéirí agus rialtas na hÚcráine freisin conas a d'fhéadfadh an tAontas cuidiú leis an Úcráin a cathracha a atógáil ar bhealach inbhuanaithe cuimsitheach. I mí an Mhárta seoladh an tionscnamh

Phoenix (Tionscadal le haghaidh Treoshuíomh Iomlánaíoch le haghaidh Bonneagar Nua Comhshaoil i gCathracha na hÚcráine). Leis an tionscnamh, beidh cathracha na hÚcráine in ann rochtain a fháil ar theicneolaíochtaí úrscothacha agus ar shaineolas ó phobal an Bauhaus Eorpaigh Nua. Ina theannta sin, nascfaidh sé cathracha na hÚcráine le cathracha comhchosúla san Aontas chun saineolas agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le conas cathracha aeráidneodracha agus níos tíosaí ar fhuinneamh a thógáil. Tabharfar le chéile leis cistiú ón Misean Fís Eorpach do Chathracha Aeráidneodracha Cliste agus ón gclár LIFE, agus cuirfear €7 milliún ar a laghad ar fáil láithreach bonn.

Ar deireadh, ag an gComhdháil maidir le Téarnamh Glas na hÚcráine a bhí ar siúl idir an 28 Samhain agus an 1 Nollaig i Vilnius na Liotuáine, d'athdhearbhaigh an tAontas a thacaíocht leanúnach do bhordais na hÚcráine agus chuir sé i láthair cur chun feidhme leanúnach agus céadorthaí tionscnamh Phoenix. An tráth céanna, thug an Misean Geilleagair Chiorclaigh cuideachtaí agus páirtithe leasmhara tionscail de chuid an Aontais a dhíríonn ar an ngeilleagar ciorclach le chéile le gnóachtaí atá bunaithe san Úcráin agus ceannaitheoirí poiblí, rud a chuir borradh faoi ghné ghnó théarnamh glas na hÚcráine.



Ag Comhdháil Téarnaimh na hÚcráine i Londain, i mí an Mheithimh, chuir an tAontas saoráid nua i láthair faoinar moladh deontais agus iasachtaí suas le €50 billiún chun cabhrú le téarnamh agus nuachóiriú na hÚcráine ó 2024 go 2027.

Léirigh sé sin tacaíocht bhuanseasmhach an Aontais don Úcráin le linn chogadh foghach leanúnach na Rúise agus dhearbhaigh sé a thiomantas do chonair na hÚcráine i dtreo ballraíocht san Aontas.

Ina theannta sin, shínigh an tAontas comhaontuithe ar fiú breis agus €800 milliún iad chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh le haghaidh théarnamh agus atógáil gheilleagar na hÚcráine.



Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, agus í ag labhairt ag Comhdháil Téarnaimh na hÚcráine, Londain, an Ríocht Aontaithe, an 21 Meitheamh 2023.



© AFP

2. An geilleagar agus iomaíochas an Aontais a neartú

Réamhrá

In 2023, lean an tAontas Eorpach de bheith ag díriú ar bhorradh a chur faoin iomaíochas agus ar a gheilleagar a dhéanamh glas, digiteach, cuimsitheach agus athléimneach. Is éard atá i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais a moladh in 2023, tá sé d'aidhm ag an Aontas iomaíochas teicneolaíochtaí glan-nialasacha a fheabhsú agus tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Chuir an tAontas straitéis chun cinn freisin chun slándáil eacnamaíoch a bhaint amach san Aontas agus leag sé amach príomhtháscairí chun a iomaíochas fadtéarmach a neartú. Ina theannta sin, thug sé an creat airgeadais inbhuanaithe cothrom le dáta agus rinne sé bearta chun an t-aontas custaim a athchóiriú. Rinneadh comóradh 30 bliain ar an Margadh Aonair in 2023 freisin, agus le linn na



Déanann fostaithe maoirseacht ar chóimeáil feithicle leictirí ag saoráid Neapco Europe in Dueren, an Ghearmáin, an 22 Lúnasa 2023.

bliana thug an tAontas córas aonadach paitinne agus bearta isteach chun gnó trasteorann a éascú. Chun a áirithiú go mbainfidh geilleagar an Aontais leas as an digitiú, mhol an tAontas creat dlíthiúil le haghaidh euro digiteach — a chomhlánóidh úsáid leanúnach airgid thirim — agus thug sé isteach mol sonraí custaim. Ina theannta sin, chuir sé roinnt tograí reachtacha i láthair a neartóidh aontas na margaí caipitil trína dhéanamh níos sábháilte d'infheisteoirí miondíola infheistíocht a dhéanamh; tugadh isteach reachtaíocht chun cur i gcoinne éifeachtaí saobhacha fóirdheontas eachtrach ar mhargaí AE; agus rinneadh creataí a athchóiriú agus a thabhairt isteach chun na bainc a dhéanamh níos athléimní le linn suaití eacnamaíocha.

Téarnamh leanúnach agus athléimneacht fadtéarmach

Treochtaí

In 2023, lean geilleagar an Aontais de bheith ag fás, cé gur laghdáíodh an móiminteam mar gur chuir suaití suntasacha ar an ngeilleagar. Tháinig laghdú ar an mboilsciú i rith na bliana, a bhuí le praghsanna fuinnimh a bheith ag laghdú agus leis an mbrú boilscitheach ó bhia agus earraí tionsclaíocha a mhaolú.

Tá margadh saothair thar a bheith láidir ag tacú le geilleagar an Aontais, margadh ina bhfuil na rátaí dífhostaíochta is ísle riamh, méadú leanúnach ar na bhfostaíocht agus ardú pá. Tá cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta lárnach i gcónaí chun geilleagar an Aontais a choinneáil ar an mbóthar ceart.

Ag féachaint chun cinn, tá baol fós ann d'ionchais fáis gheilleagar an Aontais mar gheall ar chogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus an teannas geopholaitiúil níos leithne.

Rath na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

In 2023, a bhuí le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, ina phríomhspríoc ag €800 billiún NextGenerationEU, an plean téarnaimh, leanadh de bheith ag spreagadh téarnamh eacnamaíoch. Neartaigh an ionstraim athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta na mBallstát agus thacaigh sí le REPowerEU, tionscnamh an Aontais chun cabhrú leis na Ballstáit dlús a chur lena n-aistriú ó bhreoslaí iontaise, i bhfianaise ionradh gan chúis na Rúise ar an Úcráin (féach Caibidil 4 le haghaidh tuilleadh eolais maidir le tionscnamh REPowerEU).

Is saoráid ar leith í mar go bhfuil sí bunaithe ar an bhfeidhmíocht. Chun tairbhe a bhaint as, ní mór do Bhallstát plean téarnaimh agus athléimneachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Leagtar amach sna pleananna sin na hathchóirithe agus

na hinfheistíochtaí atá beartaithe ag na Ballstáit a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2026, ar ina leith is féidir leo maoiniú a fháil suas le leithdháileadh a comhaontaíodh roimhe sin. Eisíocann an Coimisiún íocaíochtaí leis na Ballstáit atá ag brath ar gharspriocanna agus spriocanna réamhshocraithe a bhaint amach go rathúil, ar spriocanna iad a leagtar amach ina bpleananna. Ceapadh na bearta sin chun dul i ngleic le príomhdhúshláin na mBallstát agus chun iad a ailíniú le cuspóirí an Aontais.

Tá athchóirithe agus infheistíocht á spreagadh ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta i sé réimse beartais: (i) an t-aistriú glas; (ii) an t-aistriú digiteach; (iii) fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach; (iv) comhtháthú sóisialta agus críochach; (v) athléimneacht na sláinte, an gheilleagair, na sochaí agus na n-institiúidí; agus (vi) beartais don chéad ghlúin eile.

Cuireann an tAontas cabhair ar fáil do na Ballstáit freisin chun a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. Go dtí seo, thairbhígh níos mó ná 400 tionscadal den tacaíocht sin. Tá tacaíocht ghinearálta faighte ag 23 Bhallstát nó tá tacaíocht ghinearálta á fáil acu faoi láthair chun gnéithe cothrománacha an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, lena n-áirítear tacaíocht maidir lena bpleananna a athbhreithniú, agus tá gach ceann de na 27 mBallstát ag baint tairbhe as tacaíocht théamach atá nasctha le cur chun feidhme bhearta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

Ceapann formhór na ndaoine san Eoraip (53 %) gur féidir le NextGenerationEU a bheith éifeachtach chun freagairt do na dúshláin eacnamaíocha atá ann faoi láthair.

Foinse: Eorabharaiméadar Caighdeánach 100, Nollaig 2023.

A bhuí le cur chun feidhme phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát, faoi dheireadh 2022 (tá na figiúirí is déanaí ar fáil):



Bhí 6.9 milliún duine aonair páirteach san oideachas agus san oiliúint



Fuair 1.4 milliún gnólacht tacaíocht chomhchineáil




Bhain 5.9 milliún duine tairbhe as bearta cosanta i gcoinne tubaistí a bhaineann leis an aeráid



Sábháladh 22.1 mhilliún meigeavatuair d'fhuinneamh príomhúil bliantúil

Sreabhadh cistí i dtreo cuspóirí de chuid na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA)



Samplaí de thionscadail



An t-aistriú glas

Sa Fhrainc, mhaoinigh STA uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh 20 000 teaghais shóisialta agus le haghaidh tithíocht do mhic léinn.



Claochlú digiteach

Tá STA ag cur borradh faoi néalacmhainneacht na hIodáile trí infheistíocht a dhéanamh in ionaid sonraí le haghaidh an gheilleagair dhigitigh.



Fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach

Chuidigh STA leis an Spáinn cúnamh a thabhairt do níos mó ná 60 cuideachta mhór agus FBM le taighde agus nuálaíocht soghluaisteachta inbhuanaithe.



Comhtháthú sóisialta agus críochach

Tá STA ag cur ar chumas na hOstaire cabhrú le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach rochtain a fháil ar oiliúint agus ar cháilíochtaí.



Athléimneacht na sláinte, an gheilleagair, na sochaí agus na n-institiúidí

Le hathchóiriú a dtacóidh STA leis sa Chipir, feabhsófar iarrachtaí frith-éillithe agus bunófar údarás frith-éillithe neamhspleách.



Beartais don chéad ghluin eile

Chuidigh cistí STA leis an tSeicia thart ar 74 000 gaireas digiteach a thabhairt do dhaltaí le haghaidh cianfhoghlama.

Buiséad an Aontais Eorpaigh: an tAontas a chur in oiriúint do na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo

In 2023, bhí buiséad fadtéarmach an Aontais (an creat airgeadais ilbhliantúil) agus NextGenerationEU lárnach i dtéarnamh na hEorpa, agus thug siad aghaidh ar dhúshláin amhail an cogadh i ngar dúinne, boilsí ard, tubaistí nádúrtha agus géarchéimeanna daonnúla. Chun deimhin a dhéanamh de gur féidir le buiséad an Aontais leanúint de na tosaíochtaí is tábhachtaí a bhaint amach, mhol an Coimisiún athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil i mí an Mheithimh.

I mí Mheán Fómhair, glacadh buiséad bliantúil an Aontais le haghaidh 2024. Tugann sé aghaidh ar ghéarchéimeanna práinneacha sa Mheánoirthear agus san Eoraip agus ina comharsanacht.

Chun tacú le NextGenerationEU agus chun cabhair a thabhairt don Úcráin, bhailigh an Coimisiún thart ar €116 bhilliún i gcistí fadtéarmacha in 2023, lena n-áirítear suas le €12.5 billiún i mbannaí glasa, agus an tAontas ina phríomheisitheoir bannaí glasa.



↑
Johannes Hahn, an Coimisinéir Eorpach um an mBuiséad agus um Riarachán, ag cur an togra maidir le hathbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil i láthair, an Bhruiséil, an Bheilg, an 20 Meitheamh 2023.

Athléimneacht fhadtéarmach a chothú

Le linn na bliana, chuir an Coimisiún tograí reachtacha i láthair chun an t-athchóiriú is cuimsithí ar rialacha maidir le rialachas eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme tar éis iarmhairt na géarchéime eacnamaíche agus airgeadais. Rinneadh

machnamh críochnúil agus comhairliúchán forleathan chun na tograí a chur le chéile. is é is aidhm do na rialacha na Ballstáit a spreagadh le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí tábhachtacha a chur chun feidhme agus sin a éascú dóibh. Fágfaidh na rialacha go mbeidh an rialachas eacnamaíoch níos simplí, go gcuirfead feabhas ar úinéireacht náisiúnta, go gcuirfead béim níos mó ar an meántearma agus go neartófar forfheidhmiú rialacha foscacha an Aontais, laistigh de chreat coiteann trédhearcach AE.



↑
Valdis Dombrovskis, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar Gheilleagar a Fhóireann do Dhaoine agus an Coimisinéir Eorpach um Thrádáil (ar chlé), agus Paolo Gentiloni, an Coimisinéir Eorpach um an nGeilleagar (ar dheis), ag preasagallamh maidir leis an athbhreithniú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, an Bhruiséil, an Bheilg, an 26 Aibreán 2023.

Tháinig an Chróit isteach sa limistéar euro

An 1 Eanáir 2023, tháinig an Chróit isteach sa limistéar euro agus i limistéar Schengen.

Feabhsaíonn an euro an áisiúlacht agus an t-iomaíochas do mhuintir na Cróite, rud a shimplíonn an taisteal agus an trádáil. Is éard atá i nótaí agus i mboinn an euro ná siombail ar an ngealltanas saoirse agus ar deiseanna an Aontais do mhuintir na Cróite go léir.

Léiríonn suirbhé a rinneadh sa Chróit nuair a tháinig an euro in ionad an kuna ina iomláine go gcreideann 61 % de shaoránaigh na Cróite gur cuireadh an t-athrú i gcrích go rianúil agus go héifeachtúil, agus mheas 88 % gur tugadh eolas maith faoin airgeadra aonair dóibh.

San Aontas Eorpach, leanann an tacaíocht don euro de bheith an-láidir: Tacaíonn 71 % de mhuintir an Aontais le haontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta Eorpach a bhfuil airgeadra aonair amháin aige, agus is é 79 % an céatadán sa limistéar euro.

Foinsí: Flais-Eorabharaiméadar 518, Feabhra 2023; Eorabharaiméadar Caighdeánach 100, Nollaig 2023.



© Martin Münd/European Central Bank

Aontas Comhtháthaithe Eorpach

In 2023 ceiliúradh comóradh 30 bliain ó cruthaíodh an Ciste Comhtháthaithe. Le tríocha bliain anuas atá sé ar an bhfód, tá beagnach €179 billiún infheistithe ag an gCiste Comhtháthaithe i gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais. Meastar go dtiocfaidh méadú 0.5 % ar olltáirgeacht intíre an Aontais le cistiú an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh na tréimhse 2021-2027 agus go dtacóidh sé le 1.3 milliún post a chruthú. I measc na mórthionscadal a cuireadh i gcrích nó a seoladh in 2023 bhí athchóiriú iliomad Pompeii, córas meitreo nua le haghaidh Thessaloniki agus bonneagar fuíolluisce feabhsaithe sa Rómáin. Faoi dheireadh na bliana, bhí torthaí suntasacha bainte amach ag cláir bheartais comhtháthaithe le haghaidh na

tréimhse 2014-2020, lena n-áirítear tacaíocht do 4.5 milliún gnólacht, os cionn 370 000 post nua a chruthú, rochtain níos fearr ar leathanbhanda le haghaidh níos mó ná 7.9 milliún teaghlach agus os cionn acmhainneacht bhreise 6 000 meigeavatuair le haghaidh táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil.

Leis an méid sin, leagtar béim ar an ról rithabhachtach atá ag riaracháin phoiblí réigiúnacha agus áitiúla, arb iad is gaire do na daoine agus a bhfuil ról lárnach acu maidir le tosaíochtaí beartais a bhaint amach agus reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme ar an láthair. Mar aitheantas air sin, is é is aidhm don tionscnamh ComPact, a seoladh in 2023, feabhas a chur ar riaracháin phoiblí sna Ballstáit.



← Elisa Ferreira, an Coimisinéir Eorpach um Chomhtháthú agus um Athchóiriúcháin (an chéad duine ar dheis), ar cuairt ar an tionscadal Títhe Gloine ar dhíonta chun CO₂ a Laghdú, arna chómhaoiniú ag an Aontas, Bettembourg, Lucsamburg, an 13 Márta 2023.

Margadh Aonair láidir athléimneach

Margadh Aonair ar an bhfód le 30 bliain

In 2023, rinne an tAontas ceiliúradh ar chomóradh 30 bliain an Mhargaidh Aonair, a raibh a bhunú, an 1 Eanáir 1993, ina chloch mhíle shuntasach i lánpháirtiú na hEorpa. Tá i bhfad níos mó i gceist leis an Margadh Aonair ná creat dlíthiúil amháin, ná margadh, go deimhin; is réimse saoirse, dul chun cinn, deiseanna, fáis, rathúnais chomhroinnte, comhtháthaithe agus athléimneachta é. Neartaíonn sé sin seasamh eacnamaíoch agus geopholaitiúil domhanda an Aontais go mór. Is é atá ann 15 % den olltáirgeacht intíre dhomhanda agus is é an limistéar comhtháite margaidh aonair is mó ar domhan, agus tá sé fós ar cheann de na limistéir a dhíríonn ar allmhairí a léirscaoileadh agus onnmhairí a chur chun cinn.

Le breis agus 30 bliain anuas, tá an Margadh Aonair ina chuid lárnach d'iomaíochas an Aontais, lenar cuireadh feabhas ar shaol na saoránach agus lenar éascaíodh an gnó. Trí olltáirgeacht intíre an Aontais a mhéadú 9 %, tá tairbhí eacnamaíocha suntasacha bainte amach aige, rud a neartaíodh le tacaíocht ó bheartas comhtháthaithe a chuireann ar chumas do gach réigiún leas agus tairbhe a bhaint aisti. Tá ról lárnach ag an Margadh Aonair freisin i dtaca leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a éascú. Mar fhoinsé do chomhtháthú rialála, airgeadais agus slabhra soláthair an Aontais, cuidíonn sé le barainneachtaí scála a thógáil atá rithabhachtach chun cabhrú le gnóilachtaí fás.

An Margadh Aonair i mbeagán focal

Is ionann an Margadh Aonair agus **18 % d'olltáirgeacht intíre an domhain...**

... **ag tairiscint earraí agus seirbhísí** do níos mó ná **450 milliún duine**.

Foinse: [Tuarascáil Bhliantúil ar an Margadh Aonair](#), Eanáir 2023.


Tá sé comhdhéanta de:




23 mhilliún
gnólacht ...



... a fhostaíonn
beagnach
128 milliún duine



€965 bhilliún
d'onnmhairí
seirbhísí laistigh
den Aontas




€3 428 bhilliún
d'onnmhairí
earraí laistigh den
Aontas



€8 163 bhilliún
d'infheistíochtaí
laistigh den
Aontas

Arbh eol duit? (*)



Ba in euro a bhí
47.5 % d'onnmhairí
earraí an Aontais chuig
tíortha nach Ballstáit
den Aontas iad in 2020.



Tá os cionn **60 %** de
na fiontair atá faoi rialú
coigríche san Aontas
faoi rialú Ballstáit eile
de chuid an Aontais.



Idir 2010 agus 2021,
tháinig méadú **47.0 %**
ar líon na ndaoine a bhí
fostaithe sna Ballstáit
a raibh saoránacht
Ballstáit eile acu.



Is as Ballstát eile
2.4 % de na mic
léinn tríú leibhéal sna
Ballstáit.

(*) Tagraíonn sonraí don Aontas ina bhfuil 27 mBallstát agus don bhliain is déanaí atá ar fáil.

Foinse: [Eurostat](#).

Bhí an Margadh Aonair ríthábhachtach d'athléimneacht eacnamaíoch an Aontais, rud a chruthaigh go raibh sé bunriachtanach le linn géarchéimeanna a tharla le déanaí amhail an phaindéim, nó fogha na Rúise faoin Úcráin agus an ghéarchéim fuinnimh ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, fónann sé ina uirlis gheopholaitiúil thábhachtach, lena gcuirtear feabhas ar thionchar an Aontais in ainneoin athruithe geopholaitiúla agus feabhas ar an aistriú práinneach chuig an teicneolaíocht ghlan. D'ainneoin an mhéid atá bainte amach aige, ní mór an Margadh Aonair a fhorbairt i bhfianaise na réaltachtaí geopholaitiúla nua atá ag athrú, an dul chun cinn teicneolaíoch agus an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus chun borradh a chur faoi iomaíochas agus faoi tháirgiúlacht fhadtéarmach an Aontais.

Margadh Aonair níos láidre

Tá an tAontas ag cur feabhas leanúnach ar an timpeallacht gnó i ngach eamail dá gheilleagar. I mí Mheán Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún togra chun dul i ngleic le hiocaíochtaí déanacha ó chuideachtaí agus ó údaráis phoiblí, cleachtas lena gcuirtear sreabhadh airgid na bhfontar beag agus meánmhéide (FBManna) i mbaol agus lena gcuirtear bac ar iomaíochas agus athléimneacht na slabhraí soláthair. Tá an togra seo mar chuid de shraith níos leithne beart sa phacáiste fóirithinte atá tugtha isteach ag an gCoimisiún chun tacú le FBManna a bhfuil dúshlán eacnamaíocha rompu.

Tá an tAontas ag tacú leis an nuálaíocht freisin trína dhéanamh níos éasca do ghnólachtaí a maoin intleachtúil a chosaint ar fud an Aontais. Ba shuntasach an chéim é seoladh chóras na bPaitinní Aonadacha i mí an Mheithimh i dtreo an Margadh Aonair a chur i gcrích agus cosaint paitinne a fheabhsú san Eoraip. Leis an gcóras sin, cuirtear ionad ilfhreastail ar fáil chun paitinní a chlárú agus a fhorfheidhmiú san Eoraip, rud a fhágann go mbeidh costais níos ísle, níos lú páipéarachais agus ualach riaracháin laghdaithe ar nuálaithe, agus rachaidh sé chun tairbhe do FBManna go háirithe.

Ina theannta sin, a bhfuil le Cúirt Aontaithe na bPaitinní nua, a bhfuil dlínse aici ar Phaitinní Aonadacha agus ar Phaitinní Eorpacha atá ann cheana, beidh cuideachtaí in ann a gcearta paitinne a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí. Ina theannta sin, cuireann an Ciste FBM, comhthionscnamh de chuid an Choimisiúin agus Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, tacaíocht airgeadais (dearbhaín maoine intleachtúla) ar fáil do FBManna chun a bpunanna maoine intleachtúla a bhainistiú, lena n-áirítear trádmarcanna, dearaí, paitinní agus cineálacha plandaí.

Conas a oibreoidh Córas na bPaitinní Aonadacha?

Déanfaidh aireagóirí iarratas ar phaitinn Eorpach.



Cinnteoigh Oifig Eorpach na bPaitinní go gcomhlíonann an t-aireagán na critéir maidir le húrnuacht, céim airgtheach agus infheidhmeacht thionsclaíoch.



Tar éis dó an phaitinn Eorpach a fháil, iarrfaidh an sealbhóir go dtabharfar éifeacht aonadach di.



Tiocfaidh an Phaitinn Aonadach i bhfeidhm le haon chéim amháin, gan foirmiúlachtaí breise amhail aistriúcháin, sna Ballstáit rannpháirteacha:

An Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Fhrainc, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Fhionlainn, an tSualainn.



I gcomhthráth leis sin, is féidir le sealbhóir na paitinne Eorpaí í a bhailíochtú freisin i dtíortha neamh-rannpháirteacha, lena n-áirítear tíortha nach bhfuil san Aontas, faoi réir a gceanglas náisiúnta.

Mhol an Coimisiún pacáiste paitinne i mí Aibreáin 2023, lena gcomhlánaítear scéim na bPaitinní Aonadacha. A luaithse a ghlacfar é, bainfidh gnólachtaí tairbhe as creat nua níos cothroime le haghaidh paitinní bunriachtanacha caighdeánacha agus rochtain níos simplí ar dheimhnithe forlíontacha cosanta le haghaidh táirgí cógaisíochta agus táirgí cosanta plandaí, mar aon le rialacha níos soiléire a bhaineann le ceadúnú éigeantach le linn géarchéimeanna. Ina theannta sin, leis an Rialachán maidir le Tásca Geografacha le haghaidh Táirgí Ceardaíochta agus Táirgí Tionsclaíocha, a tháinig i bhfeidhm le linn na bliana, ceadaítear do tháirgeoirí an Aontais cosaint níos fearr a thabhairt do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus saineolas déanta táirgí a bhaineann lena réigiún féin.

Leis an athchóiriú atá beartaithe ar reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint dearáí, déanfar


nuálaíocht agus cosaint dearáí san Aontas a neartú, a chuíchóiriú agus a nuachóiriú freisin.

Ar deireadh, tá an tAontas ag tacú le gnó trasteorann trí dheireadh a chur le bacainní ar fhás eacnamaíoch agus ar ghnó.

D'fhéadfaí €713 bhilliún a chur leis an ngeilleagar faoi dheireadh 2029 dá gcuirfí bearta nua i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní.

Sampla amháin is ea na rialacha nua atá beartaithe chun deireadh a chur le bacainní ar shaorghluaiseacht innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é, amhail craenacha, buainteoirí agus forcardaitheoirí, ar bhóithre poiblí.

Tiocfaidh an rialachán maidir le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é in ionad na gcóras rialála éagsúla atá ann faoi láthair sna Ballstáit, agus déanfaidh sé an méid seo a leanas:



deireadh a chur le bacainní ar iontráil sa mhargadh agus moilleanna sa mhargadh a laghdú



costais chomhlíontachta a laghdú, nuálaíocht a éascú agus iomaíochas a fheabhsú



úsáid innealra thar theorainneacha laistigh den Aontas a éascú



ardchaighdeáin chomhionanna a chinntiú maidir le sábháilteacht ar bhóithre le haghaidh an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é ar fud an Aontais

Ina theannta sin, chun é a dhéanamh níos éasca d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha feidhmiú thar theorainneacha, i mí Mheán Fómhair mhol an Coimisiún foirm dhlíthiúil nua ar a dtugtar an comhlachas trasteorann Eorpach. Cuirfidh sé sin feabhas ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair trí dheireadh a chur le bacainní dlíthiúla agus riaracháin do chomhlachais neamhbhrabúsacha a oibríonn i níos mó ná Ballstát amháin nó atá ag iarraidh oibriú i níos mó ná Ballstát amháin.

Ar deireadh, i mí na Nollag, chuir an Coimisiún togra leasaithe chun cinn le haghaidh rialachán chun réitigh thrasteorann a éascú. Is é is aidhm dó sin cuidiú leis na Ballstáit réiteach a fháil ar chonstaicí a dhéanann difear do shaol laethúil an 150 milliún saoránach atá ina gcónaí i réigiúin trasteorann an Aontais. Má théitear i ngleic leis na constaicí sin, cuirfear feabhas suntasach ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair agus neartófar comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais.


Borradh a chur faoin iomaíochas fadtéarmach

I gcomhthéacs iomaíochta domhanda láidre agus dúshlán geopholaitiúil nua, mhol an Coimisiún díriú ar naoi bpríomhspreagthóir chun borradh a chur faoi **iomaíochas fadtéarmach an Aontais**. Is é atá sna naoi spreagthóir sin ná margadh aonair atá ag feidhmiú mar is ceart, rochtain ar chaipiteal príobháideach, infheistíocht phoiblí agus bonneagar, taighde agus nuálaíocht, fuinneamh, ciorclaíocht, digitíú, oideachas agus scileanna, agus trádáil agus neamhspleáchas straitéiseach oscailte.

Áirithíonn an tAontas iomaíochas fadtéarmach agus Margadh Aonair rathúil freisin trí rialacha a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach arb é is aidhm dóibh iomaíocht chóir a choinneáil ar bun ar fud na mBallstát agus na ngnólachtaí uile. Déantar

cinntí an Choimisiúin faoi thrustaí, faoi chumaisc agus faoi rialú státhabhrach deimhin de go mbeidh margadh inmheánach cothrom agus éifeachtúil ann, rud atá ríthábhachtach do gheilleagar an Aontais. Áirithíonn rialú státhabhrach go n-ailíníonn fóirdheontais rialtais le spriocanna comhroinnte agus go gcoinníonn siad dálaí comhsheasmhacha gnó ar bun ar fud an Aontais. Bíonn praghsanna níos fearr agus níos cothroime do thomhaltóirí mar thoradh ar iomaíocht bhríomhar san earnáil phríobháideach. Gach cinneadh faoi bheartas iomaíochta a dhéanann an Coimisiún, seasann sé le leasanna tomhaltóirí agus gnó, agus cosnaítear daoine san Aontas ar ghníomhaithe eacnamaíocha neamhsrupallacha ag an am céanna.

Na naoi spreagthóir iomaíochais



Is sampla maith í an Ionstraim um Margaí Digiteacha den chaoi a dtéann an beartas iomaíochta chun tairbhe don phobal. Tá an gníomh, lena gcomhlánaítear rialacha iomaíochta an Aontais gan teacht ina n-ionad, ar cheann de na chéad phíosáí reachtaíochta ar domhan chun srian a chur le cumhacht rialaithe rochtana atá ag mórchuideachtaí digiteacha, rud a fhágann go mbíonn tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta ann do shaoránaigh. (Chun tuilleadh sonraí a fháil féach Caibidil 5.)



↑ FÍSEÁN An Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

Ní hamháin go n-áirithíonn an tAontas go bhfuil an iomaíocht inmheánach cothrom, ach déanann sé seiceáil freisin go bhfuil deis cothrom ag gnólaí san Aontas go n-éireoidh leo agus iad ag dul i ngleic le hiomaíocht idimáisiúnta. I mí Iúil, thug an tAontas isteach an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Cuireann sé sin ar chumas don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar ranníocaíochtaí airgeadais a thugann rialtais neamh-AE do chuideachtaí atá ag feidhmiú san Aontas. Má bhíonn buntáiste éagórach do na chuideachtaí sin mar gheall ar na ranníocaíochtaí sin, is féidir leis an gCoimisiún bearta a dhéanamh chun na héifeachtaí saofa a cheartú.


Braitheann éifeachtacht rialacha iomaíochta an Aontais ar a gcur chun feidhme. Seo roinnt bealaí ina gcinntíonn an tAontas iomaíocht chóir trí rialacha a fhorfheidhmiú:



Glacadh 335 chinneadh maidir le cumaisc in 2023



€487 mbilliún de státhabhair a údaraíodh le linn na bliana, go háirithe i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus na n-impleachtaí a bhaineann leis sin ar phraghsanna san Aontas



I mí an Mheithimh 2023, sheol an Coimisiún Ráiteas Agóidí chuig Google lena réamhthuarim go bhfuil an chuideachta i bhfách lena seirbhísí teicneolaíochta fógraíochta taispeána féin ar líne chun dochair d'iomaitheoirí



↑
Thierry Breton, an Coimisinéir Eorpach um an Margadh Inmheánach, le linn preasagallaimh maidir leis an nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla, straitéis fhadtéarmach iomaíochais an Aontais agus 30 bliain den Mhargadh Aonair, an Bhruiséil, an Bheilg, an 16 Márta 2023.

Tá na hamhábhair fíor-riachtanach do shraith leathan earnálacha straitéiseacha, ina measc an tionscal aeráidneodrach, an tionscal digiteach, an sláinte, an eamail aeraspáis agus an eamail cosanta. Leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla, cuirfear feabhas freisin ar chumas an Aontais faireachán a dhéanamh ar rioscaí suaite agus iad a mhaolú, agus cuirfear feabhas ar an giorclaíocht agus ar an inbhuanaitheacht. Mar aon leis an athchóiriú ar dheardh an mhargaidh leictreachais agus ar an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, ar fógraíodh an dá cheann acu mar chuid de Phlean Tionsclaíochta an Chomhaontaithe Ghlais (féach Caibidlí 3 agus 4), cothóidh an gníomh seo timpeallacht rialála a bheidh fabhrach d'fhás na dteicneolaíochtaí glan-nialasacha agus d'iomaíochas thionscal na hEorpa.

Tá sé beartaithe leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta freisin feabhas a chur ar iomaíochas gheilleagar an Aontais trí chreat rialála níos fearr a chur ar fáil do thionscail. Tacóidh sé sin lena n-aistriú i dtreo nuálaíochtaí glasa agus digiteacha. Mar chuid de Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, cruthóidh sé creat rialála níos intuatha agus níos simplithe arb é is aidhm dó infheistiocht a spreagadh i monarú táirgí atá bunriachtanach chun spriocanna aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach.

Déanfaidh an gníomh bonn tionsclaíoch an Aontais a neartú agus déanfaidh sé bonn tionsclaíoch an Aontais níos athléimní i dteicneolaíochtaí glan-nialasacha, rud atá rithábachtach do chóras fuinnimh ghlain atá costéifeachtach, iontaofa agus inbhuanaithe. Ina theannta sin, cuirfidh sé dlús le cruthú agus táirgeadh teicneolaíochtaí glan-nialasacha, rud a chuideoidh le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú agus spleáchais nua a sheachaint a d'fhéadfadh bac a chur ar phríomhtheicneolaíochtaí agus ar chomhpháirteanna is gá don aistriú glas (féach Caibidil 4).

Caidreamh níos láidre idir an tAontas agus an tSín chun borradh a chur faoin iomaíochas

Tá caidreamh an Aontais leis an tSín lárnach sna hiarrachtaí chun iomaíochas an Aontais a neartú.

I bhfianaise na Síne atá ag éirí níos treallúsaí agus atá ag cloí níos láidre lena seasamh straitéiseach foriomlán, chuir an tAontas an cur chuige i bhfeidhm in 2023 faoina chaidreamh leis an tSín a dhí-rioscú agus a athchothromú, agus leanúint de bheith ag obair i dtreo ord idirnáisiúnta riailbhunaithe níos láidre. Is éard atá i gceist le hathchothromú leanúint den chaidreamh eacnamaíoch déthaobhach agus den chomhar leis an tSín faoi dhúshláin dhomhanda, agus aghaidh a thabhairt ag an am céanna ar shaobhadh margaidh a eascraíonn as fóirdheontais dhíreireacha stáit na Síne.

Áirítear le dí-rioscú spleáchais chriticiúla a laghdú agus dul i ngleic le rioscaí sonracha a bhaineann le straitéis na Síne chun a forbairt mhíleata a chur chun cinn trí leas a bhaint as nuálaíochtaí a eascraíonn as taighde comhpháirteach, as an saol acadúil agus as gnólachtaí príobháideacha idirnáisiúnta.

Gné thábhachtach eile chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú is ea feabhas a chur ar an tslándáil eacnamaíoch. I mí an Mheithimh, sheol an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Josep Borrell, an Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch — cur chuige cuimsitheach arb é is aidhm dó geilleagar an Aontais a neartú. Leis an straitéis sin, cuirfear chun cinn forbairt bhonn tionsclaíoch an Aontais, cosnófar na leasanna bunúsacha slándála eacnamaíche atá aige agus beidh sé ina chomhpháirtí leis an raon is leithne is féidir de thíortha nach tíortha AE iad chun comhghníomhaíocht a chur chun cinn d'fhonn an tslándáil eacnamaíoch a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tá an straitéis rithábachtach chun go mbeidh an tAontas in ann rioscaí eacnamaíocha a mheasúnú agus a bhainistiú, agus ag an am céanna a oscailteacht a chaomhnú agus leanúint de bheith rannpháirteach go hidirnáisiúnta.



Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, ag tabhairt óráide maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an tSín, an Bhruiséil, an Bheilg, an 30 Márta 2023. Ina hóráid, leag an tUachtarán amach an cur chuige straitéiseach a ghlacfaidh sí le linn a cuairte ar an tSín an 6 Aibreán 2023, ag Cruinniú Mullaigh G7 in Hiroshima, an tSeapáin, an 19-21 Bealtaine 2023 agus le linn an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus an tSín an 7 Nollaig 2023 (féach Caibidil 8).

An Córas Airgeadais

Aontas na margaí caipitil

Is éard is margaí caipitil ann margaí airgeadais ina gceannaítear agus ina ndíoltar urrúis, amhail stoic agus bannaí. Cuireann siad ar a gcumas do ghnólaigh, do rialtais agus d'eintitis eile caipiteal a thiomsú ó réimse leathan infheisteoirí. Is é aontas na margaí caipitil tionscnamh an Aontais Eorpaigh chun margadh aonair a chruthú le haghaidh caipitil, lena gceadaítear sreafaí caipitil trasteorann agus lena dtugtar rochtain do chuideachtaí an Aontais, FBManna san áireamh, ar níos mó foinsí maoinithe.

Chun borradh a chur faoin infheistíocht, ní mór d'infheisteoirí a bhrath go bhfuil siad cosanta agus muiníneach go mbeidh torthaí fiúntacha mar thoradh ar a gcuid infheistíochtaí. Sin é an fáth a bhfuil sé ar cheann de phríomhchuspóirí Phlean Gníomhaíochta 2020 an Aontais maidir le hAontas na Margaí Caipitil áit níos sábháilte a dhéanamh san Aontas Eorpach

do dhaoine chun a gcoigilteas a infheistiú san fhadtéarma.

An 24 Bealtaine 2023, ghlac an Coimisiún pacáiste infheistíochta miondíola lena gcumhachtófar agus lena gcosnófar infheisteoirí miondíola. Is éard atá in infheisteoirí miondíola ná infheisteoirí aonair neamhghairmiúla a infheistíonn i margaí caipitil chun a gcuid airgeadais a bhainistiú, lena n-áirítear ullmhú do riachtanais scoir. Is mian leis an Aontas a áirithiú go dtabharfar cosaint chuí agus cóir chothrom d'infheisteoirí miondíola agus iad ag infheistiú, ionas gur féidir leo leas iomlán a bhaint as aontas na margaí caipitil chun a rachmas a mhéadú. Tá sé ríthábhachtach freisin borradh a chur faoi mhuinín na n-infheisteoirí agus feabhas a chur ar aontas na margaí caipitil chun cistiú príobháideach a chur i dtreo gheilleagar an Aontais agus chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chistiú.

Cén fhadhb atá ann?



Tá infheisteoirí miondíola ag streachailt le rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha inchomparáide shothuighe chun roghanna infheistíochta eolasacha a dhéanamh.



Tá na meáin shóisialta agus bealaí margaíochta nua ag cur infheisteoirí miondíola i mbailíocht míchuí.



D'fhéadfadh sé nach mbeadh comhairle airgeadais chun leasa na n-infheisteoirí miondíola i gcónaí.



Ní thairgeann roinnt táirgí infheistíochta luach ar airgead don infheisteoir miondíola.

Iarmhairtí



Níor sealbhaíodh ach **17 %** de shócmhainní teaghlaigh an Aontais in urrúis airgeadais (mar shampla, stoic nó bannaí) in 2021, cuid mhaith faoi bhun an leibhéil do theaghlaigh de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá. (Foinse: Eurostat.)



Íocann infheisteoirí miondíola **40 %** táillí níos airde i gcomparáid le hinfeisteoirí institiúideacha (e.g. cistí pinsin) (Foinse: Tuarascáil costais agus feidhmíochta an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí, Eanáir 2023.)



Níl muinín ag **45 %** de mhuintir an Aontais go bhfuil an chomhairle infheistíochta a fhaigheann siad ó idirghabhálaithe airgeadais chun a leasa féin (Foinse: Flais-Eorabharaimeadar 525, Iúil 2023.)

I mí na Bealtaine, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú freisin faoi thogra chun pointe rochtana aonair a bhunú do gach faisnéis airgeadais phoiblí agus faisnéis a bhaineann le hinbhuanaitheacht faoi chuideachtaí AE agus faoi tháirgí infheistíochta AE. Cuirfidh sé sin le hinfheictheacht cuideachtaí i measc infheisteoirí, rud a osclóidh foinsí maoiniúcháin breise. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do chuideachtaí beaga i margaí caipitil beaga. Cuirfidh an Pointe Rochtana Aonair Eorpach rochtain éasca ar fáil freisin ar thuarascálacha faoi inbhuanaitheacht chorparáideach arna bhfoilsíú ag cuideachtaí, rud a thacóidh le cuspoirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Ina theannta sin, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú an 29 Meitheamh faoi thogra reachtach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an rialachán lena rialaítear na rialacha maidir le struchtúr na margaí in ionstraimí airgeadais. Áiríteoidh an t-athbhreithniú go mbeidh na coinníollacha cearta i bhfeidhm do sholáthraí teilitéipe comhdhlúite chun léargas comhdhlúite a thabhairt ar thrádáil ar fud an Aontais. Leis an teilitéip comhdhlúite, baileofar praghsanna agus méideanna na n-ionstraimí airgeadais, amhail scaireanna agus bannaí, ó na céadta ionad forghníomhaithe ar fud na mBallstát ina sruth aonair faisnéise, rud a fhágfaidh go mbeidh an rochtain chéanna ag gach duine uirthi. Beidh ar gach ardán forghníomhaithe, amhail stocmhalartáin agus ardáin trádála, a gcuid sonraí trádála a chur go díreach leis an teilitéip comhdhlúite.

An 19 Iúil, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú faoi thogra chun feabhas a chur ar an gcreat rialála is infheidhme maidir le tionscal na gcistí infheistíochta. Leis an athbhreithniú, déantar na rialacha a chomhchuíbhiú lena rialaítear

roghnú agus úsáid uirlisí bainistithe leachtachta a bhaineann le cistí agus, dá bhrí sin, tá siad i gcomhréir le moltaí idirnáisiúnta maidir le tacú le cobhsaíocht airgeadais. Leagtar síos leis freisin creat coiteann le haghaidh cistí lena dtugtar iasachtaí do chuideachtaí (tionscnamh iasachtaí ag cistí) agus lena bhfeabhsaítear trédharcacht faoi rialacha tarmiligin, agus deimhin a dhéanamh de go dtuigeann maoirseoirí an méid a bhraitheann bainisteoirí cistí ar shaineolas tríú páirtí.

In éineacht le chéile, áiríteoidh na trí thogra réamhluaite go mbeidh rochtain níos fearr ag infheisteoirí ar shonraí cuideachtaí agus trádála. Spreagfar leis na bearta an infheistíocht fhadtéarmach freisin, rud a fhágfaidh gur éasca agus sábháilte a bheidh sé cistí infheistíochta a dhíol thar theorainneacha. Ar an iomlán, déanfaidh na tograí gnólachtaí an Aontais a nascadh le hinfheisteoirí ar bhealach níos éifeachtaí, feabhas a chur ar an rochtain ar chistiú atá ag gnólachtaí, deiseanna infheistíochta a leathnú d'infheisteoirí miondíola agus margaí caipitil an Aontais a chomhtháthú níos mó.

I mí na Samhna, nuashonraigh an tAontas an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús. Tugadh an rialachán sin isteach ar dtús chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar éifeachtúlacht gníomhaíochtaí socraíochta i margaí airgeadais, mar atá idirbheart urrús a chur i gcrích trí airgead tirim, urrúis nó iad araon a aistriú. Leis an reachtaíocht athbhreithnithe, cuirfear feabhas ar mhargaí caipitil agus ar chóras airgeadais an Aontais trí rialacha níos comhréirí agus níos éifeachtaí a chur ar fáil chun costais chomhlíontachta agus ualaí rialála ar thaisclanna lárnacha urrús a laghdú, rud a éascóidh a gcumas réimse níos leithne seirbhísí trasteorann a thairiscint agus a chuirfidh feabhas ar a maoirseacht trasteorann.

Cad is teilitéip chomhdhlúite ann?



Is córas é lena gcomhdhlúthaítear faisnéis idirbheart ó ardáin trádála an Aontais i bhfíor-am, nó chomh gar agus is féidir don fhíor-am.



Ligeann sé d'infheisteoirí gairmiúla agus miondíola araon praghas ionstraime airgeadais agus faisnéis eile faoi (mar shampla, méid agus am na n-idirbheart) a fheiceáil in aon áit amháin.



Gan teilitéip chomhdhlúite, tá faisnéis maidir le trádáil scaipthe ar fud roinnt ardán forghníomhaithe, mar shampla, stocmhalartáin, ionaid trádála eile agus bainc infheistíochta (ar a dtugtar 'inmheánaitheoirí córasacha' freisin).

Is saininstitiúidí airgeadais iad taisclanna lárnacha urrús a shealbhaíonn agus a riarann urrúis (amhail stoic agus bannaí), lena n-áirithítear a slánchoimeád agus lena gcumasaítear idirbhearta urrús a phróiseáil go héifeachtúil. Tá siad mar bhonn agus mar thaca ag feidhmiú na margaí airgeadais nua-aimseartha.

I mí na Nollag, thángthas ar chomhaontú polaitiúil faoi na tograí ón gCoimisiún chun an creat rialála árachais a neartú. Leis an nuashonrú sin, déanfar Treoir Shócmhainneacht II a nuachóiriú trí dhreasachtaí níos fearr a thabhairt don earnáil árachais agus athárachais (i.e. árachas do chuideachtaí árachais) chun níos mó infheistíochta a dhéanamh i gcaipiteal fadtéarmach i gcomhréir le cuspóirí aontas na margaí caipitil. Áiritheoidh an Treoir freisin go mbeidh an earnáil sin láidir i gcónaí le linn tréimhsí deacra eacnamaíocha agus go gcosnóidh an earnáil leasanna tomhaltóirí. Leis na rialacha nua, cuirfear rioscaí áirithe san áireamh ar bhealach níos fearr, rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide á gcur san áireamh, agus fágfar nach mbeidh neart airgeadais na n-árachóirí chomh hógair céanna i leith luaineachtaí gearrthéarmacha sa mhargadh. Tabharfaidh siad isteach freisin treoir nua maidir le téarnamh agus réiteach gnóthas (ath)árachais, chun cobhsaíocht airgeadais a áirithiú agus chun sealbhóirí polasaí agus cáinócoirí a chosaint i gcás ina gclisfidh ar (ath)árachóirí. Leis an treoir sin, ceanglófar ar eintitis atá níos mó, arb eintitis iad a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo pleananna téarnaimh coiscitheacha a cheapadh chun a áirithiú go mbeidh siad ullamh do ghéarchéimeanna. Ina theannta sin, beidh na huirlisí ag na húdaráis náisiúnta chun dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le h(ath)árachóirí atá ag teip, agus iad a bhaint den mhargadh ar bhealach ordúil freisin agus leanúnachas an chumhdaigh árachais a chaomhnú a mhéid is féidir.

Ar deireadh, in 2023 chuidigh an Coimisiún leis na Ballstáit a margaí caipitil náisiúnta a neartú. Go dtí seo, bhain 21 Bhallstát tairbhe as an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil sa réimse sin. Chuidigh athchóirithe le deireadh a chur le bacainní rialála ar an infheistíocht agus le dul i ngleic le neamhéifeachtúlachtaí sa mhargadh. Is iad cuspóirí na dtionscadal athchóirithe sin deiseanna infheistíochta a mhéadú, infheictheacht níos mó a thabhairt do ghnólachtaí sa mhargadh agus cabhrú le FBManna rochtain a fháil ar chreidmheas bainc.

An t-airgeadas digiteach

An 28 Meitheamh, chuir an Coimisiún dhá thogra ar aghaidh chun a áirithiú gur féidir le daoine íoc as an euro a eisiúint an Banc Ceannais Eorpach san fhoirm is oiriúnaí dóibh.

Baineann an chéad togra le húsáid airgid thirim a chosaint. Cuireadh an togra i bhfeidhm chun a áirithiú go nglacfaí go forleathan le hairgead tirim mar mhodh íocaíochta agus go mbeadh rochtain éasca ag daoine agus ag gnólachtaí ar fud an limistéir euro air.

Is é an dara togra creat dlíthiúil a bhunú le haghaidh euro digiteach a d'fhéadfadh a bheith ann, a d'fhéadfadh an Banc Ceannais a eisiúint amach anseo mar chomhlánú ar airgead tirim. I mí Dheireadh Fómhair, tar éis dó imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an euro digiteach a thabhairt isteach don 2 bhliain roimhe sin, chinn an Banc bogadh ar aghaidh go dtí an chéim ullmhúcháin.

Cé go mbeidh rochtain fhorleathan ar airgead tirim agus go nglacfar leis go forleathan, is amhlaidh is mó saoránach agus gnólachtaí atá ag roghnú íoc go leictreonach. Is é is aidhm don euro digiteach rogha bhreise a chur ar fáil, anuas ar na roghanna íocaíochta príobháidí atá ann faoi láthair. Chuirfeadh sé bealach ar fáil chun íoc go digiteach le cineál airgid phoiblí a bhfuil glacadh forleathan leis, atá saor, slán agus athléimneach sa limistéar euro (agus níos faide i gcéin b'fhéidir).

Ní fhéadfaidh an Banc Ceannais a chinneadh an euro digiteach a eisiúint go dtí go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an togra maidir leis an euro digiteach.



↑

Mairead McGuinness, an Coimisinéir Eorpach um Sheirbhísí Airgeadais, um Chobhsaíocht Airgeadais agus um Aontas na Margaí Caipitil, ag preasagallamh maidir leis an euro digiteach agus maidir le dlíthairiscint nótaí bainc agus bonn euro, an Bhruiséil, an 28 Meitheamh 2023.

Buntáistí an euro dhigitigh do dhaoine

- ✓ An euro digiteach a úsáid áit ar bith sa limistéar euro (ní i gcónaí a chuirtear an rogha sin ar fáil le réitigh íocaíochta digití príobháideacha eile).
- ✓ Níos éasca le húsáid ná réitigh íocaíochta digití atá ann cheana.
- ✓ Agus an euro digiteach á úsáid as líne, bheadh príobháideachtas daoine mar an gcéanna agus airgead tirim á úsáid.
- ✓ Íoc gan rochtain ar an idirlíon.
- ✓ Roghanna breise do thomhaltóirí.
- ✓ An fhéidearthacht íocaíocht a dhéanamh fiú gan cuntas bainc.
- ✓ Saor in aisce do thomhaltóirí.

An dtiocfadh an euro digiteach in ionad airgid thirim?

Is cinnte nach dtiocfadh.

Bheadh an euro digiteach ina chomhlánú ar airgead tirim agus bheadh sé ina rogha mhalartach ar réitigh dhigiteacha phríobháideacha an lae inniu.

Céard faoin bpríobháideachtas?

Agus tú ag íoc ar líne, ní bheadh rochtain ag an mbanc ach ar na sonraí pearsanta is gá chun na híocaíochtaí a dhéanamh agus chun calaois a chosc agus chun sciúradh airgid a chomhrac.

Is ionann é sin agus an íocaíocht a dhéantar le modhanna íocaíochta digiteacha eile, mar shampla cárta creidmheasa.



Agus tú ag íoc as líne, bíonn an príobháideachtas níos láidre ná aon mhodh íocaíochta digiteach eile — ní fheicfeadh an banc na sonraí céanna ach amháin agus airgead á tharraingt ó mheaisín airgid.

Ní bheadh aon duine in ann a fheiceáil cad as a n-íocann daoine agus iad ag úsáid an euro dhigitigh as líne.

Ní bheadh rochtain ag an mBanc Ceannais Eorpach ar shonraí daoine.

Airgeadas oscailte agus íocaíochtaí

Leis an méadú ar íocaíochtaí leictreonacha, tá soláthraithe seirbhísí nua — amhail eintitis a sholáthraíonn seirbhísí baincéireachta oscailte — tagtha chun cinn. Tá cineálacha níos sofaisticiúla calaoise ag teacht chun cinn freisin, rud a chuireann tomhaltóirí i mbaoil. Mar fhreagairt ar na forbairtí sin, agus chun a áirithiú go mbeidh earnáil airgeadais an Aontais in ann leas a bhaint as an gclaochlú digiteach leanúnach, mhol an Coimisiún dhá shraith beart an 28 Meitheamh.

Ar an gcéad dul síos, mhol an Coimisiún an Treoir reatha maidir le Seirbhísí Íocaíochta a leasú agus a nuachóiriú (PSD2, a ndéanfar PSD3 di). Mhol sé freisin rialachán maidir le seirbhísí íocaíochta. Áiritheoidh sé sin gur féidir le tomhaltóirí leanúint d'íocaíochtaí leictreonacha agus d'idirbhearta leictreonacha a dhéanamh go sábháilte agus go slán san Aontas. Tá sé d'aidhm aige a gcearta a choimirciú agus rogha níos mó soláthraithe seirbhíse íocaíochta ar an margadh a chur ar fáil ag an am céanna.

Leis an togra le haghaidh treoir athbhreithnithe maidir le seirbhísí íocaíochta agus rialachán nua maidir le seirbhísí íocaíochta, déanfar an méid seo a leanas:



go forleathan chun meaitseanna cuntais ainm a fhíorú sula ndeimhneofar aistrithe



bainc agus le soláthraithe seirbhíse íocaíochta eile comhoibriú in aghaidh na calaoise trí níos mó faisnéise a bhaineann le calaois a chomhroinnt



aisíocaíochta óna mbanc nó óna soláthraí seirbhíse íocaíochta eile a thabhairt d'íospartaigh calaoise, i gcúinsí sonracha



na bainc feabhas a chur ar fheasacht na gcustaiméirí maidir le calaois

Ar an dara dul síos, mhol an Coimisiún Creat le haghaidh Rochtain ar Shonraí Airgeadais. Leis an togra seo, bunófar cearta agus oibleagáidí soiléire chun comhroinnt sonraí custaiméirí san earnáil airgeadais a bhainistiú lasmuigh de chuntais íocaíochta. Sa chleachtas, beidh táirgí agus seirbhísí airgeadais níos nuálaí ann d'úsáideoirí mar thoradh air sin agus spreagfar iomaíocht san earnáil airgeadais.

Is é is aidhm don phacáiste atá beartaithe a áirithiú go gcuirfidh earnáil airgeadais an Aontais í féin in oiriúint don chlaohlú digiteach leanúnach agus do na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann léi.

An 7 Samhain, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an togra ón gCoimisiún íocaíochtaí meandracha in euro a chur ar fáil do gach duine agus gnólacht

a bhfuil cuntas bainc acu san Aontas. Is é is aidhm do na rialacha nua, lena ndéantar an Rialachán maidir leis an Limistéar Aonair d'íocaíochtaí Euro a nuachóiriú, á áirithiú go mbeidh íocaíochtaí meandracha in euro inacmhainne, slán agus próiseáilte gan constaicí ar fud an Aontais. Cuireann íocaíochtaí meandracha réitigh thapa agus áisiúla ar fáil do dhaoine sa saol laethúil, amhail cistí a fháil go pras (faoi níos lú ná 10 soicind) i gcás éigeandálaí nó costais chomhroinnte a roinnt láithreach i suíomhanna sóisialta éagsúla. Chomh maith leis sin, cuireann siad feabhas ar bhainistiú sreafa airgid do riaracháin phoiblí agus do ghnólaigh, go háirithe FBManna; é a chur ar a gcumas do charthanais agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha rochtain a fháil ar chistí go tapa; agus bainc a spreagadh le seirbhísí agus táirgí airgeadais nuálacha a fhorbairt.

Tá na buntáistí seo a leanas ag baint le rochtain ar shonraí airgeadais

I gcás custaiméirí:



- níos mó trédhearcachta agus rialaithe maidir lena gcuidrimh maidir le comhroinnt sonraí;
- iontaoibh agus muinín mhéadaithe i gcomhroinnt sonraí;
- seirbhísí airgeadais níos nuálaí agus níos saoire ónar féidir rogha a dhéanamh.

I gcás úsáideoirí sonraí:



- chuirfeadh rochtain mhéadaithe ar phríomhthacair sonraí do chustaiméirí borradh faoin nuálaíocht;
- seirbhísí nua agus sruthanna ioncaim nua a chumasú d'úsáideoirí sonraí.



←

FÍSEÁN

Is féidir le cuideachtaí rialacha an Aontais maidir le Tacsanomaíocht a úsáid chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht chomhshaoil, agus is féidir le hinfeisteoirí úsáid a bhaint as Caighdeán Bannaí Glasa an Aontais chun a chinneadh cé chomh glas is atá a n-infeistíochtaí i ndáiríre.

Airgeadas inbhuanaithe


Is é príomhchuspóir Chreat Airgeadais Inbhuanaithe an Aontais infheistíocht a chur i dtreo spriocanna uailmhianacha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh leis an gcur chun feidhme, ní mór tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun go mbeidh na rialacha éifeachtach sa chleachtas agus chun go mbeidh na huirlisí soláimhsithe.

Chun éifeachtúlacht an chreata a fheabhsú agus cur chun feidhme an chreata a éascú, cuireann an tAontas sainmhínithe soiléire ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn ina ngníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus conas a léiriú chomh glas agus atá siad. Tá sé sin rithábachtach chun cosc a chur ar an nglas-snasú agus chun deimhin a dhéanamh de go leithdháilfear cistí ar earnálacha atá rithábachtach don aistriú glas.

An 13 Meitheamh, chuir an Coimisiún pacáiste i láthair chun Creat Airgeadais Inbhuanaithe an Aontais a neartú. Tacaíonn an tionscnamh seo le cuideachtaí agus leis an earnáil airgeadais trí infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn i dtionscadail agus i dteicneolaíochtaí aistrithe agus trí acmhainní airgeadais a chur in infheistíocht inbhuanaithe. Áirítear sa phacáiste critéir nua faoi Thacsanomaíocht an Aontais, lena leathnaítear a chóras aicmithe chun raon níos leithne gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chuimsiú trí Ghníomhartha Tarmligthe Comhshaoil agus Aeráide an Aontais maidir le Tacsanomaíocht.

Léiríonn an léaráid thíos na príomhghníomhaíochtaí eacnamaíocha nua a aithnítear anois mar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Tacsanomaíocht AE — na hearnálacha agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chumhdaítear




Taighde, réitigh sonraí agus lárionaid sonraí.

Áirítear sa phacáiste freisin moladh maidir le maoiniú aistrithe, lena gcuirtear treoraíocht agus samplaí praiticiúla ar fáil do chuideachtaí agus don earnáil airgeadais. Léirítear leo sin conas is féidir le cuideachtaí uirlisí éagsúla an chreata a úsáid ar

bhonn deonach chun infheistiú a chur i dtreo an aistrithe ghlais agus chun a rioscaí a eascraíonn as an athrú aeráide agus as díghrádú an chomhshaoil a bhainistiú.

Uirlisí chun an t-aistriú glas a mhaoiniú

Sampla de chuideachta atá i mbun aistrithe



→ Cion na ngníomhaíochtaí glasa

Áirítear an méid seo a leanas ar na huirlisí deonacha is féidir le cuideachtaí a úsáid chun a n-aistriú i dtreo na hinbhuanaitheachta le himeacht ama a mhaoiniú:


- ✓ Tacsanomaíocht an Aontais,
- ✓ Tagarmharcanna aeráide an Aontais,
- ✓ Caighdeán Bannaí Glasa Eorpacha,
- ✓ spriocanna eolaíocht bhunaithe,
- ✓ pleananna aistrithe.

Tá ról tábhachtach freisin ag rátálacha comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) i margadh airgeadais inbhuanaithe an Aontais, toisc go gcuireann siad faisnéis ar fáil d'infheisteoirí agus d'institiúidí airgeadais faoi straitéisí infheistíochta, mar shampla, a bhaineann le fachtóirí ESG agus bainistiú riosca ina leith. I mí an Mheithimh 2023, [mhol an](#)

[Coimisiún rialachán](#) lena dtabharfar aghaidh ar easpa trédhearcachta an mhargaidh rátála ESG, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos iontaofa. Cuirfidh prionsabail eagraíochtúla nua agus rialacha soiléire faoi choinbhleachtaí leasa a chosc le sláine oibríochtaí soláthraithe rátála ESG.

Cad atá ag athrú leis an togra maidir le rátálacha comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG)?

Roimhe



Ina dhiaidh



Margadh Aonair a fheidhmiú níos fearr

agus a chuirfidh leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Chun a áirithiú go dtuairisceoidh cuideachtaí faisnéis inbhuanaitheachta ar bhealach comhchuibhithe, ghlac an Coimisiún freisin an chéad sraith de Chaighdeán Eorpacha éigeantacha maidir le Tuairisciú um Inbhuanaitheacht i mí Iúil 2023. Cumhdaíonn na caighdeáin saincheistanna ESG, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, an bhithéagsúlacht agus cearta an duine. Cuireann siad faisnéis ar fáil d'infheisteoirí chun cabhrú leo tuiscint a fháil ar thionchar inbhuanaitheachta na gcuideachtaí ina n-infheistíonn siad. Orthu sin cuirtear san áireamh freisin an plé leis an mBord Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Inbhuanaitheachta agus leis an Tionscnamh Domhanda um Thuairisciú chun ardleibhéal idir-inoibritheachta a áirithiú idir caighdeáin an Aontais agus caighdeáin dhomhanda agus chun tuairisciú dúbailte nach bhfuil gá leis ó chuideachtaí a chosc.

Sa Chomhaontú Glas don Eoraip a cuireadh i láthair an 11 Nollaig 2019, leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé acmhainní airgeadais agus caipitil a chur i dtreo na hinfeistíochta glaise. Tá ról níos tábhachtaí

ag bannaí glasa i maoiniú na sócmhainní is gá le haghaidh an aistrithe ísealcharbóin. An 28 Feabhra 2023, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú faoi thogra le haghaidh Rialachán maidir le Bannaí Glasa Eorpacha chun caighdeán oifigiúil maidir le bannaí glasa a bhunú. Tháinig an rialachán i bhfeidhm i mí na Nollag. Is sraith critéar é caighdeán bannaí glasa lena soláthraítear creat chun bannaí glasa a eisiúint. Áirithítear le Caighdeán Bannaí Glasa Eorpacha go maoiníonn bannaí glasa tionscadail a bhfuil fíorthairbhí comhshaoil ag baint leo agus go gcabhraíonn sé le sláine agus muinín a choinneáil i margadh na mbannaí glasa. Bheadh ar eisitheoirí bannaí glasa Eorpacha a áirithiú go leithdháilfear 85 % ar a laghad de na cistí a thiomsaítear leis an mbanna ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ag teacht leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Bunaítear leis an reachtaíocht nua freisin creat chun athbhreithneoirí tríú páirtí a údarú agus a mhaoirsiú, rud a chuideoidh le gnéithe na mbannaí a fhíorú agus, dá bhrí sin, cur leis an muinín as éilimh ghlasa.



←

PODCHRAOLADH

Podchraoladh Airgeadais an Aontais: Eipeasóid 9 — An ceann faoi Chaighdeán Bannaí Glasa na hEorpa.

Baincéireacht

Tar éis na géarchéime airgeadais domhanda idir 2007 agus 2008, rinneadh obair shuntasach chun a áirithiú go n-éireoidh bainc an Aontais níos athléimní. A bhfuil leis na hiarrachtaí sin, d'éirigh go maith le hinstitiúidí airgeadais an Aontais le linn na ngéarchéimeanna is déanaí, amhail paidéim COVID-19, cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus géarchéim bhaincéireachta na Stát Aontaithe in earrach 2023. Sa lá atá inniu ann, tá bainc an Aontais dea-chaipitlithe, fíorleachtach agus dea-mhaoirsithe. Mar a léirítear le tástálacha struis 2023 a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, tá siad athléimneach fiú i gcásanna an-díobhálach.

Chun na bainc a neartú a thuilleadh, ghlac an Coimisiún togra an 18 Aibreán chun athchóiriú a dhéanamh ar chreat bainistithe géarchéime banc

agus árachais taiscí an Aontais atá ann cheana. Dírítear ar bhainc mheánmhéide agus ar bhainc bheaga. San am a chuaigh thart, tugadh cabhair do go leor bainc bheaga agus mheánmhéide a bhí ag teip modhanna a úsáid lasmuigh den chreat réitigh a bunaíodh. Is é an chiall a bhí leis sin uaireanta ná cistí poiblí (airgead na gcáiníocóirí) a úsáid in ionad airgead an bhainc féin nó cistí cúltaca eile arna maoiniú ag an tionscal agus arna gceapadh chun taisceoirí a chosaint (scéimeanna ráthaíochta taiscí agus cistí réitigh). Leis an gan creat athchóirithe éascófar úsáid líontán sábhála atá cistithe ag an tionscal chun taisceoirí a chosaint i ngéarchéimeanna baincéireachta, amhail trína n-aistriú ó bhanc anásta go banc sláintiúil. Ní mór úsáid na líontán sábhála sin a bheith ina comhlánú ar chúlchistí na mbanc féin, arb iad an chéad líne chosanta i gcónaí.

Athchóiriú ar an gcreat bainistithe géarchéime banc agus árachais taiscí

Cuspóirí



Cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú agus airgead na gcáiníocóirí a chosaint



Cosaint níos tréine do thaisceoirí




An fíorgheilleagar a chosaint ar thionchar theip na mbanc

Cad atá á dhéanamh againn?

Feabhas a chur ar chórais teipe banc agus ar chosaint taisceoirí, go háirithe do bhainc bheaga agus mheánmhéide

Bainc mheánmhéide agus bheaga

Samhail ghnó le sciar ard taiscí sa chlár comhardaithe



Dul chun cinn tábhachtach eile le linn na bliana ab ea an comhaontú polaitiúil faoin togra ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú ar rialacha baincéireachta an Aontais (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil agus an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil), ar a dtugtar an pacáiste baincéireachta. Leis an bpacáiste sin, cuirtear chun feidhme an tsraith dheiridh de chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le rialáil baincéireachta (caighdeáin Basel III) a chomhaontaigh an tAontas agus a chomhpháirtithe G20 i gCoiste Basel

um Maoirseacht ar Bhaincéireacht. Tá an chéim tosaigh d'athchóirithe Basel III — lena n-ordaítear caipiteal níos airde agus ar cháilíocht níos fearr, gearráil laghdaithe agus ceanglais dhiana leachtachta — i bhfeidhm cheana féin i mbainc uile an Aontais. Agus na caighdeáin sin curtha i gcrích aige, féachann an tAontas le simplíocht, inchomparáideacht agus íogaireacht riosca an chreata rialála a fheabhsú, agus ar deireadh muinín a chur ar ais i gceanglais chaipitil rioscabhunaithe.

Cad atá sa Phacáiste Baincéireachta?



Basel III: rialacha nua maidir le samhlacha inmheánacha

Tabharfar isteach teorainn nua chun a áirithiú nach ndéanfar rioscaí a mheas faoina luach nuair a úsáideann na bainc a gcuid samhlacha ríomha féin.



Maoirseacht níos fearr

Beidh uirlisí níos láidre ag maoirseoirí chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainc an Aontais, grúpaí casta baincéireachta san áireamh. Tabharfar caighdeáin íosta isteach chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainc san Aontas nach bainc de chuid an Aontais nach bainc de chuid an Aontais iad.



Inbhuanaítheacht

Cuirfear de cheangal ar na bainc rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais a chur san áireamh nuair atá a ngnó á bhainistiú acu.

Cánachas agus custaim atá cóir, simplí agus nua-aimseartha

Athchóiriú ar an aontas custaim

I mí na Bealtaine, mhol an Coimisiún an t-athchóiriú is uailmhianaí ar an aontas custaim ó bunaíodh é in 1968, mar fhreagairt ar an méadú ar an méid trádála, ar fhás na ríomhthráchtála agus ar chaighdeáin níos airde san Aontas. Le hilroinnt dhigiteach agus comhordú fo-optamach an chórais atá ann faoi láthair idir údarais náisiúnta, tá méadú tagtha ar chostais chomhlíontachta riaracháin do thrádálaithe agus osclaíodh bealaí nua le haghaidh calaoise.

Áirítear leis an athchóiriú sin údarás custaim de chuid an Aontais a bhunú, údarás a dhéanfaidh maoirseacht ar mhol nua sonraí custaim. Mar thoradh air sin, beidh cur chuige níos láraithe agus níos digitithe ann i leith custaim ar cheart dó na costais chomhlíontachta do thrádálaithe a laghdú, acmhainní a shaoradh d'údarais náisiúnta agus aontas custaim a bheidh níos éifeachtúla, níos láidre agus a bheidh slán ar chalaíocht a áirithiú.



↑
Críochfort coimeádán DP World in Constanța,
an Rómáin, an 10 Bealtaine 2023.

Imghabháil cánach agus calaois chánach a chomhrac

Le ceanglais nua maidir le tuairisciú agus malartú faisnéise, i gcomhréir le Creat Tuairiscithe Ciptea-Shócmhainní na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, cuideofar leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar imghabháil cánach agus ar chalaois sna hearnálacha criptea-shócmhainní agus ríomh-airgid. Leis an gcomhaontú ar thángthas air in 2023, ceanglaítear ar gach soláthraí criptea-shócmhainní atá bunaithe san Aontas idirbhearta a thuairisciú do chliaint atá ina gcónaí san Aontas agus, dá réir sin, cuirfear feabhas ar bhrath na calaoise cánach agus na seachanta cánach.

Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta chun Aontas Margaí Caipitil a Thógáil 2020 agus den Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Cánachas Cothrom agus Simplí a thacaíonn le Téarnamh an Aontais, mhol an Coimisiún nósanna imeachta iarchoimeáda cánach a chuíchóiriú le haghaidh infheistíochtaí, idirghabhálaithe airgeadais agus riaracháin chánach. Is é is aidhm don bheart seo cánachas dúbailte agus mí-úsáid an chórais aisiocaíochta nó faoisimh araon a chosc. Féachann sé freisin leis na nósanna imeachta a chomhchuibhiú chun faoiseamh a lorg ó chánacha a choinneáil siar agus, dá bhrí sin, laghdófar costais do na páirtithe leasmhara.

Mhol an Coimisiún treoir freisin maidir le praghsáil aistrithe, arb é is aidhm di an t-ualach comhlíontachta a laghdú, deimhneacht cánach a mhéadú agus díospóidí faoi phraghsáil aistrithe a laghdú. Tá sé beartaithe leis sin cánachas dúbailte agus cásanna neamhchánachais dhúbailte araon a chosc.

I dtreo cánachas níos cothroime, níos simplí agus níos nua-aimseartha

Bíonn sé costasach do chuideachtaí déileáil le 27 gcóras cánach náisiúnta éagsúla, a mhéid a bhaineann le comhlíontacht cánach, agus a rialacha sonracha féin ag gach ceann acu. Leis sin déantar infheistíocht trasteorann san Aontas a dhíspreagadh agus cuirtear gnólachtaí Eorpacha faoi mhíbhuntáiste iomaíochta i gcomparáid le cuideachtaí in áiteanna eile ar fud an domhain.

Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, ghlac an Coimisiún leis an ngnó san Eoraip: creat don togra maidir le cánachas ioncaim. Leis an gcreat sin, thabharfaí isteach sraith aontaithe rialacha chun an bonn cánach a chinneadh le haghaidh grúpaí cuideachtaí. Laghdóidh sé sin costais comhlíontachta suas le 65 % le haghaidh gnólachtaí móra atá ag feidhmiú san iliomad Ballstát. Ina theannta sin, simpleoidh sé an próiseas le haghaidh údaráis chánach náisiúnta agus beidh sé níos éasca na cánacha atá dlite a chinneadh.

Cé go bhfuil an togra dírithe go príomha ar ghrúpaí móra atá ag feidhmiú ar fud an Aontais Eorpaigh, tá bearta déanta ag an Aontas freisin chun rialacha cánach do mhicreachuideachtaí agus do FBManna a shimpliú. Leis an treoir atá beartaithe maidir le cánachas ceannoifige, tugtar isteach creat simplithe do FBManna atá ag feidhmiú i mBallstáit eile trí bhuanbhunaíochtaí. Tugann sé an rogha dóibh idirghníomhú le riarachán cánach amháin (nó le ceannoifig) seachas le hoifigí cánach na mBallstát uile ina bhfeidhmíonn siad. Tá sé d'aidhm aige sin leathnú trasteorann a spreagadh.



3. Eoraip aeráidneodrach rathúil a chruthú

Réamhrá

Is é an Comhaontú Glas don Eoraip treochlár an Aontais Eorpaigh chun dul i ngleic leis an mbagairt faoi thrí a bhaineann leis na géarchéimeanna aeráide, comhshaoil agus bithéagsúlachta. Leis sin, d'ardaigh an tAontas leibhéal a uaimhianta aeráide trí ghealltanais a thabhairt aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Táthar ag déanamh athrú ó bhonn ar an Aontas le go mbeidh sé ina shochaí chóir rathúil ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní. In 2023, bhain an tAontas cloch mhíle thábhachtach amach ar a bhealach chun aeráidneodracht a bhaint amach. I lár mhí Dheireadh Fómhair, glacadh an phríomhreachtáocht chun a sprioc mheántearma

a bhaint amach — agus í a shárú fiú — maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030. Léirigh an adhaimsir réaltacht chrua an athraithe aeráide arís ar fud an Aontais agus ar fud an domhain, agus leagadh béim ar an ngá atá le hiarrachtaí leanúnacha chun astaíochtaí a laghdú a luaithe is féidir. Ag COP28, bhí ról ceannasach ag an Aontas maidir le comhaontú domhanda a chinntiú chun dlús a chur leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise agus chun gealltanais a thabhairt acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite dhomhanda a mhéadú faoi thrí agus ráta na bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt faoi 2030.

Réaltacht pláinéid atá ar fuchadh

An cur isteach agus an scriosadh a tháinig as eachtraí adhaimsire san Eoraip agus ar fud an domhain in 2023, léiriú lom láidir ba ea é sin ar an mbagairt thromchúiseach shíoraí atá ann don tsochaí mar gheall ar an athrú aeráide, agus faoin ngá atá le gníomhaíocht phráinneach chun an pláinéad a chosaint.

Chuir dálaí tirime le séasúir falscailthe níos faide agus níos contúirtí, bhí falscailthe móra ann chomh luath le mí an Mhárta sa Spáinn, agus i mí Iúil agus i mí Lúnasa tharla na tinte ba mheasa riamh sa Ghréig, sa Spáinn agus sa Phortaingéil. An fhalscaí a tharla i réigiún thoir thuaidh na Gréige, Evros, ba é sin an fhalscaí ba mhó a chonacthas san Aontas riamh. De réir an Chórais Eorpaigh Faisnéise maidir le Dóiteáin Foraoise, faoin 22 Iúil bhí níos mó ná 181 000 heicteár talún ar fud an Aontais go hiomlán dóite cheana féin — breis agus 40 % os cionn an mheáin a taifeadadh idir 2003 agus 2022 (128 225 heicteár).

Mar fhreagairt ar an méadú ar an riosca falscailthe, in 2023 neartaigh an tAontas a chumais réamh-mheasta agus fadbhreathnaitheachta, threisigh sé a chabhlach comhraic dóiteáin rescEU agus shuí sé na céadta comhraiceoir dóiteáin ionas go raibh siad in ann tacaíocht a chur ar fáil láithreach. Chruthaigh sé Foireann Tacaíochta Falscailthe freisin mar chuid dá Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha.

Is ábhar imní domhanda iad falscailthe. Chun cuidiú leis na falscailthe is measa i gCeanada le 10 mbliana anuas a mhúchadh (falscailthe a dhóigh thart ar 4 mhilliún heicteár, limistéar chomh mór leis an Ísiltír), thairg Ballstáit an Aontais seirbhísí thart ar 300 comhraiceoir dóiteáin don tír trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (féach Caibidil 8).



© AFP

Ba é 2023 an bhliain ba theo ar domhan ó thosaigh na taifid, bhí 7 mí agus dhá shéasúr ann ina bhfacthas na teochtaí ab airde riamh. De réir Chlár Copernicus: an tseirbhís um an athrú aeráide de chuid an Aontais, bhí beagnach 50 % de na laethanta in 2023 níos mó ná 1.5 C os cionn na meánteochta réamhthionsclaí (1850-1900).



Tinte imithe as smacht i mbardasachtaí Candelaria agus Arafo, Tenerife, an Spáinn, an 16 Lúnasa 2023.

Bhí báisteach an-trom ina cúis le tuilte marfacha i gcodanna den Aontas freisin, cuir i gcás sa Chróit, san Iodáil, san Ostair agus sa tSlóivéin.



Amharc ón aer ar na limistéir atá buailte ag tuilte agus sciorthaí talún in Emilia-Romagna, an Iodáil, an 25 Bealtaine 2023.



Tar éis na dtuilte agus na ndóiteán foraoise nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, is é an toradh a bhí ar ghlaonna in 2023 chun athshlánú ó thubaiste agus tacaíocht atógála a chur ar fáil ó Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh slógadh na n-acmhainní uile a bhí ar fáil chun cúnamh a sholáthar.

Lasmuigh den Eoraip, is bagairt thromchúiseach é an t-athrú aeráide do na tíortha is boichte ar domhan, rud a ghéaraíonn na géarchéimeanna atá ann cheana agus a éilíonn níos mó iarrachtaí chun freastal ar an méadú ar riachtanais dhaonnúla (féach Caibidil 8). De réir Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, tá méadú tagtha ar chion na dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim atá neamhchosanta ar dhálaí adhaeráide ó 76 % go 98 % le fiche bliain anuas.

An 15 Iúil, chuir an tAontas tús leis an Lá bliantúil d'Íospartaigh na Géarchéime Domhanda Aeráide, chun íospartaigh san Eoraip agus ar fud an domhain a chomóradh. Is é is aidhm don imeacht feasacht a mhúscailt maidir leis na céimeanna sonracha is féidir le daoine a dhéanamh chun an damáiste de dheasca an athraithe aeráide a laghdú agus chun a bheith níos ullmhaithe do thubaistí aeráide.

I dtreo astaíochtaí glan-nialasacha

I dtuarascáil Phainéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a eisíodh i mí an Mhárta, thug an pobal eolaíochta rabhadh láidir arís faoin ngá atá le gníomhú chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide. Athdhearbhaítear sa tuarascáil go bhfuil an domhan ag ardú níos teogo tapa mar gheall ar thionchar an duine, agus go gcuireann adhaimsir agus tubaistí beatha agus slite beatha i mbaol ar fud an domhain. Tá an eolaíocht soiléir: astaíochtaí gás ceaptha teasa a thabhairt chuig leibhéal glan-nialasach, sin an t-aon bhealach amháin chun stop a chur leis an téamh domhanda agus chun éifeachtaí an athraithe aeráide a laghdú. Ciallaíonn sé sin cothromaíocht a bhaint amach idir méid na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a scaoiltear isteach san atmaisféar agus an méid a bhaintear as.

Bunchloch an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip is ea an Eoraip a bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach. Tá an cuspóir sin cumhdaithe sa Dlí Aeráide Eorpach, in éineacht leis an ngealltanas atá ceangailteach ó thaobh an dlí de chun laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, i gcomparáid le leibhéal 1990.

A bhuí le reachtaíocht aeráide agus fuinnimh atá ann cheana, tá laghdú 32.5 % tagtha cheana féin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais i gcomparáid le 1990, agus tá fás 60 % tagtha ar gheilleagar an Aontais sa tréimhse chéanna.

Chun é sin a bhaint amach, in 2021 thíolaic an Coimisiún Eorpach an pacáiste 'Oiriúnach do 55' de thograí reachtacha. In 2022, faoi Phlean REPowerEU, d'ardaigh sé leibhéal uailmhéine roinnt de na tograí sin (go háirithe na tograí sin maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite) d'fhonn spleáchas an Aontais ar iompórtálacha breoslaí iontaise ón Rúis a laghdú a thuilleadh (féach Caibidil 4). Faoi dheireadh 2023, bhí an phríomhreachtaíocht chun sprioc 2030 maidir le ghlanlaghdú 55 % a bhaint amach i bhfeidhm (féach thíos). Cuimsítear leis sin spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí de lena gcumhdaítear gach earnáil den gheilleagar, sprioc chun linnte carbóin nádúrtha a threisiú agus Córas Trádála Astaíochtaí nuashonraithe de chuid an Aontais.

Measann níos mó ná 9 as gach deichniúr saoránach den Aontas gur fadhb thromchúiseach é an t-athrú aeráide



Breithnítear an méid seo a leanas maidir leis an athrú aeráide:


- measann **77 %** gur fadhb **an-tromchúiseach** é
- measann **16 %** gur fadhb **sách** tromchúiseach é
- measann **7 %** **nach** fadhb thromchúiseach é

Neartaíodh an córas atá ann cheana in 2023, agus leathnaíodh a raon feidhme chun astaíochtaí ó mhuiroimpar a chumhdach. Cruthaíodh Córas nua Trádála Astaíochtaí ar leithligh chun praghsáil carbóin a leathnú chuig earnálacha nua den gheilleagar, go háirithe chuig breoslaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar. Chomh maith le praghas a chur ar an truailliú agus infheistíocht a ghiniúint san aistriú glas, cuirfidh an córas nua tacaíocht shóisialta ar fáil do dhaoine agus do ghnólaigh beaga chun a chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár.

Meastar go laghdóidh an pacáiste reachtach deiridh glanastaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais 57 % faoi 2030, i gcomparáid le 1990.

Le sásra nua chun earraí a iompórtáil ó lasmuigh den Aontas, cinnteofar go socrófar praghas carbóin in earnálacha spriocdhírthe. Cuimsítear sa reachtaíocht nua freisin spriocanna nuashonraithe maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh, agus rialacha chun borradh a chur faoin mbonneagar luchtaithe agus faoin úsáid a bhaintear as breoslaí malartacha san iompar de bhóthar, sa loingseoireacht agus san eitlíocht.

In 2023, bhí ar na Ballstáit a ndréachtphleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe a chur isteach, ina leagtar amach an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais do 2030 a bhaint amach. I mí na Nollag, rinne an Coimisiún measúnú ar na pleananna agus d'eisigh sé moltaí.



Gan aon duine a fhágáil ar lár

Chun aistriú glas cothrom agus cuimsitheach a chinntiú, ginfear €55 bhiliún in infheistíocht le linn na 10 mbliana seo romhainn chun tacú leo siúd a bhfuil cónaí orthu i réigiúin an Aontais a bhfuil na dúshlán is mó rompu maidir le haistriú chuig geilleagar aeráidneodrach.

I gcomhar le páirtithe leasmhara náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, tá an tAontas ag cuidiú chun geilleagair réigiúnacha a éagsúlú agus an deis a thabhairt do dhaoine a bheith rathúil sa gheilleagar nua (féach freisin Caibidil 6).



FÍSEÁN An tArdán um Aistriú Cóir.



Oiriúnach do 55 – reachtaíocht a glacadh



Athchóiriú ar Chóras Trádála
Astaíochtaí an Aontais



Córas Nua Trádála Astaíochtaí
an Aontais d'fhoirgnimh
agus do bhreoslaí iompair de
bhóthar



An Ciste Aeráide Sóisialta



An Rialachán maidir le
Comhroinnt Díchill



An Rialachán maidir le
Talamhúsáid, Foraoiseacht
agus Talmhaíocht



Caighdeán astaíochtaí CO₂
le haghaidh carranna agus
veaineanna



Sásra Coigeartaithe Carbóin ar
Theorainneacha




An Treoir maidir le Fuinneamh
In-athnuaite



An Treoir maidir le
hÉifeachtúlacht Fuinnimh



An Rialachán maidir le
Bonneagar Breoslaí Malartacha



An Rialachán ReFuelEU Aviation



An Rialachán ReFuelEU
Maritime

Beidh iomaíochas an Aontais ag brath go mór ar a chumas na teicneolaíochtaí glana is gá a fhorbairt agus a mhonarú chun aistriú rathúil chuig geilleagar glan-nialasach a bhaint amach. Chun iomaíochas na dteicneolaíochtaí glan-nialasacha a neartú san Aontas agus chun tacú leis an aistriú tapa i dtreo na haeráidneodrachta, thíolaic an Coimisiún Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach i mí Feabhra 2023. Is é is aidhm don phlean timpeallacht níos tacúla a chruthú chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú le haghaidh teicneolaíochtaí agus táirgí glan-nialasacha (féach Caibidil 4).

Tá an tAontas ag tacú freisin le teicneolaíochtaí nuálacha glan-nialasacha tríd an gCiste don

Nuálaíocht, arna mhaoiniú ag an gCóras Trádála Astaíochtaí. Is é is aidhm dó réitigh a thabhairt ar an margadh chun tionsclaíocht na hEorpa a dhícharbónú agus chun tacú leis an aistriú chuig an aeráidneodracht, agus borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais ag an am céanna. Tá roinnt Ballstát ag tacú freisin le hacmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí nuálacha faoina bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Sheol an Coimisiún sraith Idirphlé maidir le hAistriú Glan chun go mbeidh sé in ann tacú le gach earnáil a samhail ghnó a fhorbairt chun an tionsclaíocht a dhícharbónú, ag tosú le hidirphlé maidir le tionscail hidrigine agus dianfhuinnimh in 2023 (féach Caibidil 4).

I dtreo geilleagar ciorclach

Le linn na bliana, lean an tAontas de dhul chun cinn a dhéanamh i dtreo geilleagar ciorclach, agus é d'aidhm aige rud normálta a dhéanamh de tháirgí inbhuanaithe, brú ar acmhainní nádúrtha a laghdú, dramhaíl a laghdú agus fás agus poist inbhuanaithe a chruthú.

Gach bliain, caitear amach níos mó ná 5 milliún tona éadaí san Aontas (os cionn 11 kg in aghaidh an duine), ach ní bhailítear ach 22 % den dramhaíl sin ar leithligh lena hathúsáid nó lena hathchúrsáil, agus is minic a loiscítear an chuid eile nó a sheoltar í go líonadh talún. Leis na rialacha nua atá beartaithe maidir le teicstílí, beidh táirgeoirí freagrach as saolré a dtáirgí, bainistiú dramhaíola go háirithe, rud a chuirfidh láimhseáil inbhuanaithe dramhaíola teicstíle chun cinn ar fud an Aontais. Trí infhaighteacht na dteicstílí úsáidte agus athchúrsáilte a mhéadú, tá coinne leis go gcruthófar poist áitiúla agus go sábhálfaidh tomhaltóirí airgead san Aontas agus níos faide i gcéin, agus an tionchar a bhíonn ag táirgeadh teicstílí ar acmhainní nádúrtha á laghdú san am céanna. Seoladh an feachtas ReSet the Trend in 2023 chun feasacht a mhúscailt maidir le faisean inbhuanaithe.

Baineann tionchar ollmhór eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil le cur amú bia. Faoi thogra nua a chuir an Coimisiún i láthair i mí Iúil, beifear ag súil go ndéanfaidh na Ballstáit cur amú bia a laghdú 10 % sa phróiseáil agus sa mhonaraíocht, agus go ndéanfaidh siad na leibhéil mhiondíola agus tomhaltais a laghdú 30 % (per capita) faoi 2030. Rachaidh na spriocanna nua sin chun tairbhe na slándála bia agus laghdóidh siad astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus costais do ghnólaigh agus do thomhaltóirí á laghdú ag an am céanna.



Cur amú bia

Gintear **58.4 milliún tona** (131 kg/duine/bliain) san Aontas gach bliain. (Foinse: Eurostat, Meán Fómhair 2023.)

Cuirtear amú thart ar **10 %** den bhia ar fad a sholáthraítear do mhiondíoltóirí, do sheirbhísí bia agus do theaghlaigh.

Gineann **teaghlaigh os cionn leath** den dramhaíl bia (54 %).

Is ón earnáil próiseála agus monaraíochta an **dara sciar is mó** (21 %).

Mar bhonn taca leis na hiarrachtaí sin, ghlac an Coimisiún Creat Faireacháin athbheithnithe don Gheilleagar Ciorclach chun rianú níos fearr a dhéanamh ar an dul chun cinn san aistriú chuig geilleagar ciorclach san Aontas, agus ar an méid a chuireann sé le hinbhuanaitheacht dhomhanda agus le hathléimneacht an Aontais. Cuimsítear sa chreat sin táscairí nua, an lorg ábhair agus táirgiúlacht acmhainní cuir i gcás, chun an dul chun cinn i dtreo spriocanna maidir le cosc dramhaíola a thomhas.

Gach bliain, baineann beagnach 6 mhilliún feithicil san Aontas Eorpach deireadh ré a n-úsáide amach. Cailltear luach agus truailliú mar thoradh ar an láimhseáil neamhleor a dhéantar ar fheithicilí a bhfuil deireadh a ré bainte amach acu. Leis na rialacha nua atá beartaithe, lena gcumhdófar gach gné d'fheithicil óna dearadh agus óna cur ar an margadh go dtí a cóireáil deiridh, tá coinne leis go nginfear €1.8 billiún i nglanioncam faoi 2035. Beidh coigilteas suntasach carbóin agus spleáchas laghdaithe ar amhábhair mar thoradh orthu freisin, agus cruthófar poist bhreise agus sruthanna ioncaim feabhsaithe don tionscal bainistithe dramhaíola agus athchúrsála.

Mar thoradh ar bhearta nua chun borradh a chur faoin gciordaíocht in earnáil na ngluaisteán, d'fhéadfaí suas le 4 mhilliún gluaisteán breise a athchúrsáil agus 22 000 post breise a bheith ann faoi 2035.

→

Virginijus Sinkevičius, an Coimisinéir Eorpach um an gComhshaol, um na hAigéin agus um an Iascach (ar dheis), ar cuairt ar chuideachta atá ar thús cadhnaíochta i réimse an gheilleagair chiorclaigh, an Bheilg, Mí Iúil 2023.



Thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialacha nua maidir le loingsithe dramhaíola, lena gcinnteofar go nglacfaidh an tAontas níos mófreagrachta as a dhramhaíl féin. Beidh cosc ar dhramhaíl phlaisteach a easpórtáil ón Aontas chuig tíortha nach baill den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta iad. Cuideoidh an comhaontú le truailliú dramhaíola a laghdú agus leis an ngeilleagar ciorclach a chur chun cinn.

Bíonn tionchar suntasach ag táirgí ar an gcomhshaol ar feadh a saolré — ó eastóscadh amhábhair go dtí a monarú, a n-iompar, a n-úsáid agus deireadh a saolré. I mí na Nollag, thángthas ar chomhaontú maidir leis an togra chun rud normálta a dhéanamh de tháirgí inbhuanaithe san Aontas. Leis an Rialachán nua maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe, cuirtear leis na rialacha éicidhearthóireachta atá ann cheana, ar rialacha iad a spreag éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe táirgí san Aontas le beagnach 20 bliain anuas. Leis an dlí nua, leathnófar an creat atá ann faoi láthair ar dhá bhealach: ar an gcéad dul síos, chun an raon


is leithne is féidir táirgí a chlúdach; ar an dara dul síos, i gcás inarb iomchuí, raon feidhme na gceanglas nach mór do tháirgí a chomhlíonadh a leathnú.

Tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais, is gné thábhachtach é sin chun cuspóirí tomhaltais inbhuanaithe an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Tháinig Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh ar chomhaontú i mí Mheán Fómhair maidir leis an togra le haghaidh rialacha nua lena gcinnteofar go mbeidh tomhaltóirí níos eolaí faoi mharthanacht agus indeisitheacht na n-earraí a cheannaíonn siad, agus go mbeidh cosaint níos fearr acu ar chleachtais tráchtála éagóracha. Beidh toirmeasc nua ann freisin ar mhaímh mhíthreoracha i leith táirgí bunaithe ar fhritháireamh astaíochtaí. Tá togra curtha i láthair ag an gCoimisiún freisin chun rochtain ar sheirbhísí deisiúcháin agus faisnéis faoi na seirbhísí sin a fheabhsú. Leis sin, cuirtear deisiú thar athsholáthar chun cinn le linn na ráthaíochta dlíthiúla agus ceanglaítear ar mhonaróirí earraí atá agus a bheidh faoi réir ceanglais shonracha indeisitheachta (éicidhearthóireachta) faoi dhlí an Aontais a dheisiú.

Roghanna inbhuanaithe a dhéanamh

Chun bearta a chomhlánú ar mhaithe le tomhaltóirí a chumhachtú, tá rialacha nua molta ag an gCoimisiún freisin chun dul i ngleic leis an nglas-snasú — sa chás ina ndealraíonn sé go bhfuil táirgí nó próisis níos neamhdhiobhálaí don chomhshaol ná mar atá siad i ndáiríre. Trína chinntiú go bhfuil lipéid agus maímh comhshaoil inchreidte agus iontaofa, beidh tomhaltóirí in ann cinntí ceannaigh níos eolasaí a dhéanamh. Cuirfidh sé borradh freisin faoi iomaíochas gnólachtaí atá ag iarraidh inbhuanaitheacht comhshaoil a dtáirgí agus a ngníomhaíochtaí a mhéadú.

Cuireadh bailchríoch ar rialacha nua chun cabhrú le tomhaltóirí roghanna eolasaacha agus roghanna atá neamhdhiobhálaí don chomhshaol a dhéanamh agus fóin phóca agus táibléid á gceannach acu. Cuirfidh rialacha nua éicidhearthóireachta feabhas ar mharthanacht, ar indeisitheacht, ar in-athúsáideacht agus ar in-athchúrsáilteacht na ngléasanna sin. Idir an dá linn, déanfaidh an lipéad nua fuinnimh ar fhóin chliste agus ar tháibléid a n-éifeachtúlacht agus a marthanacht a mhionsonrú, agus tabharfaidh scór indeisitheachta treoir do thomhaltóirí maidir le roghanna inbhuanaithe a dhéanamh. Beidh feidhm ag na rialacha ón 20 Meitheamh 2025.



← **FÍSEÁN** An dlí nua atá beartaithe maidir le maímh ghlasa.

An Plean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach a chur chun cinn

Uisce

In 2023, agus an Treoir athbhreithnithe maidir le hUisce Óil ionchorpraithe sa reachtaíocht náisiúnta anois, tháinig rialacha nua i bhfeidhm ar fud an Aontais. Cinnteoidh na rialacha sin go mbeidh cuid de na caighdeáin is airde ar domhan ann maidir le huisce óil.

I mí an Mheithimh, mar fhreagairt ar fhianaise go bhfuil níos lú báistí i go leor áiteanna san Aontas anois, tháinig ceanglais nua i bhfeidhm maidir le hathúsáid shábháilte fuíolluisce chóireáilte in uisciú talmhaíochta.



© Getty Images


Foilsíodh tuarascáil de chuid an Aontais ina ndearnadh anailís ar cheann de na tubaistí éiceolaíochta is mó san Eoraip le blianta beaga anuas, inar cailleadh thart ar 360 tona éisc in Abhainn Oder i mí Feabhra 2023. Meastar inti gurb é blás algach tocsaineach suntasach ba chúis leis sin, agus déantar moltaí chun nach dtarlódh teagmhas turraingeach den sórt sin arís.

Tá caighdeán an-ard sábháilteachta muirí bainte amach in uisce an Aontais, gan ach beagán básanna agus gan aon mhórdhoirteadh ola. Mar sin féin, tuairiscítear breis agus 2 000 timpiste agus teagmhas muirí fós gach bliain. I mí an Mheithimh, chuir an Coimisiún cúig thogra reachtacha i láthair chun rialacha an Aontais a nuachóiriú agus truailliú uisce ó longa a chosc. Tá sé d'aidhm ag na tograí freisin sceitheadh neamhdhleathach isteach i bhfarraigí na hEorpa a chosc chun tionchar gníomhaíochtaí muiropair ar an gcomhshaol a laghdú agus an t-éiceachóras muirí a chaomhnú.



Sábháilteacht mhuirí a mhéadú

Tá dianchaighdeán sábháilteachta an Aontais éifeachtach, ach tá cur chuige nua ag teastáil le haghaidh dúshláin agus teicneolaíochtaí nua.





Ceimiceáin

Faoi thogra ón gCoimisiún chun saoránaigh an Aontais agus an comhshaol a chosaint ar mhearcair tocsaineach, beidh toirmeasc iomlán ar úsáid malgaim fiacloireachta. Úsáidtear thart ar 40 tona mearcair in aghaidh na bliana san Aontas chun na críche sin. Cuirfidh an togra toirmeasc freisin ar mhonarú agus ar onnmhairiú táirgí áirithe ina bhfuil mearcair, mar shampla, lampaí.



Astaíochtaí tionsclaíocha

Rialaítear leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha thart ar 52 000 suiteáil thionsclaíoch agus bheostoic níos mó ar fud an Aontais. Ceanglaítear orthu cead a bheith acu bunaithe ar úsáid na dteicnící is fearr atá ar fáil (TIFAF). In 2023, rinneadh sraith nua meastóireachtaí TIFAF maidir le seamlais, seachtháirgí ainmhithe agus tionscail chomhtháirgí inite. Beidh ar thart ar 800 seamlas san Aontas na caighdeáin nua sin a chomhlíonadh chun a dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú.



Torann

Is é torann an dara bagairt is mó ar shláinte an chomhshaoil san Eoraip tar éis truailliú aeir. Leagtar amach i dtuarascáil ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Torann Comhshaoil conas is féidir torann a laghdú tuilleadh chun an sprioc laghdaithe 30 % a bhaint amach faoi 2030.



Micreaphlaistigh

Ghlac an Coimisiún céim mhór eile chun an comhshaol a chosaint trí bhearta a ghlacadh a chuireann srian ar mhicreaphlaistigh a chuirtear le táirgí d'aon ghnó. Leis na rialacha nua, cuirfear cosc le thart ar leathmhilliún tona micreaphlaisteach a scaoileadh isteach sa chomhshaol.



Seiceáil cáilíocht an chomhshaoil ina bhfuil cónaí ort:
<https://discomap.eea.europa.eu/atlas/?page=Check-your-place>.

Seiceáil cáilíocht an aeir timpeall ort (atá ar fáil mar aip mhóibíleach freisin):
<https://www.eea.europa.eu/themes/air/air-quality-index>.

An bhitheagsúlacht

Tá an dúlra ríthábhachtach chun an t-athrú aeráide a chomhrac. Cuireann díghrádú an chomhshaoil nádúrtha le dóchúlacht agus déine teagmhas ar nós tuilte agus falscailte, rud a fhágann gurb iad an dúlra agus an bhitheagsúlacht an chosaint is fearr atá ag an Eoraip ar thubaistí nádúrtha.

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil sealadach i mí na Samhna maidir leis an Dlí um Athbhunú Dúlra, lenar cuireadh tús le próiseas le haghaidh téarnamh leanúnach marthanach an dúlra. Cuirfidh na Ballstáit bearta athbhunúcháin i bhfeidhm i 20 % ar a laghad de limistéir talún an Aontais agus in 20 % dá fharraigí faoi 2030. Faoi 2050, ba cheart bearta den sórt sin a bheith i bhfeidhm le haghaidh na n-éiceachóras ar fad a bhfuil athbhunú de dhíth orthu.

Ithir

Tá ithreacha sláintiúla ríthábhachtach chun an tslándáil bia a chinntiú, an aeráidneodracht a bhaint amach agus chun stop a chur le gaineamhlú agus díghrádú talún. Mar sin féin, tá breis agus 60 % d'ithreacha na hEorpa míshláintiúil. Is é is aidhm don togra le haghaidh dlí maidir le faireachán ithreach an tAontas a chur ar chonair chuig ithreacha sláintiúla faoi 2050, trí shonraí maidir le sláinte na n-ithreacha a bhailiú agus a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus do bhainisteoirí ithreach eile. Leis an dlí nua, déanfar rud normalta den bainistiú inbhuanaithe ithreach freisin. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Coimisiún treoir do pháirtithe leasmhara maidir le deiseanna cistiúcháin an Aontais

d'ithir shláintiúil. Le Forógra an Mhisin Ithreach, a seoladh i mí Aibreáin, tugtar le chéile lucht ceaptha beartas réigiúnach agus áitiúil, páirtithe leasmhara agus saoránaigh i bpobal bríomhar a thugann aire do shláinte na hithreach. Shínigh breis agus 2 100 duine aonair agus 350 eagraíocht an tionscnamh deonach faoi dheireadh na bliana. Aithníonn sínitheoirí an gá atá le gníomhaíocht maidir le sláinte ithreach agus dul i mbun gníomhaíochtaí chun an ithir a chosaint agus a athbhunú.

Pailneoirí

Agus ceann amháin as gach trí speiceas de bheacha, féileacáin agus beacha gabhair san Aontas ag dul in éag, chuir an Coimisiún tionscnamh athnuaithe i láthair in 2023 ina leagtar amach an ghníomhaíocht a bheidh le déanamh ag an Aontas agus ag na Ballstáit chun meath na bpailneoirí a aisiompú faoi 2030. Tá saoránaigh ag éileamh gníomhaíochta cinntithe i gcoinne cailteanas pailneoirí níos mó agus níos mó, agus le déanaí tríd an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, 'Sábhálaimis na Beacha agus na Feirmeoirí'. Rinne an tAontas uasleibhéil iarmhar dhá lotnaidicíd neoinicítínóideacha i mbia a íslíú go dtí an leibhéal is ísle is féidir a thomhas leis na teicneolaíochtaí is déanaí. Tá cosc ar chlóitiainidín agus tiaimeatocsam a úsáid amuigh faoin aer san Aontas cheana féin. Beidh feidhm ag na leibhéil nua maidir le táirgí bia agus beatha a tháirgtear san Aontas nó a iompórtáiltear isteach san Aontas. Cinnteofar leis sin nach gcuirfidh bia a chuirtear ar an margadh inmheánach le meath na bpailneoirí, gan beann ar an áit ina dtáirgtear é.

Bíonn tionchar díreach ag sláinte ithreach ar shlándáil bia an Aontais



Déantar **95 %** dár mbia a tháirgeadh go díreach nó go hindíreach in ithreach.



Cosnaíonn creimeadh ithreach **€1.25 billiún** in aghaidh na bliana ar tháirgiúlacht talmhaíochta a chailltear.



Tá iarmhair lotnaidicídí in **83 %** d'ithreacha an Aontais.



Tá níos mó ná **23 %** den talamh talmhaíochta buailte ag balcadh, ag laghdú táirgiúlachta.



Foraoisí

Tá fíorghá le foraoisí sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus i gcoinne chailliúint na bithéagsúlachta. A mhéid is féidir le talamh, agus earnáil na talamhúsáide go háirithe, cur le maolú ar an athrú aeráide, braitheann sé go mór ar an gcaoi a n-úsáidtear agus a mbainistítear na limistéir sin. Tá laghdú suntasach tagtha ar an aistriú carbóin in earnáil talamhúsáide an Aontais le blianta beaga anuas, agus tá meath ag teacht ar fheidhm na linne talún. In 2023, rinne an tAontas a reachtaíocht maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a uasghrádú chun borradh a chur faoin aistriú carbóin agus chun bainistiú inbhuanaithe talún talmhaíochta agus foraoise a chur chun cinn.

I mí na Samhna, mhol an Coimisiún dlí maidir le faireachán ar fhoraoisí arb é is aidhm dó bonn cuimsitheach eolais a chruthú lena gcuirfear ar chumas na mBallstát, na n-úinéirí foraoise agus na mbainisteoirí foraoisí feabhas a chur ar a bhfreagairt ar an mbrú méadaitheach atá ar fhoraoisí, brú atá ag dul in olcas mar gheall ar an athrú aeráide. Chomh maith lena cinntiú go mbeidh foraoisí níos athléimní i gcoinne bagairtí trasteorann (lotnaidí, triomach agus falscaithe), cuideoidh an creat faireacháin le húnéirí agus bainisteoirí foraoise tairbhe a bhaint as scéimeanna íocaíochta éiceachórais, cuir i gcás scéim deimhniúcháin aistrithe carbóin an Aontais.



© Adobe Stock

I mí an Mheithimh tháinig Rialachán ceannródaíoch an Aontais maidir le slabhraí soláthair gan dhífhoraoisiú i bhfeidhm, ar bunchloch thábhachtach é sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta. Beidh 18 mí ag oibreoirí agus ag trádálaithe chun na rialacha nua a chur chun feidhme. Nuair a chuirfear i bhfeidhm iad, cinnteofar nach gcuirfidh sraith earraí tábhachtacha a easpórtáiltear ón Aontas nó a chuirtear ar mhargadh an Aontais leis an díghrádú foraoise a thuilleadh, san Aontas Eorpach féin ná in áiteanna eile ar domhan. Tá ola pailme, caife, soighe agus seacláid san áireamh ar an liosta sin. Cuideoidh na rialacha nua freisin le slí bheatha na milliún duine a dhaingniú, pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla ar fud an domhain san áireamh, ar pobail iad a bhíonn ag brath go mór ar éiceachórais na bhforaoisí.

Córais inbhuanaithe bia

Nuair a d'fhormheas an Coimisiún gach ceann de na 28 bplean straitéiseacha, cuireadh tús leis an gComhbheartas Talmhaíochta nua (CBT) an 1 Eanáir 2023. Beidh €264 bhilliún de chistiú ón Aontas ann san iomlán chun tacú le feirmeoirí na hEorpa agus iad ag aistriú chuig earnáil talmhaíochta níos inbhuanaithe agus níos athléimní, agus chun cuidiú le beogacht agus éagsúlacht na gceantar tuaithe a chaomhnú idir 2023 agus 2027. Cuirfear beagnach €98 mbilliún ar leataobh chun tairbhí a chur ar fáil don aeráid, don uisce, don ithir, don aer, don bhithéagsúlacht agus do leas ainmhithe, i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Cuirfidh CBT nua le cuspóirí an Aontais maidir le húsáid lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú mar aon leis an riosca a bhaineann leo agus méadófar go mór an tacaíocht spriocdhírthe don fheirmeoireacht orgánach. Cuirfidh sé dreasaichtaí ar fáil freisin do bhainisteoirí talún chun carbón a stóráil san ithir agus i mbithmhais agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i 35 % de limistéar

talmhaíochta an Aontais trí chleachtais bhainistíochta iomchuí, agus táthar ag súil le huainíocht na mbarr ar 85 % den talamh arúil a fhaigheann tacaíocht ó CBT.

Agus na hábhair imní maidir leis an soláthar bia ag dul i méid, lean an Coimisiún dá chuid oibre maidir le mapáil a dhéanamh ar thionscnóirí na slándála bia. Cuirfidh togra nua chun úsáid shábháilte teicnící géanómaíochta nua a chumasú le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo córais bhia níos inbhuanaithe agus an tslándáil bia á cosaint ag an am céanna. Is féidir leis na teicnící sin cineálacha plandaí atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, frithsheasmhach in aghaidh lotnaidí agus plandaí ardtáirgeachta a chruthú, rud a laghdóidh an gá le lotnaidicídí ceimiceacha agus spleáchas an Aontais ar iompórtálacha talmhaíochta. Mhol an Coimisiún reachtaíocht nua de chuid an Aontais maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí agus foraoise chun éagsúlacht agus cáilíocht síolta, gearrthóga agus ábhar plandaí eile a mhéadú.

Ní hamháin gur uirlis é CBT chun tacú le bearta téarnaimh agus athbhunúcháin tar éis géarchéime, cuireann sé ar chumas feirmeoirí éifeachtaí an athraithe aeráide agus dúshláin eile a thuar agus oiriúnú dóibh freisin. Tá an tAontas ag féachaint ar an mbealach is fearr chun tacú le feirmeoirí an Aontais, agus ar conas beartais talmhaíochta an Aontais a chur in oiriúint dá riachtanais. Chun an méid sin a bhaint amach, seolfar an Plé Straitéiseach faoi Thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach i mí Eanáir 2024.



Janusz Wojciechowski, an Coimisinéir Eorpach um Thalmhaíocht (sa tulra, ar dheis), ag tabhairt cuairt ar phobail a raibh tionchar ag tuilte sna páirceanna orthu in Thessaly, an Ghréig, Mí Dheireadh Fómhair 2023.



Leas ainmhithe

Tá an tAontas ag gníomhú chun leas ainmhithe a fheabhsú le breis agus 40 bliain anuas. Tá sé ag déanamh beatha ainmhithe níos fearr de réir a chéile agus ag glacadh le caighdeáin leasa atá i measc na gcaighdeán is airde ar domhan. Lean sé sin ar aghaidh in 2023 le togra chun athchóiriú a dhéanamh ar rialacha reatha an Aontais maidir le hiompar ainmhithe, rud a chuirfidh feabhas ar fholláine 1.6 billiún ainmhí a iompraítear laistigh den Aontas agus amach as an Aontas gach bliain. Dírítear sa togra ar chuspóirí sonracha, cuir i gcás amanna taistil a laghdú, lamháltais íosta spáis a mhéadú agus feabhas a chur ar na dálaí d'ainmhithe a easpórtáiltear ón Aontas. Is tosaíocht i gcónaí é an reachtaíocht atá ann cheana a fhorfheidhmiú, agus leanadh d'iniúchtaí agus rialuithe rialta a dhéanamh le linn 2023 i réimsí éagsúla.

Chomh maith leis sin, leis na rialacha nua maidir le leas agus inrianaitheacht madraí agus cat, den chéad uair riamh, bunófar caighdeáin aonfhoirmeacha an Aontais maidir le pórú, tithíocht agus láimhseáil madraí agus cat i mbunaíochtaí pórúcháin, i siopaí


peataí agus i ndídean. Déanfar inrianaitheacht madraí agus cat a threisiú freisin trí shainaitheant agus clárú éigeantach i mbunachair sonraí náisiúnta chun an trádáil neamhdhleathach a chomhrac agus fágfaidh sé go mbeifear in ann dálaí leasa i mbunaíochtaí den sórt sin a rialú ar bhealach níos fearr.

Thug an Coimisiún freagra ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'An Eoraip Saor ó Fhionnadh' — an deichiú tionscnamh ar éirigh leis agus ar thacaigh bhreis agus 1.5 milliún saoránach ar fud an Aontais leis. Cé nach moltar aon reachtaíocht eile ag an gcéim seo, tá sraith beart beartaithe ag an gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar aidhmeanna an tionscnaimh, cuir i gcás trí chúram a chur ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia tuairim eolaíoch a ullmhú maidir le leas ainmhithe fionnaidh faoi mhí an Mhárta 2025.

Tá bearta breise maidir le leas ainmhithe á n-ullmhú, an obair leantach ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Cuir clabhsúr ar ré na gcaighean', mar shampla.

Cad atá le rá ag muintir an Aontais faoi leas ainmhithe?

An gá atá le leas ainmhithe a chosaint ar bhealach níos fearr



Ceapann **84 %** gur cheart cosaint níos fearr a thabhairt do leas ainmhithe feirmshaothraithe.



Ceapann **74 %** gur cheart cosaint níos fearr a thabhairt do leas peataí.

Foinse: Eorabharaiméadar Speisialta 533, Deireadh Fómhair 2023.

Íomhánna: © Adobe Stock.

Leas ainmhithe feirmshaothraithe



Measann **91 %** go bhfuil sé tábhachtach.

Ní mheasann

8 % go bhfuil sé tábhachtach.



Tá leas ainmhithe tábhachtach do mhuintir an Aontais, mar a léirítear i suirbhé Eorabharaiméadair a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair.

Iascach agus aigéin inbhuanaithe

Cuireann an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta inbhuanaitheacht na n-acmhainní iascaigh agus dobharshaothraithe i mbaol. Leagtar amach i bpacáiste beart a cuireadh chun cinn i mí Feabhra bearta chun dul i ngleic leis na dúshlán sin tríd an gComhbheartas Iascaigh agus Plean Gníomhaíochta Muirí nua a chur chun feidhme. Cuireann na bearta bealaí ar fáil chun athléimneacht agus inbhuanaitheacht an iascaigh agus an dobharshaothraithe a mhéadú, cuir i gcás trí thacú leis an aistriú fuinnimh a bhfuil géarghá leis (féach Caibidil 4). Cuireann an pacáiste le gealltanais an Aontais i leith 30 % ar a laghad dá fharraigí a chosaint (agus 10 % den limistéar sin a bheith faoi dhianchosaint). Déanfar na bearta atá beartaithe de réir a chéile chun cur ar chumas na hearnála í féin a oiriúnú.

Is é is aidhm do rialacha nua a ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle in 2023 cuidiú le cosc a chur ar an ró-iascaireacht agus córas rialaithe iascaigh níos éifeachtaí agus níos comhchuibhithe a chruthú, agus leas iomlán á bhaint as teicneolaíochtaí nua-aimseartha. Cuimsítear leis sin úsáid a bhaint as cianfhaireachán leictreonach agus TCI ar bord soithí iascaireachta, agus úsáid éigeantach uirlisí digiteacha i ndeimhniú gabhála agus i bpróisis inrianaitheachta ar mhaithe le hiompórtálacha a fhaightear ó iascaireacht neamhdhleathach a chosc.

Ba dhiol sásaimh don Choimisiún an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Cuir deireadh le Teascadh Eití — Cuir deireadh leis an trádáil', inar iarradh air

deireadh a chur leis an trádáil idirnáisiúnta in eití scaoilte siorcanna, ag tosú le cosc a chur ar an trádáil ar mhargadh an Aontais. Breithneoidh an Coimisiún an bhfuil gá le reachtaíocht. Cuirfidh sé dlús freisin le forfheidhmiú bhearta inrianaitheachta an Aontais agus rachaidh sé i dteagmháil le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun siorcanna a chosaint agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe ar fud an domhain.

Tar éis breis agus 10 mbliana de chaibidlíocht iltaobhach, glacadh an Conradh maidir leis an Mórmhuir i mí an Mheithimh. Is éacht stairiúil é an conradh seo maidir le hiarrachtaí chun an t-aigéan a chosaint, chun dul i ngleic le díghrádú an chomhshaoil, chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun cailliúint na bithéagsúlachta ar an mórmhuir a chosc. Bhí sé ina thosaíocht ag an Aontas agus ag a Bhallstáit, agus bhí siad i gceannas ar an gcaibidlíocht ar an leibhéal domhanda. Tiocfaidh an conradh i bhfeidhm nuair a bheidh sé daingnithe ag 60 páirtí.

Ghlac an tAontas go foirmiúil le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais Iascaigh thar ceann na mBallstát. Tá an comhaontú rithábhachtach chun a chinntiú gurb í an inbhuanaitheacht an príomhchuspóir sna fóirdheontais iascaigh agus nach ndéanfar dochar do na haigéin agus do na stoic éisc ar a mbraitheann slíte maireachtála na bpobal cósta ar fud an domhain. Tiocfaidh sé i bhfeidhm nuair a bheidh na próisis daingniúcháin intíre curtha i gcrích ag dhá thrian de na 164 chomhalta den eagraíocht.



An tsoghluaisteacht inbhuanaithe

Tá infheistíocht á déanamh ag an Aontas i réimse leathan tionscadal iompair chun feabhas a chur ar bhonneagar trasteorann agus chun teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa 2021-2027. I measc na dtionscadal a fuair cistiú ón Aontas in 2023 tá mórnaisc iarnróid trasteorann, go háirithe Brenner Base Tunnel (lena nasctar an Iodáil agus an Ostair), Rail Baltica (lena nasctar na trí stát Bhaltacha agus an Pholainn leis an gcuid eile den Eoraip) agus an stráice trasteorann idir an Ghearmáin agus an Ísiltír (Emmerich-Oberhausen). Leis an €6.2 billiún de chistiú, tacaítear le tionscadail a chuireann le gréasán iarnróid, uiscebhealaí intíre, bóithre agus bealaí muirí atá níos éifeachtúla, níos glaise agus níos cliste, agus a bhformhór ag dul chuig modhanna iompair inbhuanaithe. Chun feabhas a chur ar naisc iarnróid trasteorann ar fud na hEorpa, d'fhógair an tAontas tacaíocht in 2023 le haghaidh 10 dtreoirthionscadal de chuid an Aontais lena mbunaítear seirbhísí iarnróid nua nó lena bhfeabhsaítear na cinn atá ann cheana — rud a fhágann go mbeidh na seirbhísí sin níos tapúla, níos minice agus níos inacmhainne.



Adina Vălean, an Coimisinéir Eorpach um Iompar (ar dheis), le linn Laethanta Soghluaisteachta Uirbí 2023 in Sevilla, an Spáinn, an 4 Deireadh Fómhair 2023.



Eitlíocht

I mí Dheireadh Fómhair, ghlac an tAontas an Rialachán Eitlíochta ReFuelEU chun úsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a chur chun cinn. Leis na rialacha nua, ceanglófar ar sholáthróirí breoslaí eitlíochta breoslaí inbhuanaithe a chumasc le ceirisín i méideanna méadaitheacha ó 2025. Tuartar go laghdóidh sé sin astaíochtaí CO₂ ó aerárthaí faoi thart ar dhá thrian faoi 2050 i gcomparáid le cás neamhghníomhaíochta, agus go soláthróidh sé tairbhí don aeráid agus do cháilíocht an aeir.

Tá an Chomhghuaillíocht um Eitlíocht Astaíochtaí Nialasacha, a seoladh in 2022, ag ullmhú chun aerárthaí faoi thiomáint hidrigine agus aerárthaí leictreacha a chur i seirbhís. Tá beagnach 300 saineolaí ó 141 balleagraíocht na comhghuaillíochta ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna atá rithabhachtach dá gcur i bhfeidhm. Sa tuarascáil ar dhul chun cinn a d'fhoilsigh an chomhghuaillíocht, áitítear nach mór na blianta atá le teacht a úsáid chun creat rialála iomchuí a bhunú.



Loingseoireacht

Leis an Rialachán Muirí Fuel EU, a ghlac an tAontas i mí Iúil, cuirfear chun cinn úsáid breoslaí níos glaine agus fuinnimh le haghaidh muiroiompair, lena n-áirítear go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar dhéine gás ceaptha teasa na mbreoslaí a úsáideann an earnáil le himeacht ama — laghdú 2 % in 2025 go dtí suas le 80 % faoi 2050.


Ba dhíol sásaimh don Aontas an comhaontú ar thángthas air ag an Eagraíocht Mhuirí Idimáisiúnta chun sprioc a leagan síos maidir le glan-astaíochtaí nialasacha ó longa 'faoi nó thart timpeall, i.e. gar do 2050'. Ba dhíol sásaimh di freisin na seicphointí tásachacha: ar a laghad 20 % — ag iarraidh 30 % — in 2030, agus 70 % ar a laghad — ag iarraidh 80 % — in 2040 (i gcomparáid le leibhéal 2008).

Ina theannta sin, d'infheistigh an tAontas os cionn €540 milliún i mbonneagar breoslaí malartacha feadh an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair. Beidh thart ar 14 000 pointe luchtaithe agus 81 stáisiún athbhreoslaithe hidrigine mar thoradh air sin, mar aon le leictriú calafort agus aerfort.

Mhol an tAontas freisin athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte, arb é is aidhm dó iompar lasta a dhéanamh níos inbhuanaithe trí fheabhas a chur ar an iomaíochas a bhaineann le dhá mhodh iompair nó níos mó a úsáid.

Tá athbhreithniú curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún ar na caighdeáin maidir le hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó fheithiclí tromshaothair, cuir i gcás trucaillí, busanna cathrach agus busanna fad-achair. Is iad sin is cúis le breis agus 25 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ó iompar de bhóthar san Aontas agus le breis agus 6 % d'astaíochtaí iomlána an Aontais. Chun úsáid níos gaiste busanna astaíochtaí nialasacha a spreagadh i gcathracha, mhol an Coimisiún go mbeidh gach bus uirbeach nua ina bhus astaíochtaí nialasacha ó 2030 ar aghaidh.

Astaíochtaí CO₂ ó fheithiclí tromshaothair a laghdú



íomhá: © Adobe Stock.

Ag gníomhú ar bhonn domhanda ar son an phláinéid

Le Comhdháil 2023 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP28) in Dubai, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha, tugadh i gcrích an chéad athbhreithniú domhanda faoi Chomhaontú Pháras chun a fháil amach cé mhéad dul chun cinn atá déanta ag tíortha ó glacadh an comhaontú domhanda maidir leis an athrú aeráide.



↑
FÍSEÁN Torthaí COP28.

D'éirigh leis an Aontas, in éineacht le comhpháirtithe ó gach cearn den domhan, an deis a choinneáil beo maidir leis an ngealltanas a rinneadh i bPáras in 2015 chun an méadú ar an meánteocht dhomhanda a theorannú do 1.5 °C. Á aithint dóibh nach bhfuil an domhan ar an mbóthar ceart chun an sprioc sin a bhaint amach, chomhaontaigh na páirtithe bealach chun filleadh ar an gcúrsa.

Chomhaontaigh na páirtithe uile aistriú ó bhreoslaí iontaise agus gníomhú go práinneach le linn

na 10 mbliana criticiúla seo ar mhaithe leis an aeráid. Agus béim ar leith á leagan sna cainteanna ar earnáil an fhuinnimh, d'aontaigh tíortha gníomhaíocht a dhéanamh chun astaíochtaí a laghdú 43 % faoi 2030 agus an domhan a chur ar an mbealach ceart chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050, i gcomhréir leis an eolaíocht is fearr atá ar fáil.

Bhí an tAontas i gceannas ar thionscnamh domhanda ag an gcomhdháil chun acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite dhomhanda a mhéadú faoi thrí agus chun ráta na bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt faoi 2030, agus seoladh an Gealltanas Domhanda maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus Éifeachtúlacht Fuinnimh le linn na gcainteanna. Le tacaíocht ó Uachtaránacht COP28, agus le tacaíocht ó 130 tír, d'fhorhnuigh an domhan ar fad an gealltanas i ndoiciméad deiridh na comhdhála, Comhdhearcadh Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha.

D'fhógair an tAontas go ndéanfaid sé €2.3 billiún a infheistiú ó bhuiséad an Aontais chun tacú leis an aistriú fuinnimh i gComharsanacht na hEorpa agus ar fud an domhain sa 2 bhliain amach romhainn, trí straitéis Global Gateway (féach Caibidil 8).

Faoin nGealltanas Domhanda maidir le Meatán, a sheol an tAontas agus na Stáit Aontaithe in 2021, tá níos mó ná 150 tír ag cur sprioc chomhchoiteann chun feidhme anois maidir le hastaíochtaí meatáin domhanda a laghdú 30 % ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéal 2020. Ag COP28, d'fhógair an tAontas agus a Bhallstáit chistiú de €175 mhilliún chun tacú leis an Ráibrás Airgeadais Meatáin chun borradh a chur faoin laghdú meatáin.

→
Wopke Hoekstra, an Coimisinéir Eorpach um Ghníomhaíocht ar mhaithe leis an Aeráid ag COP28, Dubai, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha, an 8 Nollaig 2023.





Maroš Šefčovič, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar an gComhaontú Glas don Eoraip, ar an gCaidreamh Idirinstitiúideach agus ar an bhFadhbheathnaitheacht, ag glacadh páirt i gcrúinniú Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide i gcomhthéacs COP28 in Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an 4 Nollaig 2023.

Tugadh aghaidh freisin san athbhreithniú domhanda ar na modhanna chun an t-aistriú is gá a chur chun feidhme, agus tháinig na páirtithe ar chomhaontú maidir leis na céimeanna deiridh chun an sprioc nua chainníochtaithe chomhchoiteann maidir le maoiniú don aeráid a leagan síos ag comhdháil na bliana seo chugainn. Comhaontaíodh freisin ag an gcomhdháil creat don Sprioc Dhomhanda maidir le hOiriúnú, arb é is aidhm di athléimneacht an domhain i gcoinne an athraithe aeráide a neartú.

Chuidigh an tAontas leis an gCiste nua Caillteanais agus Damáiste a oibríochtú, rud a chuideoidh le tíortha i mbéal forbartha a bhfuil leochaileacht faoi leith acu d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide. Ranníoc an tAontas agus a Bhallstáit níos mó ná €400 milliún leis an gciste — os cionn dhá thrian de na gealltanais chistiúcháin tosaigh.

Chun aghaidh a thabhairt ar thionchar daonna na géarchéime aeráide i suíomhanna leochaileacha agus coinbhleachta, ghlac an tAontas páirt i dhá thionscnamh shuaitheanta nua a sheol uachtaránacht COP28: Tubaistí a thuar: Cairt maidir le maoiniú chun rioscaí a bhainistiú agus an Dearbhú maidir leis an Aeráid, an Fhóirithint, an Téarnamh agus an tSíocháin. Leagtar amach sa chairt prionsabail chun a chinntiú go mbainfear úsáid níos fearr as maoiniú chun rioscaí a bhainistiú agus chun daoine sna tíortha is leochailí a chosaint, agus iarrtar sa dearbhú tacaíocht airgeadais phráinneach don oiriúnú don athrú aeráide agus don athléimneacht sna tíortha sin.

Ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le hUisce i mí an Mhárta, an chéad chomhdháil dá leithéid le beagnach 50 bliain, dhearbhaigh an tAontas go bhfuil sé tiomanta go láidir athléimneacht agus slándáil dhomhanda uisce a chinntiú. Chuir toscaireacht an Aontais 33 ghealltanais dheonacha i láthair maidir leis an gClár Oibre Gníomhaíochta Uisce, arb é atá ann ardán chun dlús a chur leis an dul chun cinn domhanda maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaineann le huisce.

Ag tús na bliana, d'oibrigh an tAontas i gcomhar le 26 tír chun Comhghuaillíocht na nAírí Trádála maidir leis an Aeráid a sheoladh, arb é an chéad fhóram domhanda é ar leibhéal na n-airí atá dírithe ar shaincheisteanna trádála, aeráide agus forbartha inbhuanaithe. Tá sé mar aidhm ag an gcomhghuaillíocht beartais trádála a thugann aghaidh ar an athrú aeráide go háitiúil agus go domhanda a chur chun cinn.

Chruthaigh an tAontas comhghuaillíocht ghlas leis an Iorua i mí Aibreáin, agus ceann eile le Ceanada i mí na Samhna, chun an comhar maidir leis an aeráid, an comhshaol, fuinneamh agus tionscal glan a dhoimhniú. Bhunaigh an tAontas augs an Chóiré Theas Comhpháirtíocht Ghlas freisin i mí na Bealtaine, arb é is aidhm di an comhar a neartú agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le gníomhú ar son na haeráide, aistriú fuinnimh atá glan agus cothrom, cosaint an chomhshaoil, agus réimsí eile den aistriú glas.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Léiríonn an chéad athbhreithniú deonach a rinne an tAontas ar chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe go bhfuil sé lántiomanta do na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe, a ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe in 2015, a bhaint amach.

Chuir an tAontas an fhorbairt inbhuanaithe ina chroílár agus tá iarrachtaí á ndéanamh aige Clár Oibre 2030 a chur chun cinn, sa bhaile agus ar fud an domhain, trí thacú le tíortha comhpháirtíochta ina gcuid iarrachtaí cur chun feidhme.

Tá na spriocanna comhtháite ag an Aontas ina bheartais, ina bhuiséid agus ina phleanáil fhadtéarmach. Trína chur chuige cuimsitheach uile-rialtais, tá an Comhaontú Glas don Eoraip ar thús cadhnaíochta i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe agus níos rathúla do chách.



© AFP

4. Fuinneamh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe a chinntiú don Eoraip

Réamhrá

Tar éis dó aghaidh a thabhairt ar cheann de na géarchéimeanna fuinnimh domhanda is measa leis na blianta fada, rinne an tAontas Eorpach gníomhaíocht as cuimse in 2023 chun fuinneamh a shábháil, a sholáthar fuinnimh a éagsúlú agus dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan. Leis na héigeandálaí leanúnacha aeráide, comhshaoil agus bithéagsúlachta atá ag titim amach ar fud an domhain, leagadh béim bhreise ar an ngá atá le gníomhaíocht phráinneach. Le linn na bliana, lean an tAontas ag cur deireadh de réir a chéile le breoslaí iontaise na Rúise chun a gheilleagar a chosaint, agus an tráth céanna é a dhéanamh níos inbhuanaithe trí mhéadú a dhéanamh ar tháirgeadh fuinnimh

in-athnuaite agus ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh. Sheol sé athchóiriú cuimsitheach ar a mhargadh leictreachais ionas go mbeidh cosaint níos fearr ag tomhaltóirí ar shuaitheadh praghsanna fuinnimh. Thug an tAontas tionscnaimh nua isteach freisin chun borradh a chur faoina iomaíochas agus chun acmhainneacht thionsclaíoch a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí glana. Tá sé d'aidhm ag na tionscnaimh sin rochtain ar amhábhair chriticiúla a chinntiú agus spleáchais straitéiseacha i dteicneolaíochtaí criticiúla agus i slabhraí luacha a laghdú, agus ar an gcaoi sin slándáil eacnamaíoch agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a fheabhsú.

Slándáil fuinnimh

Deireadh a chur le húsáid na mbreoslaí iontaise ón Rúis de réir a chéile


Chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag daoine san Aontas Eorpach ar fhuinneamh atá inacmhainne, slán agus inbhuanaithe, sheol an tAontas [Plean REPowerEU](#) i mí na Bealtaine 2022. Is é is cuspóir dó spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú go mór trí níos mó fuinneamh glan a tháirgeadh sa bhaile, tomhaltas fuinnimh a laghdú agus soláthairtí fuinnimh an Aontais a éagsúlú. Laistigh den chéad 12 mhí tar éis a sheolta, bhí dul chun cinn suntasach déanta ag an Aontas maidir leis na trí sprioc sin.

Faoi dheireadh 2023, níor allmhairíodh ach 42.9 billiún méadar ciúbach (bcm) de ghás na Rúise chuig an Aontas ar an iomlán, i gcomparáid le 80 bcm in 2022 agus níos mó ná 150 bcm in 2021. Le linn na bliana, ba iad an Iorua agus an Afraic Thuaidh na príomhsholáthairtí gáis phiblíne don Aontas, agus ba iad na Stáit Aontaithe an príomhsholáthairtí gáis nádúrtha leachtaithe.

Sa bhreis ar REPowerEU, tá roinnt uirlisí ag cabhrú le Ballstáit an Aontais a soláthar gáis a éagsúlú. Ar cheann de na sásraí sin tá comhshásra ceannaigh gáis [AggregateEU](#) lenar féidir cuideachtaí gáis agus cuideachtaí a úsáideann gás teacht le chéile chun an téileamh a chomhthiomsú, comhordú a dhéanamh ar úsáid bonneagair, dul i mbun caibidlíochta le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus ullmhú le haghaidh comhcheannacháin gáis agus hidrigine.



Allmhairí gáis ón Rúis



Beart eile de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna slándála soláthair, a tugadh isteach in 2022, is ea an [Rialachán maidir le Stóráil Gáis](#), lena gceanglaítear ar na Ballstáit 90 % dá saoráidí stórála a líonadh faoin 1 Samhain chun stoic leordhóthanacha a ráthú don gheimhreadh. Chuidigh an beart sin lena chinntiú go raibh acmhainneacht 95 % ag na stoic roimh gheimhreadh 2022/2023. Agus praghsanna i bhfad níos ísle — agus níos lú luaineachta ag baint leo — ná mar a bhí in 2022, bhog an dul chun cinn maidir le stóráil a líonadh go tapa in 2023, agus bhain sé amach an sprioc 90 % an 18 Lúnasa agus d'fhan sé ag os cionn 95 % ag tús mhí na Nollag.



↑
Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh (an ceathrú duine ar chlé), agus Jens Stoltenberg, Ard-Rúnaí ECAT (an cúigiú duine ar chlé), ar cuairt ar chuideachta Equinor de chuid na hIorua, ar ardán eastósctha gáis nádúrtha é atá suite amach ó chósta thiar na hIorua, an 17 Márta 2023.



Iompróir gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) ag críochfort loingseoireachta a cuireadh in úsáid sa Ghearmáin le déanaí chun gás a allmhairiú mar mhalairt ar phiblínte gáis Nord Stream. Is gás nádúrtha é GNL a fuaraíodh, rud a athraíonn an gás go leacht arb é an sé chéadú dá thoirt bhunaidh é. Leis an laghdú suntasach sin is féidir é a sheoladh go sábháilte agus go héifeachtúil ar bord tancaeir GNL. Brunsbüttel, an Ghearmáin, Meán Fómhair 2023.

Tá roinnt tionscadail nua bonneagair fuinnimh a cuireadh i gcrích le 2 bhliain anuas tar éis cabhrú leis an Aontas foinsí malartacha soláthair gáis a dhaingniú. I measc na samplaí tá an Píobán Baltach agus an tIdirnascaire idir an Ghréig agus an Bhulgáir, mar aon le críochfoirt nua le haghaidh gás nádúrtha leachtaithe i mBallstáit éagsúla.

I mí na Samhna, ghlac an Coimisiún céim eile i dtreo córas fuinnimh an Aontais a chur in oiriúint don todhchaí tríd an gcéad liosta dá chuid de Thionscadail Leasa Choitinn a fhoilsiú atá go hiomlán i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Tá sé beartaithe

go nglacfar go foirmiúil é go luath in 2024. Foilsítear an liosta gach 2 bhliain agus tá tionscadail ann a chuirfidh feabhas ar idirnasacht chórais fuinnimh na mBallstát. Is féidir le nósanna imeachta ceadaithe agus maoiniú luathaithe dul chun tairbhe do na tionscadail. Is é an chéad liosta é faoin Rialachán maidir leis an nGréasán TrasEorpach Fuinnimh athbhreithnithe chun tionscadail breosla iontaise a eisiáimh agus tionscadail hidrigine agus leictrealóra a chur san áireamh. Áirítear ann freisin tionscadail lena nascfar córas fuinnimh an Aontais leis an Ríocht Aontaithe, leis na Balcáin Thiar agus le tíortha na hAfraice Thuaidh.

Rochtain ar fhuinneamh inacmhainne

Ó shamhradh 2021 i leith, tá praghsanna fuinnimh tar éis ardú go mór, rud a dhéanann an-difear do thomhaltóirí agus a chuireann go leor acu i mbaol na bochtaineachta fuinnimh. In 2023, dhírigh an tAontas ar rialacha a thabhairt isteach lena ndéanfaí an margadh fuinnimh a athchóiriú chun tomhaltóirí a chosaint ar shuaitheadh praghsanna amach anseo. Cuireann na bearta fadtéarmacha sin leis na bearta éigeandála a rinneadh in 2022, mar shampla an sásra margaidh a chuireann teorainn le praghsanna iomarcacha gáis agus rannchuidiú breise a fhorchuirtear ar chuideachtaí fuinnimh áirithe a bhfuil brabúis iomarcacha á ndéanamh acu.

Cé go bhfuil margadh fuinnimh aonair comhtháite go maith ag an Aontas a chuaigh chun tairbhe do

thomhaltóirí le breis agus 20 bliain anuas, tá sé léirithe ag an ngéarchéim fuinnimh go bhfuil gá le tuilleadh feabhsuithe. Sin é an fáth ar chuir an Coimisiún togra i láthair i mí an Mhárta 2023 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le dearadh mhargadh leictreachais an Aontais. Leis an athchóiriú sin, tabharfar níos mó ceart agus roghanna do thomhaltóirí, agus méadófar a gcosaint an tráth céanna trí bhillí fuinnimh a dhéanamh neamhspleách ar phraghas margaidh gearthéarmach an leictreachais agus trí mhargadh fuinnimh an Aontais a dhéanamh níos athléimní. Tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an athchóiriú ag deireadh na bliana.

Dearadh athbhreithnithe mhargadh leictreachais an Aontais:

Tá sé de cheart ag tomhaltóirí anois:

- conarthaí le praghsanna seasta, rud a fhágann gur féidir leo praghsanna slána, fadtéarmacha a ghaibhniú;
- ilchonarthaí;
- an fuinneamh in-athnuaite a tháirgeann siad a roinnt le comharsana.

- Cosnaíonn sé custaiméirí leochaileacha ar dhíscor.
- Tugann sé cosaint ar chúbláil mhargaidh agus ar éiginnteacht fuinnimh amach anseo.
- Ceanglaíonn sé ar sholáthraithe fuinnimh cosaint a thabhairt ar arduithe tobanna ar praghsanna agus ar an mbaol go dteipfidh orthu.



Chuidigh iarrachtaí an Aontais chun a sholáthairtí agus a sholáthraithe fuinnimh a éagsúlú freisin chun praghsanna fuinnimh — agus a luaineacht — a laghdú i gcomparáid leis na barrachais a bhí ann in 2022. Comhthiomsaítear éileamh agus comhcheannacháin fuinnimh le hArdán Fuinnimh an Aontais (agus go sonrach an sásra AggregateEU a luadh níos luaithe sa chaibidil). Is ionann sin agus praghsanna níos fearr do thomhaltóirí an Aontais.

Tá sásra tugtha isteach ag an gCoimisiún freisin chun buaiceanna praghsanna sa mhargadh gáis a cheartú trí phraghas tagarmhairc nua a bhunú le haghaidh gáis nádúrtha leachtaithe. Bhí gá leis sin mar mhalairt ar an gcur chuige a bhí ann roimhe seo inar úsáideadh praghas an gháis a d'úsáid Saoráid Aistrithe Teidil na hÍsiltíre mar ionadach. Mar sin

féin, ní raibh an praghas sin iontaofa a thuilleadh toisc nár léirigh sé dálaí nua an mhargaidh. Foilsíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh figiúr tagarmhairc go rialta anois, rud a léiríonn i bhfad níos lú luaineachta ná praghas na Saoráide Aistrithe Teidil.

Ar deireadh, chuir an tAontas ar a gcumas do na Ballstáit tacaíocht dhíreach a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide trí bhearta eisceachtúla ar a dtugtar SAFE (Tacú le Fuinneamh Inacmhainne). Ag teacht faoi rialacha an bheartais chomhtháthaithe, cuireann na bearta sin ar a gcumas do na Ballstáit cistí AE nár caitheadh a úsáid faoina leithdháileadh 2014-2020 chun tacaíocht dhíreach a chur ar fáil do ghrúpaí atá i mbaol a bhfuil costais mhéadaithe fuinnimh ag bagairt orthu.

Úsáid éifeachtúil fuinnimh

Is í earnáil an fhuinnimh — téamh tithe, earnáil na tionsclaíochta cumhachtaithe agus earnáil an iompair is cúis le beagnach trí cheathrú d'astaíochtaí gáis ceaptha teasa ar fud an domhain. Ciallaíonn sé sin go ndéanann laghdú an tomhaltais fuinnimh difear mór sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide. Is

mian leis an Aontas a chuid astaíochtaí a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéal 1990), mar a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip (féach Caibidil 3).

I ngeimhreadh 2022/2023 — a bhuí le geimhreadh níos teo agus le hiarrachtaí comhphárteacha an Aontais, a Bhallstát, daoine aonair agus cuideachtaí — tháinig laghdú 18 % (nó 53 bcm) ar thomhaltas gáis san Aontas. Mar sin féin, chun cothromaíocht chúramach a choinneáil idir soláthar agus éileamh fuinnimh, tá gá fós le bearta deonacha chun fuinneamh a shábháil. Dá bhrí sin, cuireadh síneadh leis an rialachán éigeandála maidir le tomhaltas gáis a laghdú (a comhaontaíodh ar dtús i mí Iúil 2022). Is é an aidhm atá ann tomhaltas a laghdú 60 bcm eile idir mí Aibreáin 2023 agus mí an Mhárta 2024. Cuireadh síneadh le rialacha éigeandála eile ó 2022 maidir leis an sásra ceartúcháin margaidh, rialacha dlúthpháirtíochta agus ceadú chun fadhbanna breise a chosaint.



© Adobe Stock

Leis an Treoir nua maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, bunaíodh spriocanna fadtéarmacha níos uailmhianaí maidir le tomhaltas fuinnimh.



Sprioc nua chun tomhaltas fuinnimh a laghdú 11.7 % faoi 2030 i gcoibhneas leis an tomhaltas tuartha (ba é 9 % an sprioc bhunaidh a moladh in 2021).



Ní mór do na Ballstáit coigilt bhliantúil 1.3 % den tomhaltas fuinnimh deiridh a bhaint amach faoi 2024, ag ardú go 1.9 % faoi 2028, suas ó leibhéal 2023 de 0.8 %.

Bealach tábhachtach eile chun fuinneamh a shábháil is ea feabhas a chur ar úsáid fuinnimh i bhfoirgnimh. Cabhróidh an comhaontú polaitiúil maidir le hathbhreithnithe ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh i mí na Nollag le hearnáil na tógála a tomhaltas fuinnimh a laghdú agus foirgnimh a dhéanamh níos glaise. Leagtar amach sna hathbhreithnithe sin raon beart a chuideoidh le rialtais an Aontais borradh a chur faoi fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh, agus leagfar béim ar leith ar na foirgnimh is neamhfheidhmiúla a fheabhsú.

Déantar coigilteas fuinnimh a bhaint amach ní hamháin trí níos lú fuinnimh a úsáid agus trína úsáid ar bhealach níos éifeachtúla, ach freisin trí dhearadh na dtáirgí agus na bhfearas laethúil ag monaróirí. Sonraítear i rialacha nua éicidhearthóireachta an Aontais gur cheart fearais leictreacha níos lú fuinnimh a úsáid sa mhód fuireachais, rud a thugann 2 bhliain

do mhonaróirí feabhas a chur ar fheidhmíocht a dtáirgí. Tá triomadóirí rothlaim, téitheoirí spáis áitiúla, fóin phóca, táibléid agus gaothráin thionsclaíocha i measc na dtáirgí atá faoi réir na rialacha nua nó athbhreithnithe, agus rialacha níos déine. Léireofar na hathruithe sin i lipéad fuinnimh an Aontais, lipéad a aithníonn agus a úsáideann tomhaltóirí san Aontas fós go forleathan.

Tá sé d'aidhm ag an Aontas táirgí inbhuanaithe a bheith ina ngnás. I dtreo dheireadh na bliana, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe, a moladh i mí an Mhárta 2022, lena dtugtar dúshlán don tsamhail thraidisiúnta tomhaltais 'tóg-déan-diúscair'. Tá sé d'aidhm ag an tionscnamh deimhin a dhéanamh de go dtógtar táirgí sa chaoi go mairfidh siad, rud a laghdóidh an dramhail agus a chaomhnóidh acmhainní.



Measann an Coimisiún go sábhálfar 1.36 tona dé-ocsaide carbóin in aghaidh na bliana trí thomhaltas leictreachais táirgí i mód fuireachais a laghdú. Téann an coigilteas sin chun tairbhe freisin do thiachóga tomhaltóirí, agus meastar gurb é €530 milliún in aghaidh na bliana an coigilteas iomlán a bheidh ann do thomhaltóirí faoi 2030.

Dlús a chur le táirgeadh an fhuinnimh ghlais

Tá athrú chuig fuinneamh glan in-athnuaite ríthábhachtach chun sprioc an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip maidir le hEoraip aeráidneodrach a bhaint amach. Dírítear i bPlean REPowerEU, atá lárnach san aistriú sin, ar tháirgeadh fuinnimh ghlais, ar dheireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise na Rúise agus ar chaomhnú fuinnimh a chur chun cinn. Tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais ríthábhachtach chun tacú le REPowerEU, lena gcuirtear tacaíocht airgeadais agus straitéiseach ar fáil don aistriú i dtreo fuinneamh inathnuaite agus don sprioc níos leithne Eoraip aeráidneodrach a bhaint amach.


Tá ról mór ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta maidir le tionscadail agus bonneagar fuinnimh ghlais a mhaoiniú chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite, agus thart ar 42 % dá cistí tiomnaithe don aistriú glas. (Féach Caibidil 2 le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an tsaoráid.) Tá a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta á leasú ag na Ballstáit chun caibidil tiomnaithe REPowerEU a chur san áireamh, rud a chiallaíonn go léireoidh siad conas a thabharfaidh siad aghaidh ar a chuspóirí ina bpleananna téarnaimh. Go dtí seo, tá 23 Bhallstát tar éis a gcaibidlí REPowerEU a chur isteach, agus €61.87 billiún ó na pleananna leasaithe á leithdháileadh ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar

ghr easáin fuinnimh, lena n-áirítear €35.51 billiún go sonrach le haghaidh giniúint fuinnimh in-athnuaite. Cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar a gcumas do na Ballstáit freisin cistiú a leithdháileadh ar Thionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne i réimsí amhail hidrigin agus ceallraí.

Chomh maith le tacaíocht na saoráide d'infheistíocht i dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite aibí agus nuálacha araon, tugadh raon tionscnamh níos leithne isteach in 2023 chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin struchtúracha a dhéanann difear d'earnáil fuinnimh ghlain an Aontais. Tá sé d'aidhm ag ceann de na tionscnaimh sin, Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, feabhas a chur ar iomaíochas na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas (agus dlús á chur leis an aistriú chuig neodracht aeráide dá réir) trí chur le láidreachtaí an Mhargaidh Aonair. Tá rialacháin simplithe ag an Aontas ionas go mbeidh sé níos éasca na hamhábhair is gá le haghaidh teicneolaíochtaí glana a fháil, agus tá sé níos éasca maoiniú a fháil le haghaidh teicneolaíocht fuinnimh ghlais dá bharr. Tá sé tiomanta do dhaoine a uas-sciliú agus a athsciliú chun oibriú in earnáil na teicneolaíochta glaine, agus do thrádáil oscailte a fheabhsú chun rochtain ar amhábhair a chinntiú agus ionas go mbeidh rath ar theicneolaíochtaí glasa. Mar thoradh air sin, bainfidh pobail tairbhe as na poist ardcháilíochta a chuireann tionscal na teicneolaíochta glaine ar fáil, agus bainfidh daoine aonair tairbhe as na buntáistí a bhaineann le comhshaol níos glaine agus gilleagar margaidh níos inbhuanaithe.

An Comhaontú Glas don Eoraip

An chéad mhór-roinn aeráidneodrach a dhéanamh den Eoraip faoi 2050



Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais

Forbairt a dhéanamh ar an acmhainneacht thionsclaíoch do na teicneolaíochtaí glana atá mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip.

REPowerEU

Freagairt ar shuaitheadh sa mhargadh fuinnimh le fuinneamh inacmhainne slán inbhuanaithe don Eoraip.

An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

Téarnamh a dhéanamh ón bpaindéim agus a bheith ag ullmhú don aistriú glas agus don aistriú digiteach.

Tá an Plean Tionsclaíoch Glas bunaithe ar cheithre cholún chomhlántacha



Timpeallacht rialála
intuathartha agus
shimplithe



Rochtain níos tapúla ar
mhaoiniú



Scileanna feabhsaithe



Trádáil oscailte do
shlabhraí soláthair
athléimneacha

Mar chuid de Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais — a bhaineann go sonrach le simpliú na timpeallachta rialála d'earnáil na teicneolaíochta glaine — thug an Coimisiún tograí isteach freisin i mí an Mhárta 2023 le haghaidh Gnímh um Amhábhair Chriticiúla agus Gnímh um an Tionscal GlanNialasachta. Oibreoidh an dá ghníomh sin i gcomhar le chéile chun tacú le hacmhainneacht monaraíochta glan-nialasachta an Aontais agus chun a chinntiú go mbeidh fáil ar amhábhair riachtanacha chun teicneolaíochtaí glana a mhonarú san Aontas.

I bhfianaise an éilimh dhomhanda ar amhábhair chriticiúla, agus i dtimpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa agus ag éirí níos dúshlánaí, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go mbeidh rochtain ag an Aontas ar sholáthar slán agus inbhuanaithe na nábhar sin. Tá sé sin ríthábhachtach freisin d'iomáiochas an Aontais, go háirithe in eamálacha amhail teicneolaíochtaí glasa agus digiteacha agus i dtionscail na cosanta agus an aerospáis.

Chomhaontaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle go foirmiúil i mí na Samhna, neartóidh an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla acmhainní intíre d'amhábhair chriticiúla ar fud an tslabhra soláthair ar fad. Bunaítear leis spriocanna soiléire chun acmhainneachtaí eastósctha, próiseála agus athchúrsála a mhéadú faoi 2030. Thairis sin, déanfaidh an tAontas a fhoinsí allmhairiúcháin a éagsúlú ionas nach mbeifear ag brath ar aon soláthróir aonair le haghaidh níos mó ná 65 % dá thomhaltas. San áireamh leis an straitéis sin comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a bhunú, arna dtacú ag an Tairseach Dhomhanda.

Leis an nGníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta, neartófar athléimneacht agus iomaíochas eamáil an Aontais maidir le monaraíocht na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta, rud a chuirfidh le córas fuinnimh níos sláine agus níos inbhuanaithe. Leis an ngníomh, cuirfear feabhas ar na dálaí chun tionscadail glan-nialasachta a bhunú san Aontas agus chun infheistiú a mhealladh. Leagtar síos sprioc uailmhianach ann: faoi 2030, ba cheart acmhainneacht straitéiseach an Aontais maidir le monaraíocht teicneolaíochta glan-nialasachta 40 % de riachtanais úsáide an Aontais a chomhlíonadh nó a sháru. Má bhaintear an méid sin amach, cuirfear dlús mór leis an dul chun cinn i dtreo spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 an Aontais Eorpaigh agus i dtreo an aistrithe níos leithne i dtreo na haeráidneodrachta. Thairis sin, cuirfidh sé borradh faoi iomaíochas thionscal an Aontais, cruthóidh sé poist ardcháilíochta agus tacóidh sé le hiarrachtaí an Aontais neamhspleáchas fuinnimh a bhaint amach.


Amhábhair chriticiúla

Is iad amhábhair chriticiúla atá mar thúsphointe ag go leor slabhraí soláthair tionsclaíocha agus tá an téileamh atá orthu ar fud an domhain ag dul i méid.



Tá na dúile tearc-chré ina bpríomhchomhpháirteanna de mhaighnéid bhuana a úsáidtear i mótair tuirbíní gaoithe.

Úsáidtear litiam, cóbalt agus nicil i monarú ceallraí.



Úsáidtear síleacan i leathsheoltóirí.



Ar deireadh, léirítear freisin i mbeartas fuinnimh an Aontais an aidhm atá aige dlús a chur le húsáid foinsí inathnuaite fuinnimh, go háirithe iad siúd a tháirgtear san Eoraip. Ar cheann de na garspiorcanna is mó a bhí ann in 2023 bhí an tathbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite chun dlús a chur le leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite. Leis an athbhreithniú sin, ardaíodh sprioc an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite go dtí íosmhéid 42.5 % faoi 2030, agus é mar uailmhian 45 % a bhaint amach, i gcomparáid leis an sprioc 32 % a socraíodh in 2018. Leis an treoir athbhreithnithe, tugtar aghaidh ar scrogaill agus neamhéifeachtúlachtaí le déanaí trí bhearta nua a thabhairt isteach maidir le hidrigin in-athnuaite agus maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh san iompar agus sa tionsclaíocht. Soiléirítear leis freisin saincheistean teicniúla, lena n-áirítear critéir inbhuanaitheachta le haghaidh bithfhuinnimh, agus déantar buanú ar na rialacha sealadacha a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo chun na nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail fuinnimh inathnuaite a ghiorrú agus a shimpliú.

Fuinneamh in-athnuaite

Tar éis don Aontas Straitéis an Aontais maidir le Fuinneamh Gréine a ghlacadh agus an Chomhpháirtíocht Thionsclaíoch maidir le Bithmheatán a sheoladh in 2022, d'aistrigh sé a fhócas chuig hidrigin in-athnuaite agus cumhacht ghaoithe in 2023.

Ó thaobh hidrigine de agus tús á chur le húsáid na teicneolaíochta nua seo, ba é an chéad chéim ná sainmhíniú a thabhairt ar cad atá i gceist le hidrigin in-athnuaite. Leagadh an méid sin amach sna Gníomhartha Tarmligthe Hidrigine, inar sonraíodh freisin an tábhacht a bhaineann le fuinneamh inathnuaite breise a chruthú chun hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh.

Tá sé ríthábhachtach na caighdeáin sin de chuid an Aontais a leagan síos chun an earnáil sin a leathnú.

I mí na Nollag, ba chloch mhíle mhór eile é comhaontú polaitiúil maidir leis an bpacáiste gáis (sealcharbóin agus hidrigine. Ceapadh an tionscnamh seo chun úsáid gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar mhargadh hidrigine in-athnuaite a bhunú.

I mí an Mhárta, d'fhoilsigh an Chomhghuaillíocht Eorpach don Hidrigin Ghlan — a bunaíodh in 2020 chun tacú le teicneolaíochtaí hidrigine glaine a chur in úsáid ar mhórsála faoi 2030 — treochlár maidir le caighdeánú hidrigine. Tugann sé forléargas cuimsitheach ar na bearnaí sa chaighdeánú, ar na dúshláin agus ar na riachtanais a shainaithe comhaltá na comhghuaillíochta. D'fhoilsigh an chomhghuaillíocht freisin Leabhar Foghlama maidir le Conairí Soláthair Hidrigine, ina dtugtar forléargas cothrom le dáta ar éabhlóid na bpríomhthionscadal bonneagair ar fud an Aontais a cheanglaítear chun Cnámh Droma Hidrigine Eorpach ísealcharbóin a bhunú. Is tionscnamh é seo a bhfuil sé d'aidhm aige úsáid a bhaint as píblínte gáis atá ann cheana agus as píblínte nua araon chun gréasán hidrigine a chruthú ar fud na mórroinne.

A mhéid a bhaineann le táirgeadh hidrigine in-athnuaite, d'athnuaigh an Chomhpháirtíocht Eorpach um Leictreoirí a tiomantas don dearbhú comhpháirteach in 2022 maidir le hacmhainneacht monaraíochta leictrealóirí an Aontais a leathnú faoi 10 faoi 2025.

Mhol an Coimisiún freisin saoráid uile-Eorpach hidrigine a bhunú, ar a dtugtar an Banc Eorpach Hidrigine. Cinnteoidh an Banc Hidrigine go mbeidh slándáil infheistíochta agus deiseanna gnó ann maidir le táirgeadh hidrigine in-athnuaite san Eoraip agus ar fud an domhain. Déanfaidh sé é sin trí dhá shásra maoinithe (ceann amháin chun táirgeadh hidrigine

→ Kadri Simson, an Coimisinéir Eorpach um Fuinneamh (ar chlé), agus Pascal De Buck, Stiúrthóir Bainistíochta agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fluxys, ar chualairt ar an láthair le linn tógáil píblíne gáis ina n-íompraítear hidrigin, Lokeren, an Bheilg, an 7 Iúil 2023.





Frans Timmermans, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar an gComhaontú Glas don Eoraip, agus é ag labhairt ag Cruinniú Mullaigh 2023 faoi Hidrigin, Rotterdam, an Ísiltír, an 11 Bealtaine 2023.



san Aontas a spreagadh, an ceann eile le haghaidh allmhairí idirnáisiúnta isteach san Aontas); trí éileamh agus riachtanais bhonneagair a mheasúnú; agus trí fhoinsí éagsúla cistiúcháin a chomhordú le haghaidh infheistíocht níos cuíchóirithe sa hidrigin inbhuanaithe.

Shínigh an Coimisiún dearbhuí comhpháirteach le geallsealbhoirí Eorpacha i mí an Mhárta chun borradh a chur faoin taighde agus faoin nuálaíocht maidir le hidrigin in-athnuaite chun úsáid hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn agus chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan.


Tá beart déanta ag an Aontas freisin chun dlús a chur le húsáid agus nuálaíocht na cumhachta gaoithe. Murab ionann agus cumhacht hidrigine — atá fós ina luathchéimeanna — is scéal rathúil í eanáil chumhacht na gaoithe san Aontas cheana féin. Tá costas cothromaithe fuinnimh bainte amach ag an eanáil sin atá ar comhchéim le costas na mbreoslaí iontaise nó faoina bhun fiú, agus in 2023 (Eanáir go Lúnasa), b'ionann fuinneamh gaoithe, ar an meán, agus 17.2 % den leictreachas a úsáidtear san Aontas. Mar sin féin, tá roinnt saincheisteanna fós ann. Cuid de na dúshláin atá le sárú is ea moilleanna, ganntanais scileanna agus an chaoi a bhfuil tairiscintí náisiúnta deartha sa chaoi go dtugann siad tús áite don chostas seachas don inbhuanaitheacht. Thairis sin, níl pleananna soiléire maidir le cur in úsáid gaoithe tugtha ag na Ballstáit do mhonaróirí tuirbíní gaoithe, rud a dhéanann níos casta pleanáil tionscadal tráth atá iomaíocht dhomhanda ann agus borradh faoi chostais tráchtearraí.

Chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna atá fós ann san eanáil, chuir an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta Eorpach um Chumhacht Gaoithe i láthair i mí Dheireadh Fómhair.

Áirítear sa phlean gníomhaíochta seoladh an tionscnaimh Accele-RES, rud a chuideoidh leis an bpróiseas ceadaithe a dhigitiú agus lena seolfar uirlis thiomnaithe ar líne chun cabhrú le nósanna imeachta ceadaithe. Ina theannta sin, neartóidh an plean iomaíochas thionscal monaraíochta gaoithe an Aontais trína dhéanamh níos éasca do mhonaróirí an Aontais rochtain a fháil ar mhargai eachtracha; cosaint ar shaobhadh trádála (amhail fóirdheonú éagórach táirgí a bhaineann leis an ngaoth a allmhairítear isteach san Aontas); agus trealamh fuinnimh gaoithe a chaighdeánú chun idirinoibritheacht, cáilíocht agus inbhuanaitheacht a fheabhsú.

Ar deireadh, chuir 21 Bhallstát gealltanais ghaoithe isteach ag deireadh 2023, inar léiríodh na tionscadail chumhachta gaoithe agus na méideanna úsaide fuinnimh gaoithe atá beartaithe acu don tréimhse go díreach romhainn (2024-2026). Cruthóidh sé sin níos mó cinnteachta do mhonaróirí agus d'infheisteoirí araon, rud a fhágfaidh go seolfar níos mó tionscadail cumhachta gaoithe.

Tá sé phríomhchuid sa Phlean Gníomhaíochta Eorpach um Chumhacht Gaoithe a thugann aghaidh ar ábhair imní ghaolmhara, agus a chuideoidh le hacmhainneacht cumhachta gaoithe a mhéadú ó 204 GW in 2022 go dtí an sprioc inmhianaithe 500 GW in 2030





Saoráid stórála fuinnimh ceallra-bhunaithe (arna cur chun feidhme ag Energy Cells), 200 meigeavata san iomlán agus toilleadh 200 meigeavatuair an chloig aici. Fuair an tionscadal seo cistiú €87.6 milliún ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus cuirfidh sé ar chumas na Liotuáine dícheangal ón eangach leictreachais atá faoi rialú na Rúise agus, ag an am céanna, cuideoidh sé léi sioncrónú le heangach leictreachais ilchríochach na hEorpa, Vilnius na Liotuáine, an 25 Iúil 2023.

Tacú leis an aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite

Ciallaíonn athrú go fuinneamh in-athnuaite freisin bealaí a aimsiú chun é a ghabháil agus a stóráil in amanna nuair, mar shampla, nach bhfuil an ghaoth ag séideadh agus nach bhfuil an ghrian ag taitneamh.

Bealach amháin chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a stóráil is ea úsáid a bhaint as cadhnraí. Ó 2017 i leith, tá ról ríthábhachtach ag Comhghuaillíocht Ceallraí an Aontais, arna bunú ag an Aontas chun tacú le héiceachóras ceallraí na hEorpa, ó thaobh tacú leis an dul chun cinn sa réimse sin. Tionóladh an seachtú cruinniú ardleibhéil i mí an Mhárta 2023, agus leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé go leor daoine a bheith ann a bhfuil na scileanna is gá do thionscal na gceallraí.

Is gnéithe tábhachtacha eile den aistriú chuig foinsí in-athnuaite fuinnimh iad aistriú cóir agus uassciliú a chinntiú i dtionscail a ndéanann an t-aistriú chuig fuinneamh glan difear dóibh. I bhfianaise an mhéid

sin, d'ainmnigh an tAontas Eorpach 2023 mar Bhliain na Scileanna (léigh tuilleadh faoin méid sin i gCaibidil 6).

In 2023, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna ar leith trí thionscnaimh amhail an Plean Gníomhaíochta um Chumhacht Gaoithe, chabhraigh an Coimisiún le comhpháirtíocht scileanna ar mhórsála a sheoladh le haghaidh tionscail dianfhuinnimh agus comhpháirtíocht scileanna fuinnimh in-athnuaite ar mhórsála. Cinnteoidh na comhpháirtíochtaí sin go mbeidh na scileanna cearta ag lucht saothair na dtionscal sin chun coinneáil suas le haistriú an Aontais chuig fuinneamh in-athnuaite agus chun cabhrú leo dul i ngleic leis an margadh saothair atá ag athrú. Tá sé d'aidhm ag na comhpháirtíochtaí bearnaí scileanna a shainathint agus curaclaim agus cláir oiliúna iomchuí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin.

Aistriú fuinnimh earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe

I mí Feabhra 2023, chuir an Coimisiún teachtaireacht i láthair maidir le haistriú fuinnimh earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais. Tá sé d'aidhm ag na bearta faoin tionscnamh tacú le haistriú na hearnála chuig foinsí fuinnimh níos glaine, agus ar an gcaoi sin cuidiú le spleáchas reatha na hearnála ar bhreoslaí iontaise a laghdú, rud atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus a fhágann go bhfuil sí leochaileach i leith méaduithe ar phraghsanna fuinnimh freisin. (Chun tuilleadh sonraí a fháil féach Caibidil 3.)



Dearadh soitheach iascaireachta éiceabhách de chuid na Danmhairge, lena mbaineann coigilteas breosla 25 % ar a laghad in aghaidh an chileagraim de tháirge éisc. Cuirfidh nuálaíochtaí den sórt sin, mar aon le struchtúir arna gcur i bhfeidhm ag an Aontas, dlús le haistriú fuinnimh na hearnála sin.

Tá na comhpháirtíochtaí sin ina gcomhlánú freisin ar thionscnaimh atá ann cheana, amhail Acadamh Chomhghuaillíocht Ceallraí an Aontais, a bhfuil sé d'aidhm aige oibrithe a oiliúint, a athsciliú agus a uassciliú chun freastal ar an éileamh ar oibrithe oilte i slabhra luacha cheallraí na hEorpa atá ag fás go tapa. Faoi láthair, tá oiliúint cheannródaíoch á forbairt agus á cur i bhfeidhm ag an acadamh i gcomhar le soláthraithe oideachais agus oiliúna ar fud na mBallstát.

Leis an nGníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta agus leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla, tugadh isteach tionscnaimh thábhachtacha freisin chun lucht saothair oilte a chur chun cinn san Aontas. Leis an nGníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta bunaítear Acadaimh Tionscail GlanNialasachta chun tacú le táirgeadh teicneolaíochtaí glan-nialasachta. Ar an gcaoi chéanna, leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla cruthaítear Acadamh Amhábhair, a dhíríonn ar scileanna a fheabhsú atá riachtanach don lucht saothair i slabhra soláthair na namhábhair criticiúil.

Seoladh an tIdirphlé maidir leis an Aistriú Glan in 2023 freisin. Dhírigh an chéad seisiún idirphlé ar

hidrigin, rud a thug ionadaithe ó shlabhra luacha iomlán na hidrigine le chéile chun smaointe agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le conas gné thionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a neartú. Reáchtáladh an dara seisiún idirphlé le hionadaithe ó thionscail dianfhuinnimh.

Ar deireadh, chun tacú leis an aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite, tá comhairle phraiticiúil agus treoir shaincheaptha á gcur ar fáil ag an Aontas do na Ballstáit tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. In 2023, chuidigh an ionstraim sin le 17 mBallstát na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí is gá a shainathint chun deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise na Rúise. Áiríodh i réimsí na tacaíochta teicniúla ceadú níos tapúla le haghaidh fuinneamh inathnuaite; éifeachtúlacht fuinnimh agus athchóiriú foirgneamh; táirgeadh hidrigine agus bithmheatáin; éagsúlú an tsoláthair gáis; agus dícharbónú na tionsclaíochta. Cuideoidh an tacaíocht sin leis an aistriú glas a bhaint amach agus le praghas an fhuinnimh a laghdú, rud a rachaidh chun tairbhe do dhaoine aonair agus do ghnólaigh.



© AFP

5. Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach




Tugtar an róbat daonna NAO isteach in ionad cuimsitheach cúraim lae, áit a mbíonn sé in éineacht leis na leanaí ina saol laethúil, Karlsruhe, an Ghearmáin, an 7 Meitheamh 2023.

Réamhrá

Tacaíonn an tAontas le fíis atá duinelárnach, inbhuanaithe le haghaidh sochaí dhigiteach a chumhachtóidh saoránaigh agus gnóachtaí agus a bheidh ina chatalaíoch don ghníomhú ar son na haeráide. Tagann saoirsí agus cearta nua mar thoradh ar an tsochaí dhigiteach agus na teicneolaíochtaí digiteacha, in éineacht le deiseanna nua chun foghlaim, obair agus fiosrú a dhéanamh, chun siamsaíocht a chur ar fáil, agus chun uailmhianta a chomhlíonadh thar phobail fhisiciúla agus áiteanna geografacha.

Mar sin féin, tá go leor dúshlán fós ann a bhaineann leis an gclaochlú digiteach, dúshlán a bhfuil an tAontas ag dul i ngleic leo trí chreat cuimsitheach ar a dtugtar an Deacáid Dhigiteach. In 2023 chuir an tAontas dlús le gníomhaíocht chun an chibearshlándáil agus an chosaint sonraí a neartú, chun teorainneacha sábháilte a chur leis an intleacht shaorga (IS), chun srian a chur le cleachtais éagóracha sa spás digiteach agus chun cearta úsáideoirí seirbhísí digiteacha a chosaint, agus aird faoi leith á tabhairt ar na daoine is leochailí — ár leanaí. I measc na dtosaíochtaí eile bhí bearta chun an nascacht, an tsoghluaisteacht, an t-oideachas agus an comhar breithiúnach a fheabhsú.



FÍSEÁN Tráth dá raibh i nDeich mBliana Digiteacha na hEorpa.

Dul chun cinn maidir leis an Deacáid Dhigiteach

Tá sé d'aidhm ag an Deacáid Dhigiteach a chinntiú go bhfuil gach gné den teicneolaíocht agus den nuálaíocht ag feidhmiú ar mhaithe le daoine. Tá an tAontas tiomanta do chlaochlú iomlán, ó dhul chun cinn sna scileanna digiteacha agus nuachóiriú an bhonneagair go comhtháthú na hintleachta saorga i gcleachtais ghnó agus feabhsú seirbhísí poiblí le huirilís digiteacha. I Meán Fómhair 2023 rinneadh athbhreithniú ar dhul chun cinn digiteach an Aontais sa chéad tuarascáil ar an Deacáid Dhigiteach. Bhí moltaí sa tuarascáil do na Ballstáit chun cuidiú leo uailmhianta na Deacáide Digití a bhaint amach. Áiríodh sa tuarascáil freisin an tlinnéacs bliantúil um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach agus rinneadh anailís inti ar chur chun feidhme tionscadal digiteach ilnáisiúnta — tionscadail mhórsála nach bhféadfadh aon Bhallstát aonair a fhorbairt as féin.

Thairis sin, rinneadh scrúdú sa doiciméad ar an gcaoi ar chuir na Ballstáit an Dearbhú maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha chun feidhme, rud a léiríonn tiomantas an Aontais do chlaochlú digiteach atá slán, sábháilte agus inbhuanaithe,

le daoine ina chroílár. Léiríodh ann freisin an méid a d'fhéadfaí a bhaint amach trí iarrachtaí comhchoiteanna na mBallstát agus an rath a bhí ar na hiarrachtaí sin. Ba é pointe tábhachtach go raibh géarghá ann le borradh a chur faoin infheistíocht i dteicneolaíochtaí digiteacha, i scileanna digiteacha agus i mbonneagar digiteach.

An Clár don Eoraip Dhigiteach

Chuir an Coimisiún Eorpach a thiomantas don cheannaireacht dhigiteach ar bhonn foirmiúil nuair a ghlac sé Clár Oibre 2023–2024 don Eoraip Dhigiteach. Tá infheistíocht straitéiseach ag gabháil leis an gclár oibre, infheistíocht a bheidh fíorthábhachtach chun uailmhianta na Deacáide Digití a bhaint amach. Ní gealltanais airgeadaíochta amháin atá i gceist leis an gclár sin, ach clár a bhaineann le ceannasacht theicneolaíoch an Aontais, rud atá fite fuaite leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Leis an gClár leagtar amach an bealach i dtreo todhchaí dhigiteach, todhchaí ina rachfar chun tairbhe do dhaoine aonair, do ghnólaíochtaí agus do chomhlachtaí rialtais araon.

Cistiú ón gClár don Eoraip Dhigiteach le haghaidh 2023–2024

Iomlán €1.358 billiún

€375 mhilliún

An Clár Oibre Cibearshlánda.


Arna chur chun feidhme ag an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlánda.

Tacaíocht:

- lárionaid náisiúnta chomhordaithe;
- cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais (e.g. Treoir NIS2, an Gníomh um Chibearshlándaíl agus an Treoir maidir le hionsaithe ar Chórais Faisnéise);
- athléimneacht chomhchoiteann an Aontais i gcoinne cibearbhagairtí;
- an Sásra Éigeandála Cibearshlánda — ullmhacht agus gníomhaíochtaí cúnamh fhrithpháirtigh le linn cibirtheamhas.

€161 mhilliún
in 2023

€214 mhilliún
in 2024



€983 mhilliún

An Príomhchlár Oibre

Tacaíocht:

- tionscadail lena n-úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha, amhail sonraí, intleacht shaorga, néalríomhaireacht agus ardscileanna digiteacha;
- tionscadail ilnáisiúnta;
- gníomhaíochtaí breise i bpríomhbheartais dhigiteacha (ríomhaireacht ardfheidhmíochta, Céannacht Dhigiteach an Aontais, cúpla digiteach, réaltacht fhíorúil).

Beidh tairbhí nithiúla ag baint leis sin, go háirithe d'éiceachórais nuálaíochta, do chaighdeáin oscailte, do FBManna, do chathracha, do sheirbhísí poiblí agus don phobal i gcoitinne.

Clár don Eoraip Dhigiteach: príomhphointí 2023

Mí na Bealtaine

Seolann an Coimisiún:

- an chéad sraith de ghlaonna ar thairiscintí, ar fiú breis agus €122 mhilliún iad, chun teicneolaíochtaí agus inniúlachtaí digiteacha a neartú ar fud an Aontais;
- dhá shraith glaonna, ar fiú €107 milliún iad le chéile, chun an chibearshlándáil san Aontas a neartú.



31 Lúnasa

- Comhaontú comhlachais séalaithe leis an Tuirc.



21 Samhain

- Glaonna a sheoladh lena dtacaítear le hardscileanna digiteacha.



Mí an Mhárta

- Dhá chlár oibre ilbhliantúla a ghlacadh don Chlár don Eoraip Dhigiteach.
- Glaonna ar oscailt do ghnólachtaí, do riaracháin phoiblí agus d'eintitis eile ó Bhallstáit an Aontais, ó thíortha CSTE/LEE agus ó thíortha comhlachaithe.

30 Meitheamh

- Síníonn an Coimisiún comhaontuithe comhlachais maidir leis an gClár don Eoraip Dhigiteach le Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an Albáin agus an tSeirbia ar imeall an Idirphlé Rialála leis na Balcáin Thiar.

28 Meán Fómhair

- Glaonna a sheoladh lena dtacaítear le hardscileanna digiteacha agus spásanna sonraí.

An 14 Nollaig

- Cláir oibre leasaithe 2024 a ghlacadh.

Digitíú don tionsclaíocht

Nascacht

Chun ár mbealach a dhéanamh tríd an gclaochlú digiteach beidh gá le hoiriúnú tapa chomh maith le nascacht mhéadaithe. I mí Feabhra 2023 chuir an Coimisiún plean chun feidhme chun nascacht gigighiotáin a thabhairt chuig gach cearn den Aontas. Tá sé d'aidhm ag an nGníomh um bonneagar gigighiotáin laghdú a dhéanamh ar an am is gá chun líonraí fíor-ardacmhainneachta a chur chun feidhme agus an costas a bhaineann leis an obair sin a laghdú. Chun cuidiú leis na húdaráis náisiúnta dul i ngleic leis an méid sin, leagtar amach sa dréachtmholadh gigighiotáin na coinníollacha faoinar féidir le hoibreoirí rochtain a fháil ar líonraí na n-íomaitheoirí. Anuas air sin, sheol an Coimisiún comhairliúchán an tráth céanna chun barúlacha a bhailiú maidir lena bhfuil i ndán d'earnáil na ríomhchumarsáide.

An intleacht shaorga agus sár-ríomhairí

Idir idirghníomhú le botaí comhrá agus mholtaí saincheaptha ar líne, tá daoine san Aontas ag déanamh cuid lárnach dá saol laethúil den IS. I bhfianaise fhorleithne na húsáide sin, tá sé ríthábhachtach creat a leagan síos chun mí-úsáid a chosc agus príobháideacht daoine a chosaint.

Tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh IS de, ceannaire ar féidir le daoine muinín a bheith acu as. Is mian leis feabhas a chur ar an taighde agus ar an acmhainneacht thionsclaíoch, agus deimhin a dhéanamh de an tráth céanna go mbeidh an teicneolaíocht sábháilte i gcónaí agus go gcosnófar cearta daoine.

I mí na Nollag bhí comhaontú polaitiúil mar thoradh ar an gcaibidlíocht idir Pharlaimint na hEorpa agus na Ballstáit i gComhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis an nGníomh ceannródaíoch um an Intleacht Shaorga. Leis an gcead chreat dlíthiúil cuimsitheach ar domhan don IS cuirfear a fhás chun cinn san Aontas ar mhaithe le cách, agus déanfar na rioscaí a bhaineann leis an teicneolaíocht a bhainistiú. Leis an gcreat soláthraítear riachtanais shoiléire agus oibleagáidí shoiléire d'fhorbróirí IS, do lucht cur chun feidhme IS agus d'úsáideoirí IS maidir lena úsáid



Margrethe Vestager, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach agus an Coimisinéir Eorpach um Iomaíocht (an cúigiú duine ar dheis), ag cruinniú Airí Digiteacha agus Teicniúla G7, Takasaki, an tSeapáin, an 30 Aibreán 2023.

shábháilte san Aontas; cinntítear go n-urraimeoidh IS cearta bunúsacha daoine aonair san Aontas; agus toirmeascfar cleachtais amhail scóráil creidmheasa shóisialta. Tá sé d'aidhm ag an ngníomh freisin an nuálaíocht a spreagadh trí dheiseanna trialacha rialála — creataí speisialta inar féidir le gnólachtaí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta, táirgí agus seirbhísí nua a thástáil i bhfíorthimpeallacht gan na gnáthdhúshláin rialála — a chur ar bun.

D'fhonn caighdeán idirnáisiúnta a bhunú le haghaidh IS iontaofa, tá an Coimisiún ag obair le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis, amhail G7, lena n-áirítear trí phróiseas IS Hiroshima. Bhí ionchur ag an gCoimisiún i gcomhaontas cheannairí G7 maidir le Prionsabail Theoracha Idirnáisiúnta um IS agus Cód Iompair deonach le haghaidh forbróirí IS, agus d'fháiltigh sé roimh na nithe sin.

In 2023 rinne an tAontas céimeanna breise chun líonra sár-ríomhaireachta den chéad scoth a thógáil ina Bhallstáit. Roghnaigh an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfeidhmíochta Eorpach eintiteas dlítheanach agus cistiúcháin a thugann cuideachtaí de chuid an Aontais le chéile chun sár-ríomhairí a fhorbairt soláthraí chun lúpatar, an chéad sár-ríomhaire easca-scála Eorpach (ríomhaire lenar féidir níos mó ná cuintilliún ríomh in aghaidh an tsoicind a dhéanamh) a fháil, a sholáthar, a shuiteáil agus a chothabháil. Ina theannta sin, i mí an Mheithimh shínigh an comhghnóthas comhaontuithe óstála le sé áitreabh ar fud an Aontais (sa tSeicia, sa Ghearmáin, sa Spáinn, sa Fhrainc, san Iodáil agus sa Pholainn) chun ríomhairí candamacha a óstáil agus a oibriú.

Bhain an tAontas úsáid as a líonra sár-ríomhairí den chéad scoth chun IS giniúnach 'déanta san Eoraip' a thabhairt chuig an ardán idirnáisiúnta. Leis an mbeart sin cuideofar le gnólachtaí nuathionscanta ar fud na hEorpa oiliúint níos tapúla a chur ar a samhlacha IS.



© AFP

Sár-ríomhairí san Aontas

Tugadh isteach sár-ríomhairí an Aontais in 2023

Mí an Mheithimh

- Fógraítear go ndéanfaidh cuibhreannas Jules Verne an dara sár-ríomhaire eacsascálaithe de chuid an Aontais a óstáil agus a oibriú sa Fhrainc.
- Roghnaíodh Ollscoil Linköping sa tSualainn chun Arrhenius a óstáil agus a oibriú.

Mí Mheán Fómhair

- Cuireadh Deucalion ar bun in Guimarães na Portaingéile.
- Cuirfidh an córas nua feabhas ar theicneolaíocht coigilte fuinnimh, réamhaisnéis na haimsire agus taighde muirí, agus cabhróidh sé le cógais nua agus modhanna fuinnimh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt, i measc nithe eile.



Mí Dheireadh Fómhair

- Sínítear an conradh soláthair do Iúpatar, an chéad sár-ríomhaire eacsascálaithe de chuid an Aontais.

Mí na Nollag

- Cuireadh MareNostrum 5 in úsáid in Barcelona na Spáinne.

Sár-ríomhairí an Aontais atá i bhfeidhm cheana féin



↑
An sár-ríomhaire Deucalion ag Fondúireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Portaingéile, Ollscoil Minho, Guimarães, an Phortaingéil, an 6 Meán Fómhair 2023.

Leathsheoltóirí

Is iad leathsheoltóirí — ar a dtugtar sliseanna go coitianta — croí agus inchinn leictreonaice an lae inniu. An Gníomh Eorpach um Shliseanna, a tháinig i bhfeidhm an 21 Meán Fómhair, is céim mhór chun tosaigh é i dtreo earnáil leathsheoltóirí na hEorpa a neartú. Is rud é freisin a stiúrfaidh an tAontas

i dtreo ceannasacht theicneolaíoch i dteicneolaíochtaí agus feidhmchláir leathsheoltóra. Tá sé mar sprioc uailmhianach aige go ndéanfaidh an tAontas a sciar den mhargadh domhanda leathsheoltóirí a dhúbailt go 20 % faoi 2030.

An Gníomh Eorpach maidir le Sliseanna

Trí cholún

An méid a baineadh amach in 2023



Tacú le forbairt agus nuálaíocht ardteicneolaíochtaí sliseanna tríd an gComhghnóthas um Shliseanna.

I mí na Samhna 2023, d'fhógair an Gnóthas Comhpháirteach Sliseanna a chéad ghlaonna ar thograí atá tiomnaithe do línte táirgeachta píolótacha. Cuireann an chéad ghla €1.67 billiún ar fáil ón Aontas, agus meastar go gcuirfidh na Ballstáit agus cistí príobháideacha leis thart ar €3.3 billiún san iomlán. Neartóidh an gnóthas comhpháirteach éiceachóras leathsheoltóirí an Aontais agus ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa. Is é an cuspóir atá ann an bhearna idir saotharlanna agus monaraíocht a líonadh. Ciallaíonn sé sin taighde agus fréamhshamhlacha a fhorbraítear i saotharlanna a aistriú ina bpróisis inscálaithe le haghaidh táirgeadh monarchan.



Infheistíocht mhórscaála a mhealladh chun sliseanna a tháirgeadh san Aontas agus soláthar cobhsaí a chinntiú.

Ó moladh an gníomh go luath in 2022, fógraíodh breis agus €100 billiún d'infheistíocht thionsclaíoch san Aontas.



Faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh agus géarchéimeanna amach anseo a thuar trí shásra comhordúcháin idir an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit.

Tugadh an Córas Foláirimh do Leathsheoltóirí isteach i mí na Bealtaine 2023 chun faireachán a dhéanamh ar an slabhra soláthair leathsheoltóirí le haghaidh rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

An Straitéis Eorpach maidir le Sonraí


Is le sonraí a sholáthraítear an breosla le haghaidh an chlaohlaithe dhigitigh, na nuálaíochta agus an fháis. Sonraí áirithe ón eamail phoiblí — amhail sonraí aimsire nó sonraí maidir le cáilíocht an aeir — a mbaineann tairbhí leo don tsochaí, don chomhshaol agus don gheilleagar, ba cheart iad a bheith ar fáil gan srian. I mí Eanáir 2023 d'fhoilsigh an Coimisiún liosta de thacair sonraí ardluacha nach mór a bheith ar fáil saor in aisce, i bhformáidí meaisín-inléite.

Leis an nGníomh um Rialachas Sonraí, atá i bhfeidhm ó bhí mí Mheán Fómhair 2023 ann, beifear in ann leas a bhaint as acmhainneacht sonraí poiblí agus cuirfear iontaoibh as comhroinnt dheonach sonraí chun cinn. Rialófar leis athúsáid sonraí cosanta atá i seilbh phoiblí agus tabharfar isteach lógónna coiteanna chun idirghabhálaithe agus eagraíochtaí altrúchais sonraí a shainaithint san Aontas. Leis an ngníomh féachtar freisin le bacainní teicniúla a bhaint, le cuidiú ón mBord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí. I rith na bliana chuir an Coimisiún pleananna i láthair le haghaidh Spás Eorpach um Shonraí Turasóireachta agus Spás Eorpach um Shonraí Soláthair Phoiblí. Ina theannta sin leag sé amach an creat maidir le hArdán um Chomhar idir Pháirtithe Leasmhara sa Turasóireacht agus Ardán Pobail nuálach le haghaidh Ceannaitheoirí Poiblí chun an comhar idir ceannaitheoirí poiblí a fheabhsú.

I mí na Samhna ghlac an tAontas Rialachán nua maidir le rialacha comhchuibhithe i ndáil le rochtain chothrom ar shonraí agus i ndáil le húsáid chothrom sonraí (an Gníomh um Shonraí), a mbeidh feidhm aige ó 2025. Tá sé d'aidhm aige borradh a chur faoi gheilleagar sonraí an Aontais, an rochtain ar shonraí tionsclaíocha a fheabhsú agus margadh iontaofa néalríomhaireachta san Aontas a chur chun cinn. Leis an nGníomh um Shonraí beidh níos mó smachta ar shonraí, cuirfear nuálaíocht chun cinn agus spreagfar tuilleadh cruthú sonraí.

Tacaíocht do ghnólachtaí

Ní mór do gach gnólacht, gan beann ar a mhéid, glacadh leis an gclaohlú dhigiteach chun go mbeidh sé iomaíoch i gcónaí. Soláthraíonn Moil Eorpacha maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach freagraí agus tacaíocht do ghnólachtaí a bhfuil cúnamh de dhíth orthu le linn a gclaohlú dhigitigh.



Céard is Mol Nuálaíochta Digití Eorpach ann?

Is ionaid ilfhreastail iad na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha, atá scaipthe ar fud na mBallstát, a chabhraíonn le gnólachtaí agus le heagraíochtaí san earnáil phoiblí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhigiteacha agus a bheith níos iomaíche.

Tá breis agus
150 Moil
Nuálaíochta
Digití Eorpacha
bunaithe ar
fud na hEorpa

Cómhaoinithe le
€314 mhilliún
faoin gClár don
Eoraip Dhigiteach

Cé a fhaigheann cuidiú ó Mhol Nuálaíochta Digití Eorpach?

Cabhraíonn Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha le frontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), le cuideachtaí meánchaipitlithe agus le heagraíochtaí san earnáil phoiblí freagairt do dhúshláin dhigiteacha. Tá a misean ag teacht le sprioc Dheich mBliana Digiteacha na hEorpa a chinntiú go mbainfidh os cionn 90 % de FBManna leibhéal bunúsach déine digití amach faoi 2030.

Conas is féidir le Mol Nuálaíochta Digití Eorpach cabhrú?

Cuireann Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha a lán seirbhísí ar fáil, a chuireann saineolas teicniúil, oiliúint ghairmiúil agus comhairle airgeadais ar fáil.

Digitíú dhlí na gcuideachtaí

Tá gá le creat dlíthiúil níos géarchúisí i dtaca leis an ngnó nua-aimseartha. Agus uirlisí ar líne á bhforbairt chun cuideachtaí a bhunú agus chun gníomhaíochtaí trasteorann a dhéanamh, tá sé ag éirí níos éasca gnó a dhéanamh san Aontas. Tá sé d'aidhm ag an togra is déanaí ón gCoimisiún i ndáil leis sin cur leis an úsáid a bhaintear as uirlisí agus próisis dhigiteacha i ndlí cuideachtaí an Aontais. Beartaítear leis an bprionsabal aonuaire atá sa togra an t-ualach riaracháin a laghdú, ós rud é nach mbeidh ar chuideachtaí atá ag dul i méid laistigh den Aontas faisnéis a chur isteach arís. Thairis sin, le Córas Idimasctha na gClár Gnó cinntítear go mbeidh sonraí cuideachtaí fós iontaofa agus inrochtana go héasca ar fud an Aontais.

Píoráideacht ar líne a chomhrac

Déantar dochar do ghnólachtaí cruthaitheacha agus cuirtear bac ar an nuálaíocht agus ar an bhfás eacnamaíoch nuair a dhéantar ábhar atá faoi chosaint chóipchirt a chomhroinnt gan cead. Ós rud é gurb eol don Choimisiún an tábhacht a bhaineann le stop a chur leis an bpíoráideacht ar líne, go háirithe le linn imeachtaí beo amhail spóirt agus ceolchoirmeacha, mhol sé bearta i mí na Bealtaine 2023. Molann sé do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun déileáil le craolacháin neamhdhleathacha, agus tacú le tionscail spórt agus chruthaitheachta an Aontais ar an gcaoi sin.

Digitíú an iompair agus na soghluaisteachta

Ar an dóigh chéanna agus a chothaíonn rialacha maidir leis an ngnó digiteach fás eacnamaíoch, cinntíonn an t-iompar digiteach go bhfuil an fás inbhuanaithe, éifeachtúil agus forleathan. Dá bhrí sin tá rialacha nua glactha ag an Aontas chun dlús a chur le córais chliste iompair. Tríd an treoir reatha maidir leis an ábhar sin a thabhairt cothrom le dáta, déantar an phleanáil taistil ilmhódach a bharrfheabhsú, déantar an bainistiú tráchta a chuíchóiriú agus spreagtar taisteal atá neamhdhiobhálach don chomhshaol. Glacadh togra le haghaidh Spás coiteann Eorpach do Shonraí Soghluaisteachta i mí na Samhna, chun comhroinnt sonraí agus comhthiomsú sonraí a shimpliú.

Tá an tAontas ag obair freisin chun na bóithre a dhéanamh níos sábháilte. Céim mhór chuige sin in 2023 ab ea an togra chun nuachóiriú a dhéanamh ar rialacha maidir le ceadúnais tiomána. Áirítear sa togra ceadúnas tiomána digiteach a thabhairt isteach a bheadh baili ar fud an Aontais. Bheadh sé níos éasca leis freisin na rialacha tráchta a fhorfheidhmiú thar theorainneacha. Tá na hathruithe sin rithábhachtach chun an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus chun sprioc 'Fís Nialais' an Aontais — gan aon bhás ar bhóithre faoi 2050 — a bhaint amach.

Tá rabharta rialachán nua maidir le sábháilteacht agus éifeachtúlacht ladrann spreagtha ag an mborradh gasta atá tagtha ar mhargadh na ladrann tráchtála san Aontas. Thosaigh Rialacha nua de chuid an Aontais a theacht i bhfeidhm in 2023, rialacha lena mbunaidh aerspás tiomanta le haghaidh ladrann, ar a dtugtar U-space, chun trácht ladrann a dhéanamh sábháilte agus chun deis a thabhairt d'oibreoirí réimse níos leithne seirbhísí a chur ar fáil. Ó sheachadadh pacáistí go dtí cúnamh éigeandála, agus ó mhisin chuardaigh agus tarrthála go dtí faireachán ar bhonneagar, tiocfaidh fís Straitéis Eorpach maidir le Ladrainn 2.0 chun críche de réir a chéile.



Obair ar líne Würth-Germersheim-Speyer sa Ghearmáin mar chuid de Chlár Fast-Track chun cabhrú leis an ngréasán iarnróid a dhigitiú, an 21 Iúil 2023.



Digitíú do na saoránaigh

An chibearshlándáil agus an athléimneacht

Na rialacha nua chun ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála a chinntiú ar fud na mBallstát uile, ar a dtugtar an Dara Treoir NIS, tháinig siad i bhfeidhm i mí Eanáir 2023. I gcomparáid leis na bearta cibearshlándála a bhí ann roimhe sin in 2016, cumhdaíonn na rialacha nua níos mó earnálacha, amhail soláthraithe teileachumarsáide, seirbhísí poist, riarachán poiblí agus cúram sláinte. Cuideachtaí atá ag oibriú sna hearnálacha sin, tá cúraimí níos déine orthu anois maidir le bainistiú riosca agus tuairisciú teagmhas.

An 30 Samhain chomhaontaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle an Gníomh um Chibear-Athléimneacht, lena mbeartaítear feabhas a chur ar na rialacha maidir le crua-earraí agus bogearraí níos sláine. Is é sin an chéad dlí dá leithéid ar domhan. Ardófar leis leibhéal na cibearshlándála le haghaidh gach táirge dhigitigh san Aontas, rud a bheidh ina chuidiú do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí. Beidh feidhm ag an dlí maidir le gach rud idir mhonatóirí linbh agus ródairí, le rialacha slándála éagsúla a bheidh bunaithe ar leibhéal riosca an táirge.

I mí Aibreáin mhol an Coimisiún Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht an Aontais freisin, chun cuidiú le tíortha oibriú le chéile in aghaidh bagairtí ar líne.



→ Glacann Věra Jourová, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar Luachanna agus Trédhearcacht (an dara duine ar chlé), páirt sa chomhdháil '5 Bliana de RGCS: Fós ina thagarmharc i dtírdhreach digiteach an Aontais?', an Bhruiséil, an Bheilg, an 23 Bealtaine 2023.

Cosaint sonraí

I ndomhain idirnasctha an lae inniu, ní gá ach cnaipe a bhrú chun go mbeidh sonraí ag sreabhadh. Má chosnaítear sonraí, sin rud a chuireann le muinín na ndaoine. Ciallaíonn sé sin gur cheart dóibh siúd a láimhseálann sonraí pearsanta a bheith ag cloí leis na rialacha céanna. Sin rud a leagtar béim air sa togra ón gCoimisiún i mí Iúil le haghaidh rialachán nua maidir le rialacha nós imeachta an Rialacháin Ghinearálta i ndáil le Cosaint Sonraí (RGCS). Tá sé d'aidhm ag an rialachán atá beartaithe forfheidhmiú RGCS a neartú i gcásanna ina bhfuil tionchar ar dhaoine i níos mó ná Ballstát amháin. Is soiléir an chúis atá leis sin: má réitítear cásanna níos tapa, is amhlaidh go mbeidh leigheasanna níos tapa ann do dhaoine mar aon le tuilleadh deimhneacht dhlíthiúil do ghnólachtaí.

A bhuí leis an méadú atá ag teacht ar chaighdeán dhomhanda le haghaidh cosaint sonraí, tá borradh faoin gcomhar idirnáisiúnta. Ar na torthaí suntasacha air sin tá treoir an Aontais agus Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas maidir le clásail aistrithe sonraí a eisíodh i mí na Bealtaine, an Creat Priobháideachas Sonraí idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe a chomhaontaigh an Coimisiún i mí Iúil agus an t-athbhreithniú rathúil ar an gcomhaontú sonraí leis an tSeapáin.



←

FÍSEÁN Cibearshlándáil an Aontais: agus dlús á chur aige lena iarrachtaí saoránaigh, gnólachtaí agus bonneagar a chosaint ar chibirionsaithe, tá taighde á mhaoiniú ag an Aontas chun borradh a chur faoina chosaintí digiteacha.



An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh um Margaí Digiteacha

Ar mhaithe le cearta bunúsacha a chosaint ar bhealach níos fearr agus srian a chur le cleachtais éagóracha sa spás digiteach, thosaigh an tAontas ar dhá ghníomh nua a chur i bhfeidhm in 2023: an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) agus an Gníomh um Margaí Digiteacha.

Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, déantar deimhin de go mbeidh ardáin ar líne agus innill chuardaigh cuntasach as ábhar díobhálach. Tá sé d'aidhm ag an ngníomh leanaí a chosaint ar líne, soiléireacht a thabhairt maidir leis an gcaoi a n-oibríonn algartaim agus toirmeasc a chur ar fhógraíocht spriocdhírthe a dhéanann próifiliú ar dhaoine ar bhonn catagóirí amhail eitneacht, tuairimí polaitiúla agus gnéaschlaonadh.

Bhí ar na hardáin sin líon a n-úsáideoirí san Aontas a nochtadh faoin 17 Feabhra. Na cinn is mó — ar a dtugtar mórárdáin ar líne agus mórinnill chuardaigh — tugadh go dtí deireadh mhí Lúnasa dóibh chun na hoibleagáidí sa ghníomh a chomhlíonadh. Ón tráth sin, tá an tAontas ag bailiú eolais ó na mórárdáin chun a sheiceáil an bhfuil codanna den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha á gcomhlíonadh acu, go háirithe i dtaobh leanaí a chosaint agus ábhar díobhálach a bhaint. Chun tacú le cur i bhfeidhm an DSA, bunaíodh an Lárionad Eorpach um thrédhearcacht algartamach chun maoirseacht a dhéanamh ar algartaim na gcuideachtaí sin.

Ina theannta sin, spreagadh na Ballstáit chun gníomhú go tapa i gcoinne ábhar sceimhlitheoireachta agus fuathchaint ar líne d'fhonn dlús a chur le forfheidhmiú an DSA. Shínigh an Coimisiún comhaontuithe riaracháin freisin le roinnt rialálaithe náisiúnta ar na meáin chumarsáide atá ar thús cadhnaíochta anois i gcur chun feidhme an DSA. Tá níos mó ná maoirseacht amháin i gceist leis an ról atá acu ó thaobh faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí na meán agus tacú le caighdeáin chraolacháin. Cinntíonn siad nach óstaigh éighníomhacha amháin atá in ardáin dhigiteacha ach gur rannpháirtithe gníomhacha iad ó thaobh modhnóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar ábhar atá mídhleathach nó a bhfuil baol córasach don tsochaí ag baint leis.

Sa Ghníomh um Margaí Digiteacha atá bainteach leis sin, leagtar amach oibleagáidí soiléire chun a chinntiú go gcoinneoidh na cuideachtaí ceannasacha san earnáil dhigiteach, a dtugtar 'geatóirí' orthu, cothrom iomaíochta ar bun sa mhargadh digiteach. Ainmníodh sé gheatóir i dtús mhí Mheán Fómhair, agus tá go dtí mí an Mhárta 2024 acu chun an gníomh a chomhlíonadh ina iomláine.

Ina theannta sin, sheol na sínitheoirí leis an gCód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis 2022, a bhfuil na mórárdáin ar líne uile ina measc, an Lárionad Trédhearcachta nua agus d'fhoilsigh siad na tuarascálacha bunlíne maidir leis an gcaoi a bhfuil gealltanais an chóid á gcur i ngníomh acu.



←

FÍSEÁN A bhuí leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, beidh fógraíocht spriocdhírthe níos trédhearcaí agus níos teoranta. Mar shampla, cuirfear cosc ar fhógraíocht atá bunaithe ar shonraí íogaire (amhail gnéasacht, reiligiún nó cine) nó lena ndírítear ar leanaí.



Teicníc tarrthála á cleachtadh ag rannpháirtí sa Phainéal Saoránach Eorpach ar Dhomhan Fíorúil trí úsáid a bhaint as uirlis réaltachta fhíorúil, an Bhruiséil, an Bheilg, Aibreán 2023.



Domhain fhíorúla

De réir staidéar de chuid an Aontais, measann 98 % de ghairmithe go mbeidh an réaltacht leathnaithe ina mórfhórsa ina dtionscal féin sna 5 bliana amach romhainn. I bhfianaise an eolais sin, is mian leis an Aontas tuiscint a fháil ar na tairbhí agus na rioscaí araon a bhaineann le teicneolaíochtaí den chineál sin agus aird á tabhairt aige i gcónaí ar chearta an duine. Chun aiseolas iontaofa a fháil, d'óstaigh an

Coimisiún Painéal Saoránach Eorpach ó mhí Feabhra go dtí mí Aibreáin 2023, inar bailíodh ionchur maidir le domhain fhíorúla san Aontas (féach Caibidil 9).

Chuir an t-aiseolas comhchoiteann sin leis an Straitéis nua do Ghréasáin 4.0 agus Domhain Fhíorúla, a glacadh i mí Iúil, a bhfuil sé d'aidhm aici tírdhreach digiteach an Aontais a chruthú atá trédhearcach, sábháilte agus fáilteach do chách — cibé acu daoine, gnólachtaí nó údaráis phoiblí atá i gceist.

Céard iad na nithe a dhéanfar indéanta le saol fíorúil?



Sláinte

Is féidir le mic léinn agus gairmithe a bheith oilte chun déileáil le cásanna éigeandála agus insamhaltaí máinliachta a dhéanamh, rud a fhágann go bhfuil riosca níos ísle deacrachtaí máinliachta agus cruinneas níos fearr diagnóis.



Ealaín agus dearadh

Ó fhaisean go hoidhreacht chultúrtha, agus ó cheol go hamharcealaíona nó dearadh, cuirfear bealaí nua ar fáil le saothair fhíorúla a chruthú. Tabharfaidh siad an bhraistint d'úsáideoirí go bhfuil siad i bhfiormhúsaem, nó ag ceolchoirmeacha, drámaí amharclannaíochta nó bailéanna tumtha.



An t-aistriú glas

Is féidir le samhlacha 3D éifeachtaí an téimh dhomhanda a ionsamhlú, as a dtiocfaidh tuiscint níos fearr ar na cúiseanna atá leis agus ar na bearta maolaithe.

Le hamanna bunaithe níos tapúla agus le cur amú fuinnimh, ábhar agus acmhainní, cuirfear leis an aistriú glas ar fud an tionscail.



Tionscal

Faoi 2025, tiocfaidh laghdú 60 % ar amanna seachadta feithiclí mar thoradh ar an saol fíorúil tionsclaíoch agus tiocfaidh laghdú 50 % ar lorg carbóin mhonarú feithiclí.



Oideachas

Is féidir le próiseas foghlama ó thaithí cabhrú le daltaí foghlaim níos tapúla agus an domhan a thuiscint níos fearr.

Comhar trasteorann

Nuair a ghluaiseann cónaitheoirí an Aontais laistigh den Aontas, is amhlaidh a ghluaiseann a gcearta slándála sóisialta in éineacht leo, pinsin agus cúram sláinte ina measc. An 6 Meán Fómhair, mhol an Coimisiún plean digiteach chun go mbeidh sé níos éasca agus níos tapa do dhaoine rochtain a fháil ar na sochair sin thar theorainneacha. Mar gheall ar mhalartuithe sonraí níos fearr idir na Ballstáit agus nósanna imeachta cuíchóirithe chun sochair a éileamh, ní hamháin go mbeidh sé níos éasca do

dhaoine cónaí, oibriú agus taisteal thar lear ach beidh sé níos éasca freisin do chuideachtaí gnó a dhéanamh i mBallstáit eile agus do riaracháin náisiúnta an tslándáil shóisialta a chomhordú thar theorainneacha.

A bhuí le Tiachóg na Céannachta Digití ón Aontas, d'fhéadfadh rochtain a bheith ag gach cónaitheoir san Aontas go luath ar aip mhóibíleach shlán a ligfidh dóibh cruthúnas a thabhairt i leith a gcéannachta, ar líne agus as líne araon, agus doiciméid phearsanta a stóráil, cuir i gcás a gceadúnas tiomána, a gcárta aitheantais agus a ndeimhnithe acadúla.

Príomhthionscnaimh chun an tslándáil shóisialta a fheabhsú tríd an gclaochlú digiteach

Dlús a chur le cur chun feidhme Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta

Is é an aidhm atá ann imeacht ó mhalartú ar pháipéar go malartú digiteach idir institiúidí náisiúnta slándála sóisialta trí chóras um Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) a chur i bhfeidhm i ngach tír Eorpach rannpháirteach faoi dheireadh 2024.

1

Nósanna imeachta maidir le comhordú na slándála sóisialta a ghlacadh ar líne

Is é an aidhm atá ann ná é a dhéanamh níos éasca do dhaoine bogadh agus dul ag obair thar lear, agus rochtain thapa ar shochair reachtúla a chinntiú. Is féidir leis na Ballstáit cur leis an Rialachán maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach, lena bhforáiltear go mbeidh nósanna imeachta riaracháin áirithe ar líne go hiomlán faoin 12 Nollaig 2023.

2

Páirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíochtaí píolótacha phas Eorpach slándála sóisialta

Is é is aidhm don Phas Eorpach Slándála Sóisialta (Pas Eorpach slándála sóisialta) eisiúint trasteorann agus fíorú doiciméid theidilíochtaí slándála sóisialta na saoránach a shimpliú.

3

Tiachóg na Céannachta Digití ón Aontas a ionchorprú

Beidh Tiachóg na Céannachta Digití ón Aontas ina huirlis dhigiteach do shaoránaigh an Aontais chun a gcéannacht a fhíorú ar líne agus chun rochtain a fháil ar sheirbhísí ar fud na mBallstát.

4

I mí na Samhna, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis na croí-eilimintí le haghaidh an chreata dhlíthiúil don Chéannacht Dhigiteach ón Aontas. Mar chuid den chreat sin, tabharfaidh an tiachóg smacht iomlán d'úsáideoirí ar a gcuid sonraí trí chóras atá ráthaithe go poiblí, seachas córas a chuireann ardán mór príobháideach ar fáil.

Thug an tAontas a rialacha cothrom le dáta freisin maidir leis an gcomhar trasteorann i gcúrsaí dlí. Chumhdaigh na rialacha roimhe seo comhar breithiúnach ach níor chumhdaigh siad cumarsáid a dhéantar trí mhodh digiteach. Anois, ní mór d'údaráis inniúla sna Ballstáit nascadh le córas TF dlíraithe chun sonraí a mhalartú ar bhealach slán. Beidh an córas idir-inoibritheach le e-CODEX, ar uirlis chumarsáide í a forbraíodh go sonrach don eamail bhreithiúnach agus atá á bainistiú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais.

Sa bhreis air sin, tá pointe rochtana leictreonach Eorpach ar fáil anois do dhaoine agus do ghnólachtaí chun

go mbeidh siad ina ann idirghníomhú go digiteach le húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta. Is féidir físgheallonna a úsáid anois le haghaidh éisteachtaí cúirte agus tá prótacail nua i bhfeidhm maidir le sínithe agus séalaí leictreonacha a úsáid agus maidir le héifeacht dhlíthiúil doiciméad leictreonach agus íocaíocht leictreonach tailli cúirte in imeachtaí sibhialta.

Tá todhchaí dhigiteach i ndán don chúram sláinte freisin agus d'fhéadfadh ról lárnach a bheith ag an Spás Eorpach um Shonraí Sláinte a moladh in 2022 sa chlaochlú sin go luath. I mí na Nollag, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a seasaimh ó thaobh tacaíocht a thabhairt do chruthú an spáis sin atá ceaptha chun rochtain agus smacht níos éasca a thabhairt do chónaitheoirí an Aontais ar a sonraí sláinte, fiú nuair atá siad i mBallstát eile. Cuirfidh sé ar a gcumas do ghairmithe cúraim sláinte cúram éifeachtach a chur ar fáil a bheidh bunaithe ar stair iomlán leighis. Ina theannta sin, tá sé beartaithe go mbeidh sé ina phríomhghné chun úsáid shlán sonraí pearsanta a chumasú le haghaidh taighde tábhachtach agus chun beartais sláinte a fhorbairt.

Úsáid a bhaint as Céannacht Dhigiteach an Aontais: iarratas a dhéanamh ar iasacht ón mbanc

Mura bhfuiltear ag baint úsáid as Céannacht Dhigiteach an Aontais

- 1 Coinne a shocrú leis an mbanc
- 2 Cruinniú sa bhanc
- Tá cáipéis ar iarraidh
- 3 Na doiciméid pháipéir go léir a chur ar fáil
- 4 Tairiscint seolta ag an mbanc
- 5 Coinne eile a shocrú leis an mbanc
- 6 Cruinniú sa bhanc arís chun an comhaontú iasachta a shíniú

Má táthar ag baint úsáid as Céannacht Dhigiteach an Aontais

- 1 Tá na doiciméid go léir sa tiachóg phearsanta ag an úsáideoir, ón aitheantas náisiúnta go dtí an ráiteas ioncaim.
- 2 Ní roghnaíonn siad ach na doiciméid a theastaíonn ón mbanc don iarratas ar iasacht, agus cuireann siad ar aghaidh iad go simplí agus go slán.
- 3 Faigheann an banc na doiciméid go leictreonach. Má tá cáipéis ar iarraidh, níl ann ach cliceáil ar shiúl don úsáideoir. Tá an t-iarratas réidh chun leanúint ar aghaidh.




Trí úsáid a bhaint as Céannacht Dhigiteach an Aontais, déantar an próiseas sin a chuíchóiriú agus sábhálann sé níos mó ama.

Scileanna digiteacha

Tá scileanna digiteacha ríthábhachtach chun gur féidir le daoine páirt a ghlacadh sa mhargadh saothair agus sa tsochaí i gcoitinne agus chun an t-ionchuimsiú sóisialta a bhaint amach. Ós rud é gurbh í 2023 an Bhliain Eorpach um Scileanna, lean an tAontas de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus don earnáil oideachais agus oiliúna chun oideachas agus oiliúint dhigiteach d'ardchaighdeán atá ionchuimsitheach agus inrochtana a chur ar fáil d'fhonn scileanna digiteacha na ndaoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas a fhorbairt. Le linn na bliana, sheol an tAontas an t-iliomad tionscnamh chun an bhearna scileanna a líonadh.

I bhfianaise na sprice faoi bheartas na Deacáide Digití maidir le 20 milliún speisialtóir TFC a bheith ann faoin 2030, agus urraim á tabhairt do chothromaíocht idir fir agus mná, tionscnaíodh cláir mháistreachta agus cúrsaí oiliúna gearrthéarmacha i scileanna digiteacha ardleibhéil faoin gClár don Eoraip Dhigiteach. Ó bhí 2023 ann, tá rochtain ar na cúrsaí sin tríd an Ardán um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha, atá tar éis méadú a thuilleadh le 22 chomhlachas náisiúnta le haghaidh scileanna digiteacha agus poist dhigiteacha.



An staid mar atá



Sa todhchaí, beidh scileanna digiteacha de dhíth i **90 %** de phoist.



Tá na scileanna digiteacha a theastaíonn don chuid is mó de phoist ar fud na n-earnálacha ar fad in easnamh ar níos mó ná **aon trian** de lucht saothair an Aontais — idir ghnó agus iompar, agus an talmhaíocht fiú.



Níl ach **54 %** de mhuintir an Aontais idir 16 agus 74 bliana d'aois in ann bunchúraimí digiteacha a dhéanamh.



Tuairiscíonn níos mó ná **70 %** de ghnólachtaí go bhfuil easpa foirne a bhfuil scileanna digiteacha leordhóthanacha acu ina bhac ar infheistíocht.



Tá ganntanas criticiúil saíneolaithe digiteacha ag an Aontas, an chibearshlándáil agus anailís sonraí san áireamh. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar na ganntanais sin leis an laghdú réamh-mheasta ar an daonra in aois oibre ó 265 mhilliún in 2022 go **258 milliún** faoi 2030.



Tá **9.4 milliún** speisialtóir teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) fostaithe (4.6 % d'fhostaíocht iomlán an Aontais). Faoi na coinníollacha atá ann faoi láthair, beidh líon na speisialtóirí TFC san Aontas beagnach 12 mhilliún faoi 2030, rud a bheidh faoi bhun sprioc 2030 (20 milliún speisialtóir TFC ar a laghad fostaithe) le thart ar 8 milliún speisialtóir TFC.

Cad atá á dhéanamh ag an Aontas ina leith?

Áirítear leis an tacaíocht airgeadais chun scileanna digiteacha a fhorbairt:

€2 bhilliún

Cláir de chuid Chiste Sóisialta na hEorpa Plus

€29

mbilliún (*)

Pleananna téarnaimh agus athléimneachta

(*) Léirítear san fhigiúr seo caiteachas measta le haghaidh na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta bunaidh.

€580 milliún

An Eoraip Dhigiteach

Tionscnaimh an Aontais chun tacú le scileanna digiteacha

1. An Tionscnamh Tallainne maidir leis an Teicneolaíocht Dhomhain (faoi gClár Oibre Nua Eorpach um Nuálaíocht)

Sa chéad bhliain den tionscnamh, rinne an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht dul chun cinn suntasach i dtreo na sprice go gcáileofaí 1 mhilliún foghlaiméir sa teicneolaíocht dhomhain faoi 2025:



Sheol sé glaó speisialta ar thograí agus chomhoibriú sé le tionscnaimh eile, lena n-áirítear Ciorclán Girls Go.



Sheol sé an chéad Duais Oiliúna Teicneolaíocht Domhain Tallainne chun aitheantas agus luach saothair a thabhairt d'eagraíochtaí a bhfuil barr feabhais orthu maidir le dul i ngleic le dúshlán oiliúna teicneolaíochta domhain.



Fuair sé gealltanais ó roinnt ollscoileanna agus cuideachtaí chun oiliúint a chur ar bhreis agus 650 000 foghlaiméir.



Sheol sé a ardán nua ar líne — Campas EIT — i mí Eanáir 2023, inar tugadh le chéile os cionn 2 500 cúrsa i bhfiontraíocht agus i bhforbairt scileanna.

fomhánna: © Getty Images.

2. Deimhniú Eorpach um Scileanna Digiteacha

Mí Mheán

Fómhair 2022

Déantar staidéar féidearthachta chun léargas a fháil ar na scéimeanna deimhniúcháin atá ann cheana le haghaidh scileanna digiteacha.

----->

Aibreán 2023

Seoladh treoirthionscadal le cúig Bhallstát de chuid an Aontais (an Spáinn, an Fhrainc, an Ostair, an Rómáin agus an Fhionlainn) chun bloic thógála le haghaidh deimhniú Eorpach a thástáil.

----->

Nollaig 2023

Déantar torthaí an dá shruth oibre a chur i láthair agus a phlé ag imeacht deiridh.

3. Gradaim Eorpacha um Scileanna Digiteacha

Leis na Gradaim Eorpacha um Scileanna Digiteacha, spreagtar comhroinnt taithí maidir le conas an bhearna scileanna digiteacha a dhúnadh.

In 2023, chuir na gradaim tionscnaimh chun cinn i gcúig chatagóir: an óige, mná, cuimsiú, uas-sciliú digiteach ar an obair agus scileanna digiteacha don oideachas.

Roghnaíodh seachtar buaiteoirí as 330 iarratasóir.

4. An tAcadamh um Scileanna Cibearshlándála

Le blianta beaga anuas, tá méadú as cuimse tagtha ar chibearbhagairtí san Aontas. San acadamh, neartófar cumais cibearshlándála an Aontais agus méadófar líon na ngairmithe oilte cibearshlándála.

An Spás

Tá ról rithábachtach ag teicneolaíocht an spáis i saol laethúil na ndaoine san Aontas, mar shampla nuair a úsáideann siad fóin phóca nó córais loingseoireachta carranna, nuair a fhéachann siad ar theilifís satailíte nó nuair a thógann siad airgead as meaisín airgid thirim. Soláthraíonn satailítí sonraí tábhachtacha freisin le linn tubaistí, rud a chuireann feabhas ar chomhordú na seirbhísí práinnfhreagartha.

In 2023 cuireadh seirbhísí nua in úsáid chun athléimneacht agus iomaíochas bhuíonta satailítí an Aontais, Copernicus agus Galileo, a fheabhsú. Mar shampla, le córas satailíte uasghrádaithe Galileo tá rianú suímh níos cruinne fós ar fáil anois, go dtí 20 cm.



Chun tacú le riachtanais sonraí atá ann faoi láthair agus an nuálaíocht a chothú, thug an Coimisiún isteach an Córas Dinimiciúil Ceannaigh le haghaidh Copernicus — bealach nua chun soláthar a bhaineann leis an spás a dhéanamh san Eoraip. A bhuí leis sin tá sé níos éasca d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnólaigh nuathionscanta páirt a ghlacadh i margadh sonraí an spáis.



FÍSEÁN Éiceachóras Copernicus Spáis Sonraí, ardán dáileacháin nua a osclaíonn doirse do na sonraí agus don bhonneagar go léir is gá le haghaidh feidhmeanna breathnóireachta an Domhain.



I mí an Mhárta, ghlac an tAontas IRIS² (Bonneagar don Athléimneacht, don Idirnascthacht agus don tSlándáil trí Shatailít), an tríú mórbhuíon satailíte atá aige. Agus ranníocaíocht €2.4 billiún aige ó bhuiséad an Aontais, tá an clár ceaptha chun cumarsáid shlán rialtais a chinntiú, chun tacú le hoibríochtaí míleata agus cosanta agus chun seirbhísí leathanbhanda tráchtála a leathnú, go háirithe i gceantair iargúlta.

Chun go bhfanfaidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta i dteicneolaíocht an spáis, tá an-tábhacht ag baint le hinfheistíocht i dtaighde agus i nuálaíocht freisin, go háirithe trí chlár mhaoiniúcháin an Aontais amhail Fís Eorpach. Is cruthúnas ar an ngealltanas sin é an Clár Taispeána agus Bailíochtaithe i bhFithis.

Mar a thugann an t-ainm le fios, ligeann sé do chuideachtaí spáis triail a bhaint as teicneolaíochtaí nua spáis go díreach i bhfithis. Is rud é sin a chuireann léargais luachmhara ar fáil do lárionaid taighde Eorpacha, mar shampla, agus a chuidíonn ó thaobh lainseálacha satailítí a thabhairt chun cinn le haghaidh cuideachtaí.

Ag aithint dó gur gá tuilleadh infheistíochta a mhealladh, i dtús 2023 sheol an Coimisiún Helios freisin, arb é an chéad innéacs stoc spáis a bhí ann riamh. Leis an uirlis sin tugtar léargas soiléir ar an gcaoi a bhfuil ag éirí le cuideachtaí spáis na hEorpa ó thaobh airgeadais de. Cuidíonn sé leo tuilleadh airde a fháil agus fágann sé go bhfuil sé níos éasca do dhaoine infheistíocht a dhéanamh iontu.

Agus bonneagar spáis na hEorpa ag dul i méid, tá tábhacht níos mó ag baint le bearta cosanta. Tá Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, i gcomhar le 15 Bhallstát, ag obair ar son na cúise sin trí Chomhpháirtíocht an Aontais maidir le Faireachas agus Rianú Spáis. Freastalaíonn an chomhpháirtíocht sin, agus é feistithe le córas casta braiteoirí faireachais agus rianaithe spáis, ar bhreis agus 190 eagraíocht chláraithe, rud a chosnaíonn níos mó ná 400 satailít ar an mbaol imbhualte le smionagar spáis agus satailítí oibríochtúla eile.


Tá teicneolaíocht an spáis ríthábhachtach le haghaidh chosaint an chomhshaoil agus is sampla iontach de theacht le chéile na réimsí sin é an tionscadal Destination Earth (Ceann Scribe: an Domhain). Tá sé d'aidhm aige samhail dhigiteach chuimsitheach den Domhain a chruthú ar mhaithe le tuar aimsire agus tuar tubaistí níos fearr. Agus é deimhnithe

i mí na Nollag, cuirfidh an dara céim den tionscadal leis na samhlacha digiteacha atá ann cheana, cuirfidh sé feabhas ar láimhseáil sonraí agus beidh teicneolaíocht ardforbartha na hintleachta saorga mar chuid de.

In 2023, chuir an Beartas Eorpach don Spás béim mhór ar an tslándáil sa spás. I ndáil leis sin, chuir an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Josep Borrell, teachtaireacht chomhpháirteach i láthair maidir le Straitéis Spáis Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint. Leis sin, tugtar isteach bearta le haghaidh comhthuiscint ar bhagairtí spáis agus leagtar amach an bealach i gcomhair togra reachtach le haghaidh dlí spáis ón Aontas in 2024 (féach Caibidil 8).

Faireachas agus Rianú Spáis an Aontais Eorpaigh Fíricí agus figiúirí 2023

Faoi dheireadh 2023, bhí níos mó ná 15 600 cur chuige dlúth aimsithe i dtrí cinn d'fhithisí éagsúla.





6. Eoraip chothrom shóisialta a thógáil



Oibrithe iompair i mbun feachtais ar son aistriú cóir i dtionscal an iompair de bhóthar le linn COP28, Dubai, Aontas na nÉimíochtaí Arabacha, an 9 Nollaig 2023.

Réamhrá

Cuireadh dlús breise in 2023 le hiarrachtaí an Aontais chun a chinntiú go mbeidh an téarnamh eacnamaíoch ón bpaindéim agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach cóir cothrom. Bhí na céadta imeacht agus gníomhaíocht ann i rith na Bliana Eorpaí um Scileanna a bhí ina spreagadh mór le haghaidh rannpháirtíocht níos mó san fhoghlaím ar feadh an tsaoil agus scileanna a fhorbairt agus tallann a mhealladh chun borradh


a chur faoi iomaíochas an Aontais. Chuir an tAontas dlús freisin lena obair cheannródaíoch chun comhionannas inscne a chinntiú, lena n-áirítear trí bhearta a ghlacadh chun pá comhionann as obair chomhionann a chinntiú agus trí aontú do Choinbhinsiún Iostanbúl maidir le Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac.

Geilleagar cothrom don aistriú glas agus don aistriú digiteach

Lena chroíphrionsabail maidir le comhdheiseanna agus rochtain chomhionann ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma, agus cosaint agus cuimsiú sóisialta, tá Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ina threoir ag an Aontas chun sochaithe na hEorpa a dhéanamh níos cothroime agus níos athléimní. Tá sé d'aidhm aige a chinntiú go bhfuil comhdheiseanna ag gach duine sa saol agus gur féidir leo tairbhe a bhaint as na cearta sóisialta céanna. I measc na ndeiseanna sin tá dea-oideachas agus oiliúint ar feadh an tsaoil, pá agus sochair chothroma, dálaí oibre sábháilte agus sláintiúla, cúram leanaí, pinsin agus cúram sláinte inacmhainne ar ardchaighdeán.

Faoi 2023 bhí dhá bhliain caite ó rinneadh an plean gníomhaíochta chun an colún a chur i gcrích. Tá beagnach gach ceann den 75 bheart sa phlean curtha chun feidhme nó curtha i láthair anois. Beidh athbhreithniú le déanamh ar an bplean gníomhaíochta faoi 2025.

Ba í 'Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht' 2023 an chéad tuarascáil a chuir an t-eolas is déanaí ar fáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo spriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta i ndáil le fostaíocht, scileanna agus cosanta sóisialta atá le baint amach faoi 2030. Cé go bhfuil an tAontas píosa maith síos an bóthar ceart i dtreo a phríomhspríe mar atá fostaíocht 78 % a bhaint amach faoi 2030, tá gá le dul chun cinn nach beag go fóill chun na spriocanna maidir le foghlaim aosach agus laghdú bochtaineachta a shroicheadh.



An t-idirphlé sóisialta agus an geilleagar sóisialta a neartú

Cuirtear feabhas ar dhálaí maireachtála agus oibre a bhí leis an gcaibidlíocht idir eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar fhostóirí agus ar oibrithe trí idirphlé sóisialta, agus tá ról tábhachtach ag an gcaibidlíocht sin freisin maidir leis an dul in oiriúint do dhálaí eacnamaíocha agus sóisialta atá ag athrú. Mar sin féin, tá éagsúlacht mhór ann i leibhéal rannpháirtíochta na gcomhpháirtithe sóisialta i measc Bhallstáit an Aontais, agus is lú ionadaíocht a bhíonn ann ar chineálacha nua fostaíochta agus ar ghrúpaí áirithe, amhail daoine óga.

Chun tacú leis na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta a neartú, ghlac an tAontas moladh ina raibh bearta nithiúla maidir le rannpháirtíocht níos mó ó na comhpháirtithe sóisialta — mar shampla, cómhargáil a chur chun cinn agus dul i gcomhairle leo nuair a bhíonn beartais eacnamaíocha, fostaíochta agus shóisialta á gceapadh agus á gcur chun feidhme. Chuathas i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta freisin maidir le gníomhaíocht chun cearta na gComhairlí Oibreacha Eorpacha a neartú, ar uirlis thábhachtach iad chun ról a thabhairt d'oibrithe i gcinntí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá ndálaí fostaíochta nó oibre arna ndéanamh ag cuideachtaí atá ag feidhmiú i roinnt Ballstát.

An geilleagar sóisialta i bhfigiúirí

Tugann an geilleagar sóisialta tús áite do dhaoine agus do chúiseanna sóisialta agus comhshaoil roimh bhrabús. Cuimsíonn eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta raon éagsúil earnálacha, ó sheirbhísí sóisialta agus cúraim go tithíocht, áineas agus fuinneamh inacmhainne. Áirítear leo comharchumainn, gnóthais fhrithpháirteacha, comhlachais neamhbhrabúsacha, fondúireachtaí agus fiontair shóisialta.

Breis agus
13
mhilliún
post íoctha

2.8 milliún
eintiteas de chuid an
gheilleagair shóisialta
san Aontas

Is ionann
an geilleagar
sóisialta agus
6.3 %
d'fhostaíocht an
Aontais

Tá ról rithábhachtach ag eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta maidir le dul i ngleic le dúshlán roimh an tsochaí agus dálaí oibre cothroma a chur chun cinn trí pháirt a thabhairt d'fhostaithe sa chinnteoireacht agus sa rialachas. Cruthaíonn eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta deiseanna freisin do ghrúpaí atá faoi ghann-ionadaíocht, cuir i gcás mná agus daoine óga, agus cuidíonn siad leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a dhéanamh cothrom cuimsitheach. Chun tacú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an earnáil thábhachtach sin, d'fhorhmeas an tAontas bearta i mí na Samhna chun timpeallacht a chruthú ina mbeidh eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta in ann bláthú agus fás. Tá eolas le fáil faoi mhaoiniú ón

Aontas, faoi dheiseanna oiliúna agus faoina bhfuil ag tarlú ar an láthair sna Ballstáit ó ionad ilfhreastail nua le haghaidh an gheilleagair shóisialta.

Sa lá atá inniu ann, bíonn ar na comhlachais neamhbhrabúis a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí i mBallstát eile aghaidh a thabhairt ar rialacha éagsúla ar fud an Aontais, rud a fhágann go mbíonn ualaí riaracháin agus costais riaracháin i gceist. Chun deireadh a chur leis na bacainní sin, mhol an Coimisiún Eorpach foirm nua comhlachais náisiúnta neamhbhrabúis a ceapadh go sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí trasteorann, rud a chuirfidh ar cumas na comhlachais sin leas a bhaint as a gcuid saoirsí sa Mhargadh Aonair.



© Adobe Stock

Tá an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú rithábhachtach chun a chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár. Ina theannta sin, leis an gCiste Aeráide Sóisialta nuachruthaithe tacófar le teaghlaigh leochaileacha, micreaghnólachtaí leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha san Aontas a bhféadfadh bochtaineacht fuinnimh agus iompair a bheith rompu. Tíocfaidh thart ar €65 bhilliún de bhuiséad €86.7 billiún an chiste ó ioncam arna ghiniúint ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais lena gcumhdaítear na hearnálacha tógála agus iompair. Beidh sé i bhfeidhm ó 2026 go 2032. (Féach Caibidil 4 freisin.)




Iomaíochas agus scileanna a threisiú

Cé go bhfuil deiseanna nua á gcur ar fáil do dhaoine agus do gheilleagar na hEorpa leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, tá go leor de chuideachtaí an Aontais ag tuairisciú deacrachtaí maidir le hoibrithe a aimsiú a bhfuil na scileanna riachtanacha acu. Chun an t-athsciliú agus an t-uas-sciliú riachtanach a sholáthar do lucht saothair na hEorpa agus chun daoine a bhfuil na scileanna cearta acu

a mhealladh chuig an Aontas, ainmníodh 2023 mar an Bhliain Eorpach um Scileanna.


Cuireadh an phráinn a bhaineann le tionscnamh den sórt sin i dtábhacht le torthaí suirbhé a rinneadh san earrach i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide, inar léiríodh go bhféadfadh teorainn a bheith le cumas an Aontais a chuid spriocanna a bhaint amach.

Tá FBManna ag coinneáil siar ar ghanntanas scileanna i ndáil leis an méid seo a leanas:



Ganntanas scileanna de réir ról poist

Céatadán na FBManna a bhfuil ganntanas scileanna le sárú acu i ndáil leis an méid seo a leanas:



Le tionscnaimh amhail an Comhshocrú um Scileanna táthar ag dul i ngleic cheana féin le dúshlán agus ganntanais i bhforbairt scileanna, agus ag cur go mór leis an mBliain um Scileanna. Go dtí seo, bhain níos mó ná 2 mhilliún duine tairbhe as gníomhaíochtaí uas-scilithe agus athscilithe, agus chláraigh níos mó ná 1 500 eagraíocht le Cairt an Chomhshocráithe um Scileanna, 20 comhpháirtíocht mhórsála ina measc. Tá breis agus 15 000 clár oiliúna forbartha nó tugtha cothrom le dáta ag comhaltaí an Chomhshocráithe

freisin agus tá beagnach €160 milliún infheistithe acu i dtionscnaimh scileanna.

Ar bhonn Acadamh Ceallraí na hEorpa, a seoladh in 2022, tá an Coimisiún ag moladh Acadaimh um an Tionscal Glan-Nialasachta chun na scileanna is gá don aistriú glas a thabhairt d'oibrithe. Leis na hacadaimh, a mbeidh gach ceann acu dírithe ar theicneolaíocht ghlan-nialasach amháin, tabharfar lucht tionscail, comhpháirtithe sóisialta, agus soláthraithe oideachais agus oiliúna le chéile.



↓
FÍSEÁN An Bhliain Eorpach um
Scileanna.



Tháinig thart ar 300 duine le chéile sa Bhruiséil agus breis agus 1 000 ar líne chun freastal ar an imeacht suaitheanta chun luach scileanna a chur i dtábhacht dar teideal *'Making Skills Count'* [Scileanna a chur i dtábhacht]. Le linn na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme ón 23 go dtí an 27 Deireadh Fómhair, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le gairmoideachas agus gairmoiliúint chun freagairt do dhúshláin eacnamaíocha, aeráide agus shóisialta. Faoi dheireadh na bliana, bhí níos mó na 900 imeacht eagraithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil.

Ar cheann de thionscnaimh shuaitheanta de chuid na Bliana Eorpaí um Scileanna, seoladh an tAcadamh Bauhaus Eorpach Nua maidir le scileanna le haghaidh na tógála inbhuanaithe faoin tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua. Cuirfear dlús leis le huas-sciliú agus le hathsciliú san éiceachóras tógála chun tacú leis an aistriú chuig bithghheilleagar athghiniúnach. Is ansin a úsáidtear acmhainní bitheolaíocha in-athnuaite ón talamh agus ón bhfarraige (e.g. barra, foraoisí agus éisc) chun bia, ábhair agus fuinneamh a tháirgeadh. I measc na gcéad réimsí a mbeidh an t-acadamh dírithe orthu beidh bearnaí eolais a shainaithint in úsáid ábhar bithbhunaithe agus teicneolaíochtaí digiteacha, mar aon le ciorclaíocht mhéadaithe san earnáil tógála.

Mar chuid thábhachtach dá ionchur sa Bhliain um Scileanna, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le tionscnamh chun an Creat Cáilíochta Eorpach do Chúrsaí Oiliúna

An Bhliain Eorpach um Scileanna

Tá sé d'aidhm ag Bliain Eorpach na Scileanna go n-aithneoidh gach uile duine an tábhacht a bhaineann leis an oiliúint agus go mbeidh siad gníomhach ina leith.

Tá an tAontas ag obair i gcomhar leis na Ballstáit, le comhpháirtithe sóisialta, le seirbhísí fostaíochta, le comhlachais tráchtála agus tionsclaíochta, le soláthraithe oideachais agus oiliúna, le hoibrithe agus le cuideachtaí chun dlús a chur le forbairt scileanna ar an láthair agus chun iad a chur chun cinn.



a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú. Tá sé d'aidhm ag an gcreat feabhas a chur ar cháilíocht na gcúrsaí oiliúna, go háirithe ó thaobh ábhair foghlama agus oiliúna agus dálaí oibre de, chun an t-aistriú ón oideachas, ón dífhostaíocht nó ón neamhghníomhaíocht a éascú agus chun deis a thabhairt do dhaoine feabhas a chur ar a gcuid scileanna agus taithí oibre a fháil.

Beidh an tArdán Tallainne Nuálaíochta uile-Aontais, a seoladh i mí an Mhárta, ina chuidiú do ghnólaigh, gnólaigh nuathionscanta san áireamh, teacht ar an tallann atá de dhíth orthu lasmuigh den Aontas. Leis sin méadófar soghluaisteacht daoine oile i dtreo na hEorpa agus laistigh di trí earcaíocht idirnáisiúnta agus trí thacú le comhoiriúnú idir fostóirí atá bunaithe san Aontas agus náisiúnaigh cháilithe ó thíortha nach bhfuil san Aontas a theastaíonn uathu dul a chónaí san Aontas go dleathach agus obair a dhéanamh ann.



← Nicolas Schmit, an Coimisinéir Eorpach um Poist agus um Chearta Sóisialta (sa tulra, an dara duine ar dheis), ar cuairt in Ionad Oiliúna Gairmiúla Santarém agus Ionad Oiliúna Gairmiúla don Tionscal Miotalach agus Miotail Meicniúil, Liospóin an Phortaingéil, an 17 Feabhra 2023.

Sna blianta beaga amach romhainn, beidh daonra an Aontais fós ag dul i laghad. Mura dtabharfar aghaidh ar na ganntanais lucht saothair is in olc a rachaidh siad agus cuirfear brú ar bhuiséid phoiblí dá ndeasca, mar a dhearbhaítear i dtuarascáil déimeagrafaíochta 2023. Tar éis do na ceannairí iarraidh a dhéanamh ag an gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh, chuir an Coimisiún bosca uirlisí beart i láthair chun cabhrú leis na Ballstáit an t-athrú déimeagrafach a bhainistiú. Tá sé d'aidhm aige an chumhacht a thabhairt do gach glúin a mianta pearsanta agus a n-acmhainneacht iomlán sa gheilleagar agus sa tsochaí i gcoitinne a bhaint amach.

Tá tábhacht ar leith ag baint le buanna a chothú i réigiúin ina bhfuil lucht saothair atá ag dul

i laghad agus cion íseal daoine a bhfuil oideachas iar-mheánscoile acu, agus i réigiúin a ndearna imeacht daoine óga difear dóibh. Seoladh an Sásra chun cur leis an Tallann i mí Eanáir 2023 mar chuid de straitéis an Aontais chun an tallann ina réigiúin a chur chun tairbhe. Leis an sásra sin tacófar le réigiúin an Aontais atá thíos le meath luathaithe a ndaonra in aois oibre chun na daoine leis na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an aistriú dhéimeagrafaigh a oiliúint, a choinneáil agus a mhealladh. An tArdán um an tallann a chur chun tairbhe, inar tugadh lucht ceaptha beartas ó na réigiúin agus ó na Ballstáit le chéile leo siúd ar leibhéal an Aontais, seoladh go hoifigiúil é i mí na Samhna.

Sraith beart chun an t-athrú déimeagrafach a bhainistiú



Tuismitheoirí

Comhréiteach idir an saol oibre agus an saol príobháideach a éascú agus pleananna teaghlaigh a chur i gcrích.




An Óige

Cur ar chumas daoine óga a n-acmhainneacht a bhaint amach i dtimpeallacht foghlama ardcháilíochta agus an t-aistriú chuig saol na hoibre a éascú.



Daoine aosta

Tacú leis an aosú gníomhach agus sláintiúil agus á chur ar chumas do dhaoine smacht a choinneáil ar a saol agus rannchuidiú leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí fós.



An Imirce

Tallann a mhealladh agus a lánpháirtiú ó lasmuigh den Aontas.

Tá cur chun feidhme na físe fadtéarmaí do cheantair thuaithe an Aontais faoi lán seoil. Tá breis agus 2 000 eagraíocht agus údarás ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil ag comhoibriú anois chun comhar níos láidre a chothú i réimsí éagsúla beartais agus chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht agus beogacht na gceantar tuaithe. In 2023 cruthaíodh Grúpa Comhordaithe an Chomhshocraithe Tuaithe agus seoladh Ardán Pobail an Chomhshocraithe Tuaithe, le hacmhainní le haghaidh pobail tuaithe a bhfuil an caillteanas daonra, an dul in aois agus an meath déimeagrafach ag bagairt orthu. Sholáthair an tAontas treoir pholaitiúil freisin arb é is aidhm di rathúnas, athléimneacht agus creatlach shóisialta na gceantar tuaithe agus na bpobal tuaithe a neartú a thuilleadh.

I mí na Samhna chuir an Coimisiún bearta i láthair chun an tAontas a dhéanamh níos tarraingtí do dhaoine le tallann ón taobh amuigh, agus chun an tsoghluasteacht laistigh den Aontas a éascú. Ar

cheann de na príomhthionscnaimh tá togra chun Linn Tallainne de chuid an Aontais a bhunú. Beidh sí sin ar an gcéad ardán meaitseála post uile-Aontais, arb é is aidhm dó earcaíocht idirnáisiúnta a éascú do ghairmeacha ina bhfuil ganntanas daoine, ar gach leibhéal scileanna. Le sraith moltaí a ghabhann leis an tionscnamh, déanfar aitheantas do na scileanna agus na gcáilíochtaí a fuarthas lasmuigh den Aontas a shimpliú agus a bhrostú. Trí fhaisnéis agus treoir shoiléir thrédhearcach ar líne a sholáthar maidir le nósanna imeachta inimirce agus aitheantais, beidh Linn Tallainne an Aontais ina tacaíocht d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist chun a mbealach a dhéanamh trí na rialacha casta earcaíochta. Beidh an earcaíocht idirnáisiúnta níos éasca, níos tapúla agus níos éifeachtaí léi do gach duine lena mbaineann. Beidh Linn Tallainne an Aontais ina cuidiú freisin le Comhpháirtíochtaí Tallainne a chur chun feidhme trí uirlis a sholáthar le haghaidh socrúcháin éifeachtacha poist do náisiúnaigh rannpháirteacha ó thíortha nach bhfuil san Aontas.

Tacaíocht d'oibrithe


Dálaí a fheabhsú le haghaidh oibrithe ardáin

Rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle dul chun cinn ina n-idirbheartaíocht i ndáil leis an treoir atá beartaithe maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre i réimse na hoibre ardáin. Is é is aidhm don mholadh a chinntiú go dtabharfar stádas dlíthiúil fostaíochta do dhaoine a oibríonn trí ardáin saothair dhigiteacha, ar stádas é a fhreagraíonn dá socrúithe oibre iarbhir, agus a chinntiú gur féidir leo leas a bhaint as na cearta saothair agus na sochair shóisialta a bhfuil siad ina dteideal. Chomh

maith leis sin, bunaítear leis an Treoir rialacha nua lena rialaítear úsáid córas uathoibrithe i dtaobh monatóireacht agus cinnteoireacht ar ardáin saothair dhigiteigh. Leis sin, déantar trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr a chur chun cinn i réimse an bhainistithe de réir algartam, rud a chuireann ar chumas daoine a bheith ar an eolas faoi chinntí a dhéanann difear dá ndálaí oibre agus agóid a dhéanamh ina n-aghaidh.

Cé mhéad oibrí ardáin atá ann?

Is **cuid shuntasach den lucht saothair** san Aontas iad na hoibrithe ardáin.




Piarfhoghlaím i gcomhair an riaracháin phoiblí

In 2023, ghlac thart ar 100 státseirbhíseach ó 17 mBallstát páirt i dtionscadal malartaithe nua um ullmhú na chéad ghlúine eile de lucht ceaptha beartas san Aontas. Cuireann an clár um Chomhar agus Malartú sa Riarachán Poiblí ar chumas na rannpháirtithe foghlaim ó mhodhanna oibre agus ó chultúr údarás riaracháin phoiblí eile de chuid an Aontais. Maoinítear é faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, is é sin an clár AE lena gcuirtear saineolas teicniúil saincheaptha ar fáil do na Ballstáit chun cabhrú leo athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme.

Scileanna digiteacha i gcomhair gairmithe sláinte

Le linn na bliana, bhain an Eastóin, an Spáinn, an Iodáil agus an Rómáin tairbhe as tionscadail a maoiníodh leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil chun inniúlachtaí digiteacha a ngairmithe cúraim sláinte a neartú agus chun a chinntiú go mbeidh uas-sciliú ar siúl de shíor amach anseo. Tacaíonn na tionscadail le húdaráis sláinte ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach ó thaobh pleananna scileanna digiteacha agus treoirlínte oibríochtúla a fhorbairt ar mhaithe le glacadh agus úsáid ríomhthaifid sláinte a éascú.



© Adobe Stock

Sláinte agus sábháilteacht ag an obair

I mí na Samhna, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú sealadach go n-ísleoidís na teorainneacha nochta maidir le luaidhe ionas gurb é an cúigiú cuid den teorainnluach reatha a bheidh i gceist. Is féidir le luaidhe tionchar a imirt ar an bhfeidhmiú collaí agus ar an torthúlacht, sin agus dochar a dhéanamh d'fhorbairt féatais nó do shliocht na mban a mbíonn teagmháil acu léi. Thacaigh siad freisin leis an gcéad teorainn nochta riamh a thabhairt isteach maidir leis na ceimiceáin ar a dtugtar dé-isicianáití, ceimiceáin is féidir a bheith ina gcúis le galair riospráide, an t-asma cuir i gcás. Is athruithe iad seo a tháinig sna sála ar thogra ón gCoimisiún a bhí bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí, agus beidh siad rithábhachtach i dtaca le cosaint oibrithe le linn an aistrithe chun na haeráidneodrachta. Is dócha go n-úsáidfear idir luaidhe agus dé-isicianáití i dtáirgeadh ceallraí, i bpróisis chun feithiclí leictreacha a dhéanamh níos éadroime, i dtuurbíní gaoithe, nó mar ábhair inslithe le linn athchóirithe foirgneamh, mar shampla.

Leasaigh an tAontas reachtaíocht chun an teorainn nochta ceirde maidir leis an aispeist a íslí go suntasach. Is céim thábhachtach atá ann sin i dtreo cosaint níos fearr a thabhairt d'oibrithe ar an aispeist, ar substaint í atá an-chontúirteach, atá ina cúis ailse, agus atá i roinnt mhaith foirgneamh i gcónaí. Cuid is ea é de chur chuige cuimsitheach an Aontais i leith cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine agus don chomhshaol ar an aispeist agus todhchaí slán ó aispeist a chinntiú.

An saol a dhéanamh níos éasca tríd an tslándáil sóisialta a chomhordú go digiteach

Moladh céimeanna praiticiúla chun comhordú na gcóras slándála sóisialta san Eoraip a dhigitiú tuilleadh. Ach leas iomlán a bhaint as uirlisí digiteacha, cuirfear feabhas ar an malartú faisnéise idir institiúidí náisiúnta slándála sóisialta, agus cuirfear dlús le haithint agus deonú sochar incháilithe thar theorainneacha. Fágfaidh sé sin gur fusa a bheidh sé ar chónaitheoirí de chuid an Aontais cur fúthu, dul ag obair, agus taisteal thar lear, gur fusa a bheidh sé ar chuideachtaí gnó a dhéanamh i mBallstáit eile, agus gur fusa a bheidh sé ar údaráis riaracháin náisiúnta an tslándáil shóisialta a chomhordú thar theorainneacha (féach Caibidil 5).

An t-oideachas, an oiliúint agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil


Erasmus+

Agus páirt glactha ag 14 mhilliún duine nach mór sa chlár Erasmus+ go dtí seo, tá sé ar cheann de na cláir is suaithinsí atá ag an Aontas, agus is clár é faoina gcuimhdeáir an t-oideachas, an oiliúint, an óige agus an spórt. Mhéadaigh an Coimisiún an buiséad a bhí ag gabháil don chlár le haghaidh na bliana 2023 ionas gur €4.43 billiún a bhí ann san iomlán — sin an leithdháileadh airgeadais bliantúil is airde dá bhfuair sé riamh. D'fhág sé sin gurbh fhéidir treisiú le tosaíochtaí Erasmus+ maidir leis an gcuimsiú, an tsaoiríocht ghníomhach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach, agus maidir leis na haistrithe glasa agus digiteacha san Aontas agus go hidirnáisiúnta. Cuimsíodh sa chlár oibre athbhreithnithe €100 milliún le haghaidh tacú le foghlaimoirí agus le baill foirne oideachais atá thíos le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Neartaíodh an ghné idirnáisiúnta de Erasmus+, a bhí le méadú €31 mhilliún ar an mbuiséad ar mhaithe le treisiú le tionscadail soghluaisteachta agus fothú acmhainneachta san ardoideachas chun tacú le tionscadail comhair idirnáisiúnta. In 2023, bhí sé ina ina thacaíocht freisin i dtaobh timpeallacht dhigiteach oideachais oscailte a chruthú do mhic léinn atá cláraithe in institiúidí ardoideachais de chuid na hÚcráine, dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón Úcráin, nó do mhic léinn atá easáitithe ina dtír féin.

An Limistéar Eorpach Oideachais

Is tionscnamh é an Limistéar Eorpach Oideachais chun cabhrú leis na Ballstáit oibriú le chéile le haghaidh córais oideachais agus oiliúna níos cuimsithí agus níos athléimní a thógáil. Is é is aidhm dó a fhágáil gur fearr an rochtain a bheidh ar oideachas agus ar oiliúint ar ardchaighdeán, cur ar chumas foghlaimoirí gluaiseacht go héasca ó chóras oideachais go chéile i dtíortha éagsúla, agus cabhrú ó thaobh cultúr a chothú ina mbeifear ag foghlaim ar feadh an tsaoil. An tráth a bhí an pointe meántearma sroichte ó thaobh thógáil an Limistéir Eorpaigh Oideachais, d'aithin an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta, sin agus an gá a bheidh le hiarrachtaí leanúnacha ó na Ballstáit, ón gCoimisiún agus ó phobal na bpáirtithe leasmhara i gcoitinne má táthar leis an tógáil sin a chur i gcrích faoin mbliain 2025.

Cén phróifíl a bhí ag an ngnáthmhac léinn ardoideachais Erasmus+ in 2023?



↑
Iliana Ivanova, an Coimisinéir Eorpach um Nuálaíocht, um Thaighde, um Chultúr, um Oideachas agus um an Óige (ar dheis), le linn imeacht athbhreithnithe meántearma an Limistéir Eorpaigh Oideachais, an Bhruiséil, an Bheilg, an 10 Deireadh Fómhair 2023. Ag an imeacht ardleibhéil, rinneadh machnamh ar an dul chun cinn atá déanta chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach agus ar na dúshláin atá romhainn.

Rinne Painéal Saoránach tiomnaithe maidir leis an tSoghluaisteacht Foghlama (féach freisin Caibidil 9) 21 mholadh shonracha a bhí dírithe ar dheiseanna foghlama thar lear a fheabhsú do gach duine san Aontas. Cuireadh na moltaí sin san áireamh fad a bhíodhas ag dréachtú an togra ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit dlúthchuid de gach conair oideachais agus oiliúna a dhéanamh den tsoghluaisteacht foghlama laistigh den Aontas.

An t-oideachas digiteach

Ní mór scileanna digiteacha a bheith ag daoine chun go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh sa tsochaí agus san obair, agus chun go mbainfear cuimsiú sóisialta amach. Tá sé d'aidhm ag an Aontas feabhas a chur ar an gcaoi a mbíonn daoine ag foghlaim ar líne, agus a chinntiú go bhfuil na scileanna digiteacha atá riachtanach le haghaidh shaol an lae inniu agus an tsaoil a bheidh ann amach anseo ar a dtail ag daoine.

Chuir sin, ghlac an tAontas dhá mholadh i mí na Samhna arb é is aidhm dóibh treoir agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le scileanna digiteacha na ndaoine a fhorbairt agus aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach. Is cuid de chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta 2021-2027 don Oideachas Digiteach atá sna moltaí sin. Ag an am céanna, táthar ag leanúint den obair ar na 13 ghníomhaíocht atá ag gabháil leis an bplean sin. I mí an Mheithimh, mar shampla, seoladh pobal cleachtais chun tacú leis an Ardán Eorpach um Malartú maidir le hábhar ardoideachais agus sonraí oideachais, mar chuid den Mhol Oideachais Dhigitigh. Ina theannta sin, tá tús curtha ag an gCoimisiún le treoirthionscadal chun a fháil amach cé mar a d'fhéadfaí Deimhniú Eorpach um Scileanna Digiteacha a fhorbairt. Cabhair a bheadh ann sin

ó thaobh fostóirí agus soláthraithe oiliúna na scileanna digiteacha atá ag daoine a aithint go tapa agus go héasca thar theorainneacha. (Chun tuilleadh eolais a fháil faoi scileanna digiteacha, féach Caibidil 5.)

Córais oideachais níos cuimsithí

A bhuí leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, tá an Spáinn, an Iodáil agus an Phortaingéil ag déanamh a gcóras oideachais níos cuimsithí ag daltaí faoi mhíbhuntáiste trí thionscadal ilnáisiúnta atá dírithe ar éagothromaíochtaí réigiúnacha a chomhrac. Le maoiniú faoin ionstraim, táthar ag cabhrú freisin le hÉirinn agus leis an bhFionlainn treochláir a fhorbairt chun múinteoirí a uas-sciliú agus oideachas cuimsitheach ardchaighdeán a chur chun cinn, agus leis an Rómáin córas a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun líon na ndaoine a fhágann an scolaíocht go luath a laghdú.



↑
FÍSEÁN Duais Aireagóirí Óga: clár inrochtana do leanaí lagamhairc.



Leabhair agus an léitheoireacht a chur chun cinn

I mí an Mhárta, seoladh den chéad uair riamh Lá na nÚdar Eorpach, tionscnamh nua faoin gclár Eoraip na Cruthaitheachta. Os cionn 1 000 imeacht a bhí ag gabháil leis, agus ba é ab aidhm dó an ghlúin óg a chur ag léamh leabhar an athuair, agus daoine a spreagadh chun eolas a chur ar an éagsúlacht chultúrtha agus teanga a bhaineann le litríocht na hEorpa.



FÍSEÁN Misean an Aontais um Ailse — Aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine óga a tháinig slán ón ailse.

Tacú leis an taighde

Tá cúig mhisean de chuid an Aontais, a fhaigheann tacaíocht ó chistiú Fís Eorpach go príomha, lena bhfuiltear ag cabhrú le hobair an Choimisiúin maidir leis na rudaí seo a leanas — an Comhaontú Glas don Eoraip, an Eoraip a chur in oiriúint don ré dhigiteach, agus Plean Sáraithe Ailse na hEorpa. Is iad an taighde agus nuálaíocht an túsphointe atá ag na misin chéanna. Faoi scáth gach misin díobh, tá spriocanna leagtha amach atá uailmhianach, praiticiúil agus intomhaiste, chun torthaí nithiúla a bhaint amach ar son gach duine san Aontas. Léiríonn measúnú ar dhul chun cinn go bhfuil na misin ar an mbóthar ceart i dtaca lena spriocanna uailmhianacha a bhaint amach faoi 2030.

Chun fiorthionchar marthanach a chruthú, spreagann na misin raon leathan gníomhaithe poiblí agus príobháideacha chun gnímh — na Ballstáit, údaráis réigiúnacha agus áitiúla, agus institiúidí taighde san áireamh, chomh maith le feirmeoirí, infheisteoirí agus comhpháirtithe comhlachaithe ó áiteanna lasmuigh den Aontas. Ina theannta sin, bíonn siad i dteagmháil leis na saoránaigh chun cur leis an nglacadh atá le réitigh agus cuir chuige nua. In 2023, seoladh an chéim ullmhúcháin le haghaidh an tséu misean maidir le Bauhaus Eorpach Nua. Is misean é sin trína ndíreofar ar an nuálaíocht, agus trína bhféachfar le comharsanachtaí ar fud na hEorpa a athrú chun feabhais, sa chaoi gur comharsanachtaí áille, inbhuanaithe, cuimsitheach a bheidh iontu faoi 2035.

Mar chuid den chlár Fís Eorpach, bíonn an Chomhairle Eorpach um Thaighde ag cabhrú ó thaobh teorainneacha an eolais a shárú i ngach réimse den eolaíocht agus den léann trína scéimeanna deontais iomráiteacha. In 2023, bronnadh deontais ón gcomhairle dar luach iomlán €2 bhilliún ar thionscadail a roghnaíodh mar gheall ar an sármhaitheas eolaíochta atá bainte amach acu.



Ferenc Krausz (ar chlé) agus Anne L'Huillier (ar dheis).

Is iad Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie clár suaitheanta cistiúcháin an Aontais le haghaidh oideachas dochtúireachta agus oiliúint iardhochtúireachta taighdeoirí. Le linn 2023, thacaigh an clár sin le beagnach 3 000 tionscadal agus 4 400 eagraíocht, a roghnaíodh le haghaidh cistiú in 2021 agus 2022. Leis an maoiniú sin, ar fiú breis agus €1.6 billiún é, cuirfear oiliúint ar os cionn 15 000 iarrthóir dochtúireachta laistigh agus lasmuigh den saol acadúil.



Mariya Gabriel, an Coimisinéir Eorpach um Nuálaíocht, um Thaighde, um Chultúr, um Oideachas agus um an Óige ag imeacht maidir le hathchumhachtú an Aontais le Gleannta Hidrigine, an Bhruiséil, an Bheilg, an 1 Márta 2023. Tá an Coimisiún, in éineacht le tionscal hidrigine na hEorpa, an pobal eolaíochta agus réigiúin an Aontais, tiomanta do dhlús a chur le gníomhaíocht chomhpháirteach maidir le taighde ar Ghleannta Hidrigine agus maidir le forbairt, taispeáint agus imscaradh na nGleannta Hidrigine.

Beirt de na taighdeoirí a bhuaigh Duais Nobel na Fisice in 2023, fuair siad maoiniú ón Aontas. Fuair Ferenc Krausz agus Anne L'Huillier deontais dar luach €9.5 milliún, nach mór, ón gComhairle Eorpach um Thaighde. Fuair siad tacaíocht freisin ó chlár taighde eile de chuid an Aontais, Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie ina measc. Iad féin agus fisiceoir eile, Pierre Agostini, bhuaigh siad an duais mar gheall ar 'mhodhanna turgnamhacha trína ngintear bíoga solais atasoicind ar mhaithe le staidéar a dhéanamh ar dhinimic leictreon in ábhar'.

I mí Iúil, mhol an Coimisiún go ndéanadh an Chomhairle moladh ar son bhunú creata Eorpaigh nua do ghairmeacha taighde, cairte nua do thaighdeoirí, agus creata Eorpaigh um inniúlachtaí do thaighdeoirí. Is é príomhspríoc na dtionscnamh sin taighdeoirí a choinneáil san Eoraip, an Eoraip a bheith ina ceann scríbe tarraingteach do thaighdeoirí ón taobh amuigh, agus gairmeacha taighde a chur chun cinn mar rogha tharraingteach do mhic léinn óga agus do chéimithe óga.

Ar Lá Idirnáisiúnta na mBan (an 8 Márta), fógraíodh na chéad bhuaiteoirí a ghnóthaigh duais nua a thugann aitheantas d'eagraíochtaí acadúla agus taighde as an athrú i dtreo an chomhionannais inscne sa taighde agus sa nuálaíocht a chur chun cinn. Trí institiúid acadúla ó Éirinn agus ceann amháin ón tSualainn a thug leo Duais an Aontais do Chrainn Taca an Chomhionannais Inscne.

Dlús a chur le bearta ar son Aontas comhionannais

Comhionannas inscne

Cé gur ceann de bhunphrionsabail an Aontais Eorpaigh is ea an ceart pá comhionann a fháil as obair chomhionann nó obair ar luach comhionann, tá a dtuilleann na mná san Aontas 13 % níos lú ar an meán ná a dtuilleann na fir. Cé gur ceist chasta í an bhearna phá idir na hinscní, meastar go bhfuil an t-idirdhealú pá ar cheann de na príomhchúiseanna atá léi. Tá rialacha nua maidir le trédhearcacht pá ann arb é is aidhm dóibh cur i bhfeidhm an phrionsabail sin a neartú, agus cabhrú ó thaobh an bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh. Leis an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá, tugtar an ceart d'oibrithe eolas a fháil faoi mheánleibhéil phá na ndaoine ar fad a dhéanann an post céanna nó a dhéanann obair ar luach comhionann, rud a chuireann ar chumas oibrithe aon idirdhealú pá ar bhonn inscne a shainithint, agus agóid a dhéanamh ina choinne.

Ina theannta sin, leis an treoir chéanna tugtar an deis d'oibrithe a gceart chun pá chomhionann a fhorfheidhmiú i gcás ina gcreideann siad go bhfuil idirdhealú á dhéanamh orthu. Cinnteofar léi, mar

shampla, gur féidir le comhlachais agus comhlachtaí ábhartha, comhlachtaí comhionannais cuir i gcás, ionadaíocht a dhéanamh os comhair cúirte ar dhaoine atá thíos leis an idirdhealú pá. Cinntítear léi gur fearr an cúiteamh a gheobhaidh daoine atá thíos leis an idirdhealú pá, agus gur láidre na pionóis a ghearrfar mar gheall ar chearta a sháru. Ní mór na rialacha nua a ionchorprú sa dlí náisiúnta faoin 7 Meitheamh 2026.


Lean an Coimisiún de bheith ag tacú le gníomhartha chun foréigean inscnebhunaithe agus foréigean in aghaidh leanaí a chosc agus a chomhrac, rud a rinne sé tríd an gClár um Shaoránacht, Comhionannas, Cearta agus Luachanna. Roghnaíodh 13 thionscadal dá dtabharfar maoiniú dar luach €30 milliún nach mór. Is ar an bhforéigean inscnebhunaithe agus an foréigean teaghlaigh a dhíríonn seacht gcinn de na tograí a roghnaíodh, is ar an bhforéigean in aghaidh leanaí a dhíríonn cúig cinn acu, agus tá ceann amháin ann a bhaineann le daoine fásta agus leanaí araon.



Ba chloch mhíle thábhachtach é aontachas an Aontais, i mí an Mheithimh, le Coinbhinsiún Iostanbúl maidir le Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac. Is rud é a léiríonn tiomantas an Aontais i leith dlús a chur le gníomhaíocht i gcoinne foréigean inscnebhunaithe sna 27 mBallstát, agus i leith gníomhaíocht chun tacú le híospartaigh uile an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. Tháinig an coinbhinsiún i bhfeidhm san Aontas an 1 Deireadh Fómhair 2023.



Ó chlé go deas: Viora Jourova, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar Luachanna agus Thredhearcacht, Paulina Brandberg, Aire Comhionannais Inscne na Sualainne agus an Leas-Aire Fostaíochta, agus Helena Dalli, an Coimisinéir Eorpach um Chomhionannas, thar ceann Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, tá siad ag glacadh páirt in imeacht maidir le haontachas an Aontais le Coinbhinsiún Iostanbúl, an Bhruiséil, an Bheilg, an 19 Meitheamh 2023.



↑
FÍSEÁN Cur in aghaidh
steiréitíopaí inscne.

Tá steiréitíopaí inscne ar cheann de na bunchúiseanna atá le neamhionannais inscne. Tríd an bhfeachtas ‘#EndGenderStereotypes’, a seoladh i mí an Mhárta, táthar ag díriú ar steiréitíopaí inscne a imríonn tionchar ar mhná agus fir araon i ngach réimse den saol, an chothromaíocht oibre agus saoil, roghanna gairme, agus deiseanna ar phoist cheannaireachta ina measc. Is é is aidhm don fheachtas sin feasacht daoine a mhúscailt maidir le steiréitíopaí san fhíorshaol, agus daoine a spreagadh chun cleachtais idirdhealaitheacha a cheistiú agus aghaidh a thabhairt orthu.

Cur chun feidhme Straitéis um Comhionannas LGBTIQ 2020–2025

I dtuarascáil 2023 *ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020–2025*, cuirtear i láthair roinnt mhaith bearta a bhaineann le cúrsaí lespiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, idirghnéasacha agus aiteacha (LGBTIQ), agus léirítear go bhfuil formhór na ngníomhaíochtaí atá ag gabháil leis an straitéis curtha i gcrích, sin go bhfuil siad á gcur chun feidhme. Is í an tuarascáil sin a bheidh ina bonn eolais maidir le plé ar an méid a chaithfear a bhaint amach fós chun go gcuirfear an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ chun feidhme go rathúil faoi 2025.

Chuir an Coimisiún leis an gcistiú a chuireann sé ar fáil faoin gClár um Shaoránacht, Comhionannas, Cearta agus Luachanna chun an t-idirdhealú in aghaidh daoine LGBTIQ a chomhrac agus chun

comhionannas LGBTIQ a chur chun cinn, agus leithdháileadh €3 mhilliún ar thionscadail a chuaigh chun tairbhe go sonrach don phobal LGBTIQ in 2023–2024.

In 2023, sheol an Coimisiún an feachtas ‘Keep Your Eyes Open’, rud atá ina thionscnamh faoi *Straitéis an Aontais Eorpach um Chearta Íospartach 2020–2025*, le haghaidh feasacht a mhúscailt faoi chearta íospartach coireachta, íospartaigh na coireachta fuatha frith-LGBTIQ san áireamh. Is é is aidhm don fheachtas cairde agus teaghlaigh na n-íospartach a spreagadh chun cabhair agus tacaíocht a chur ar fáil. Is é an sprioc dheiridh a chinntiú go dtuigeann na híospartaigh a gcearta agus go mbraitheann siad go bhfuil sé de chumhacht acu iad a úsáid chun an chóir a lorg.

→
Na mílte daoine ag teacht le chéile i gcoinne an idirdhealaithe ag Mórshiúl comhionannais bliantúil in Kraków, an Pholainn, an 20 Bealtaine 2023.



An cuimsiú agus an éagsúlacht a chur chun cinn

Buaiteoirí Ghradaim Phríomhchathracha Cuimsithe agus Éagsúlachta na hEorpa 2023

Na Gradaim bhliantúla le haghaidh Phríomhchathracha Cuimsithe agus Éagsúlachta na hEorpa, is cuid iad d'obair an Aontais maidir leis an gciníochas agus an t-idirdhealú a chomhrac. Bhain buaiteoirí 2023 le seacht mBallstát éagsúla, agus rinneadh ceiliúradh ar a gcuid oibre chun sochaithe níos cothroime a thógáil tríd an éagsúlacht agus an cuimsiú a chur chun cinn ó thaobh inscne, gnéaschlaonta, bunadh ciníoch agus eitneach, reiligiún agus creidimh, cumais agus aoise.



**Comhairle Cathrach
Terrassa,**
an Spáinn



**Réigiún na
Bruiséile,**
an Bheilg



**Cathair
Heilsincí,**
an Fhionlainn



**Comhairle Cathrach
La Zarza,**
an Spáinn



**Baile
Labin,**
an Chróit



**Bardas
Fundão,**
an Phortaingéil



**Cathair
Gdańsk,**
an Pholainn




**An
Chatalóin,**
an Spáinn



**Cathair
Reggio Emilia,**
an Iodáil

Cé chomh maith agus a bhainistíonn d’fhostóir/d’eagraíocht éagsúlacht?

Cuireann Uirlis Féinmheasúnaithe Éagsúlachta an Aontais, a foilsíodh i mí na Bealtaine le linn Mhí na hÉagsúlachta Eorpaí, ar chumas fostóirí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach agus in eagraíochtaí, idir bheag agus mhór, a fheiceáil cé chomh maith agus a bhainistíonn siad an éagsúlacht i sé chatagóir.



Is iad na Romaigh an mionlach eitneach is mó san Eoraip. Is iomaí Romach atá thíos leis an idirdhealú agus an t-eisiamh sóisialta i gcónaí. I mí Eanáir, d’eisigh an Coimisiún tuarascáil maidir le staid na himeartha ó thaobh straitéisí náisiúnta i ndáil leis na Romaigh, rinne sé measúnú ar na straitéisí sin i bhfianaise na ngealltanais a rinne na Ballstáit, agus thug sé treoir maidir le réimsí ina bhfuil gá le hathrú chun feabhais nó le hiarracht níos fearr. D’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí cistiúcháin an Aontais agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcreat náisiúnta ionas gur dílse a bheidh siad ag freagairt don Mholadh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach.

Go déanach sa bhliain 2023, tháinig méadú ar an bhfuathchaint agus ar an bhfuachoireacht san Eoraip, agus iad dírithe ar phobail na nGiúdach agus na Moslamach go háirithe. I mí na Nollag d’fhoilsigh an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal ‘Ní ghlacfar leis an bhfuath: Eoraip le chéile i gcoinne an fhuatha’, inar bailíodh le chéile bearta an Eoraip a bhaineann leis an ábhar. Sa teachtaireacht sin chuathas i muintín príomhshraitheanna oibre atá ann cheana, lena n-áirítear straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, agus iarradh ar gach Eorpach seasamh in aghaidh an fhuatha agus labhairt amach faoin gcaoinfhulaingt agus faoin meas (féach Caibidil 7 freisin).

Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021–2030

Chun go mbeidh Aontas comhionannais ann, caithfidh daoine faoi mhíchumas a bheith in ann leas a bhaint as a gcearta agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar, ar nós gach duine eile.

Chun a chinntiú go mbeidh rochtain chomhionann ag daoine faoi mhíchumas ar shochair de bharr lascaí agus ar bhuntáistí eile ar fud an Aontais, agus gur féidir leo gluaiseacht gan bhac ó Bhallstát go chéile, tá an méid seo a leanas molta ag an gCoimisiún:

- cárta míchumais Eorpach nua; agus
- cárta páirceála Eorpach feabhsaithe do dhaoine faoi mhíchumas.



Is é an aidhm atá i gceist leis an gCárta Míchumais Eorpach atá molta ná gur cruthúnas aitheanta ar mhíchumas a bheidh ann ar fud an Aontais. Leis an gcárta sin tabharfar rochtain chomhionann do shealbhóirí cártaí ar na coinníollacha speisialta céanna agus ar an gcóir fhabhrach chéanna (e.g. saoriontráil, taraifí laghdaithe agus rochtain tosaíochta) a chuirtear ar fáil do chónaitheoirí de chuid an Bhallstáit a mbeidís siad ar cuairt ann. Beidh feidhm aige sin maidir leis an iompar poiblí, le himeachtaí cultúrtha, le músaeim, le hionaid spóirt, etc. Beidh an cárta ina chomhlánú ar chártaí náisiúnta míchumais atá ann cheana. Rinneadh an comhairliúchán poiblí ar an gcárta nua a chur ar

fáil i roinnt formáidí éagsúla chun inrochtaineacht a chinntiú. Is é an toradh a bhí air sin ná gur breis agus 2 500 duine faoi mhíchumas a rannchuidigh leis an tionscnamh.

Leis an gcárta páirceála nua atá molta, ráthófar go bhfaighfear na cearta céanna agus atá ag cónaitheoirí de chuid an Bhallstáit lena mbaineann chun úsáid a bhaint as spásanna agus saoraidí páirceála atá curtha in áirithe do dhaoine faoi mhíchumas. Tá sé beartaithe an cárta sin a chur in ionad cártaí páirceála náisiúnta.

Tá an tionscnamh á chaibidliú ag an bParlaimint agus ag an gComhairle.

Cosaint tomhaltóirí

In 2023, lean an Coimisiún, i gcomhar leis na húdaráis atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí an Aontais a fhorfheidhmiú (sa Ghréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí), lean sé de dhul chun cinn mór a dhéanamh maidir le tomhaltóirí a chosaint ar chleachtais éagóracha. Thug an gréasán sin aghaidh ar an earnáil taistil, agus is mór an lámh a bhí aige ina chinntiú go gcaitear go cothrom le tomhaltóirí i gcásanna ina gcuirtear eitilt ar ceal. Ba dhíol suntais eile é Google a dhul i mbun idirphlé leis an ngréasán, idirphlé inar gheall sé eolas níos soiléire agus níos cruinne a thabhairt do thomhaltóirí chun rialacha an Aontais a chomhlíonadh.

Le rialacha nuachóirithe, cinnteofar nach dtairgfear do thomhaltóirí an Aontais ach táirgí sábháilte, is cuma cad is áit tionscnaimh dóibh, bídís á ndíol i siopaí traidisiúnta nó i margaí ar líne. Na rialacha nua sin, lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann leis an méadú atá ag teacht ar an digitiú, le forbairtí teicneolaíochta nua agus le slabhraí soláthair domhandaithe, tháinig siad i bhfeidhm i mí an Mheithimh agus beidh feidhm acu i ngach Ballstát ón 13 Nollaig 2024 ar aghaidh.

I mí na Samhna tháinig rialacha nua i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt do thomhaltóirí a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar chreidmheas (e.g. iasacht chun íoc as carr). Is é is aidhm dóibh a chinntiú go mbíonn a fhios ag tomhaltóirí cé leis go díreach a bhfuil a n-ainm á chur acu, sin agus go gcuirfear eolas in oiriúint do ghléasanna digiteacha.

Ina theannta sin, i mí na Nollag tháinig rialacha nuachóirithe i bhfeidhm maidir le conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda (e.g. ar líne nó tríd an bpost). Leagtar síos sa reachtaíocht rialacha soiléire maidir leis an eolas is gá a chur ar fáil do thomhaltóirí sula dtugtar conradh i gcrích. Rud eile a thugtar isteach léi is ea deis a bheith ag an tomhaltóir tarraingt siar ó chonradh trí 'chnaipe aistarraingthe' so-aimsithe ar shuíomh gréasáin an díoltóra. Deis eile a thugtar do thomhaltóirí leis na rialacha nua, a mbeidh feidhm acu ó lár 2026 ar aghaidh, is ea teagmháil a dhéanamh le duine nuair nach leor bota comhrá.



Tá gealltanais tugtha ag mórgníomhaireachtaí taistil an méid seo a leanas a dhéanamh:



eolas níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí maidir leis na cearta atá acu i gcásanna ina gcuirtear eitilt ar ceal;



aisíocaíochtaí ticéad a bhrostú, sa chaoi gur uastréimhse feithimh 14 lá a bheidh ag an tomhaltóir (ustréimhse 7 lá maidir le haerlínte aisíocaíocht a thabhairt do thaistealaithe nó don idirghabhálaí a úsáideadh chun an ticéad a chur in áirithe, agus 7 lá maidir leis an idirghabhálaí an aisíocaíocht a phróiseáil);



sonraí teagmhála ríshoiléire a chur ar fáil;



eolas a chur ar fáil maidir leis na sochair shonracha a bhaineann lena bpacáistí seirbhíse;



míniú a thabhairt ar na himpleachtaí a bhíonn ag seirbhísí sonracha ar chearta tomhaltóirí i gcásanna ina gcuirtear isteach ar eitilt.



7. Daoine agus saoirsí a chosaint

Réamhrá

In 2023, cuireadh deireadh le stádas COVID-19 mar éigeandáil sláinte dhomhanda faoi dheireadh thiar thall, agus leagadh síos bunchlocha críochnaitheacha an aontais sláinte Eorpaigh. Amach anseo, beidh Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh níos ullmhaithe chun dul i ngleic le géarchéim sláinte poiblí le chéile agus beidh siad in ann sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte a gcuid saoránach a chosaint ar bhealach níos fearr. Neartaigh an tAontas a fhreagairt ar dhúshlán coiteann na himirce tríd an reachtaíocht — mar atá, an comhaontú polaitiúil idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, mar aon le bearta oibríochtúla — agus trí chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha le tíortha nach

Ballstáit den Aontas iad. Tháinig an Chróit isteach mar an mBallstát is nuaf i limistéar Schengen in 2023, agus thosaigh sí ag baint tairbhe as na buntáistí iomlána a bhaineann le bheith mar chuid den limistéar saorghluaiseachta is mó ar domhan. Rinne Comhairle an Aontais Eorpaigh an cinneadh suntasach fáilte a chur roimh an mBulgáir agus an Rómáin teacht isteach i limistéar Schengen freisin. Mar thús leis sin, cuirfear deireadh le rialuithe ag teorainneacha aeir agus farraige ag deireadh mhí an Mhárta 2024. Ina theannta sin, ghlac an tAontas céimeanna cuimsitheacha chun a chuid saoránach a chosaint ar bhagairtí laistigh dá theorainneacha agus lasmuigh díobh.

Saoránaigh a chosaint

Na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh i scoil sa Fhrainc agus ar shráideanna na Bruiséile i mí Dheireadh Fómhair 2023, ba mheabhrú géar iad ar a phráinní atá sé leanúint d'ollstruchtúr slándála an Aontais a oiriúnú agus a threisiú. Comhaontaíodh roinnt beart le linn na bliana chun bheith ina gcuidiú an choireacht eagraithe, an sceimhlitheoireacht, an gháinneáil ar dhaoine, an gháinneáil ar dhruaí agus an t-éilliú a chomhrac.

D'áitigh an Coimisiún ar na Ballstáit na céimeanna is gá a ghlacadh freisin chun a chinntiú go gcomhlíonfar an Rialachán maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne ina iomláine, rialachán lena gcuirtear d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint anuas laistigh d'uair an chloig tar éis ordú baint anuas a fháil ó údaráis na mBallstát. Foilsíodh sraith moltaí i mí Dheireadh Fómhair chun comhordú a dhéanamh ar fhreagairt na mBallstát ar scaipeadh agus ar mhéadú ábhair neamhdhleathaigh, ábhar sceimhlitheoireachta nó fuathchaint neamhdhleathach cuir i gcás, sular féidir leis a bheith ina bhagairt thromchúiseach ar an tslándáil phoiblí. (Féach Caibidil 5 chun tuilleadh sonraí a fháil.)

Tá an tAontas tiomanta dlús a chur leis an ngníomhaíocht in aghaidh gach cineáil fuatha. I ndiaidh an mhéadaithe atá tagtha ar an bhfuathchaint agus ar an bhfuathchoireacht, agus iad dírithe ar phobail na nGiúdach agus na Moslamach go háirithe, sheol an Coimisiún Eorpach, in éineacht le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Josep Borrell, glao ar ghníomhaíocht le haghaidh mhuintir uile na hEorpa chun seasamh in aghaidh an fhuatha agus chun labhairt amach ar son na caoinfhulaingthe agus an mheasa. Leis an teachtaireacht chomhpháirteach, tá an tAontas ag neartú gníomhaíochta ar fud réimsí beartais ar nós na slándála, an digitithe, an oideachais, an chultúir agus an spóirt. San áireamh leis sin tá maoiniú breise chun ionaid adhartha a chosaint, agus ainmneofar toscairí d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as beartais an Aontais chun an fuath a chomhrac.

→

Ylva Johansson, an Coimisinéir Eorpach um Ghnóthaí Baile, ag freagairt ceisteanna iriseoirí ag Calafort Antuairp i bhfianaise an mhéadaithe leanúnaigh ar líon an chócaon a gabhadh ag an gcalafort, an Bheilg, an 7 Feabhra 2023.

Ina theannta sin, liosta reatha choireanna an Aontais atá leagtha amach sna conarthaí, d'áitigh an Coimisiún ar an gComhairle an liosta sin a leathnú amach chun an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chur san áireamh ann mar a moladh in 2021. D'athdhearbhaigh an Coimisiún a thábhachtaí atá sé dlús a chur le cur chun feidhme Straitéis 2021-2030 maidir leis an bhFrithsheimíteachas a Chomhrac agus an Saol Giúdach a Chothú.

Bíonn daoine agus gnólachtaí san Aontas ag brath ar bhonneagar criticiúil chun seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil. I dtimpeallacht slándála agus gheopholaitiúil atá ag éirí níos casta, tá an tAontas ag gníomhú chun leochaileachtaí a laghdú agus chun an athléimneacht a mhéadú sa réimse sin. Ghlac an Coimisiún liosta de sheirbhísí fíor-riachtanacha atá nasctha le bonneagar criticiúil, liosta atá le measúnú ag na Ballstáit. Tá Treoirphlean maidir le Bonneagar Criticiúil molta ag an gCoimisiún freisin chun comhordú a neartú ar leibhéal an Aontais ar mhaithe le freagairt do theagmhais shuntasacha trasteorann.

Mar chuid de phacáiste beart a glacadh ar chomóradh 30 bliain ar shaoránacht an Aontais, mhol an Coimisiún i mí na Nollag rialacha a leasú chun saoránaigh an Aontais a chosaint agus chun tacú leo i dtráth géarchéime. Is é is aidhm don Treoir athbhreithnithe maidir le Cosaint Chonsalach cosaint níos fearr agus níos éasca a chinntiú do shaoránaigh agus iad ag taisteal lasmuigh den Aontas Eorpach sa chás nach bhfuil consalachtaí nó ambasáid ag a dtír féin sa tír ina bhfuil siad.



Dlús a chur leis an gcomhrac in aghaidh na gáinneála ar dhruaí

Tá an gháinneáil ar dhruaí thar a bheith brabúsach do choirpigh, mar a léiríonn an méadú nach bhfacthas riamh roimhe seo ar na druaí aindleathacha atá ar fáil san Eoraip, sin agus na hurghabhálacha druaí san Aontas atá ag tarlú níos minice ná riamh. Tá tionchar na líonraí

coiriúla a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí aindleathacha le brath ar fud na bpobal — agus na ngeilleagar — agus éilíonn sé freagairt choiteann chomhordaithe ó rialtais, ó ghníomhaithe forfheidhmithe dlí agus ó ghníomhaithe príobháideacha i bpríomhearnálacha.



Is ionann **brabús measta na coireachta eagraithe** ó ghníomhaíochtaí aindleathacha, gáinneáil ar dhruaí ina measc, agus thart ar **€139 billiún** in aghaidh na bliana, arb ionann é agus 1 % d'olltáirgeacht intíre an Aontais.



Tá **nasc díreach idir 50 %** de na dúnbhásuithe ar fad san Eoraip agus **gáinneáil ar dhruaí**.



Déantar **70 %** de na hurghabhálacha druaí uile san Aontas **i gcalafoirt**.



Tá **40 %** de na líonraí coiriúla atá gníomhach san Aontas páirteach i **dtrádáil druaí neamhdhleathacha**.



Tháinig **méadú 416 %** ar mhargadh cócaoin na hEorpa idir 2011 agus 2021.



Fuair **6 200 duine bás** ó ródháileoga druaí in 2021 san Aontas.

Foinse: *Measúnú an Aontais ar Bhaicair na Coireachta Tromchúisí Eagraithe*, 2021.

Chun dlús a chur le hiarrachtaí an Aontais an choireacht eagraithe agus an gháinneáil ar dhruaí a chomhrac, leag an Coimisiún treochar amach i mí Dheireadh Fómhair ina bhfuil 17 ngníomhaíocht spriocdhírthe agus iad rangaithe faoi cheithre

réimse tosaíochta. Cuireann na bearta sin le cur chun feidhme leanúnach Straitéis an Aontais Eorpaigh 2021-2025 um an gCoireacht Eagraithe agus Straitéis Druaí an Aontais Eorpaigh.

Treochar nua an Aontais chun gáinneáil ar dhruaí agus coireacht eagraithe a chomhrac

1

Athléimneacht na gcalafoirt i gcoinne gáinneáil ar dhruaí agus insíothlú coiriúil a mhéadú.

2

Líonraí coiriúla ardriosca a dhíchóimeáil trí bhithin imscrúduithe níos comhordaithe agus trí fholáirimh Chóras Faisnéise Schengen a úsáid.

3

Bearta chun an choireacht eagraithe a chosc trí dheachleachtais a mhalartú idir na Ballstáit.

4

Oibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta, in Iarthar na hAfraice, i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib san áireamh.

Ina theannta sin, tá sainordú na bpríomhghníomhaithe á neartú ag an Aontas sa chomhrac in aghaidh na gáinneála ar dhruaí, mar shampla trí Ghníomhaireacht nua an Aontais um Dhruaí a bhunú in 2024. Forbróidh an ghníomhaireacht córas Eorpach um fholáireamh drugaí chun na húdaráis náisiúnta a chur ar an eolas go tapa faoi shubstaintí contúirteacha nua atá ag teacht isteach sa mhargadh. Mhéadaigh an tAontas an maoiniú le haghaidh an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gcoinne Bagairtí Coireachta freisin, rud a raibh torthaí suntasacha ag baint leis. Thairis sin, leanann an tAontas de bheith ag infheistiú i réitigh nuálacha le haghaidh gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí chun cabhrú leo coinneáil bord ar bhord leis an athrú teicneolaíoch, sin agus a bheith éifeachtach i gcónaí agus iad ag cosaint saoránach sa lá atá inniu ann agus amach anseo.

Is bagairt ar an tslándáil é an t-éilliú, ós rud é go gcumasaíonn sé an choireacht eagraithe, an sceimhlitheoireacht agus cineálacha eile coireachta, sciúradh airgid agus gáinneáil ar dhruaí ina measc,

agus ós rud é go spreagann sé na cineálacha coireachta sin. In 2023, mhol an Coimisiún reachtaíocht nua chun an t-éilliú a chomhrac agus sheol sé líonra AE in aghaidh an éillithe. Ina theannta sin, le rialacha nua maidir le rochtain ar fhaisnéis airgeadais arna gcomhaontú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i mí an Mheithimh, tabharfar rochtain thapa d'údarais forfheidhmithe dlí ar fhaisnéis faoi na cuntais ina ndéanann coirpigh agus sceimhlitheoirí a gcuid cistí nó sócmhainní a choimeád nó a cheilt.

Sa mhí chéanna, ghlac an tAontas rialacha nua chun é a dhéanamh níos éasca agus níos tapúla d'údarais forfheidhmithe dlí agus d'údarais bhreithiúnacha an fhianaise leictreonach a theastaíonn uathu a fháil chun coirpigh a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Ciallaíonn sé sin go mbeidh údarás breithiúnach i mBallstát amháin in ann fianaise leictreonach a fháil ó sholáthraí seirbhíse (cuideachtaí Teileachumarsáide nó cuideachtaí meán sóisialta, cuir i gcás) nó óna ionadaí dlíthiúil i mBallstát eile.



Baineann **85 %** d'imscrúduithe coiriúla le sonraí digiteacha.

Leis na rialacha nua (éifeachtach ó 2026 ar aghaidh), beidh an t-am is gá chun fianaise leictreonach a fháil níos lú ná 10 lá, agus i gcásanna éigeandála níos lú ná 8 n-uaire an chloig.



Déantar iarraidh trasteorann ar r-fhianaise i **mbreis agus 50 %** de na himscrúduithe coiriúla uile.



Ba é an meán-am a bhí ag teastáil chun fianaise leictreonach a fháil **10 mí** le haghaidh nósanna imeachta um chúnamh dlíthiúil frithpháirteach agus **120 lá** i gcás Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha.

Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo beartas nua imirce

Tá an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann ceaptha chun an imirce a bhainistiú agus a normalú san fhadtéarma, rud a thugann cinnteacht agus dálaí cuibhiúla do dhaoine atá ag teacht isteach san Aontas. Féachann sé freisin le cur chuige coiteann AE a bhunú i leith na himirce agus an tearmainn, bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, freagracht agus meas ar chearta an duine.

I mí na Nollag, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cúig cinn de phríomhthograí an chomhshocraíth. Beidh an comhshocrú i bhfeidhm nuair a ghlacfar na tograí sin go foirmiúil. Leis sin cruthófar creat dlíthiúil a chinnteoidh cothrom na Féinne i measc na mBallstát ó thaobh dlúthpháirtíochta agus freagrachta de, ionas go mbeidh cur chuige éifeachtach cothrom ann i leith bhainistiú na himirce.

An Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann: na príomhthograí a comhaontaíodh in 2023



An Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce

lena mbunaítear sásra nua dlúthpháirtíochta chun cothrom na Féinne a bhaint amach i leith an chórais reatha ina bhfuil roinnt Ballstát freagrach as formhór mór na n-iarratas ar thearmann, agus leagtar amach rialacha soiléire ann maidir le freagracht na n-iarratas ar thearmann.



An Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn

Tugtar aghaidh ar an nós imeachta comhchoiteann nach mór do na Ballstáit a leanúint nuair a bhíonn cosaint idirnáisiúnta á lorg ag daoine, rud a fhágann go mbíonn nósanna imeachta tearmainn, fillte agus teorann níos tapúla agus níos éifeachtaí.



An Rialachán maidir le Géarchéimeanna

Is é is aidhm leis a chinntiú go mbeidh an tAontas Eorpach ullamh amach anseo chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna, ionstraimiú na n-imirceach san áireamh.



Rialachán Eurodac

Cuireann sé bunachar sonraí coiteann i bhfeidhm a bhailíonn le chéile sonraí níos cruinne agus níos iomláine.



Rialachán maidir le Scagadh

Cruthaíonn sé rialacha aonfhoirmeacha maidir le náisiúnaigh nach den Aontas iad a shainaithint ar theacht isteach dóibh, agus an tslándáil a mhéadú laistigh de limistéar Schengen dá réir sin.

I gcomhthráth leis sin, cuireadh dlús le bearta oibríochtúla chun tacú leis na Ballstáit feadh na bpríomhbhealaí imirce chun na hEorpa. In 2023, chuir an Coimisiún pleananna gníomhaíochta i láthair maidir le bealach na Meánmhara Thoir agus bealaí na Meánmhara Thiar agus an Atlantaigh, pleananna ina bhfuil bearta praiticiúla lena ndírítear ar thíortha tionscnaimh agus tíortha idirthurais ábhartha. Comhlánaíonn na pleananna sin na pleananna gníomhaíochta maidir le bealach na mBalcán Thiar agus bealach na Meánmhara Láir a cuireadh i láthair in 2022. Na bearta a rinne an tAontas, na Ballstáit agus comhpháirtithe idirnáisiúnta, ba chuidiú iad an líon imirceach neamhrialta a bhainistiú.

Le haghaidh na tréimhse 2021-2027, leithdháil an Coimisiún €11.5 billiún ar na Ballstáit agus ar na tíortha atá comhlachaithe le Schengen le haghaidh clár chun dul i ngleic le dúshlán maidir leis an imirce, bainistiú teorainneacha agus an tslándáil.

Athsheoladh an Grúpa Eorpach Teagmhála um Chuardach agus Tarrtháil chun comhordú níos dlúithe agus dea-chleachtais a chur chun cinn, go háirithe i measc stát brataí agus stát cósta. Ina theannta sin, tá gealltanas tugtha ag 19 mBallstát agus ag na ceithre thír atá comhlachaithe le Schengen (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis) Sásra Dlíthpháirtíochta Deonach a chur chun feidhme, sásra arb é is aidhm dó tacú leis na Ballstáit sin is mó atá thíos le dúshlán imirce. Lean an tAontas d'fhaireachán a dhéanamh ar staid na himirce trí Shásra an Aontais um Ullmhacht agus um Bainistiú Géarchéimeanna i ndáil leis an Imirce chun an fhreagairt chomhpháirteach a neartú.

Tar éis méadú a theacht ar líon na ndaoine a tháinig isteach ón Afraic Thuaidh ar oileán Lampedusa na hIodáile i mí Mheán Fómhair, leag an tAontas plean 10 bpointe amach ina raibh bearta praiticiúla chun an imirce neamhrialta a laghdú agus chun cúnamh a thabhairt láithreach d'údaráis na hIodáile.



↑
Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh (an tríú duine ar chlé), Giorgia Meloni, Príomh-Aire na hIodáile (sa tulra, an tríú duine ar dheis), agus Matteo Piantedosi, Aire Gnóthaí Baile na hIodáile (sa tulra, an dara duine ar dheis), le linn a gcuartha ar theophointe na n-imirceach ar oileán Lampedusa, an Iodáil, an 17 Meán Fómhair 2023.

Dul i ngleic leis an imirce neamhrialta

Smuigleáil imirceach a chomhrac

An comhrac in aghaidh smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine agus na nithe sin a chosc, tá siad ar dhá cheann de thosaíochtaí an Aontais, agus iad ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta ar bhealach cuimsitheach. Tá a fhios ag líonraí smuigleála imirceach an chaoi le leas a bhaint as bealaí éalaithe dlíthiúla agus tá modhanna nua earcaíochta in úsáid acu, na meáin shóisialta agus feidhmchláir mhóibíleacha cuir i gcás. An fhorbairt sin, ar a dtugtar an smuigleáil dhigiteach, is dúshlán nua í d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha. Is minic a bhíonn smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine idirnasctha: is féidir le líonraí smuigleála dúshaothrú a dhéanamh ar imircigh a feadh na mbealaí nó iad a smuigleáil ar mhaithe le dúshaothrú a dhéanamh orthu nuair a bheidh siad san Eoraip.

Tascfhórsaí oibríochtúla a fhaigheann tacaíocht ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí agus foirne comhpháirteacha um imscrúdú faoi scáth Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil, tá siad ag treisiú iarrachtaí chun dul i ngleic le líonraí smuigleála imirceach. Cruthaíodh tascfhórsa oibríochtúil, mar shampla, mar chuid den obair leantach a rinne an Iodáil ar an bplean 10 bpointe le haghaidh Lampedusa. Tá Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí ag rannchuidiú freisin le hiarrachtaí chun eagraíochtaí coiriúla a chomhrac.

I gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach (2021-2025), seoladh Comhpháirtíocht Oibríochtúil Frith-Smuigleála leis an Túinéis, rud atá ag tógáil ar chomhpháirtíochtaí a tugadh i gcrích in 2022 le Maracó, leis an Nígir agus leis na Balcáin Thiar.

Úsáid modhanna iompair tráchtála, d'aer go príomha, chun imirce neamhrialta chuig an Aontas a éascú, tá sé sin tar éis teacht chun cinn de réir a chéile mar *modus operandi* nua na líonraí smuigleála. Ar mhaithe le haghaidh a thabhairt air sin, ghlac an Coimisiún sraith beart i mí an Mheithimh chun tacú leis na Ballstáit, mar shampla trí fhor-rochtain spriocdhírthe ar oibreoirí iompair.

I mí na Samhna, mhol an Coimisiún nuashonrú a dhéanamh ar chreat reachtach an Aontais chun cur i gcoinne smuigleáil na n-imirceach, creat atá ar an bhfód le 20 bliain. San áireamh leis sin bhí togra lena leagtar síos rialacha íosta chun éascaíocht a dhéanamh ar theacht isteach, idirthuras agus fanacht neamhúdaraithé san Aontas a chosc agus cur ina choinne, sin agus pionóis níos déine le haghaidh smuigléirí. Neartódh rialacha nua ról ghníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí, agus threiseoidís an comhar le tíortha comhpháirtíochta chun dul i ngleic leis an bhfadhb ar an leibhéal domhanda. Sheol an tAontas Glaao ar Ghníomhaíocht le haghaidh Comhghuaillíocht Dhomhanda chun cur i gcoinne Smuigleáil na nImirceach freisin.



Is smuigléirí a thugann **90 %** de na himircigh neamhrialta isteach.



Thuaiscigh Europol **15 000** smuigléir in 2022.



Tháinig **331 000** iontráil neamhrialta isteach ag teorainneacha seachtracha an Aontais in 2022.

Dúshlán atá ag teacht chun cinn

Is cuid de bhainistiú éifeachtúil imirce é beartas comhordaithe víosaí. Tá socruithe maidir le taisteal gan víosa ag an Aontas le breis agus 60 tír, rud a thugann go leor buntáistí do shaoránaigh ar an dá thaobh, agus do na Ballstáit agus na tíortha comhpháirtíochta freisin. Mar sin féin, baineann dúshlán imirce agus slándála le taisteal gan víosa freisin. Mar shampla, d'fhéadfadh ailíniú neamhleor le beartas víosaí an Aontais mol idirthurais le haghaidh teacht isteach neamhrialta san Aontas a dhéanamh de thír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa. Ina theannta sin, baineann rioscaí slándála le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí arna n-oibriú ag tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach atá díolmhaithe ó cheanglas víosa.

Mar fhreagairt air sin, mhol an Coimisiún inniu athbhreithniú a dhéanamh ar an Sásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosaí ar Fionraí atá ann faoi láthair. Leis an togra, tugtar isteach forais nua chun córais taistil gan víosa a chur ar fionraí, tairseacha níos solúbtha chun an sásra a chur i ngníomh agus forálacha chun oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe a neartú.

I mí Dheireadh Fómhair, chuir an Coimisiún an séú tuarascáil faoi bhráid na Parlaiminte faoin Sásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosaí ar Fionraí. Sa tuarascáil, cumhdaítear forbairtí sna tíortha atá díolmhaithe ó cheanglas víosa sna Balcáin Thiar agus i gComhpháirtíocht an Oirthir. Dírítear ar thíortha san Aigéan Ciúin agus i Muir Chairib freisin a oibríonn scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí.

Bainistiú teorainneacha a neartú

Cuireadh an chéad Straitéis Eorpach um Bainistiú Teorainneacha riamh i láthair i mí an Mhárta. Cuireann an straitéis creat comhordaithe ar fáil do na húdaráis náisiúnta agus do bhreis agus 120 000 fostaí de chuid na n-údarás teorann náisiúnta agus de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a oibríonn le chéile chun teorainneacha an Aontais a chosaint. Tagann an chomhfhís sin sna sála ar thréimhse fhada chomhairliúcháin idir na hinstiúidí.

Ina theannta sin, laghdaíonn an straitéis spleáchas ar theicneolaíochtaí criticiúla ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad trí leas a bhaint as na torthaí ar thaighde agus nuálaíocht an Aontais i réimse an bhainistithe teorainneacha.

Ghlac an Coimisiún céimeanna breise le haghaidh córas coiteann an Aontais a fhorbairt chun filleadh na n-imirceach neamhrialta a bhainistiú. I measc na gcéimeanna sin bhí Moladh maidir le hAitheantas Frithpháirteach a thabhairt do Chinntí um Fhilleadh agus DLús a chur le Fillteacha. Rinne Comhordaitheoir an Aontais um Fhilleadh, le tacaíocht ó ionadaithe ó na Ballstáit agus ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, an straitéis oibríochtúil lena dtreoraítear obair an Lónra Ardleibhéil um Fhilleadh a thabhairt chun críche agus chuir sé tús lena cur chun feidhme. Tá an Coimisiún ag obair i gcomhar leis na Ballstáit cheana féin ar ghníomhaíochtaí spriodchírthe maidir le filleadh. Thuairiscigh na Ballstáit méadú 9 % ar chinntí um fhilleadh a eisíodh do náisiúnaigh nach den Aontas iad idir mí Eanáir agus mí Mheán Fómhair 2023 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin.

Bealaí sábháilte dleathacha chun na hEorpa

Tá ganntanas scileanna fós ann ar fud an Aontais i raon eamálacha agus ar leibhéil éagsúla scileanna. Is sa bhaile a chuirtear tús le hiarrachtaí an Aontais ganntanas a líonadh, trí leas a bhaint as acmhainneacht lucht saothair an Aontais féin. Chun aghaidh iomlán a thabhairt ar an dúshlán sin agus ar thionchar an athraithe dhéimeagrafaigh, áfach, ní mór don Aontas níos mó a dhéanamh chun scileanna agus tallann a mhealladh ó gach cearn den domhan.

Cur chun feidhme an phacáiste scileanna agus tallainne a glacadh i mí Aibreáin 2022, is cuidiú é sin margadh saothair an Aontais a dhéanamh níos tarraingtí do dhaoine éirimiúla ón gcoigríoch. I measc na mbeart sin tá tograí reachtacha chun próisis iarratais a shimpliú



le haghaidh náisiúnaigh nach den Aontas iad agus ar mian leo a bheith ag obair san Aontas. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh sa chaibidlócht: tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil i mí na Nollag 2023 faoin an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cead Aonair, agus bhí comhaontú ann faoi nuashonrú ar an Treoir maidir le Cónaitheoirí Fadtéarmacha a bhfuil coinne léi roimh dheireadh shainordú reatha an Choimisiúin.

I mí na Samhna, chuir an Coimisiún pacáiste soghluaisteachta tallainne i láthair ina raibh bearta breise maidir le tallann a mhealladh. Go háirithe,

mhol sé Linn Tallainne an Aontais a chruthú, an chéad ardán uile-Aontais chun daoine a mheaitseáil le fostóirí sna Ballstáit, ar daoine nach saoránaigh den Aontas iad agus ar mian leo teacht chuig an Aontas agus obair ann. San áireamh sa phacáiste freisin tá bearta maidir le haitheantas a thabhairt do na cáilíochtaí atá ag náisiúnaigh nach den Aontas iad, sin agus an tsoghluaisteacht foghlama a éascú. Tá comhpháirtíochtaí tallainne á bhforbairt ag an Aontas freisin le príomhthíortha comhpháirtíochta chun comhar comhthairbheach a bhunú maidir le soghluaisteacht agus forbairt scileanna. (Féach Caibidil 5 freisin.)

Limistéar Schengen

Méadaíodh limistéar Schengen den chéad uair le breis agus 10 mbliana nuair a tháinig an Chróit isteach sa spás taistil gan teorainneacha an 1 Eanáir 2023, agus ba í an 27ú tír a tháinig isteach ann. Chomh maith le 23 Bhallstát, tá an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis ina mbaill de Schengen freisin. I mí na Nollag, chinn an Chomhairle d'aon toil fáilte a chur roimh an mBulgáir agus an Rómáin teacht isteach i limistéar Schengen. Mar thús leis sin, cuirfear deireadh le rialuithe ag teorainneacha aeir agus farraige ag deireadh mhí an Mhárta 2024. Cuirfidh aontachas an dá thír sin borradh faoin taisteal, faoin trádáil agus faoin turasóireacht, agus déanfaidh sé an Margadh Aonair a dhaingniú a thuilleadh. Leanfar den phlé in 2024 maidir le cinneadh eile chun deireadh a chur le rialuithe ag teorainneacha talún. Agus limistéar Schengen á mhéadú, láidreofar an tAontas Eorpach, mar a leagtar amach i dTuarascáil 2023 ar Staid Schengen.

Tháinig Córas Faisnéise Schengen athnuaite i bhfeidhm in 2023. Cuireann an córas deiseanna breise ar fáil do na Ballstáit tacú le comhar trasteorann agus le malartú faisnéise laistigh de limistéar Schengen. Tar éis dianullmhúchán a bheith déanta ag údaráis na Cipire lena chinntiú go raibh siad réidh chun sonraí Chóras Faisnéise Schengen a phróiseáil, tháinig an Chipir isteach sa chóras i mí Iúil.

Sa lá atá inniu ann, tá cuid mhór páipéarachais i gceist fós leis na próisis víosa a bhaineann le limistéar Schengen, rud a fhágann go mbíonn costais níos airde ann le haghaidh taistealaithe agus na stáit rannpháirteacha araon. In 2023, ghlac an tAontas rialacha nua faoinar féidir na próisis a dhigitiú. Ba bhunspríoc inghnóthaithe é sin i Straitéis Schengen a chuir an Coimisiún i láthair i mí an Mheithimh 2021.



Ceapann **80 %** de mhuintir an Aontais go bhfuil sé tábhachtach feabhas a chur ar shlándáil na dteorainneacha.



Ba mhaith le **77 %** díobh go mbeadh nósanna imeachta teorann luathaithe ann.



Tá **68 %** i bhfabhar doiciméid taistil dhigiteacha agus aontaíonn **72 %** díobh go gcuirfear dlús le nósanna imeachta taistil trí úsáid dheonach a bhaint as dintiúir dhigiteacha taistil.

Foinse: Eorabharaiméadar Speisialta 536, Meán Fómhair 2023.

Ceartha paisinéirí a chosaint

Tháinig rialacha nua an Aontais maidir le cosaint paisinéirí iarnróid i bhfeidhm i mí an Mheithimh. Tá cosaint níos fearr anois ag paisinéirí iarnróid sa chás go gcuirtear isteach ar a gcuid taistil, agus ní mór do chuideachtaí iarnróid eispéireas mín a chinntiú do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Leis an oibleagáid atá ar chuideachtaí iarnróid sonraí tráchta agus taistil fíor-ama a chomhroinnt, réitítear an bealach do thairiscintí ticéad níos iomaíche freisin.

Sláinte níos fearr

Plean Sáraithe Ailse na hEorpa

Is é Plean Sáraithe Ailse na hEorpa an tionscnamh is cuimsithí riamh ón Aontais maidir le dul i ngleic leis an ailse, arb í an chúis bháis is mó i measc chónaitheoirí an Aontais atá faoi bhun 65 bliana d'aois. Tá buiséad €4 bhilliún ag an tionscnamh chun tacú le gníomhaíocht.

Ó seoladh é in 2021, tá roinnt de thionscnaimh shuaitheanta an phlean curtha i gcrích ag an Aontas cheana féin. Lárionad Eolais nua um Ailse, an chéad Chlárann Eorpach um Éagothromaíochtaí Ailse riamh, seoladh an Líonra Eorpaigh de Dhaoine Óga a Tháinig Slán ón Ailse, bearta nua maidir le luathbhrath, is léiriú an méid sin uile ar an obair atá ar siúl ag an Aontas chun saol na n-othar ailse, agus saol a dteaghlaigh, a athrú.

In 2023, lean an tAontas de bheart a dhéanamh de réir a bhriathair. Seoladh an Tionscnamh Eorpach um Íomháu Ailse i mí Eanáir, arb é is aidhm dó rochtain ar íomhánna leighis agus teicneolaíochtaí digiteacha (an intleacht shaorga cuir i gcás) agus úsáid na nithe sin a éascú chun ailse a bhrath agus aghaidh a thabhairt


Ina theannta sin, mhol an Coimisiún na ceartha paisinéirí atá ann cheana a neartú a thuilleadh i ndáil le gach modh iompair. Díríonn an togra ar fheabhas a chur ar na nithe seo a leanas: forfheidhmiú chearta na bpaisinéirí (forfheidhmiú ginearálta agus sásamh aonair araon), ceartha paisinéirí a úsáideann modhanna éagsúla iompair agus aisíocaíocht ar aerthricéid a cheannaítear trí idirghabhálaithe.



↑ **FÍSEÁN** Misean an Aontais um Ailse — Aghaidh a thabhairt ar rianachais na ndaoine óga a tháinig slán ón ailse

uirthi ar bhealach níos fearr. I mí Mheán Fómhair, bhain an tionscnamh a chéad gharspíoc mhór amach nuair a seoladh an tArdán Cancer Image Europe. Nascann an t-ardán 36 thacar sonraí d'íomhánna de naoi gcineál ailse (ailse cíche, ailse drólainne, ailse scamhóg, ailse próstataigh, ailse reictim, ailse ae, glióma ponsach intreach idirleata, néarablastóma agus glióblastóma). Tá níos mó ná 200 000 sraith íomhánna bailithe le chéile ann, íomhánna a bhaineann le thart ar 20 000 duine aonair.

Déanfaidh an Tionscnamh Eorpach um Íomháu Ailse an méid seo a leanas:



leas a bhaint as an dul chun cinn atá déanta le déanaí ag **córais intleachta saorga** agus as an rath atá orthu maidir le cuidiú le gairmithe leighis **ailísí a bhrath agus a dhiagnóisiú**



tacú le réitigh nuálacha ríomhchuidithe a phiólótú agus a fhorbairt chun **cruinneas agus iontaofacht níos fearr** a bhaint amach **maidir le híomháu ailse agus cúram pearsantaithe**, i gcomhréir le cuspóirí Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa



a thaispeáint conas is féidir íomhánna leighis a rochtain, a úsáid agus a chomhthiomsú agus **ardleibhéal eitice, muiníne, slándála agus cosanta sonraí pearsanta** á n-áirithiú ag an am céanna, i gcomhréir iomlán le luachanna agus rialacha an Aontais

Léirítear sa chéad sraith de Phróifílí Ailse de réir Tíre go gcaitheann na Ballstáit, an Íoslainn agus an Iorua méid suntasach ar chúram ailse (beagnach €170 billiún in 2018). Tá an ailse scamhóg fós

ar an gcúis is coitianta le bás de dheasca ailse, agus tá neamhionannais mhóra fós ann i rátaí básmhaireachta ailse ó thíir go chéile agus laistigh de na tíortha freisin.



Is í an ailse an dara cúis bháis is mó san Aontas, agus is í is cúis le **26 %** de na básanna ar fad.



Tá básmhaireacht ailse beagnach **75 %** níos airde i measc na bhfear san Aontas.



Bíonn **50 %** níos mó daoine ó ghrúpaí ísealioncaim ná ó ghrúpaí ardioncaim ag caitheamh gach lá.

Tá difear nach mór dhá oiread sa rannpháirtíocht i scagthástáil um ailse i mbéal na broinne ag brath ar leibhéal an oideachais.



In 2018, chaith na Ballstáit, an Íoslainn agus an Iorua beagnach **€170 billiún** ar chúram ailse.

Mar gheall ar COVID-19, tháinig laghdú ar scagthástáil ailse i bhformhór na mBallstát in 2020 i gcomparáid le 2019.

Tá sraith idirphlé seolta ag an gCoimisiún le daoine óga a tháinig slán ón ailse chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid riachtanas agus ar na dúshláin a bhíonn rompu, sin agus chun tionscnaimh a fhorbairt leo a bheidh ina chuidiú aghaidh a thabhairt ar na pointí sin.


Cuireadh tús leis an obair i mí Aibreáin ar an gcéad chód iompair ar leibhéal an Aontais maidir le rochtain chothrom ar sheirbhísí airgeadais do dhaoine a tháinig slán ón ailse. Is é is aidhm dó sin an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad a chur chun

cinn agus aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú, ionas go gcuirfear cóir chothrom ar dhaoine a raibh ailse orthu nuair a bhíonn siad ag lorg táirgí airgeadais ar nós morgáiste nó árachas saoil.

Baineann 78 % d’ailsí ceirde a aithnítear sna Ballstáit le haispeist.

(Féach Caibidil 6 maidir le bearta an Aontais arb é is aidhm dóibh an nochtadh ceirde d’aispeist a laghdú.)

Tá an tAontas Eorpach ag obair chun:



← Margaritis Schinas, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar ár nDóigh Bheatha Eorpach a chur chun cinn, le linn shearmanas insealbaithe fhoirgneamh Nicola David-Pinedo Institiúid Taighde Ailse na Cipire, an Niocóis, an Chipir, an 22 Bealtaine 2023.

Slándáil sláinte agus COVID-19

Tar éis breis agus 3 bliana, d'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an 5 Bealtaine 2023 nach éigeandáil sláinte domhanda a thuilleadh é COVID-19. Gníomhaíocht agus comhar diongbháilte ar leibhéal domhanda, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, mar aon le hinfheistíocht shuntasach san eolaíocht agus sa nuálaíocht, chuir sin ar chumas an Aontais an ghéarchéim sin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a sháru.

Mar sin féin, cé gur athraíodh an stádas a bhaineann leis, níl deireadh tagtha le COVID-19 agus tá an tAontas fós ar an airdeall. Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ar an staid a bhíonn ag síorathrú. San fhómhar, d'fhoilsigh sé nuashonrú ar tharchur méadaithe COVID-19 san Aontas agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, mar aon le treoraíocht maidir le feachtais vacsaínithe agus chumarsáide le haghaidh na mBallstát. Sheol an Lárionad agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte uirlis faireachais nua i mí Dheireadh Fómhair chun faireachán a dhéanamh ar thionchar comhcheangailte galar riospráide éagsúil agus chun feabhas a chur ar luathbhrath agus cur in iúl na gcomharthaí a bhaineann le víreas riospráide a bheith i gcúrsaíocht.


Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, chuir an Coimisiún an t-aontas sláinte Eorpach ar bun chun sláinte gach duine san Aontas a fheabhsú agus a chosaint. Neartaíonn an creat nua ollstruchtúr an Aontais chun bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte a chosc, chun ullmhú ina leith agus chun freagairt orthu, agus é bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón bpaindéim. Leathnaíonn sé amach an ról atá ag dhá ghníomhaireacht thábhachtacha de chuid an Aontais freisin trí shainorduithe nua a thabhairt don Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú agus don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach.

Tá ról rithábachtach ag an Údarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA), ar gníomhaireacht de chuid an Choimisiúin é, maidir lena chinntiú go bhfuil na cógais agus an trealamh is gá ag an Aontas chun a shaoránaigh a chosaint nuair a bhíonn éigeandáil ann. Chinntigh an Coimisiún, thar ceann na mBallstát, comhaontú le BioNTech-Pfizer i mí na Bealtaine chun seachadtaí vacsaíní a chur in oiriúint do riachtanais na mBallstát ar bhealach níos fearr agus chun a chinntiú go mbeidh vacsaíní oiriúnaithe in aghaidh COVID-19 ar fáil má thagann athraithe nua chun cinn. Síníodh creatchonradh leis na príomhtháirgeoirí vacsaíní freisin, agus ar an gcaoi sin bunaíodh líonra FAB an Aontais chun acmhainneacht leanúnach a chinntiú i dtaobh vacsaíní a tháirgeadh i gcás éigeandáil sláinte poiblí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Tacóidh HERA Invest, a seoladh in 2023, le taighde agus forbairt maidir leis na bagairtí sláinte trasteorann is práinní. Tá HERA ag obair leis na Ballstáit freisin chun feabhas a chur ar eolas agus ar scileanna maidir le hullmhacht agus freagairt sláinte, go háirithe i réimsí tábhachtacha ar nós stoc-charmtha agus soláthair.

Táthar ag leanúint de na hiarrachtaí maidir le hullmhacht paindéime na hEorpa agus ullmhacht le haghaidh trialacha cliniciúla uile-Aontais a neartú, ar mhaithe le rochtain thráthúil ar chóireálacha agus vacsaíní núíosacha a chur ar fáil. Tacaíonn an tAontas go láidir leis an gCiste Paindéime atá á óstáil ag an mBanc Domhanda. Tacaíonn an ciste le cosc, ullmhacht agus freagairt i gcás paindéime i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, agus is rannchuiditheoirí móra iad an tAontas, a Bhallstáit agus a chuid institiúidí airgeadais, ag gníomhú dóibh le chéile mar Fhoireann na hEorpa.



Stella Kyriakides, an Coimisinéir Eorpach um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (an dara duine ar dheis), le linn cuairt ar ghléasra Biovac agus mol aistrithe teicneolaíochta mRNA in Cape Town, an Afraic Theas, an 28 Eanáir 2023.



Deimhniú Digiteach COVID an Aontais — fóirghaisce Eorpach

Léirigh an phaindéim go bhféadann an tsláinte dhigiteach córais cúraim sláinte a athrú ó bhonn agus cúram sláinte níos fearr a chur ar fáil.

Bhí Deimhniú Digiteach COVID an Aontais ina ghné rithabhachtach den fhreagairt ar an bpaindéim, rud a d'fhág gurbh fhusa do dhaoine gluaiseacht go sábháilte san Aontas le linn na géarchéime. Ba ghearr gurbh é an tsamhail dhomhanda é, agus bhí beagnach 80 tír nasctha leis an gcóras agus eisíodh níos mó ná 2.3 billiún deimhniú. Chuaigh an Rialachán maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais in éag an 30 Meitheamh 2023.

Sheol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an Líonra Deimhniúcháin Sláinte Digití Domhanda an 1 Iúil 2023, agus é bunaithe ar theicneolaíocht an deimhniú dhigitigh, d'fhoill cur leis an rath a bhí air. Neartóidh an córas an ollstruchtúr sláinte domhanda agus cuideoidh sé daoine ar fud an domhain a chosaint ar bhagairtí sláinte atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, paindéimí san áireamh.

Athchóiriú a dhéanamh ar chórais leighis an Aontais

Is é is aidhm don athchóiriú atá beartaithe ar reachtaíocht chógaíochta an Aontais — an ceann is mó agus is forleithne le 20 bliain anuas — a chinntiú go mbeidh an earnáil rithabhachtach sin níos oiriúnaithe do riachtanais an 21ú haois.

Cuireadh an t-athchóiriú i láthair i mí Aibreáin agus tugann sé aghaidh ar roinnt dúshlán bunúsach. Mar shampla, níl cógaí ag teacht chomh fada le hothair tapa go leor go fóill agus ní bhíonn siad ar fáil go cothrom sna Ballstáit i gcónaí. Tá praghsanna arda ar chóireálacha nuálacha agus ganntanais cógas ina n-ábhair imní móire d'othair agus do sholáthraithe cúraim sláinte.

Cuspóir lárnach de chuid an athchóirithe is ea margadh aonair a chruthú le haghaidh cógaí lena gcinnteofar go mbeidh rochtain phras chothrom ag gach othar ar fud an Aontais ar chógaí shábháilte éifeachtacha inacmhainne. Tacóidh an t-athbhreithniú leis an nuálaíocht i bhforbairt cógas freisin agus cuirfear borradh faoi iomaíochas an Aontais trí chóras cógaíochta simplithe a sheasfaidh


an aimsir agus atá athléimneach ó thaobh géarchéime. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh cóireálacha nua agus cóireálacha níos fearr a bheith ar fáil níos tapúla, rud a chuideoidh le hothair an cúram a theastaíonn uathu a fháil níos luaithe.

Tá sraith beart san athchóiriú arb é is feidhm dóibh dul i ngleic le ganntanas cógas san fhadtéarma agus lasmuigh de chásanna géarchéime. Mar chuid den sprioc sin, chuir an Coimisiún sraith beart i láthair i mí Dheireadh Fómhair a dhíríonn ar na cógaí is criticiúla go háirithe, cógaí nach mór slándáil an tsoláthair san Aontas a chinntiú i gcónaí ina leith. Seoladh Sásra Dlúthpháirtíochta Deonach Eorpach um chógaí freisin lena gcuirtear ar chumas na mBallstát cógaí a athdháileadh óna stoic féin i gcás ina mbíonn ganntanais chriticiúla in áiteanna eile san Aontas. Molfar raon rialacha agus dreasachtaí nua do chuideachtaí cógaíochta mar chuid den athchóiriú, mar aon le próisis rialála simplithe agus breithnithe comhshaoil níos láidre nuair a bhíonn cógaí á dtáirgeadh.

Meastar go bhfuil frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach ar cheann de na trí bhagairt sláinte is mó san Aontas. Tarlaíonn sé nuair a éiríonn baictéir frithsheasmhach in aghaidh na gcógas a úsáidtear chun ionfhabhtuithe a chomhrac. San áireamh san athchóiriú, tá bearta maidir le húsáid stuama agus dreasacht nua le haghaidh


ábhair fhrithmhiocróbacha a athródh cúrsaí ó bhonn. Mar chuid de shraith beart an Aontais maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, ghlac an Chomhairle go pras moladh a mhol an Coimisiún ina bhfuil spriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta maidir le caitheamh ábhar fhrithmhiocróbach.

Frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach



Sprioc 2030

chun úsáid antaibheathach a laghdú



Dul i ngleic leis an meabhairshláinte


B'éigean don Aontas aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus a chuir isteach go mór ar chumas daoine na dúshlán atá ag dul i méid a sheasamh i gcomhthéacsanna a bhíonn ag athrú go tapa. Chun dul i ngleic leis sin, chuir an Coimisiún cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte i láthair i mí an Mheithimh, lena bhféachtar, i measc rudaí

eile, le cuidiú a chur ar fáil do ghrúpaí leochaileacha, go háirithe daoine óga, agus deireadh a chur leis an stiogma agus leis an idirdhealú a bhaineann leis an meabhairshláinte. Is céim thábhachtach é sin chun an mheabhairshláinte a chur ar comhchéim leis an tsláinte fhisiciúil. Leis an gcur chuige nua, tugtar isteach 20 tionscnamh suaitheanta agus sainaitheann deiseanna cistiúcháin dar luach €1.2 billiún ó chlár airgeadais éagsúla chun tacú leis na Ballstáit tús áite a thabhairt do dhaoine agus dá meabhairshláinte.

Bearta chun dul i ngleic le saincheisteanna meabhairshláinte ar fud na mbeartas



An Cód Eorpach um Meabhairshláinte



An tionscnamh 'Níós Sláintiúla le Chéile' do ghalair neamhtheagmhálacha



An tionscnamh Eorpach um dhúlagar agus féinmharú a chosc



Spásanna digiteacha níos sábháilte do leanaí agus do dhaoine óga



Rialacha an Aontais maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an obair a chur i bhfeidhm i gceart



Feachtais ionad oibre na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

Chun Lá Domhanda na Meabhairshláinte a chomóradh an 10 Deireadh Fómhair 2023, thionóil an Coimisiún comhdháil ardleibhéil sa Bhruiséil. Tháinig na céadta daoine le chéile ag an ócáid, ina measc sin ionadaithe ó institiúidí an Aontais, ó rialtais náisiúnta, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó chomhpháirtithe leasmhara eile.

→ Mathilde, Banríon na Beilge, ag tabhairt eochairóiríde ag comhdháil Lá Domhanda Meabhairshláinte, an Bhruiséil, an Bheilg, an 10 Deireadh Fómhair 2023.



Leas iomlán a bhaint as acmhainneacht chistí an Aontais in earnáil na sláinte

Tá Ionstraim an Choimisiúin um Thacaíocht Theicniúil ag cabhrú leis an mBeilg, leis an Ostair agus leis an tSlóivéin an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na cláir mhaoiniúcháin AE atá ar fáil chun a n-earnálacha cúraim sláinte a fhorbairt. Tríd an mól sláinte, is féidir leis na Ballstáit sin na deiseanna maoiniúcháin is fearr a shainaithint chun tacú le príomh-athchóirithe ar mhaithe leis na saoránaigh. San fhadtearma, cuideoidh sé sin le rialtais náisiúnta agus réigiúnacha tacú le hinfheistíocht eacnamaíoch in earnáil na sláinte. Is féidir an tionscadal sin a uas-scálú go dtí leibhéal an Aontais, rud a bheadh ag tógáil ar thorthaí an tionscail a bhfuil gealladh fúthu.

An Straitéis Sláinte Domhanda

An ról ceannasach a bhí ag an Aontas sa chomhrac in aghaidh phaindéim COVID-19, léirigh sé gur féidir leis rannchuidiú go mór le cuspóirí sláinte domhanda trí chur chuige Fhoireann na hEorpa. Leis sin tugtar acmhainní ón Aontas, óna Bhallstáit agus óna chuid institiúidí airgeadais le chéile chun tionchar níos mó a imirt ar an láthair.

Chuir an Coimisiún Straitéis Sláinte Domhanda i láthair i mí na Samhna 2022, arb í an ghné sheachtrach den Aontas Sláinte Eorpach í agus cuid thábhachtach dá straitéis ‘Global Gateway’ (féach Caibidil 8). Leis

sin, athdhearbhaítear an tiomantas do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaíthe (go háirithe sprioc uimhir 3 maidir le sláinte mhaith agus dea-bhail) agus don Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt ina leagtar amach cuspóirí agus prionsabail choiteanna le haghaidh na forbartha.

Seoladh gníomhaíocht chomhpháirteach a chomhordaigh an Fhrainc i mí na Samhna 2023, gníomhaíocht a raibh 22 Bhallstát, an Iorua agus an Úcráin páirteach inti, ar mhaithe leis na straitéisí sláinte domhanda uile a mhapáil. Beidh sin ina chuidiú gníomhaíochtaí a chomhordú agus forluí a sheachaint.



↑

Ó chlé go deas: Werner Hoyer, Uachtarán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, Bill Gates, iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Microsoft, Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Tedros Adhanom Ghebreyesus, Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Domhanda Sláinte, agus Catherine Russell, Stiúrthóir Feidhmiúcháin UNICEF, ag seoladh comhpháirtíochta nua chun deireadh a chur le póilió, chun tacú le dáileadh imdhíontaí eile leanaí agus chun córais sláinte a neartú ionas gur fearr a bheidh siad in ann freagairt do bhagairtí sláinte atá ag teacht chun cinn, an Bhruiséil, an Bheilg, an 11 Deireadh Fómhair 2023.



© WFP 2024

8. Leasanna agus luachanna Eorpacha a chur chun cinn ar fud an domhain

Réamhrá

Tá an tAontas Eorpach tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, dá leasanna agus dá luachanna a chur chun cinn agus daonlathas, cearta an duine agus iltaobhachas a éileamh ar an leibhéal domhanda. Cuimsítear leis an tiomantas sin roinnt réimsí tábhachtacha, mar shampla comhar maidir le slándáil agus cosaint, beartas comharsanachta, comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, trádáil, cabhair dhaonnúil agus cosaint shibhialta.

Lean an tAontas air ag obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe domhanda in 2023 chun cobhsaíocht a chinntiú i gcomhthéacs an teannais gheopholaitiúil mhéadaithe, go háirithe mar gheall ar fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin agus an cogadh idir Iosrael agus Hamas. Choinnigh sé dírithe ar an gcaidreamh

↑

Tá cabhair dhaonnúil an Aontais ag tacú leis an gClár Domhanda Bia chun cabhrú le 1.3 milliún duine i Stráice Gaza, agus tá ciondálacha bia éigeandála dáilte ar dhaoine easáitithe i bhfoscadán agus i gcampaí neamhfhoirmiúla. Deir El Balah, Stráice Gaza, Mí Eanáir 2024.

tábhachtach le réigiúin chomharsanachta atá ag dréim le luachanna daonlathacha agus forbairt eacnamaíoch a bhaint amach, agus ar chomhpháirtíochtaí a chruthú a chuireann luachanna comhroinnte agus forbairt inbhuanaithe chun cinn.

Trí ullmhacht fhónta le haghaidh tubaistí sa bhaile agus thar lear, lean an tAontas air ag cosaint beatha daoine, ag seachaint tubaistí agus ag gníomhú go tapa nuair a tharla géarchéimeanna. Léiríonn na hiarrachtaí leanúnacha sin tiomantas buanseasmhach an Aontais an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an athléimneacht a chur chun cinn ar scála domhanda.

Géarchéim an Mheánoirthir

Mar thoradh ar na hionsaithe sceimhlitheoireachta brúidiúla agus neamh-idirdhealaitheacha a rinne Hamas ar fud Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, tá meath ollmhór tagtha ar staid dhaonnúil na bPalaistíneach i Stráice Gaza agus tá méadú tagtha ar an mbaol go rachaidh cúrsaí in olcas sa réigiún.

Agus é á chur i bhfios go láidir aige nach bhfuil aon údar leis an sceimhlitheoireacht, tá Hamas cáinte go neamhbhalbh ag an Aontas maidir leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta agus tá iarrtha aige go scaoilfí saor gach giall gan réamhchoinníollacha. Cé go n-aithníonn sé an

ceart atá ag Iosrael é féin a chosaint faoin dlí idirnáisiúnta, d'athdhearbhaigh an tAontas a thábhachtaí atá sé cosaint na sibhialtach uile a chinntiú i gcónaí i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

Is cúis mhór imní don Aontas an staid dhaonnúil atá ag dul in olcas i Stráice Gaza, agus d'iarr an tAontas go mbeadh rochtain dhaonnúil leanúnach, thapa, shábháilte agus gan bhac ann, agus go gcuirfí cabhair ar fáil dóibh siúd atá i ngátar trí na bearta uile is gá, lena n-áirítear conairí daonnúla agus sosanna le haghaidh riachtanais dhaonnúla.

Tacaíocht dhaonnúil an Aontais do Phalaistínigh in 2023


Beagnach

€1.1 billiún

ó 2000 i leith

1 310 dtonna

de sholáthairtí riachtanacha



33

eitilt de chuid
Aerdhroichead Daonnúil
an Aontais Eorpaigh

€103 mhilliún

de chistiú daonnúil

Is é an tAontas Eorpach an deontóir idirnáisiúnta is mó do mhuintir na Palaistíne. Ar an iomlán, ó 2000 i leith, tá níos mó ná €1 bhilliún curtha ar fáil aige chun freastal ar riachtanais bhunúsacha na bPalaistíneach. Ó mhí Dheireadh Fómhair i leith, tá an tAontas tar éis a chabhair éigeandála do na Palaistínigh a mhéadú faoi cheathair agus tá sé ag obair le líon mór comhpháirtithe daonnúla ar an láthair.

Tá an tAontas ag obair i gcónaí le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun gearú réigiúnach na coinbhleachta a chosc, meath ar an staid sa Bhruach Thiar san áireamh. Tá sí tiomanta i gcónaí do shíocháin mharthanach inbhuanaithe a bheidh bunaithe ar an réiteach dhá stát agus ar na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.



Dáileadh uisce trí Ghníomhaíocht i gCoinne an Ocras i Stráice Gaza, lena dtugtar faoiseamh riachtanach dóibh siúd atá thíos leis an gcoinbhleacht leanúnach, Deir Al Balah, an 14 Samhain 2023.

Slándáil agus cosaint: dul chun cinn maidir leis an gCompás Straitéiseach

Is mian leis an Aontas slándáil a chuid cónaitheoirí a chinntiú agus cuidiú leis an domhan a dhéanamh níos síochánta. Is plean é an Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint chun slándáil agus cosaint an Aontais a neartú faoi 2030. Cumhdaítear leis gach gné den Bheartas Slándála agus Cosanta agus tá sé bunaithe ar cheithre cholún: comhpháirtíocht, gníomhú, infheistíocht agus slándáil.

Comhar le ECAT ('comhpháirtíocht', 'gníomhú')

Is dúshlán thrasnáisiúnta iad dúshlán slándála an lae inniu, rud a fhágann nach féidir le haon tír amháin dul i ngleic leo ina haonar. Tá cur chuige comhchoiteann agus straitéiseach ríthábhachtach. Gné lárnach den straitéis dhomhanda sin is ea comhpháirtíocht sheanbhunaithe an Aontais le ECAT, ar cuid ríthábhachtach é dá iarrachtaí slándála agus cosanta.



↑ Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, ag síniú an tríú Dearbhú Comhpháirteach um Chomhar idir an tAontas agus ECAT, an Bhruiséil, an 10 Eanáir 2023.

I dteachtaireacht chumhachtach pholaitiúil na haontachta trasatlantaí, leagadh béim sa Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT ar an ngá atá le cur chuige láidir Eorpach i réimse na cosanta a fhónfaidh don tslándáil dhomhanda agus atá comhoiriúnach le ECAT. Gheall na sínitheoirí go soiléir freisin cur leis an gcomhar sin.

In 2023, an comhar idir an tAontas agus ECAT bhain sé leibhéal amach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus tháinig torthaí inláimhsithe as i ngach réimse, go háirithe ó thaobh na hathléimneachta de. Seoladh Tascfhórsa AE-ECAT maidir le hAthléimneacht Bonneagair Chriticiúil i mí Eanáir, agus chuir sé moltaí sonracha chun cinn le haghaidh tuilleadh comhair.

→

Ó chlé go deas: Charles Michel, Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Jens Stoltenberg, Ardrúnaí ECAT, Josep Borrell, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar Eoraip níos Láidre ar Domhan, le linn cruinniú mullaigh Eorpach de cheannairí Bhallstáit an Aontais chun plé a dhéanamh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ar chabhair ón Aontas don tír, an Bhruiséil, an Bheilg, an 29 Meitheamh 2023.



Le cogadh foghach na Rúise, athdhearbhaíodh luachanna comhroinnte an Aontais agus ECAT. Le chéile, tá siad ag seasamh i ndlúthpháirtíocht bhuanseasmhach leis an Úcráin, agus tá a modhanna tacaíochta faoi seach á gcomhordú acu. Tá an tSaoráid Eorpach Síochána (féach Caibidil 1) anois ina cuid lárnach de thacaíocht an Aontais do chomhpháirtithe ar fud an domhain.

Le linn na bliana, chuir an tAontas dlús lena chomhar le comhpháirtithe déthaobhacha, réigiúnacha agus iltaobhacha eile, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, an tAontas Afracach, Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas agus go leor eile. Ag an gcéad Fhóram Slándála agus Cosanta Schuman, tugadh comhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta le chéile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna slándála.

Cumais chosanta a fhorbairt
(‘infheistíocht’)


In 2023, rinneadh dhá phríomhthionscnamh a achtú a bhfuil sé d’aidhm acu cosaint agus tionsclaíocht an Aontais a neartú. Tá sé d’aidhm ag an nGníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlón, a bhfuil buiséad €500 milliún mar thaca leis, táirgeadh armlóin agus diúracán an Aontais a mhéadú. Chun an méid sin a chomhlánú, spreagfar Ballstáit an Aontais, den chéad uair riamh, na táirgí cosanta is criticiúla a cheannach go comhpháirteach ó thionscal cosanta an Aontais, trí bhíthin an Ghnímh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch, a bhfuil buiséad €300 milliún aige.

An Ciste Eorpach Cosanta

Buiséad bliantúil 2023 de réir catagóir gníomhaíochta

€1.2 billiún

Glaonna neamhthéamacha ar réitigh chosanta nuálacha atá dírithe ar an todhchaí



Barrfheabhas faisnéise



Braiteoirí



Cibearbhagairtí



An Spás



Cogaíocht faoi uisce




Cosaint aeir agus diúracán




Comhrac aeir



Comhrac cabhlaigh




Freagairt leighis agus cosaint cheimiceach, bhitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach



Fuinneamh agus an comhshaol



Comhrac talún



Cosaint fórsa agus soghluaisteacht



Gníomhaíochtaí eile



Ábhair agus comhpháirteanna



Teicneolaíochtaí suaiteacha



Claochlú digiteach



Tacaíonn an Ciste Eorpach Cosanta go mór leis an taighde agus leis an bhforbairt i réimse na cosanta san Aontas. Tá os cionn €3 bhilliún curtha ar fáil aige do 60 tionscadal comhoibríoch ar fud na mBallstát ó 2021 i leith. In 2023 amháin, leithdháileadh €1.2 billiún leis an gciste ar réimsí cosanta rithábachtacha ar nós feasacht staide spáis, cur i gcoinne diúracáin hipearsonacha agus coirbhéad patróil Eorpach a fhorbairt. Tacaíonn an Ciste Eorpach Cosanta leis an nuálaíocht in earnáil na cosanta trí Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais, scéim dar luach €2 bhilliún chun cabhrú le gníomhaithe agus nuálaithe beaga go háirithe.

Faoi imchlúdach soghluaisteachta míleata na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, bronnadh €616 mhilliún in 2023 chun tacú le hiompar trúpaí agus trealaimh ar fud an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair. Is é an aidhm atá ann tacú le hinfheistiúocht i mbonneagar is féidir a úsáid chun críocha sibhialta agus cosanta araon.

Straitéisí slándála nua ('slándáil')

Léirigh na géarchéimeanna a bhí ann le déanaí agus an teannas atá ag dul i méid go bhfuil laigí i slándáil an Aontais. Mar fhreagairt air sin, i mí Dheireadh Fómhair, sheol an Coimisiún comhairliúchán cuimsitheach chun bonn eolais a chur faoin Straitéis Eorpach maidir le Tionsclaíocht i réimse na Cosanta a bheidh ann amach anseo.

Tá téamh an phláinéid ina ábhar imní atá ag dul i méid freisin faoi oibríochtaí míleata an Aontais. Tá sé ag spreagadh athrú rithábachtach i mbeartas cosanta an Aontais, agus an t-athrú aeráide ar thús cadhnaíochta anois ina chlár oibre slándála.

Ina theannta sin, in 2023, ghlac an tAontas a chéad Straitéis Spáis don tSlándáil agus don Chosaint. Díritear sa straitéis sin, i measc nithe eile, ar shócmhainní spáis an Aontais agus a Bhallstát a chosaint. Ag féachaint chun cinn, tá sé beartaithe dlí spáis an Aontais a thabhairt isteach in 2024, agus é de chuspóir aige athléimneacht agus neart an Aontais sa spás a fheabhsú.

Iompraítear níos mó ná 80 % den trádáil dhomhanda ar muir, agus eastósctar thart ar dhá thrian d'ola agus de ghás an domhain ar muir. Sreabhann beagnach na sonraí domhanda uile, sonraí idirlín san áireamh, trí cháblaí faoin bhfarraige. Braitheann rathúnas agus slándáil an Aontais ar aigéin shábháilte shlána. Sin an fáth ar ghlac an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí Plean Gníomhaíochta agus Straitéis Slándála Muirí nuashonraithe de chuid an Aontais i mí an Mhárta. Ar bhonn na ndoiciméad sin, d'fhorhmeas an Chomhairle Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Slándála Muirí athbhreithnithe an Aontais i mí Dheireadh Fómhair. Tá an straitéis ailínithe leis an gCompás Straitéiseach agus rannchuideoidh sí lena cuspóirí a bhaint amach.



→
FÍSEÁN 'Oscailt súl':
conas bonneagar muirí
rithábachtach an
Aontais a chosaint ar
bhagairtí atá ag teacht
chun cinn.



© Euronews

Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh

Príomhchuspóirí



Leasanna an Aontais ar muir a chosaint — saoránaigh, geilleagar, bonneagar agus teorainneacha



Ár n-acmhainní nádúrtha agus an comhshaol muirí a chosaint



Seasamh leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige



Freagairt go pras agus go héifeachtach do bhagairtí atá ag dul i méid (e.g. cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha)



Oiliúint agus oideachas ábhartha a áirithiú chun bagairtí a chomhrac (e.g. cibearscoilleana)

Beartas comharsanachta agus caibidlíocht maidir le méadú

Na Balcáin Thiar agus an Tuirc

Bhí an tAontas tiomanta i gcónaí do na Balcáin Thiar a chomhtháthú san Aontas. Le pacáiste um méadú 2023, cuireadh measúnú mionsonraithe ar fáil ar an staid mar atá agus ar an dul chun cinn a rinne na comhpháirtithe ar a gconairí faoi seach i dtreo an Aontais. Díríodh ann go príomha ar na hathchóirithe bunúsacha is gá, an smacht reachta san áireamh, ar an riarachán poiblí, ar fheidhmiú na n-institiúidí daonlathacha agus ar chritéir eacnamaíocha.

Le linn na bliana, rinne an Mhacadóin Thuaidh agus an Albáin dul chun cinn rianúil sa phróiseas scagtha — céim phríomhúil don chaibidlíocht aontachais. Leis an moladh ón gCoimisiún agus leis

an gcinneadh ón gComhairle Eorpach tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, a luaithe a chomhlíonfaidh sí na critéir bhallraíochta is gá, aithnítear an dul chun cinn atá déanta ag an tír ó rinneadh iarrthóir di in 2022. Leanadh de chainteanna aontachais Mhontainéagró agus na Seirbia leis an Aontas, le tacaíocht ón idirphlé leanúnach leis an gCoimisiún ar an leibhéal polaitiúil agus teicniúil. I mí Aibreáin, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa léirscaoileadh víosaí don Chosaiv go hoifigiúil (tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive), a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.




An 6 Deireadh Fómhair 2023, ghlac Olivér Várhelyi, an Coimisinéir Eorpach um an gComharsanacht agus um Méadú, páirt i gCruinniú Mullaigh Phróiseas Bheirlín i dTiorána na hAlbáine.



In 2023, lean an tAontas den Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta dar luach €30 billiún a chur chun feidhme, lena ndírítear ar théarnamh fadtéarmach ó phaindéim COVID-19, ar na haistrithe glasa agus digiteacha, agus ar an gcomhar agus cóineasú réigiúnach leis an Aontas. Ina theannta sin, d'eisíoc an tAontas €450 milliún as a phacáiste tacaíochta fuinnimh dar luach €1 bhilliún, ag tacú le tíortha

na mBalcán Thiar dul i ngleic le géarchéimeanna fuinnimh agus slándáil fuinnimh a fheabhsú. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag Plean nua Fáis an Choimisiúin do na Balcáin Thiar roinnt buntáistí a bhaineann le ballraíocht an Aontais a thabhairt don réigiún sula dtiocfaidh tíortha isteach go hoifigiúil. Díríonn sé ar an bhfás eacnamaíoch agus ar chóineasú socheacnamaíoch.

Plean ceithre cholún fáis do na Balcáin Thiar



Ag Cruinniú Mullaigh Phróiseas Bheirlín 2023, d'athdhearbhaigh ceannairí na mBalcán Thiar a dtiomantas chun a ngeilleagair réigiúnacha a chomhtháthú níos fearr tríd an gCómhargadh Réigiúnach, mar chéim i dtreo lánpháirtíú an Aontais. Ghlac siad chucu féin pleananna le haghaidh fás eacnamaíoch, lena n-áirítear infheistíocht infreastruchtúir agus leathnú an mhargaidh réigiúnaigh. Díríodh aird sa chruinniú mullaigh freisin ar dhul chun cinn an oideachais, mar shampla campas nua Choláiste na hEorpa i dTiorána, agus ar thionscnaimh chomhshaoil amhail an Clár Oibre Glas. Leagadh béim sa chruinniú freisin ar a thábhachtaí atá an tslándáil réigiúnach, a bhfuil sé d'aidhm aige an comhar a neartú i gcoinne na coireachta eagraithe agus bagairtí cibearshlándála.

Ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar an 13 Nollaig sa Bhruiséil, an Bheilg, díríodh an plé ar chomhpháirtithe na mBalcán Thiar a thabhairt níos gaire don Aontas agus ar a lánpháirtíú de réir a chéile a chur chun cinn; forbairt eacnamaíoch I gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; agus an tslándáil réigiúnach agus an athléimneacht a neartú.

Reáchtáladh toghcháin uachtaránachta agus pharlaiminteacha sa Tuircim na Bealtaine. I mí na Samhna, glacadh tuarascáil ar an gcaidreamh reatha idir an tAontas agus an Tuirc, inar leagadh amach bealaí chun comhar a fheabhsú. Leanann an tAontas air ag tabhairt tacaíochta do dhídeanaithe agus do phobail sa Tuirc trí oideachas, cúram sláinte agus cosaint teorann a chur ar fáil.

An tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin

Ba é pacáiste stairiúil na bliana seo maidir le méadú an chéad phacáiste a chuimsigh measúnú ar chumas na dtrí thír sin na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht san Aontas a chomhlónadh. Le bliain anuas, tá sé léirithe ag an tSeoirsia, ag an Moldóiv agus ag an Úcráin go bhfuil siad araon tiomanta do dhul isteach san Aontas. Tiocfaidh a gconair i dtreo an aontachais trí athchóirithe spriocdhírthe ar na córais bhreithiúnacha, trí chniogbheartaíocht ar an gcoireacht eagraithe agus trí iarrachtaí leanúnacha chun feabhas a chur ar an tírdhreach polaitiúil, agus béim á leagan ar dhí-olagarcú agus ar chearta an duine. Sa mholadh ón gCoimisiún — agus an cinneadh stairiúil ón gComhairle Eorpach — tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Moldóiv agus leis an Úcráin, agus stádas mar iarrthóir a thabhairt don tSeoirsia, aithníodh a n-iarrachtaí móra chun ailíniú le caighdeáin an Aontais.

Comhpháirtíocht an Oirthir

Díríodh i gclár oibre Chomhpháirtíocht an Oirthir tar éis 2020 ar athléimneacht, ar théarnamh agus ar

athchóiriú, agus cuireadh chun feidhme é i gcomhréir le conair aontachais an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, sa Mholdóiv agus san Úcráin.

Is é Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta Chomhpháirtíocht an Oirthir, dar luach €17 mbilliún, príomhionstraim an Aontais chun an athléimneacht a neartú sa réigiún, rud atá nasctha le straitéis na Tairsí Domhanda (féach thíos). Faoi dheireadh 2023, bhí €8.6 billiún den infheistíocht a raibh coinne léi curtha ar fáil, agus €5 bhilliún ann le haghaidh tionscadail shuaitheanta a bhaineann go sonrach le tír faoi leith.

Cuirfidh an tAontas, na Ballstáit agus a chomhpháirtithe dlús lena n-iarrachtaí clár oibre Chomhpháirtíocht an Oirthir maidir le téarnamh, athléimneacht agus athchóiriú a chur chun feidhme. Áirítear leis sin aghaidh a thabhairt ar thionchar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar an réigiún ar fad. Díreoidh an comhar ar roinnt réimsí, amhail nascacht, iompar, fuinneamh agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, mar aon le cearta an duine, an tsochaí shibhialta, an smacht reachta agus cúrsaí slándála. D'ainneoin nach raibh sé i dteagmháil le réimeas Lukashenka, lean an tAontas de thacaíocht dhíreach a thabhairt do mhuintir na Bealarúise, agus chuir sé €100 milliún ar fáil idir 2020 agus 2023.



Lean an tAontas air ag cur leis na hiarrachtaí chun síocháin bhuan a bhaint amach idir an Airméin agus an Asarbaiseáin in 2023, agus mhéadaigh sé a chúnamh daonnúil don réigiún, a raibh luach níos mó ná €25.8 milliún aige ag deireadh na bliana ó tháinig géarú ar an gcoinbhleacht in 2020.



Josep Borrell, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar Eorpa níos Láidre sa Domhan (sa tulra, sa lár), ag cruinniú Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcoinbhleacht idir an Airméin agus an Asarbaiseáin ag ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua Eabhrac, na Stáit Aontaithe, an 21 Meán Fómhair 2023.

Comharsanacht an Deiscirt

I gComharsanacht an Deiscirt, sa Chlár Oibre don Mheánmhuir agus ina straitéis airgeadais, an Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta dar luach €30 billiún, tá dul chun cinn maith déanta i réimsí amhail forbairt eacnamaíoch, rialachas, claochlú digiteach, athléimneacht fuinnimh agus aeráide, agus imirce.

Leis an Meabhrán Tuisceana idir an tAontas Eorpach agus an Túinéis, a tugadh i gcrích i mí Iúil, tugtar aghaidh ar dhúshláin choiteanna agus ar dheiseanna a bheidh ann amach anseo maidir leis an ngeilleagar agus leis an trádáil, leis an aistriú glas agus leis an

aistriú fuinnimh, leis an teagmháil idir daoine, agus leis an imirce agus leis an tsoghluaisteacht.

Lean an tAontas air ag tabhairt tacaíochta do dhaoine atá ag maireachtáil trí ghéarchéimeanna sa Liobáin, sa Libia, sa tSiria agus sa Phalaistín (ní fhorléireofar an t-ainmniú sin mar aitheantas do Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh aonair na mBallstát maidir leis an tsaincheist sin). Ag Comhdháil na Bruiséile maidir leis an tSiria i mí an Mheithimh, gheall an tAontas €3.8 billiún de dheontais don tSiria agus dá tíortha comharsanachta.

Tacaíocht airgeadais do Chomharsanacht an Deiscirt

€3.8
billiún

i ndeontais ón
Aontas a gealladh do
Chomharsanacht an
Deiscirt sa tréimhse
2021-2023

€660
milliún

de dheontais chumaiscthe
(cistí neamh-inaisíochta)
geallta

Le deontais ón Aontas, mar aon le deontais agus ráthaíochtaí cumaiscthe a chuirtear ar fáil d’institiúidí foscacha neamhspleácha comhpháirtíochta, slógfar infheistíochtaí dar luach €23.8 billiún.

Tionscadail shuaitheanta AE-na mBalcán Thiar agus na Comharsanachta do 2023

Cuirtear tionscadail chun feidhme faoi na pleananna eacnamaíocha agus infheistíochta a comhaontaíodh leis na tíortha.

Réigiúnach — na Balcáin Thiar

Idirnasc 400 cileavolta is ea an Chonair Leictreachais Tras-Balcáin a nascann córais tarchurtha leictreachais na Boisia agus na Heirseagaivéine, Mhontainéagró agus na Seirbia le córais tarchurtha leictreachais na Cróite, na hIodáile, na hUngáire agus na Rómáine.

Réigiúnach — Comharsanacht an Deiscirt — cábla Medusa

Nascfaidh cábla snáthoptaice fomhuirí Medusa sa Mheánmhuir tíortha thuaisceart na hAfraice le tíortha Eorpacha chun luasanna idirlín a mhéadú in ollscoileanna i dtuaisceart na hAfraice.

Réigiúnach — Oirthear na hEorpa

Cábla fomhuirí Nascacht Dhigiteach na Mara Duibhe, cábla a thabharfaidh tacaíocht don aistriú digiteach agus a chuirfidh le hathléimneacht dhigiteach an réigiúin.



An Mhacadóin Thuaidh

Nascfaidh Idirnasc Iarnróid Chonair VIII an Mhacadóin Thuaidh le teorainn na Bulgáire.



An tSeoirsia

Déanfaidh cábla leictreachais fomhuirí Nascacht na Mara Duibhe fuinneamh glas a onnmhairiú ó Chugas Theas go dtí an tAontas Eorpach.



Maracó

- Cuirfear 37 km leis an ngréasán trambhealaigh i gceirtleán Rabat-Salé-Témara.
- Glao ar thograí maidir leis an ngléasra cumhachta hidrigine P2X.



An Túinéis

Tógáil ELMED, an chéad idirnasc cábla leictreachais ardvoltais fomhuirí idir an Iodáil agus an Túinéis.



Iosrael

Nascfar an Ghréig, an Chipir agus Iosrael le cábla leictreachais fomhuirí Idirnascaire EuroAsia.



An Éigipt

- GREGY, idirnasc leictreach ardvoltais sa Mheánmhuir Thoir idir an Eoraip agus an Afraic, a théann ón Éigipt go dtí an Ghréig.
- Lárionad Rialaithe Limistéar Alexandria a nuachóiriú.
- Meatánól a tháirgeadh le haghaidh loingseoireacht ghlas.



An Iordáin

- Díshalannú Uisce Aqaba-Amman agus Tionscadal Tíolacas.
- Gléasra cóireála séarachais As Salt a athchóiriú agus a nuachóiriú; gléasra bithgháis a thógáil.

Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta agus an Tairseach Dhomhanda

In 2023, rinne an tAontas dul chun cinn mór maidir leis an Tairseach Dhomhanda a chur i bhfeidhm — a rannchuidiú leis an mbearna infheistíochta dhomhanda a laghdú agus le tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha ar fud an domhain. Go háirithe, cuireadh beagnach 90 tionscadal suaitheanta nua i bhfeidhm sa bhliain

san Afraic, i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, san Áise agus san Aigéan Ciúin, sna Balcáin Thiar, agus i gComharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt. Chuimsigh na tionscadail sin earnálacha éagsúla, amhail bealaí straitéiseacha iompair, fuinneamh in-athnuaite, cáblaí fomhuirí, amhábhair chriticiúla, oiliúint múinteoirí agus táirgeadh vacsaíní.



An 25 agus an 26 Deireadh Fómhair, nuair a reáchtáladh Fóram na Tairsí Domhanda den chéad uair, tugadh le chéile ceannairí ón Aontas, ó thíortha comhpháirtíochta, ó ghnólachtaí, ón tsochaí shibhialta, ó mheithleacha machnaimh, ó institiúidí airgeadais agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta chun cur chun feidhme straitéis na Tairsí Domhanda a mhéadú. Laistigh de 2 lá, síníodh comhaontuithe dar luach thart ar €3 bhilliún. Tá gealltanais tugtha ag an Aontas €300 billiún a shlógadh faoin straitéis faoi 2027.




Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh (ar dheis), agus Sheikh Hasina, Príomh-Aire na Banglaidéise (ar chlé), ag Fóram na Tairsí Domhanda, an Bhruiséil, an Bheilg, an 25 Deireadh Fómhair 2023.

Den chéad uair le 8 mbliana, thionóil an tAontas agus Comhphobal Stáit Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib cruinniú mullaigh inar tacaíodh le Clár Oibre Infheistíochta Thairseach Dhomhanda Mhuir Chairib idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. Tá coinne leis go gcuirfear breis agus €45 bhilliún ar fáil leis an gclár oibre sna blianta amach romhainn. In 2023, thug an tAontas comhpháirtíochtaí straitéiseacha déthaobhacha éagsúla i gcrích le tíortha comhpháirtíochta sa

réigiún chun tuilleadh comhair a dhéanamh maidir le fuinneamh agus le hamhábhair chriticiúla. Bunaíodh Comhaontas Digiteach idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib le haghaidh comhar maidir le saincheisteanna digiteacha agus spáis. Ina theannta sin, mar fhreagairt ar an ngéarchéim aeráide, leathnaíodh clár suaitheanta Euroclima an Aontais chun 33 tír Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib.

Clár Oibre Infheistíochta Thairseach Dhomhanda AE-Mheiriceá Laidineach agus Mhuir Chairib



Tá **breis agus €45 bhilliún** geallta ag an Aontas agus a Bhallstáit chun tacú leis an gcomhpháirtíocht threisithe le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib go dtí 2027. Táthar ag súil go rannchuideoidh tíortha eile, mar aon leis an earnáil phríobháideach agus institiúidí maoiniúcháin.

Áirítear ar an gclár oibre níos mó ná 130 tionscadal i dtíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib chun infheistíocht ardcháilíochta a ghíaráil.

Cuirfear tionscadail chun feidhme trí thionscnaimh Fhoireann na hEorpa: oibreoidh an tAontas, na Ballstáit, institiúidí maoinithe forbartha (an Banc Eorpach Infheistíochta san áireamh), gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin agus gach foinse phoiblí maoinithe eile i gcomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach.



FÍSEÁN An Tairseach Dhomhanda: seoladh chlár Amazonia+.



Tá an clár oibre bunaithe ar phríomhcholúin:



Aistriú glas atá cothrom



Claochlú digiteach
cuimsitheach



Forbairt an duine



Athléimneacht sláinte
agus vacsaíní

Ar an gcaoi chéanna, neartaigh an tAontas a chaidreamh le réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise le linn na bliana. In 2022, d'fhógair sé gearáil suas le €10 mbilliún d'infheistíocht le haghaidh thionscadail na Tairsí Dhomhanda le tíortha is comhaltaí Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas. Mar chuid de sin, sheol sé clár breathnóireachta na Cruinne in 2023 chun tacú leis an oiriúnú don athrú aeráide, chun slándáil

bia a chinntiú agus chun freagairt do thubaistí. Ina theannta sin, thionscain an tAontas comhpháirtíochtaí nua le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus bainistiú acmhainní nádúrtha. Agus é d'aidhm aige feabhas a chur ar an nascacht inbhuanaithe idir an Eoraip agus an Áise Láir, rinne sé mapáil ar na naisc iompair idir an dá réigiún agus na deiseanna infheistíochta a bhí ann dá bharr.



Jutta Urpilainen, an Coimisinéir Eorpach um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (an dara duine ar dheis), tráth shíniú Chomhaontú Shamó, Apia, Samó, an 15 Samhain 2023.



Tháinig comhpháirtíocht nua chun cinn idir an tAontas agus Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, eagraíocht ina bhfuil 79 náisiún. An 15 Samhain, shínigh siad Comhaontú Samoa, a tháinig in ionad Chomhaontú Cotonou. Dírítear sa téacs nua ar iarrachtaí comhpháirteacha i gcoinne dúshlán dhomhanda amhail an t-athrú aeráide, cearta an duine agus saincheisteanna sláinte. Tá sé beartaithe an caidreamh idir an tAontas agus an eagraíocht a mhúnlú go ceann 20 bliain.

Tá an tAontas ag bogadh ar aghaidh le cur chun feidhme Phacáiste Infheistíochta na Tairsí Domhanda idir an Afraic agus an Eoraip, ar fiú €150 billiún é, cuir i gcás mórthionscnaimh nua de chuid Fhoireann na hEorpa (iarrachtaí comhpháirteacha idir an tAontas agus na Ballstáit) in earnálacha amhail an tsláinte, teicneolaíochtaí digiteacha, fuinneamh glas, oideachas agus iompar.

Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa 2023



Seoladh an treoclár le haghaidh na Comhpháirtíochta idir an tAontas agus an Namaib maidir le slabhraí luacha amhábhair inbhuanaithe agus hidrigin in-athnuaite i mí Dheireadh Fómhair 2023. San am céanna, shínigh an tAontas comhaontuithe maidir le comhpháirtíochtaí comhchosúla le Poblacht Dhaonlathach an Chongó agus leis an tSaimbia.



Tá tús curtha le táirgeadh vacsaíní san Afraic Theas, agus tá saoráidí táirgthe á mbunú i nGána, i Ruanda agus sa tSeineagáil.



Chuir an tAontas agus na Ballstáit leis an tacaíocht a thugtar chun fuinneamh glan a tháirgeadh san Afraic, mar shampla tríd an gComhpháirtíocht um Aistriú Fuinnimh Cóir leis an tSeineagáil a sheoladh agus trí ghléasra grianchumhachta Gorou Banda a oscailt sa Nígir.



I mí Eanáir 2023, sheol an tAontas agus na Ballstáit Tionscnamh Múinteoirí Réigiúnacha ar fiú €100 milliún é chun tacú le hoideachas ar ardchaighdeán do chách.



An 18 Nollaig 2023, chuaigh Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh (ar chlé), go Kigali i Ruanda, áit ar thug sí aitheasc ag searmanas seolta BioNtech Africa, in éineacht le Paul Kagame, Uachtarán Ruanda (ar dheis).



← Tá an tAontas ag maoiniú droichead a thógáil thar Abhainn an Lógóin, a nascann Camarún le Sead. Go dtí seo, bhí iompar agus tráchtáil teoranta do chanúnna traidisiúnta adhmaid a iompraíonn earraí agus daoine. Yagoua, Camarún, an 5 Aibreán 2023.

Ghlac an tAontas céim nithiúil chun an neamhionannas a chomhrac in 2023 nuair a tugadh isteach Marcóir Comhionannais. Cuidíonn an uirlis seo chun a mheas an bhfuil bearta ag laghdú neamhionannais agus ag freastal ar riachtanais an 40 % is ísle den daonra.

Is iad an tAontas agus na Ballstáit le chéile fós príomhsholáthraí an chúnaimh oifigiúil um fhorbairt ar fud an domhain, agus cuireadh cúnamh dar luach €92.8 billiún ar fáil in 2022 (an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith), arb é 43 % den iomlán.

Cabhair dhaonnúil agus cosaint shibhialta

Cabhair dhaonnúil

Sábhálann an chabhair dhaonnúil beatha daoine, cinntíonn sí le dínit an duine agus cuireann sí an dlúthpháirtíocht dhomhanda chun cinn i ngéarchéimeanna agus i gcásanna éigeandála. Tá an tAontas Eorpach ar cheann de na deontóirí cabhrach daonnúla is mó ar domhan. Le buiséad €2.4 billiún in 2023 amháin, díronn sé ní hamháin ar éigeandálaí nua ach ar ghéarchéimeanna atá ligthe i ndearmad freisin.

Mar gheall ar choinbhleacht, suaithheadh eacnamaíoch, adhaimsir agus an phaindéim, tá neamhshlándáil an tsoláthair bia níos airde ná riamh. Rinne ionradh neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin difear breise do phraghsanna bia, fuinnimh agus leasacháin agus chuir sé isteach ar shlabhraí soláthair. In 2023, leithdháileadh breis agus €668 milliún ar chúnamh daonnúil bia agus cothaithe. Tríd an gcúnamh sin, tá sé d'aidhm ag an Aontas rochtain ar bhia sábháilte cothaitheach a chinntiú do na daoine is ocráí agus is leochaillí i ngéarchéimeanna.

Le 12 bhliain anuas le linn ghéarchéim na Siria, tá tacaíocht fhorleathan dar luach €30 billiún curtha ar fáil ag an Aontas agus a Bhallstáit do mhuintir na Siria. Cumhdaítear leis sin cabhair dhaonnúil,

forbartha, eacnamaíoch agus cobhsaithe, agus leithdháileadh €170 milliún breise ar chabhair dhaonnúil in 2023.

I mí Feabhra 2023, bhuail crith talún cumhachtach, méid-7.8 an tSiria agus an Tuirc. Bhí an crith talún ar cheann de na creathanna talún is láidre sa réigiún le breis agus céad bliain. Chuir na creathanna talún ina dhiaidh sin leis an léirsíoch.



↑ A bhuí le maoiniú ón Aontas agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta, cuirtear cabhair sláinteachais ar fáil do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i bpubaill, Türkiye, an 23 Lúnasa 2023.

Thug an tAontas freagra láithreach: sheol sí 30 foireann cuardaigh agus tarrthála chuig an Tuirc, chuir sí cúnamh daonnúil ar fáil don dá thír agus thionóil sí comhdháil idirnáisiúnta na ndéontóirí 'Le chéile ar son an Phobail in Türkiye agus sa tSiria' an 20 Márta. Ag an gcomhdháil, gheall an comhphobal idirnáisiúnta €7 mbilliún chun tacú le riachtanais dhaonnúla agus le hatógáil na réigiún atá buailte sa Tuirc, agus chun cabhair dhaonnúil, mar aon le tacaíocht luaththéarnaimh agus athléimneachta, a chur ar fáil don tSiria. Áiríodh leis sin ranníocaíocht €1.1 billiún ó bhuiséad an Aontais, agus fuarthas €400 milliún in 2023 faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh.

Bhuail crith talún ar mhéid-6.8 Maracó i mí Mheán Fómhair. Chuir an tAontas €1 mhilliún i gcistí éigeandála ar fáil go tapa agus sheol sé saíneolaithe daonnúla agus lóistíochta, agus bhí sé réidh chun níos mó tacaíochta a chur ar fáil más gá.

Agus an gá domhanda le cabhair dhaonnúil ag dul i méid go soiléir, tá dlús curtha ag an Aontas lena thacaíocht chun bonn domhanda na ndéontóirí a leathnú agus chun an bhearna atá ag dul i méid idir cistiú agus riachtanais a dhúnadh, ar mó ná €40 billiún é den chéad uair in 2023. Bhí an t-ábhar i gcroílár Fhóram Daonnúil Eorpach bliantúil sa Bhruiséil, an Bheilg, i mí an Mhárta. D'fhoill teacht ar réitigh inbhuanaithe ar riachtanais dhaonnúla, thug sé airí gnóthaí eachtracha an Aontais le chéile chun plé a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as cistí forbartha agus aeráide chun dul i ngleic le

bunchúiseanna na riachtanas sin agus mhol sé dóibh a leibhéal tiomantais a mhéadú.

Chomh maith le maoiniú, bhain an tAontas úsáid as a chumais féin chun obair na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta daonnúla a chomhlánú. Tríd an Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil, chuir sé tacaíocht lóistíochta dhíreach ar fáil i rith na bliana, go háirithe sa Mheánoirthear. Áiríodh leis sin dáileadh soláthairtí tarrthála ó stoic an Aontais féin agus eagrú oibríochtaí Aerdroichead Daonnúil an Aontais chun lasta fóirithinte a iompar d'eagraíochtaí comhpháirtíochta.

Rinneadh an rud céanna mar fhreagairt ar an gcoinbhleacht a bhris amach sa tSúdáin i mí Aibreáin trí sholáthairtí tarrthála a thabhairt do dhaoine atá thíos leis an gcoinbhleacht sa tSúdáin agus do dhídeanaithe atá á n-óstáil i Sead. Tugadh faoi Aerdroichead Daonnúil comhthreomhar tar éis don choinbhleacht dul in olcas tuilleadh in oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, agus lean sraith eiltí ag cur cúnamh éigeandála ar fáil do mhuintir na hAfganastáine, atá ag tabhairt aghaidh ar an ngéarchéim dhaonnúil is mó ar domhan.

I mí an Mhárta 2023, d'eagraigh an tAontas comhdháil dlúthpháirtíochta le himircigh agus dídeanaithe ó Veiniséala, inar bailíodh €815 mhilliún agus inar leagadh béim ar an ngéarchéim dhaonnúil dearmadta sin. Eagraíodh tuilleadh imeachtaí gealltanais chun tacú le muintir Éimin agus leis na ceantair ghéarchéime i gCorn na hAfraice agus sa tSaiheil.

Tá níos mó ná leath de dhaonra Mhaílí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tá thart ar aon trian díobh ina gcónaí i limistéir atá buailte ag coinbhleacht armtha. Tá an tAontas ag obair go gníomhach chun na leanaí sin a chosaint, chun freagairt go tapa d'easáitiú nua agus chun a chinntiú go leanfar dá n-oidreachas gan bhriseadh.



Déantar gníomhaíochtaí áineasa do leanaí easáitithe i Maílí a eagrú i ngrúpaí beaga chun sábháilteacht a chinntiú agus chun braistint dlúthchaidreamh a chothú. Fágann an cur chuige sin freisin go bhfuil sé níos éasca leanaí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu a shainaitheint. Faigheann leanaí leochaileacha tacaíocht agus cúnamh síceasóisialta ansin, agus iad curtha in oiriúint dá riachtanais shonracha, an 11 Aibreán 2023.



© DRC/Bakary Diouara

Freagairt do thubaistí, iad a chosc agus ullmhacht ina leith

Is é Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, a bunaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2001, cnámh droma an chomhair agus na dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit agus 10 stát rannpháirteach eile i gcás tubaistí de dhéantús an duine nó tubaistí nádúrtha. Nuair a sháraíonn éigeandáil cumais freagartha tíre san Eoraip nó níos faide i gcéin, féadfaidh sí cúnamh a iarraidh tríd an sásra.

Le cuimsiú na Moldóive agus na hÚcráine in 2023, tá an sásra méadaithe go 37 gcomhalta le chéile atá tiomanta do chosc, ullmhacht agus freagairt ar thubaistí san Eoraip a neartú.

Tá ról lárnach ag an Aontas maidir leis an bhfreagairt chomhchoiteann ar thubaistí a chomhordú agus a mhaoiniú laistigh den Aontas agus ar fud an domhain. In 2023, tháinig borradh faoin éileamh ar chúnamh tríd an sásra, agus shroich sé 66 ghníomhachtú mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna nádúrtha agus géarchéimeanna faoi thionchar an duine araon ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin. Orthu sin bhí an cogadh leanúnach san Úcráin, an crith talún ollmhór sa tSiria agus sa Tuirc, dóiteáin foraoise tubaisteacha i gCeanada agus sa Ghréig agus tuilte nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe san Iodáil, sa Libia agus sa tSlóivéin.

Tá an tAontas tar éis a chúlchistí straitéiseacha rescEU a leathnú a thuilleadh, a cruthaíodh mar rogha dheireanach chun tacú le móréigeandálaí a bhfuil na Ballstáit thíos leo. Mar chuid de sin, tá

a chúltacaí dídine féin curtha le chéile ag an Aontas, ar féidir leo freastal ar na mílte duine i roinnt tíortha. Chuir sé tús freisin le Foireann Leighis Éigeandála rescEU a chur ar bun, lenar cruthaíodh an chéad ospidéal allamuigh uile-Eorpach. Tá maoiniú faighte ag roinnt Ballstát chun an chéad stoc-charn straitéiseach ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach de chuid rescEU a thógáil, mar aon le cúlchiste fuinnimh éigeandála ina bhfuil gineadóirí agus trealamh eile.

Tacaíonn an tAontas le rialtais, le heagraíochtaí agus le pobail tubaistí a thuar, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh. Cabhraítear le pobail na haidhmeanna seo a bhaint amach trí úsáid a bhaint as córais réamhrabhaidh, trí shaineolas a roinnt, trí oiliúint freagartha éigeandála a chur ar fáil agus trí earraí faoisimh a stoc-charnadh.

I ndáil leis an méid sin, tá athnuachan déanta ag an Aontas ar a thiomantas do Chreat Sendai na Náisiún Aontaithe um Laghdú Rioscaí Tubaiste. Tacaíonn sé freisin le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib trí Mheabhrán Tuisceana maidir le Comhar in Ullmhacht i leith Tubaistí agus i mBainistiú Riosca. De réir mar atá an timpeallacht riosca san Eoraip dulta in olcas, tá cúig sprioc glactha ag an Aontas maidir le hathléimneacht ó thubaistí in 2023. Is spriocanna iad sin a threoraíonn pobail ar fud na hEorpa chun cabhrú leo mórthubaistí amach anseo a thuar, a chosc, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh. Bunaítear leo nasc idir cásanna sonracha tubaiste agus acmhainneachtaí freagartha, agus tá sé d'aidhm acu athléimneacht ó thubaistí a neartú ar bhealach soláimhsithe agus éifeachtúil.

→

Comhraiceoirí dóiteáin Rómánacha ar oileán Rhodes, an Ghréig, ag tabhairt uisce do choinín a tarrtháladh ó na lasracha. Nuair a bhíonn tinte ag dó ina ngnáthóg nádúrtha, is minic a fhágtar ainmhithe gan chabhair agus nach féidir leo éalú. Mí Iúil 2023.



© Romanian Civil Protection

Cúig sprioc de chuid an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí



Réamh-mheas

Measúnú riosca níos fearr



Ullmhú

Feasacht agus ullmhacht
mhéadaithe daoine



Foláireamh

Córais luathrabhaidh
feabhsaithe



Freagairt

Sásra an Aontais um
Chosaint Shibhialta níos
láidre



Cinntiú

Comhordú láidir
práinnfhreagartha ar fud
na hEorpa

Comhaontuithe trádála

Oibríonn an tAontas le tíortha ar fud an domhain agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun trádáil agus rathúnas eacnamaíoch a chur chun cinn, agus ag an am céanna cinntíonn sé go gcuideann an teicneolaíocht le freastal ar an tsochaí agus go n-urramaíonn sí luachanna daonlathacha comhroinnte.

I mí an Mheithimh, thug an Coimisiún agus an tArdionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Josep Borrell, Straitéis Slándála Eacnamaíche na hEorpa isteach — cur chuige cuimsitheach le haghaidh gheilleagar an Aontais a bheidh níos láidre agus níos athléimní. Cuirfidh sé le bonn tionsclaíoch an Aontais, cosnóidh sé leasanna eacnamaíocha rithabhachtacha agus cuirfidh sé comhar chun cinn le raon leathan tíortha nach bhfuil san Aontas chun feabhas a chur ar an tslándáil eacnamaíoch dhomhanda.

In 2023, rinne an tAontas dul chun cinn maith maidir le roinnt comhaontuithe saorthrádála. Shínigh sé agus ghlac sé comhaontú leis an Nua-Shéalainn, a tugadh i gcrích in 2022. Síníodh an comhaontú idir an tAontas agus an tSile freisin, rud a réitigh an bealach chun é a ghlacadh go foirmiúil.

Thug an tAontas an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche leis an gCéinia chun críche agus shínigh sé é, an comhaontú is uailmhianaí atá caibidlithe ag an Aontas le tír atá i mbéal forbartha maidir leis an inbhuanaitheacht. Rinneadh dul chun cinn freisin ar an obair ar an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Angóla, agus mhol an Coimisiún go ndéanfadh an Chomhairle an comhaontú a thabhairt i gcrích agus a shíniú.

Leanadh den chaibidlíocht maidir le comhaontuithe trádála leis an Astráil, leis an India agus leis an Indinéis, faoi mar a leanadh d'obair theicniúil agus dhlíthiúil ar an gcomhaontú trádála idir an tAontas agus Mercosur. Rinneadh an chaibidlíocht leis an Téalainn a athsheoladh freisin.

Tar éis an Idirphlé Ardleibhéil Eacnamaíoch idir an tAontas agus an tSeapáin i mí an Mheithimh agus tar éis an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus an tSeapáin i mí Iúil, chomhaontaigh an dá pháirtí tuilleadh comhair a dhéanamh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin. Áirítear leis sin cainteanna maidir leis an tslándáil eacnamaíoch a leathnú agus teacht ar chomhaontú maidir le prionsabail na trádála digité.



I mí na Nollag, d'óstáil Béising Cruinniú Mullaigh cinniúnach idir an tAontas agus an tSín, an chéad chruinniú mullaigh ar an láthair ó 2019 i leith, inar díródh ar dhul chun cinn nithiúil a dhéanamh maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an tSín. I gcroílár an chláir oibre bhí plé maidir le heasnamh trádála an Aontais leis an tSín a chothromú, comhpháirtíocht eacnamaíoch chothrom a chothú agus cloí le noirm idirnáisiúnta.


Rinneadh plé ag an tionól freisin ar ábhair imní mhóra dhomhanda amhail cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, teannais sa Mheánoirthear, an t-athrú aeráide, dúshlán sláinte, agus saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine laistigh den tSín. Leag an cruinniú mullaigh béim ar a thábhachtaí atá an comhar agus an urraim fhrithpháirteach i ngnóthaí domhanda.

Leis na Stáit Aontaithe, leanadh den chaibidlíocht ar an Socrú Domhanda maidir le Cruach agus Alúmanam Inbhuanaithe chun aghaidh a thabhairt ar ró-acmhainneacht sna margaí domhanda agus chun an trádáil dhomhanda cruach a dhéanamh níos inbhuanaithe. Chun tacú leis na hiarrachtaí sin, chomhaontaigh na Stáit Aontaithe agus an tAontas sineadh a chur le fionraí tharaifí na Stát Aontaithe ar chainníochtaí áirithe de chruach agus d'alúmanam an Aontais agus taraifí athchothromaithe an Aontais ar earraí SAM go dtí an 31 Nollaig 2025 agus an 31 Márta 2025 faoi seach. Cuireadh tús freisin leis an gcaibidlíocht leis na Stáit Aontaithe i dtaca le Comhaontú maidir le Mianraí Criticiúla, lena gceadófaí d'fheithiclí leictreacha agus do pháirteanna leictreacha a tháirgtear san Aontas tairbhe a bhaint

as creidmheasanna cánach áirithe de chuid an Achta um Laghdú Boilscithe na Stát Aontaithe.

Lean an tAontas agus na Stáit Aontaithe dá gcaidreamh digiteach agus trádála a fhorbairt faoi chuimsiú na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, a raibh a ceathrú Cruinniú Aireachta aici i mí na Bealtaine. Ag cur leis an rath a bhí ar an gcomhairle idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, thionóil an tAontas agus an India an chéad Chruinniú Aireachta den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus an India i mí na Bealtaine, tar éis a seolta i mí Feabhra. Le linn an chruinnithe, chomhaontaigh an dá thaobh an comhar eatarthu a dhoimhniú i dtrí phríomhréimse: teicneolaíocht, fuinneamh glan agus trádáil.

Comhaontuithe trádála an Aontais in 2023



(*) An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch; tíortha agus críocha thar lear.

(**) Comhaontú saorthrádála; comhaontú saorthrádála domhain cuimsitheach; comhaontú infheistíochta; comhaontú comhpháirtíochta agus comhair feabhsaithe; comhaontú comhpháirtíochta agus comhair a bhfuil gné fhabhrach ag baint leis.

(*) Tá na comhaontuithe leis an Túinéis agus le oirthear agus deisceart na hAfraice á dtabhairt cothrom le dáta faoi láthair; tá na comhaontuithe nuashonraithe leis an tSile agus Meicsiceo á ndaingniú; níl feidhm ag an gcomhaontú domhain cuimsitheach saorthrádála leis an tSeoirsia in Abcáis ná san Oiséit Theas.

Is cloch mhíle thábhachtach é Creat Windsor sa chaidreamh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Soláthraítear leis réitigh chinntitheacha ar na dúshláin chur chun feidhme a bhaineann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (cuid lárnach den Chomhaontú um Tharraingt Siar); athdhearbhaítear leis go bhfuil an tAontas agus an Ríocht Aontaithe araon tiomanta go hiomlán do Chomhaontú Aoine an Chéasta (Béal Feirste); agus éascaítear leis an trádáil idir Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór agus cosnaítear leis Margadh Aonair an Aontais. Tá an dá pháirtí tiomanta do gach gné den chreat a chur chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil.

Rinneadh dul chun cinn freisin sa Chomhaontú Trádála agus Comhair in 2023, lenar ceadaíodh comhar i dtrádáil, iompar, fuinneamh agus slándáil, mar aon le réimsí amhail an chibearshlándáil agus seirbhísí airgeadais. Tháinig an Ríocht Aontaithe agus an tAontas ar chomhaontú maidir le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i bhFís Eorpach, clár taighde agus nuálaíochta an Aontais, agus Copernicus, clár ceannródaíoch an Aontais dírithe ar bhreathnóireacht na Cruinne.

A bhui le tacaíocht an Aontais do phróiseas socraíochta na Cipire, tháinig méadú €16 mhilliún ar thrádáil na Líne Glaise idir muintir na Tuirce agus muintir na Gréige in 2023. Tá an trádáil sin ag cothú

muiníne idir an dá phobal agus ag cuidiú le geilleagar na Cipire. Chun cabhrú leis an bhfás sin a thuilleadh, i mí Dheireadh Fómhair osclaíodh Ionad Ilfhreastail a fuair maoiniú ón Aontas, agus cuireadh comhairle ar fáil do thrádálaithe áitiúla.

Sheol an tAontas roinnt comhpháirtíochtaí digiteacha chun a rannpháirtíocht le comhpháirtithe atá ar aon dearcadh leis a neartú, lena n-áirítear Ceanada agus tíortha sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, amhail Singepór agus an Chóiré Theas. Is é an aidhm atá ann an comhar a mhéadú chun spás digiteach slán sábháilte agus claochlú digiteach athléimneach a chothú. Tá an chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas agus an tSeapáin ag dul i méid freisin, agus an dá pháirtí ag síniú comhaontuithe chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir le bonneagar digiteach, leathsheoltóirí agus slabhraí soláthair amhábhhar.

Ceann eile de spriocanna an Aontais is ea feabhas a chur ar an gceangal atá aige le príomhphobail eolaíochta an domhain. Briseadh talamh úr nuair a tháinig an Nua-Shéalainn isteach i bhFís Eorpach in 2023 agus í ar an gcéad chomhpháirtí i bhfad i gcéin atá ag an Aontas san fhiontar sin. Le rannpháirtíocht Cheanada, leathnaítear an chomhghuaillíocht eolaíoch idirnáisiúnta sin a thuilleadh.



↑

Margrethe Vestager, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar Eorpa atá oiriúnach don Aois Dhigiteach agus an Coimisinéir Eorpach um Iomaíocht (an dara duine ar dheis), agus Valdis Dombrovskis, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar Gheilleagar a Fhóireann do Dhaoine agus an Coimisinéir Eorpach um Thrádáil (an tríú duine ar dheis), ag an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus an India, an Bhreiséil, an Bheilg, an 16 Bealtaine 2023.



9. Forbairtí institiúideacha agus an daonlathas a neartú

Réamhrá

In 2023, d'oibrigh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh go dlúth le chéile chun aghaidh a thabhairt ar leasanna coiteanna an Aontais agus chun torthaí a bhaint amach dá shaoránaigh. Leanadh d'iarrachtaí a dhéanamh maidir le próiseas reachtóireachta an Aontais a fheabhsú agus údaráis riaracháin a athchóiriú ionas go mbeidh siad níos ullmhaithe do na deiseanna agus na dúshláin i ndomhan atá ag athrú. Torthaí níos fearr a bhaint amach do na saoránaigh trí rialacha an Aontais a fheabhsú, sin rud ar cuspóir comhroinnte é agus a bhfuil institiúidí uile an Aontais agus na Ballstáit freagrach as. Cuimsítear leis sin saoránaigh a chumhachtú chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas daonlathach.

↑

Ó chlé go deas: Charles Michel, Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Jessica Roswall, Aire Gnóthaí an Aontais na Sualainne, Shirin Ebadi, dlíodóir agus scríbhneoir na hIaráine, Roberta Metsola, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Samantha Cristoforetti, spásaire Iodálach, agus Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, ag ceiliúradh Lá Idirnáisiúnta na mBan i bParlaimint na hEorpa, Strasbourg na Fraince, an 15 Márta 2023.

Obair a dhéanamh i dteannta a chéile

Tá leagan amach institiúideach an Aontais uathúil, agus bíonn a chóras cinnteoireachta ag síorathrú. I bprionsabal, is é an Coimisiún Eorpach a mholann dlíthe nua, agus is iad Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh a ghlacann iad mar chomhreachtóirí. Cuireann na Ballstáit na dlíthe chun feidhme ansin, agus cinntíonn an Coimisiún go gcuirtear i bhfeidhm i gceart iad. Comhlánaítear obair na n-institiúidí sin le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile. In 2023, rinne institiúidí an Aontais dul chun cinn maidir le roinnt príomhthionscnamh reachtach agus

chuir siad dlús leis na hiarrachtaí chun an tAontas a dhéanamh níos trédhearcaí, níos cuntasáí agus níos éifeachtaí. Agus aird á tabhairt ar an teachtaireacht ón gCoimisiún I dtreo Eoraip níos athléimní, níos iomaíche agus níos inbhuanaithe, tháinig ceannairí an Aontais le chéile in Granada na Spáinne i mí Dheireadh Fómhair chun tús a chur le plé arbh é ab aidhm dó treonna agus tosaíochtaí polaitiúla ginearálta an Aontais Eorpaigh a leagan síos le haghaidh na mblianta atá le teacht.

Bíonn a seal féin ag na Ballstáit i gceannas uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh gach 6 mhí. In 2023, bhí an uachtaránacht ag an tSualainn ar dtús agus ag an Spáinn ina dhiaidh sin.



Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, comhaltaí thoscaireacht na Sualainne agus comhaltaí Choláiste an Choimisiúin Eorpaigh ag cruinniú tosaigh Uachtaránacht na Sualainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Kiruna, an tSualainn, an 12 Eanáir 2023.



Dul chun cinn maidir le tionscnaimh reachtacha

In 2023, rinne comhreachtóirí an Aontais dul chun cinn maidir le roinnt mórtionscnamh.

Maidir le dlúthpháirtíocht leis an Úcráin agus tacaíocht mhíleata (féach Caibidil 1), tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil i ndáil leis an nGníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin, gníomh lena ndéantar €500 milliún a shlógadh chun armlón agus diúracaín a mhonarú. Tháinig siad ar chomhaontú freisin i ndáil le bearta nua chun borradh a chur go práinneach faoi acmhainneachtaí thionscal cosanta an Aontais ó thaobh táirgeadh armlóin de (an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch féach Caibidil 8). I bhfianaise an chogaidh fhoghaigh leanúnaigh atá an Rúis a chur ar an Úcráin, chomhaontaigh an Chomhairle leis an 11ú agus 12ú pacáiste de bhearta sriantacha eacnamaíocha agus aonair (smachtbhannaí) freisin.

Rinneadh dul chun cinn maidir leis an ngeilleagar agus iomaíochas an Aontais a neartú, agus tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú i ndáil le tograí tábhachtacha ar nós an Rialacháin maidir le Bannaí Glasa Eorpacha, an phacáiste baincéireachta, an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús agus an Ghníomh um Amhábhair Chriticiúla, ar gníomh ceannródaíoch é (féach Caibidil 2). Ina theannta sin, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le comhsheasamh i ndáil leis an togra ón gCoimisiún chun rialacha an Aontais um rialachas eacnamaíoch a athchóiriú.



Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus comhaltaí Choláiste an Choimisiúin Eorpaigh ag cruinniú tosaigh Uachtaránacht na Spáinne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, an 3 Iúil 2023, Maidrid, an Spáinn.

Maidir leis an gclár oibre glas, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle píosaí reachtaíochta rithábachtacha lena mbaintear amach na spriocanna aeráide le haghaidh 2030. Ina measc sin, tá rialacha nua chun an t-ídiú fuinnimh deiridh a laghdú agus sciar na bhfoinsí in-athnuaite atá i meascán fuinnimh an Aontais a mhéadú (féach Caibidlí 3 agus 4).

Maidir leis an aistriú digiteach, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle rialacha nua chun earnáil leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Gníomh um Shliseanna), rud a neartóidh ceannasacht theicneolaíoch an Aontais. Ghlac na comhreachtóirí an Gníomh um Shonraí freisin, lena gcinnteofar rochtain chothrom ar shonraí, agus tháinig siad ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, lena gcuirfear chun cinn úsáid shábháilte na hintleachta saorga san Aontas ar mhaithe le cách (féach Caibidil 5).

I ndiaidh na caibidlíochta idir an Pharlaimint agus an Chomhairle, bhí comhaontú polaitiúil ann i ndáil leis an gComhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann (féach Caibidil 7) agus i ndáil le trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla (féach thíos). Rinneadh dul chun cinn freisin i dtaca leis an treoir maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre le haghaidh oibrithe ardáin (Caibidil 6). Thairis sin, maidir le limistéar Schengen, chomhaontaigh an Chomhairle d'aon toil deireadh a chur le rialuithe teorann inmheánaí aeir agus muirí ag an teorainn leis an mBulgáir agus leis an Rómáin (féach Caibidil 7).

Ina theannta sin, an comhaontú polaitiúil i ndáil leis an athbhreithniú spriocdhírthe ar an Rialachán Airgeadais, is céim shuntasach é sin chun buiséad an Aontais a chosaint (féach Caibidil 2), rud a chuireann feabhas ar thrédhearcacht agus ar bhainistiú géarchéime agus a laghdaíonn na hualaí riaracháin atá ar na Ballstáit.

A chinntiú go gcuirtear rialacha an Aontais i bhfeidhm

Ní mór dlí an Aontais a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go hiomlán agus i gceart i ngach áit ionas go mbeidh daoine agus gnólachtaí in ann tairbhe iomlán a bhaint as. Chun an méid sin a chinntiú, chuir an Coimisiún tús le níos mó ná 500 nós imeachta nua um shárú in 2023, toisc gur theip ar na Ballstáit treoracha an Aontais a thrasú sa dlí náisiúnta in am, sin nó toisc nach raibh rialacha an Aontais á gcur i bhfeidhm acu i gceart nó toisc nach raibh a rialacha náisiúnta i gcomhréir go hiomlán le dlí an Aontais.

Ar an taobh eile den scéal, féadadh 1 000 nós imeachta um shárú a dhúnadh le linn na bliana toisc gur éirigh leis na Ballstáit rialacha an Aontais a chomhlíonadh. Tiocfaidh tairbhí nithiúla as sin, cuir i gcás cearta níos láidre sa mhargadh aonair digiteach, éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe, cosaint níos fearr don chomhshaol, seirbhísí airgeadais níos fearr agus iompar níos sábháilte.

Ina theannta sin, lean an Coimisiún dá chuid oibre i dtaca le sárúithe a chosc ar an gcéad dul síos, mar shampla trí thacaíocht luath a thabhairt do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme dhlí an Aontais le treoraíocht phraiticiúil, cruinnithe, oiliúint agus cúnamh teicniúil.

Comhar idirinstiúideach gníomhach

Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún ionchur ábhartha tábhachtach don Pharlaimint, don Chomhairle agus don Choimisiún, agus bhí siad an-ghníomhach maidir le tacú leis an Úcráin. Lean Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa dá thionscnamh le haghaidh comhaltaí ó thíortha is iarrthóirí ar an méadú a roghnú, tionscnamh a fhéachann le hionadaithe na sochaí sibhialta ó thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht den Aontas a thabhairt isteach in obair chomhairleach laethúil an Choiste.

Trí Chomhghuaillíocht Eorpach na gCathracha agus na Réigiún ar mhaithe le hAtógáil na hÚcráine, leag Coiste Eorpach na Réigiún béim ar a thábhachtaí atá an dílárú agus neartú an féinrialachais áitiúil i bpróiseas téarnaimh agus atógála na hÚcráine.

Lean parlaimintí náisiúnta fhormhór na mBallstát dá gcomhar gníomhach le hinstiúidí an Aontais, agus rinne siad grinnscrúdú ar dhlíthe nua atá beartaithe maidir leis an urraim a thugann siad do phrionsabal na coimhdeachta. Le prionsabal na coimhdeachta, sainítear na cúinsí ina mbíonn sé dlisteanach go ngníomhódh an tAontas, seachas na Ballstáit. Níor chuir na parlaimintí náisiúnta ábhair inní in iúl i ndáil leis sin ach i líon an-bheag cásanna. Ghlac siad páirt san idirphlé polaitiúil i scríbhinn agus ó bhéal leis an gCoimisiún maidir le raon leathan ábhar, agus i gcruinnithe idirpharlaiminteacha arna n-óstáil ag Parlaimint na hEorpa.

An caidreamh idir na hinstiúidí eile agus an tOmbudsman Eorpach, lean sé de bheith go maith agus an-chuiditheach. Is é an Coimisiún príomhsheolaí fhiosrúcháin an Ombudsman fós mar an instiúid is mó a bhíonn ag déileáil leis an bpobal go díreach. In 2023, rinne an Coimisiún thart ar thrí cheathrú de mholtaí an Ombudsman a chur chun feidhme, agus ba an-annamh a bhí cásanna drochriaracháin ann.

Ina cháil mar chaomhnóir ar airgeadas an Aontais, rinne Cúirt Iniúcháirí na hEorpa sraith iniúchtaí airgeadais agus feidhmíochta, i réimsí ar nós NextGenerationEU (an ciste téarnaimh paidéime), iomaíochas eacnamaíoch an Aontais, athléimneacht i gcoinne bagairtí slándála, urraim do luachanna Eorpacha, an athraithe aeráide agus an chomhraic in aghaidh na calaoise. Mar phríomhiniúcháir na Cúirte, ghlac an Coimisiún le formhór mór na moltaí a díriodh air, chun a áirithiú go mbailítear cistí an Aontais agus go gcaitear iad i gcomhréir leis na rialacha ábhartha agus go mbainfidh siad amach na torthaí beartaithe.

Dea-riarachán

Muinín an phobail a neartú

Is iad an trédhearcacht, an t-ionracas agus an chuntasacht na príomhthréithe a bhaineann le daonlathas atá bunaithe ar an smacht reachta. Cuireann siad dea-rialachas chun cinn agus cothaíonn siad muinín sa phróiseas ceaptha beartas. Is uirlisí polaitiúla thar a bheith tábhachtach iad freisin chun an t-éilliú a chosc. Chuir an Pharlaimint sraith athchóirithe chun feidhme in 2023 tar éis líomhaintí maidir le héilliú agus Feisire de Pharlaimint na hEorpa a bheith gafa ina dhiaidh sin ag deireadh 2022. Ba é ab aidhm do na hathchóirithe sin sláine, neamhspleáchas agus cuntasacht na Parlaiminte a neartú mar bhealach chun aon chur isteach breise ar a cuid oibre a chosc.

D'fhoill muinín an phobail in institiúidí an Aontais a neartú, thíolaic an Coimisiún togra maidir le comhlacht eithe idirinstiúideach i mí an Mheithimh, agus é d'aidhm aige caighdeán choiteanna um iompar eiticíúil na gcomhaltaí a bhunú mar aon le sásra foirmiúil comhair agus malartaithe um cheanglais eiticíúla. D'iarr an Coimisiún ar institiúidí uile an Aontais (an Pharlaimint, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, an Chúirt Bhreithiúnais, an Banc Ceannais Eorpach agus an Chúirt Iniúcháirí, mar aon le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún) tús a chur leis an gcaibidlíocht agus d'eagraigh sé na chéad chruinnithe polaitiúla agus teicniúla maidir le comhaontú féideartha.

I mí an Mheithimh, rinne an Banc Ceannais Eorpach a shocrúithe cuntasachta leis an bParlaimint a chur ar bhonn foirmiúil. Tá an t-idirphlé idir an Banc

Ceannais agus an Pharlaimint rithábachtach i ndáil leis sin. Cuireann sé ar a chumas don Bhanc a ghníomhaíochtaí agus a bheartais a mhíniú go mion d'ionadaithe tofa shaoránaigh an Aontais, agus éisteacht lena n-ábhair imní. Ar an gcaoi sin, is féidir le saoránaigh agus a n-ionadaithe breithiúnas a thabhairt ar fheidhmíocht an Bhainc i bhfianaise an phríomhchuspóra atá aige, is é sin cobhsaíocht praghsanna a choinneáil ar bun.

Rialáil Níos Fearr

Is é clár oibre an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr croílár a chuid oibre chun iomaíochas agus athléimneacht an Aontais a chinntiú trí rialáil níos cliste, níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Cuireann sé sin le creat cruthaithe atá aitheanta ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta.

In 2023, gheall an Coimisiún an t-ualach a bhaineann leis na ceanglais tuairiscithe a laghdú faoi 25 % le himeacht ama. Chuir sé 41 thionscnamh chun cinn ina chlár oibre. Fágann sé sin gur tosaíocht é na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú, ar ceanglais iad a chuireann ualaí díréireacha ar ghnólaigh nó ar údaráis riaracháin. Is é is aidhm dó sin an t-ualach riaracháin a laghdú gan dochar a dhéanamh do chuspóirí beartais, sin ná caighdeán shóisialta, eacnamaíocha, chomhshaoil nó aon chaighdeán eile a íslíú, cosaint tomhaltóirí san áireamh. Fuarthas 200 aighneacht ó ghnólaigh, ó údaráis phoiblí, ón tsochaí shibhialta agus ó shaoránaigh i nglao tiomnaithe ar fhianaise, rud a chuirfidh bonn eolais faoin bpróiseas.



← Christine Lagarde, Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh (ar chlé), agus Roberta Metsola, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa (ar dheis), ag síniú na socruithe cuntasachta, an Bhruiséil, an Bheilg, an 5 Meitheamh 2023.

Ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú agus a shimpliú

Cén chaoi?



Samplaí

Togra	Aidhm	Coigiltis/sochair a bhfuil coinne leo
Cód Custaim athchóirithe an Aontais	Comhéadan aonair de chuid an Aontais a chruthú agus athúsáid sonraí a éascú	€2 bhilliún
Treoir Athbhreithnithe maidir le hlompar Comhcheangailte	Nósanna imeachta a shimpliú (e.g. ardáin sonraí iompair dhigitigh a úsáid ar mhaithe le cruthúnas incháilitheachta)	€430 milliún
Tairseacha na Treorach Cuntasaíochta Coigeartaithe	Ceanglais tuairiscithe a laghdú	Meastar go mbainfidh níos mó ná 1 mhilliún cuideachta tairbhe as
Réiteach malartach díospóidí	Roinnt oibleagáidí maidir le nochtadh a bhaint agus an t-ardán ar líne a ionadú	Thart ar €630 milliún



Maroš Šefčovič, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar an gComhaontú Glas don Eoraip, an Caidreamh Idirinstitiúideach agus Fadhbheathnaitheacht, ag an ochtú cruinniú iomlánach den Ardán 'Réidh don Todhchaí', an Bhruiséil, an Bheilg, an 28 Samhain 2023. Tacaíonn an sainghrúpa ardleibhéil seo leis an gCoimisiún agus é ag iarraidh dlíthe an Aontais a shimpliú agus costais neamhriachtanacha a laghdú.

Lean an Coimisiún den chur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' a chur chun feidhme, rud a chinntíonn go ndéantar aon ualach a tugadh isteach le déanaí a fhritháireamh le hualach coibhéiseach sa réimse beartais céanna a bhaint. Comhlánaíonn an cur chuige sin clár an Choimisiúin um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála, clár trína bhféachann an Coimisiún le rómhaorlathas agus costais neamhriachtanacha a shainnithint agus a bhaint go córasach aon uair a dhéantar athbhreithniú agus meastóireacht ar reachtaíocht an Aontais.

An comhar riaracháin a neartú

Bíonn riaracháin phoiblí náisiúnta éifeachtúla criticiúil le go dtiocfaidh beartais an Aontais agus na beartais náisiúnta ar an saol; athchóirithe a chur chun feidhme a rachaidh chun tairbhe do dhaoine agus do ghnólaictaí araon; agus infheistíocht a dhíriú chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus iomaíochas níos fearr a bhaint amach. D'fhonn feabhas a chur ar an spás riaracháin Eorpach, cuirtear tacar nua prionsabal ar fáil leis an tionscnamh ComPact chun cuidiú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna agus an sprioc a bhaint amach go mbeidh 100 % de phríomhsheirbhísí poiblí inrochtana ar líne faoi 2030. Leis sin, beidh geilleagair agus sochaithe an Aontais in ann spriocanna uailmhianacha aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach, agus fágfaidh sé sin nach mbeidh riaracháin phoiblí an Aontais chomh maorlathach, go mbeidh siad níos tapúla maidir le seirbhísí a sholáthar, agus go mbeidh siad níos trédhearcaí agus níos gaire do na daoine. I ndáil leis sin, ba gharsprioc thábhachtach é an comhaontú maidir leis an nGníomh um Eoraip Idir-inoibritheacht i mí na Samhna i dtaobh spriocanna digiteacha 2030 an Aontais a bhaint amach (féach Caibidil 5). A luaithe a ghlacfar an gníomh, tabharfar an malartú faisnéise in earnáil phoiblí an Aontais go dtí an chéad leibhéal eile agus cuirfear dlús le claochlú digiteach na hearnála.

Fadbheathnaitheacht straitéiseach

Chun go seasfaidh a bheartais an aimsir i gcomhthéacs domhanda atá ag éirí níos casta, tá fadbheathnaitheacht á leabú de réir a chéile ag an Aontas sa cheapadh beartas a dhéanann sé. Déantar cásanna, treocheaí agus rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a fhiosrú, rud a thugann léargas atá úsáideach sa phleanáil straitéiseach agus sa cheapadh

beartais, i gcomhréir leis an mbosca uirlisí um Rialáil Níos Fearr. I ndeireadh na dála, cuideoidh an fadbheathnaitheacht straitéiseach leis an Aontas na riachtanais a bheidh ann amach anseo a thuar agus freagairt níos fearr a thabhairt orthu agus ar fhorbairtí díobhálacha agus géarchéimeanna casta gan choinne murach sin, mar atá feicthe againn le blianta beaga anuas.

I dTuarascáil 2023 maidir leis an bhFadbheathnaitheacht Straitéiseach, rinneadh anailís ar na dúshlán shóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a bhaint amach agus folláine daoine a chothabháil. Tugadh léargas sa tuarascáil sin freisin ar an gcaoi ar féidir leis an Aontas a cheannaireacht dhomhanda a neartú trí bhainistiú rathúil na ndúshlán sin. Sa tuarascáil sin moltar 120 réimse nithiúla le haghaidh gníomhaíochta agus cuirtear i láthair inti na chéad torthaí ón scéim phiolótach maidir leis an gcur chuige 'táscairí taobh amuigh de OTI', cur chuige a bhfuil sé d'aidhm aige tacú le táscairí dul chun cinn a fhorbairt atá níos cuimsithí ó thaobh gnéithe comhshaoil agus sóisialta de.

Le linn na bliana, rinne an Coimisiún tuilleadh forbartha ar a chomhar leis na Ballstáit tríd an Líonra Fadhbheathnaitheachta uile-Aontais, rud a bunaíodh in 2021 agus a chuir leis an spéis agus an infheistíocht san fadbheathnaitheacht straitéiseach ar an leibhéal náisiúnta. Cuidíonn an líonra le plé níos leithne ar leibhéal an Aontais freisin, amhail an obair ar thuarascáil Resilient EU2030 le linn Uachtaránacht na Spáinne ar an gComhairle agus an dearbhu a d'eascair as an gComhairle Eorpach in Granada na Spáinne.

Sa Chóras Eorpach um Anailís Straitéiseach agus Beartais, tugtar le chéile naoi n-institiúid agus comhlacht de chuid an Aontais chun rioscaí agus deiseanna amach anseo a thuar. In 2023 bhain an comhar le hullmhú na Tuarascála nua maidir le Treocheaí Domhanda atá foilsíú go luath in 2024.

Deich réimse le hagaidh gníomhaíochta chun inbhuanaitheacht a bhaint amach



An daonlathas a neartú

An smacht reachta a choimirciú

Agus cogadh foghach na Rúise faoin Úcráin fós ag leanúint ar aghaidh, tá sé rithabhachtach go ndéanfar an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta a chosaint agus a chaomhnú go réamhghníomhach, san Aontas agus níos faide i gcéin. Cuireadh go mór leis an méid sin i dTuarascáil 2023 maidir leis an Smacht Reachta, inar léiríodh gur tugadh aghaidh go hiomlán nó go páirteach ar 65 % de na moltaí maidir leis an smacht reachta a eisíodh do na Ballstáit in 2022. Léiríonn sé

sin na hiarrachtaí móra atá á ndéanamh sna Ballstáit chun tabhairt faoi na hathchóirithe is gá chun an smacht reachta a neartú i gceithre phríomhréimse: an córas ceartais, an creat frithéilithe, iolrachas na meán agus saoirse. I bhfianaise na dtorthaí dearfacha sna Ballstáit, d'fhógair an Coimisiún in 2023 go n-oscloídh sé an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta do na tíortha aontachais atá níos faide chun tosaigh chun tacú leo ina n-iarrachtaí athchóirithe.

Trasnaíocht eachtrach ar chórais dhaonlathacha

Aontaíonn **81 %**

de mhuintir an Aontais gur fadhb thromchúiseach í trasnaíocht eachtrach ar cheart aghaidh a thabhairt uirthi

Aontaíonn **81 %**

de mhuintir an Aontais gur cheart eintitis a dhéanann ionadaíocht thar ceann rialtais eachtracha ar chríoch an Aontais a chlárú chun cur isteach ceilte a chos

Ról na sochaí sibhialta maidir le daonlathas a chur chun cinn agus a chosaint

Measann **87 %**

de mhuintir an Aontais go bhfuil ról tábhachtach ag an tsocái sibhialta maidir leis an daonlathas a chosaint agus maidir leis an díospóireacht dhaonlathach a chur chun cinn

Daonlathas agus toghcháin

Tá **78 %**

de mhuintir an Aontais buartha go bhféadfaí cinntí vótála a bhunú ar bhréagaisnéis

Tá imní ar **72 %**

de mhuintir an Aontais go bhféadfaí toghcháin san Aontas a ionramháil trí chibirionsaithe

Tá **70 %**

de mhuintir an Aontais buartha go bhféadfaí tíortha eachtracha tionchar a imirt faoi cheilt ar thoghcháin

Tá imní ar **65 %**


de mhuintir an Aontais go mb'fhéidir go gcuirfí brú orthu vóta a chaitheamh ar bhealach áirithe

Tá imní ar **63 %**

de mhuintir an Aontais go bhféadfaí torthaí an toghcháin a ionramháil

Tá imní ar **53 %**

de mhuintir an Aontais go mbeadh daoine nach bhfuil i dteideal vóta a chaitheamh ag vótáil



Foinse: Flash Eurobarometer 528, Nollaig 2023.

An daonlathas a chosaint

I ndaonlathas atá folláin agus faoi bhláth, is féidir le saoránaigh a gcuid tuairimí a chur in iúl gan srian, a gceannairí polaitiúla a roghnú agus tionchar a imirt ar a dtodhchaí féin. Tá an daonlathas san Aontas láidir, ach tá dúshlán le sárú ina leith mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an antoisceachas, ar chur isteach ar thoghcháin, ar scaipeadh faisnéise ionramhála agus ar bhagairtí i gcoinne iriseoirí.

Is é is aidhm don phacáiste maidir le cosaint an daonlathais, a glacadh i mí na Nollag, aghaidh a thabhairt ar dhúshlán amhail trasnaíocht eachtrach agus athléimneacht a chothú ó laistigh den Aontas trí rannpháirtíocht saoránach agus rannpháirtíocht dhaonlathach a spreagadh. Is é croílár an phacáiste togra chun an trédhearcacht agus cuntasacht dhaonlathach a fheabhsú trí sholas a chaitheamh ar thionchar eachtrach ceilte. Leis na bearta sin cuirfear feabhas freisin ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí chomhchaighdeán le haghaidh gníomhaíochtaí ionadaíochta-leasa

a dhéantar thar ceann tíortha nach tíortha den Aontas iad. Ina theannta sin, tá dhá mholadh sa phacáiste: neartú na bpróiseas toghcháin san Aontas agus rannpháirtíocht chuimsitheach na saoránach agus na sochaí sibhialta i gceapadh beartas a chur chun cinn.

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil freisin i ndáil leis na rialacha nua maidir le trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla, rialacha lena mbaineann gá le fógraí polaitiúla a lipéadú go soiléir agus ar ina leith nach mór eolas amhail cé a d'íoc astu agus cé mhéad a caitheadh orthu a bheith san áireamh orthu féin; cén próiseas toghcháin, reifrinn nó rialála a bhfuil siad nasctha leis; agus an bhfuil siad spriocdhírithe.

Toghcháin shaora chóra a chur chun cinn, an smacht reachta a áirithiú agus saoirse na meán a ráthú, is bunchlocha iad sin uile chun spás a chruthú ina mothaíonn gach saoránach saor agus cumhachtaithe.



Toghcháin na hEorpa

Déanann an Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin malartuithe nithiúla praiticiúla a chur chun cinn maidir le raon ábhar atá ábhartha chun saorthoghcháin chóra a áirithiú, agus an chibearshlándáil san áireamh. Leanfaidh an líonra ag tacú leis an gcomhar idir údaráis na mBallstát agus thoghcháin Eorpacha 2024 ag druidim linn.



FÍSEÁN Teachtaireacht físeáin ó Roberta Metsola, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, maidir leis na toghcháin Eorpacha ón 6 go dtí an 9 Meitheamh 2024.



Saoirse na meán

In 2023 thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, sraith nua rialacha chun cosaint níos fearr a thabhairt do na meán agus d'iriseoirí ar chur isteach polaitiúil agus chun a áirithiú gur fusa do na meán feidhmiú thar theorainneacha. Sa ghníomh sin moltar Bord Eorpach um Sheirbhísí Meán a bheadh nua agus neamhspleách agus ar a mbeadh rialtóirí nó comhlachtaí náisiúnta meán, chun comhar a neartú ar leibhéal an Aontais, cuir i gcás i gcoinne bolscaireacht eachtrach, agus chun cuidiú le cur chun feidhme na rialacha nua.

Thángthas ar chomhaontú freisin maidir leis na rialacha nua chun cosaint a thabhairt d'iriseoirí, do chosantóirí ceart, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do dhaoine eile a bhfuil cásanna

dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail dírithe orthu. Sna rialacha nua beidh díbhe luath éileamh gan bhunús, leigheasanna ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha agus cosaint ar bhreithiúnais eachtracha nach n-aithneofar ná nach bhforfheidhmeofar san Aontas san áireamh.

Rinne an tionscadal Free Media Hub EAST atá faoi stiúir ag Prague Civil Society Centre agus a fhaigheann tacaíocht ón gCoimisiún dámhadh os cionn €2.2 milliún i ndeontais in 2023 chun tacaíocht a thabhairt do na meán neamhspleacha sa Bhealarúis agus sa Rúis atá ann agus bunaithe cheana agus atá ag obair san Aontas (go príomha sa tSeicia, sa Ghearmáin, sa Laitvia, sa Liotuáin agus sa Pholainn).



Agóideoir ag a bhfuil meirge le grianghraf de Mahsa Amini, bean 22 bliana d'aois a cailleadh agus í á coinneáil ag póilíní morálta na hIaráine toisc gur sháraigh sí an dlí maidir le caitheamh sainordaitheach hijab sa tír sin, Milano, an Iodáil, an 16 Meán Fómhair 2023.

Tá a fhios ag an Aontas go maith an streachailt agus leanann sé ag tabhairt onóra dóibh siúd go léir a d'íoc an praghas deiridh as an tsaoirse. In 2023 bronnadh Duais Sakharov Pharlaimint na hEorpa um Shaoirse Smaointeoireachta ar Jina Mahsa Amini agus ar an ngluaiseacht Woman, Life, Freedom san Iaráin.

Saoránaigh a chumhachtú

Tá an tAontas tiomanta aird níos mó a thabhairt ar shaoránaigh agus ar pháirtithe leasmhara. Bealach eile chun cuidiú leis an Aontas a bheith níos trédhearcaí, níos cuntasáí agus níos éifeachtaí is ea próisis ceaptha beartas a oscailt don phobal.

Le roinnt blianta anuas, neartaigh an Coimisiún a ghníomhaíochtaí comhairliúcháin a thuilleadh tríd an tairseach Cloisimis Uait, arb é an leathanach láraithe é le haghaidh gach píosa aiseolais agus ionchuir ó shaoránaigh agus ó pháirtithe leasmhara. Is féidir ionchur a chur ar fáil maidir le glaonna ar fhianaise, tograí a glacadh agus dréachtghníomhartha. Chun teagmháil a dhéanamh le níos mó daoine, tá an Coimisiún tar éis an líon comhairliúcháin a aistrítear go teangacha oifigiúla uile an Aontais a mhéadú (ó 59 % de na comhairliúcháin phoiblí a aistríodh in 2019 go 83 % in 2023).

Painéil Saoránach

Idir mí na Nollag 2022 agus mí Aibreáin 2023 d'eagraigh an Coimisiún an chéad sraith de ghlúin

nua na bPainéal Saoránach, lenar daingníodh an fhormáid nua sin de rannpháirtíocht na saoránach sa phróiseas ceaptha beartas. Ag tógáil ar an taithí a fuarthas le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, agus ag freagairt do na hacainíochta a rinneadh le linn na comhdhála, tugann na painéil deis do 150 saoránach a roghnaítear go randamach plé a dhéanamh agus moltaí a dhéanamh roimh thograí ón gCoimisiún.

Phléigh na painéil na tionscnaimh maidir le cur amú bia, domhain fhíorúla agus soghluaisteacht foghlama. Cuireadh na moltaí le chéile i dtuarascálacha ó na saoránaigh a bhí mar bhonn le hullmhú na dtograí deiridh ón gCoimisiún agus a foilsíodh in éineacht leo. Cuireadh tionscnaimh an Choimisiúin ar aghaidh an 5 Iúil (cur amú bia), an 11 Iúil (domhain fhíorúla) agus an 15 Samhain (soghluaisteacht foghlama) faoi seach. Cuireann na Painéil Saoránach nua leis an bpróiseas comhairliúcháin níos leithne, comhairliúcháin trína mbailíonn an Coimisiún fianaise ó shaoránaigh agus ó pháirtithe leasmhara.



Dubravka Šuica, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as Daonlathas agus Déimeagrafaíocht, ag an bPainéal Saoránach Eorpach ar an saol fíorúil, an Bhruiséil, an Bheilg, an 11 Iúil 2023.

Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh


I mí Aibreáin chláraigh an Coimisiún an 100ú Tionscnaimh Eorpach ó na Saoránaigh ó tugadh isteach iad in 2012. Le linn na bliana ina hiomláine, chláraigh an Coimisiún 37 dtionscnaimh nua lena n-iarthar gníomhaíocht ón Aontas i réimsí éagsúla, amhail an chaoi a gcaitear le himircigh ar bhealach díniteach, leas ainmhithe, líonraí iarnróid, cánachas, caomhnú chultúr na hÚcráine agus oideachas maidir le saoránacht an Aontais.

In 2023 thug an Coimisiún freagra freisin ar cheithre thionscnaimh rathúla, inar iarradh go laghdófaí úsáid lotnaidicídí, go gcuirfí deireadh le trádáil eiti scaoilte siorcanna, go gcuirfí deireadh le tástáil ar ainmhithe agus go gcuirfí toirmeasc ar tháirgeadh agus ar thrádáil fionnaidh. Go dtí seo, tá níos mó ná 1 mhilliún ráiteas tacaíochta faighte ag 10 dtionscnaimh ó bhí 2012 ann.

Sa tuarascáil ó 2023 ar rialacha nua maidir le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh, rialacha atá i bhfeidhm ó bhí 2020 ann, léirítear go gcuireann siad creat atá níos inrochtana agus níos éasca le húsáid, agus lena mbaineann ualach níos lú, ar fáil d'eagraithe agus do thacadóirí. Moltar sa tuarascáil freisin feabhsuithe praiticiúla maidir le conas feacht ghinearálta a mhéadú agus saoránaigh a chur ar an eolas faoin gceart atá acu an Tionscnaimh ó na Saoránaigh a úsáid, agus conas obair leantach níos infheicthe a chur ar fáil maidir le tionscnaimh rathúla.

Ceartha na saoránach a neartú

Tá saoránacht an Aontais ar cheann de na héachtaí is suntasaí atá ag an Aontas Eorpach. Chun comóradh 30 bliain shaoránacht an Aontais a cheiliúradh, mhol an Coimisiún bearta chun ceartha saoránachta a neartú, mar aon le treoraíocht do shaoránaigh ina raibh an fhaisnéis is riachtanaí faoina gcearta. I dtuarascáil 2023 maidir le saoránacht an Aontais, cuireadh i dtábhacht an dul chun cinn a rinneadh maidir le ceartha saoránachta, luachanna coiteanna agus rannpháirtíocht dhaonlathach a chur chun cinn san Aontas ó foilsíodh an tuarascáil dheireanach den sórt sin in 2020.



Ceachtanna a foghlaimíodh ag an gcéad Chomhthionól Ginearálta d'Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais.

I mí an Mheithimh réachtáladh an chéad Chomhthionól Ginearálta d'Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais sa Bhruiséil, rud a raibh leanaí agus déagóirí ón Aontas Eorpach ina gcomhchathaoirligh air agus a comhchruthaíodh leo. Tháinig thart ar 60 leanbh le chéile chun plé a dhéanamh ar na hábhair — is é sin, an daonlathas, an t-athrú aeráide, an mheabhairshláinte, an tsábháilteacht agus an bhochtaineacht — a stiúrfaidh obair an ardáin ar feadh 3 bliana.

Leanaí agus daoine óga a chumhachtú

Is leanaí iad beagnach 20 % de shaoránaigh an Aontais. Tá sé de cheart acu a chuid tuairimí a nochtadh maidir le hábhair a bhaineann leo. Le hArdán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais cruthaíodh níos mó deiseanna do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta in 2023. Tá beagnach 50 eagraíocht a oibríonn go díreach le leanaí ar fud an Aontais ina gcomhaltaí den ardán ó bunaíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Le Bliain Eorpach na hÓige 2022, cuireadh daoine óga chun tosaigh ar an gclár oibre polaitiúil ar gach leibhéal agus chuidigh sin le peirspictíocht na hóige a chomhtháthú i réimsí beartais éagsúla. Le Bliain na hÓige, cruthaíodh slógadh agus rannpháirtíocht ar mhórsála, rud a mhúscail feasacht ar dheiseanna an Aontais i measc na milliún daoine óga a ghlac páirt in 13 000 gníomhaíocht ar fud 67 dtír, trí chlár agus

tionscnaimh bheartais éagsúla de chuid an Aontais. Seoladh sraith formáidí nua maidir le rannpháirtíocht don aos óg, ón Ardán Youth Voices agus Youth Talks go dtí an t-idirphlé beartais agus an díorma iriseoirí óga Eorpacha. Breathnaíodh ar fheachtais ar na meáin shóisialta a ritheadh idir mí Feabhra 2022 agus mí na Bealtaine 2023 210 milliún uair, idirghníomhaíodh 10 milliún uair leo, agus shroich siad 91.4 milliún duine.

Chun bheith ina saoránaigh ghníomhacha, ní mór do dhaoine óga tuiscint a bheith acu ar an gcaoi a n-oibríonn an daonlathas agus ar na cearta atá acu agus na freagrachtaí atá orthu. Leis an tsraith straitéisí darb ainm 'An difear a dhéanann Daonlathas an Aontais' a foilsíodh i mí na Bealtaine, cuirtear in iúl do dhaltaí an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus spreagtar iad chun ról gníomhach a ghlacadh i saincheisteanna Eorpacha.

TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE HINSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad 'Europe Direct' ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ar líne (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

Ar an bhfón nó i scríbhinn

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

- ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
- ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696,
- tríd an bhfoirm seo a leanas: european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_ga.

EOLAS A FHÁIL FAOIN AONTAS EORPACH

Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa (european-union.europa.eu).

Foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh

Is féidir leat breathnú ar fhoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh nó is féidir leat iad a ordú ag op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad doiciméadúcháin áitiúil chun é sin a dhéanamh (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1951 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex (eur-lex.europa.eu).

Sonraí oscailte an Aontais Eorpaigh

Ar an tairseach data.europa.eu, cuirtear rochtain ar fáil ar thacair sonraí oscailte ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Is féidir iad a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála. Cuirtear rochtain ar fáil freisin ar neart tacair sonraí ó thíortha na hEorpa.

